



OÉ Gaillimh  
NUI Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge



2019

# Clár

Eagarfhocal	<i>Christian Flynn agus Baba Nic Dhonnacha</i>	iii
<hr/>		
Próifíl Shochtheangeolaíoch don Ghaeilge i gceantar uirbeach – Cathair Chorcaí mar shuíomh taighde	<i>Vicky Brady</i>	1
<hr/>		
Céim ar an Bhealach: spléachadh ar an chéad chaibidil de <i>Mo Bhealach Féin</i> le Seosamh Mac Grianna	<i>Padaí de Bléine</i>	17
<hr/>		
Anailís ar chomhthéacs, ar spriocanna agus ar thorthaí réamh-phróisis na pleanála teangan i Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Theas (Uíbh Ráthach)	<i>Shane Grant</i>	29
<hr/>		
Staid Reatha an Mheaisínáistriúcháin Gaeilge	<i>Caoilfhionn Lane</i>	41
<hr/>		
Mic léinn san ardoideachas ag dul i ngleic le húrscéal Gaeilge: cás-staidéar ag amharc ar a spéis agus a ndúil ann	<i>Seán Mac Corraidh</i>	55
<hr/>		
Stór Amhrán Mhichíl Bhreathnaigh	<i>Caroline Ní Fhlatharta</i>	63
<hr/>		
Samplaí den Fhrith-Sheimíteachas in Irisí Éireannacha / Gaelacha sa chéad leath den 20ú hAois	<i>Dorothy Ní Uigín</i>	113
<hr/>		
‘Domhan Beag Bídeach’: aistriúchán ar an ghearrscéal ‘Winzige Welt’ le Martin Becker, agus tráchttaireacht ar an phróiseas	<i>Ellen Corbett</i>	131
<hr/>		
Léirmheas: <i>Ó Bhéarla go Gaeilge</i> le hAntain Mac Lochlainn	<i>Léirmheastóirí: Christian Flynn, Baba Nic Dhonnacha</i>	139
<hr/>		
Léirmheas ar an leabhar <i>Immersion Education – Lessons from a Minority Language Context</i> le Pádraig Ó Duibhir	<i>Léirmheas le Niall Mac Uidhílin</i>	143
<hr/>		
Súil Ghrinn ar an tSúil Eile: Léirmheas ar <i>Súil Eile</i> le Seán Tadhg Ó Gairbhí	<i>Léirmheas le Marie Whelton</i>	147
<hr/>		
Insintí Liteartha Luachmhara ar an Óige in Éirinn (c 1880 – c 2010): Léirmheas ar <i>Aois na hÓige. Díolaim Próis</i>	<i>Léirmheas le Marie Whelton</i>	155
<hr/>		
Nótaí Beathaisnéise		163



## Eagarfhocal

<https://doi.org/10.13025/vk5v-9w07>

Fáilte is fiche chuig an seachtú heagrán den *Reiviú*, iris acadúil atá á foilsiú ar bhonn bliantúil ag mic léinn an chúrsa MA sa Léann Teanga ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Tá réimse leathan ábhar san iris i mbliana, lena n-áirítear cúrsaí aistriúcháin, pleanáil teanga, teicneolaíocht, stór amhrán, teangeolaíocht agus sochtheangeolaíocht agus teagasc litríocht na Gaeilge. Táimid ag súil go mbeidh an t-eagrán seo ina acmhainn luachmhar do lucht léinn na Gaeilge agus go mbainfidh sibh taitneamh agus leas as an gcnuasach aistí seo.

Ba mhaith leis an gCoiste Eagarthóireachta buíochas a ghabháil leo siúd ar fad a chuidigh linn an t-eagrán seo den iris a fhoilsiú. Táimid fíorbhuíoch díobh siúd ar fad a scríobh na hailt agus de na piarmheasúnóirí, a bhí chomh flaithiúil lena gcuid ama agus murach iad ní bheadh aon fhoilseachán ann. Ár mbuíochas chomh maith leis an Ollamh Ciarán Ó hÓgartaigh, Uachtarán Ollscoil na hÉireann, Gaillimh as an iris a sheoladh. Ní féidir dearmad a dhéanamh ar Fhoras na Gaeilge, as a gcuid tacaíochta agus urraíochta ní hamháin i mbliana, ach i gcaitheamh na mblianta ó bunaíodh *An Reiviú*.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghlacadh leis an Dr Dorothy Ní Uigín as an treoir, cúnamh leanúnach agus tacaíocht ollmhór a thug sí dúinn leis an bhfoilseachán seo. Bhí sí chomh foighneach i gcónaí agus choinnigh sí ar bhóthar an leasa muid.

*An Coiste Eagarthóireachta  
Christian Flynn agus Baba Nic Dhonnacha*





## Próifíl Shochtheangeolaíoch don Ghaeilge i gceantar uirbeach – Cathair Chorcaí mar shuíomh taighde

*Vicky Brady*

<https://doi.org/10.13025/r5zj-kn30>

### **Réamhrá**

Pléitear sa pháipéar seo roinnt de na torthaí a d'éascair as obair pháirce a rinneadh i gCathair Chorcaí le linn 2015 agus 2016 ar mhaithe le próifíl shochtheangeolaíoch don Gaeilge sa chathair a chruthú. Ainmníodh Cathair Chorcaí mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta faoi Acht na Gaeltachta (2012) agus tá an plean teanga don chathair á ullmhú faoi láthair. Pléitear go minic i réimse na pleanála agus na mbeartas teanga an tábhacht a bhaineann le taighde agus le tuiscint a fháil ar an bpobal atá faoi chaibidil sula dtugtar faoi aon phleanáil éifeachtach (Ó hIfearnáin, 2012: 132). Dar le Dauenhauer agus Dauenhauer (1998: 63), tá sé tábhachtach measúnú macánta a dhéanamh ar an staid reatha agus ar dhearcthaí bhaill phobail sula dtabharfaí faoi phleanáil teanga. Más aidhm de bheartas teanga úsáid na teanga atá faoi chaibidil a leathnú tugann faisnéis shochtheangeolaíoch eolas tábhachtach a d'fhéadfadh na hiarrachtaí sin a threorú. Aithníodh bearna sa taighde atá déanta i sochtheangeolaíocht na Gaeilge go dtí seo sa mhéid is go bhfuil easpa iniúchtaí ar an bhfód a thugann léargas ar staid chomhaimseartha na Gaeilge i suíomhanna uirbeacha na tíre. *Sa Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge, 2010-2030*, straitéis a cruthaíodh mar bhuntaca le beartas reatha Rialtas na hÉireann i leith na Gaeilge, leagtar amach mar sprioc shonrach méadú faoi thrí a bhaint amach i líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa tír lasmuigh den chóras oideachais (ó 83,000 go 250,000) (Rialtas na hÉireann, 2010: 9). Sprioc uaimhianach is ea í seo (agus méadú ar bhonn comhsheasmhach a bheadh i gceist nár tharla riamh go fóill ó bhunú an Stáit) agus luíonn sé le réasún, mar sin, béim ar leith a chur ar cheantair na tíre ina bhfuil na daonraí

is mó. Ghlac 603 rannpháirtí páirt san obair pháirce ar tugadh fúithi don taighde seo, iad go léir lonnaithe i gCathair Chorcaí. Díríodh ar dhaoine os cionn ocht mbliana déag d'aois amháin agus bhí formhór na rannpháirtithe (70.6%) idir 25-54 bliain d'aois. Is iad na huirlisí taighde ar baineadh leas astu chun teacht ar na torthaí a phléitear sa pháipéar seo ná ceistneoir sochtheangeolaíoch agus grúpaí fócais eitneagrafacha.

Díríodh ar thrí phríomhthoisic agus an phróifíl á chruthú – bailíodh faisnéis ar chumas sa Ghaeilge, ar úsáid na Gaeilge agus ar dhearcthaí i leith na Gaeilge i measc rannpháirtithe. Trí thoisic lárnacha is ea iad a ndírítear orthu go minic i dtaighde sochtheangeolaíoch, i dtaca le hathneartú teanga go háirithe. Agus an beartas teanga faoi thrácht, labhraíonn Grin & Vaillancourt (1999: 98) faoi chumas teangeolaíoch, dearcadh dearfach agus deiseanna úsáide mar thosca riachtanacha i dtaca le leathnú úsáid teanga i bpobal agus labhraíonn Mac Donnacha (2000: 15) faoi na tosca céanna. Pléann Grin na trí thoisic sin arís in 2003 (44) i gcomhthéacs na Cairte Eorpaí um Theangacha Réigiúnacha (1992) go sonrach ina shaothar 'Language Policy Evaluation and the European Charter for Regional or Minority Languages'. Dar leis, agus é ag trácht ar spriocanna beartais teanga a bhaint amach:

*...the type of behaviour ensuring that a regional or minority language keeps being used will obtain if three conditions are met: capacity, opportunity and desire (or willingness). It follows that policy measures must focus on guaranteeing people's capacity to use their language, providing them with opportunities to use it, and encouraging their inclination, or desire to use it.*

Díríonn an Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge ar fhorbairtí sna tosca éagsúla sin mar bhunús de bhearta iomlána na Straitéise (2010: 7). Tugtar le fios sa Straitéis go bhfuil sé d'aidhm aici 'cur le heolas ar an nGaeilge, deiseanna a chruthú le Gaeilge a úsáid agus dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge a chothú' (*Ibid.*: 4). Tugtar forbhreathnú gairid thíos ar an modheolaíocht don taighde agus roinntear an chuid eile den pháipéar seo de réir phríomhthéamaí na hoibre páirce: cumas sa Ghaeilge, úsáid na Gaeilge agus dearcadh i leith na Gaeilge.

## **Modheolaíocht**

Is fiú ag an bpointe seo an mhodheolaíocht taighde a mhíniú. Úsáideadh triantánú modheolaíoch chun cur le hiontaofacht agus le bailíocht na dtorthaí a tháinig chun cinn. Tugtar triantánú modheolaíoch ar staidéir aonarach ina mbaintear leas as níos mó ná cur chuige, paraidím agus/nó modh taighde amháin (Flick, 1998; Egbert, Baker, 2016). Socraíodh ar cheistneoir a úsáid os rud é go raibh suíomh taighde mór i gceist agus d'éascaigh sé sampla níos ionadaíche a chur san áireamh sa taighde. Is minic a úsáidtear ceistneoirí sochtheangeolaíochta chun cleachtas teanga agus idé-eolaíochtaí i leith teangacha a mheá (Fishman, 1972; Bender *et al.*, 1976; Chambers, 1998). Cleachtas coitianta a bhí ann i mblianta luatha an réimse go háirithe leas a bhaint as daonáirimh náisiúnta ar mhórsála agus suirbhéanna déimeagrafacha i staidéir

shochtheangeolaíocha. Comhthreomhar le forbairtí coincheapúla sa réimse acadúil, feictear leathnú sna modhanna taighde agus méadú in úsáid modhanna eitneagrafacha (le béim ar chleachtas teanga na ndaoine ina suíomhanna cultúrtha féin) agus modhanna cáilíochtúla (modhanna ionductaitheacha, léirmhínitheacha a sholáthraíonn faisnéis thuirisciúil). Ní hé sin le rá go bhfuarthas réidh leis na modhanna a úsáideadh roimhe seo, áfach, ach gur leathnaíodh an tsraith straitéisí in imeacht ama. Úsáideadh meascán de chineálacha éagsúla ceisteanna sa cheistneoir idir cheisteanna déimeagrafacha, cheisteanna déscartha, cheisteanna ilrogha, scálaí difreála séimeantaí (scálaí Likert), agus bhí dhá cheist oscailte mar chuid den cheistneoir chomh maith.

Eagraíodh grúpaí fócais mar mhodh coimhdeach sa taighde ar mhaithe leis na torthaí a bhí ag teacht chun cinn ón gceistneoir a phlé go mion le grúpaí níos lú go príomha. Ó thús an fhichiú haois i leith is modh cáilíochtúil coitianta é an grúpaí fócais a úsáidtear i réimse leathan earnálacha – sa tsíceolaíocht, sa tsocheolaíocht, in eolaíochtaí an chomhshaoil, i ngnó, i dtaighde margaidh, i staidéar inscni agus eile. Ceann de na laicisí a bhaineann le grúpaí fócais is ea nach bhfaightear ionadaíocht de dhaonra iomlán iontu go minic, más daonra mór atá faoi chaibidil go háirithe. Moltar grúpaí fócais mar mhodh coimhdeach sna heolaíochtaí sóisialta, áfach, chun tuiscint níos doimhne a fháil ar thorthaí atá ag teacht chun cinn (Bloor *et al.*, 2001: 90). Luann Vaughn, *et al.* (1996: 15) an tairbhe a bhaineann le húsáid grúpaí fócais mar iomlán ar iniúchtaí cainníochtúla. Lanicis eile a bhaineann le grúpaí fócais mar mhodh taighde is ea go bhféadfadh tuairimí an mhodhneora tionchar a imirt ar na tuairimí a chuirtear in iúl le linn an phlé (Litosseliti, 2003: 21). Is féidir dul i ngleic leis an dúshlán seo, áfach, trí ullmhúchán cúramach agus struchtúr an ghrúpaí fócais a leagan amach, agus trí iarracht comhfhiosach a dhéanamh chun sin a sheachaint. Tairgtear faisnéis agus léargais i ngrúpaí fócais nach bhfaighfí gan an idirghníomhaíocht a tharlaíonn i ngrúpaí (Morgan, 1997: 2). Is é sainmharc an ghrúpaí fócais ná úsáid fhollasach na hidirghníomhaíochta sin sa phlé ar thopaicí atá roghnaithe ag an taighdeoir. Soláthraíonn cuspóirí taighde an taighdeora an fócas mar sin, ach tagann an fhaisnéis féin ón idirghníomhaíocht i measc na rannpháirtithe.

Ríomhadh sampla ionadaíoch de dhaonra na cathrach ag baint úsáid as torthaí Dhaonáireamh 2011 (an daonáireamh ba dhéanaí nuair a cuireadh tús leis an taighde seo in 2015). Ba é daonra na cathrach in 2011, dar leis an daonáireamh, ná 198,582. Is é sampla ionadach de dhaonra na cathrach mar a sonraíodh sa dhaonáireamh sin, le heatramh muiníne 95% agus le lamháil earráide 5%, ná 384. Nuair a laghdaítear an lamháil earráide go 4% is é an sampla a bheadh ag teastáil ná 599. Líon 564 duine an ceistneoir san iomlán; mar sin tá lamháil earráide idir 4-5% i gceist (ach níos cóngaraí do 4%). Úsáidtear eatramh muiníne i dtaighde cainníochtúil chun dul i ngleic le neamhchinnteacht in athraitheas de thoradh samplála. Ciallaíonn eatramh muiníne 95% go gcuimsíonn an t-eatramh muiníne an fíorluach 95% den am (Gerring, Christenson, 2017: 55). Ba iad na coinníollacha a socraíodh orthu maidir le roghnú rannpháirtithe don cheistneoir ná go mbeadh cónaí ar na freagróirí go


léir i gCathair Chorcaí agus go mbeadh na freagróirí os cionn ocht mbliana déag d'aois. Ba dhúshlán é an ceistneoir a scaipeadh le sampláil dóchúlachta i bhfianaise srianta ama agus airgid. Le sampláil dóchúlachta is gá liosta de dhaoine laistigh den fhráma samplála a bheith agat, rud a fhágann go mbeadh gá le liosta de gach duine a raibh cónaí orthu i gCathair Chorcaí de dhíth, rud nach raibh indéanta don taighde seo. Mar sin, sampla neamhdhóchúlachta a bhí i gceist ach rinneadh tástáil ar ionadaíocht an sampla ar bhealaí éagsúla. Cé gur líonadh an ceistneoir ar bhonn anaithnid, cuireadh ceisteanna déimeagrafacha san áireamh ag tús an cheistneora chuige sin. Bealach eile a rinneadh bailíocht na dtorthaí a chinntiú ná gur úsáideadh teicnící éagsúla chun an ceistneoir a scaipeadh. Cruthaíodh leagan leictreonach den cheistneoir ar líne agus leagan cruá de chomh maith ar mhaithe le laofacht sampla a sheachaint chomh fada agus ab fhéidir. Tarlaíonn laofacht sampla nuair nach mbíonn deis ar bith nó an deis chéanna ag baill den fhráma samplála páirt a ghlacadh sa taighde. Scaipeadh an leagan leictreonach den cheistneoir go príomha trí na meáin shóisialta. Os rud é nach mbeadh fáil ar an idirlíon ag gach ball den fhráma samplála, agus gur minic go bhfághtar daoine níos sine ar lár i gceistneoirí ar-líne (Gosling, *et al.*, 2004), úsáideadh modh 'aghaidh ar aghaidh' chomh maith chun an ceistneoir a scaipeadh. Sa dá chás sin úsáideadh modh féinriartha, an modh is coitianta sna heolaíochtaí sóisialta. I gcás líonadh an cheistneora 'aghaidh ar aghaidh', áfach, bhí an taighdeoir i láthair nuair a líonadh an ceistneoir chun ceisteanna a fhreagairt dá mba ann dóibh.

Rinneadh fógraíocht chun daoine a earcú chun páirt a ghlacadh sna grúpaí fócais. Rinneadh fógraíocht ar líne trí na meáin shóisialta agus crochadh póstaer le cead timpeall na cathrach ag lorg rannpháirtithe. Ghlac daichead rannpháirtí páirt sna grúpaí fócais eitneagrafacha a bhí mar chéim eile den bhailiú faisnéise. Cuireadh cúig ghrúpa fócais ar siúl san iomlán, ceann amháin acu trí mheán na Gaeilge agus na ceithre cinn eile trí mheán an Bhéarla. Baineadh leas as SPSS (pacáiste staitisticíúil do na heolaíochtaí sóisialta) chun anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis chainníochtúil a tháinig chun cinn ón gceistneoir. Éascaíonn SPSS caidrimh staitisticíúla san fhaisnéis a aithint. Ríomhadh meascán de staitisticí tuairisciúla agus staitisticí tátalacha as torthaí an cheistneora. Baintear leas as staitisticí tuairisciúla chun bailiúchán mór faisnéise a choimriú agus a chur i láthair ar bhealach bríomhar trí mhinicíochtaí staitisticíúla a chruthú. Úsáidtear staitisticí tátalacha chun tástáil a bhaint faoi dhaonra bunaithe ar fhaisnéis ón sampla. Tugadh faoi anailís chomhchoibhnis chuige sin, modh anailíse a úsáidtear chun gaol idir athróga a scrúdú. Is iad na tástálacha a úsáideadh chun anailís thátalach a sholáthar ar thorthaí an cheistneora ná trastábluithe, cearnóga Chi agus scrúduithe ANOVA aontreo. Tar éis an t-eolas go léir a bhailiú ó na grúpaí fócais, tugadh faoi na próisis a mholann Schensul ar mhaithe le hanailís a dhéanamh ar fhaisnéis eitneagrafach, '*chunking*', '*crunching*' agus códú (2013: 80). Cruthaíodh achoimre chainníochtúil ar na téamaí is mó a tháinig chun cinn.



## Cumas sa Ghaeilge

Is í an chéad cheist a bhí le freagairt sa cheistneoir faoi chumas sa Ghaeilge ná ‘an í Gaeilge do chéad teanga?’ D’fhreagair 5.5% de na freagróirí (nó 31 duine) gurb í agus 94.5% (nó 533 duine) nach í. Bhí formhór mór na rannpháirtithe tar éis Gaeilge a fhoghlaim ar scoil ar feadh idir 10-14 bliana. D’fhreagair 61.2% de fhreagróirí an cheistneora gur fhoghlaim siad Gaeilge ar feadh 13+ bliana agus 23% eile gur fhoghlaim siad Gaeilge ar feadh 10-12 bliana. Bhí gach rannpháirtí sna grúpaí fócais tar éis Gaeilge a fhoghlaim ar an mbunscoil agus 36 as 40 duine tar éis í a fhoghlaim sa mheánscoil chomh maith. Nuair a pléadh cumas ginearálta sa Ghaeilge sa cheistneoir, léiríonn na torthaí go mbraitheann formhór na rannpháirtithe go bhfuil cumas íseal acu sa Ghaeilge. B’ionann an cás i measc fhorhómór rannpháirtithe na ngrúpaí fócais chomh maith. Mar a léirítear sa ghraf thíos, an freagra is coitianta a tugadh ar an gceist ‘Conas a chuirfeá síos ar do chumas sa Ghaeilge?’ ón gceistneoir ná ‘Tá beagán Gaeilge agam’. D’fhreagair 38.3% d’fhaisnéiseoirí leis an bhfreagra sin. Seo thíos dáileadh na dtorthaí:



### Léaráid 1: Cumas ginearálta sa Ghaeilge – ceistneoir

Maidir leis na torthaí a fuarthas faoi chumas sa Ghaeilge ó na grúpaí fócais, bhí sé i bhfad níos coitianta gur mhaígh rannpháirtithe go raibh cumas íseal acu sa Ghaeilge nó nach raibh aon Ghaeilge acu ná gur mhaígh rannpháirtithe go raibh ardchumas sa Ghaeilge acu. B’fhíor sin sna grúpa fócais ar fad ach amháin an grúpa fócais a cuireadh ar siúl trí mheán na

Gaeilge. Is í an Ghaeilge an chéad teanga ag cúigear de na rannpháirtithe sna grúpaí fócais (as daichead). Seo thíos an achoimre chainníochtúil ar chumas braite ginearálta sa Ghaeilge i measc rannpháirtithe na ngrúpaí fócais

Catagóir	Minicíocht
Ardchumas sa Ghaeilge	n = 9
Cumas réasúnta sa Ghaeilge	n = 7
Cumas íseal sa Ghaeilge/ gan aon chumas sa Ghaeilge	n = 18

### Léaráid 2: Achoimre cainníochtúil de chumas sa Ghaeilge – grúpaí fócais

I staidéar sochtheangeolaíoch an Athar Mhic Gréil (2009), arbh é ceistneoir an phríomhuirlis taighde a úsáideadh ann, sonraíodh torthaí faoi chumas na bhfreagróirí sa Ghaeilge a bhí cosúil leis na torthaí ón gceistneoir seo sa mhéid is gur fhreagair 36.9% de na faisnéiseoirí go raibh beagán Gaeilge acu. Soláthraíonn Mac Gréil mar chúis féideartha leis seo an tacaíocht oifigiúil laghdaithe ón rialtas i mbunscoileanna agus meánscoileanna príomhshrutha (40). Ach ag an am céanna, chaithfí ról an chórais oideachais sna torthaí ar an taobh uachtair ó thaobh cumais de a aithint chomh maith. D’áitigh 34% de fhreagróirí an cheistneora go raibh cumas líofa nó maith acu sa Ghaeilge agus 23.4% go raibh Gaeilge mheasartha acu. Níor mhaígh ach 4.3% (24 duine) nach raibh aon Ghaeilge acu. Tá suntas staitisticiúil sa toradh gur mhaígh 11.3% go raibh siad líofa sa Ghaeilge (ag leibhéal an chainteora dúchais) nuair nár mhaígh ach 5.5% gurbh í an Ghaeilge a gcéad teanga. Chomh maith le buntástálacha staitisticiúla a bhaint de na bunthorthaí a tháinig chun cinn ón gceistneoir, rinneadh trastáblú chun naisc idir cumas agus athróga pearsanta na bhfaisnéiseoirí a scrúdú. Tá suntas staitisticiúil sa trastáblú a bhaineann le hoideachas agus cumas sa Ghaeilge; mhaígh céatadán ní b’airde freagróirí go raibh cumas ní b’fhearr acu sa Ghaeilge má bhí siad tar éis leibhéal níos airde oideachais a shroicheadh, go ginearálta.

Cuireadh ceisteanna san áireamh sa cheistneoir agus sna grúpaí fócais faoi chumas na bhfreagróirí sna scileanna éagsúla teanga sa Ghaeilge chomh maith – labhairt, scríobh, léamh agus tuiscint – agus mhaígh níos mó daoine go raibh cumas ní b’airde acu sna scileanna gabhchumais teanga ná sna scileanna ginchumais teanga. Is feiniméan coitianta i bhfoghlaim teangacha mar dhara teanga go bhforbraítear scileanna gabhchumais go leibhéal níos airde níos tapúla ná mar a fhorbraítear scileanna ginchumais teanga (Ellis, *et al.*, 1994; Harris & Murtagh, 1999). Dar le hipitéis an chúlchéimnithe go gcailltear na scileanna ginchumais teanga

níos tapúla ná scileanna gabhchumais teanga nuair nach gcleachtar iad. Phléigh seachtar de na rannpháirtithe sna grúpaí fócais an laghdú ina gcumas sa Ghaeilge ó d'fhág siad an córas oideachais; mar shampla:

*I did the Leaving Cert ten years ago in 2005. I loved Irish at school, I always did well at Irish and I got a good grade in the LC. Since then I haven't used Irish much apart from sometimes on holidays with friends. I have definitely lost a lot of my Irish in the intervening years. (Rannpháirtí 8: 05/07/2015).*

*I would definitely understand it to a certain extent but there is no way I would be able to speak it now after being out of school five years. (Rannpháirtí 2: 02/08/2015).*


Cuireadh ceisteanna breise faoi chumas comhrá sa Ghaeilge chomh maith agus léiríonn na torthaí go mbraitheann formhór fhreagróirí an cheistneora agus rannpháirtithe na ngrúpaí fócais nach mbeadh sé ar a gcumas acu comhrá a dhéanamh trí Ghaeilge. Is é seo a leanas dáileadh na dtorthaí ón gceistneoir mar a bhaineann siad le cumas comhrá sa Ghaeilge

	<b>Minicíocht</b>	<b>Céatadán</b>
Tá mé breá ábalta comhrá maith a dhéanamh i nGaeilge	68	12.1%
Tá mé ábalta comhrá maith a dhéanamh i nGaeilge	68	12.1%
Is féidir liom comhrá réasúnta a bheith agam gan aon chúnaimh	171	30.3%
Ní féidir liom ach cúpla focal a labhairt	208	36.9%
Ní féidir liom comhrá a dhéanamh	45	8%

### **Léaráid 3: Dáileadh cumas comhrá – ceistneoir**

## Úsáid na Gaeilge


Maidir le húsáid na Gaeilge, pléadh minicíocht úsáide na Gaeilge go ginearálta agus i dtaca le tascanna ar leithligh maraon le toilteanas na bhfaisnéiseoirí Gaeilge a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla. Ceist ghinearálta a bhí sa chéad cheist a cuireadh sa cheistneoir – ‘cé chomh minic is a bhaineann tú úsáid as an nGaeilge?’ Léiríonn an graf thíos dáileadh na bhfreagraí:



### Léaráid 4: Minicíocht úsáide na Gaeilge – ceistneoir

Na freagraí is minice a tugadh ná ‘ar bhonn laethúil’ agus ‘go hannamh’ (20.1% – 113 duine). Aithnítear roinnt laigí sa cheist anseo, áfach, sa mhéid is gur díróidh ar ‘úsáid’ na Gaeilge seachas ar labhairt na Gaeilge agus go bhfuil bearnaí móra idir na catagóirí úsáide a soláthraíodh. Mar iarracht ar dhul i ngleic leis an neamhréiteach idir na torthaí ar chumas (measartha/íseal den chuid is mó) agus úsáid (rialta) sna torthaí, rinneadh roinnt tástálacha staitisticiúla ar an bhfaisnéis ón gceist seo inar fágadh ar lár na freagróirí a d’fhreagair go raibh beagán Gaeilge acu nó a d’fhreagair nach raibh aon Ghaeilge acu. Cruthaíodh athróg nua inar suimíodh cumas ‘líofa’, ‘maith’ agus ‘measartha’ le chéile faoin gceannteideal ‘cumas

cuíosach' mar iarracht ar léargas níos cruinne a fháil ar mhinicíocht úsáid na Gaeilge. Nuair a chuirtear daoine a d'fhreagair go bhfuil 'cumas cuíosach' sa Ghaeilge amháin san áireamh, is iad seo a leanas na torthaí a fuarthas:



**Léaráid 5: Minicíocht úsáide na Gaeilge i measc rannpháirtithe le cumas cuíosach**

D'fhreagair 76.2% de rannpháirtithe a mhaígh go raibh líofacht sa Ghaeilge acu gur úsáid siad í gach lá. Níor fhreagair éinne le líofacht sa Ghaeilge gur úsáid siad í ní b'annaimhe ná 'anois is arís'. Léirítear comhghaolú soiléir sna torthaí thuas idir cumas agus úsáid, mar a mbeifí ag súil leis. Labhair Chomsky faoi chumas agus chur i láthair i 1965 ina leabhar *Aspects of the Theory of Syntax* ina léiríonn sé gur constráid bhréige é an cainteoir-éisteoir idéalach agus gur constráid bhréige é an pobal urlabhra aonchineálach, leis. Tá idirdhealú bunúsach le déanamh idir cumas (eolas an chainteora-éisteora ar an teanga) agus cur i láthair (fíorúsáid na teanga i suíomhanna coincreiteacha), dar le Chomsky (4). Tá an comhghaol idir cumas agus úsáid á phlé ó shin i leith sa litríocht acadúil, i dtaighde ar theoiric theangeolaíochta go háirithe (Bachman, 1990; Celce-Murcia, *et al.*, 1995; Kasper & Schmidt, 1996; Kasper & Rose, 2002). Ní chinntíonn cumas i dteanga úsáid na teanga sin sa tsochaí agus bíonn tionchar ag rialacha dochta ar an teanga a úsáidtear i réimse ar bith. Dar ndóigh, áfach, mar a léiríonn na torthaí a fuarthas go soiléir, tá sé i bhfad níos dóchúla go n-úsáidfí an Ghaeilge dá mbeadh

cumas ní b'airde ag an duine. Sna tástálacha staitisticíúla ar úsáid na Gaeilge sa chathair ó thaobh athróga pearsanta de, mhaígh an céatadán is mó de rannpháirtithe a bhí fós ar scoil (46.7%) nár úsáid siad Gaeilge in aon chor lasmuigh den chóras oideachais.

Nuair a pléadh úsáid na Gaeilge sna grúpaí fócais, díríodh níos mó ar labhairt na Gaeilge seachas ar 'úsáid' na Gaeilge. Seo thíos achoimre chainníochtúil ar mhinicíocht labhairt na Gaeilge a cruthaíodh as an bhfaisnéis a soláthraíodh sna grúpaí fócais:

Catagóir	Minicíocht
Labhraítear Gaeilge go rialta	n = 8
Labhraítear Gaeilge go hannamh	n = 7
Ní labhraítear Gaeilge riamh	n = 16

#### Léaráid 6: Achoimre chainníochtúil ar mhinicíocht labhairt na Gaeilge – grúpaí fócais

Tuairiscíodh meascán de fhreagraí ach bhí sé i bhfad ní ba choitianta i measc rannpháirtithe sa ghrúpa fócais a cuireadh ar siúl trí mheán na Gaeilge a rá gur labhair siad Gaeilge ar bhonn rialta. Dar le triúr rannpháirtithe sa ghrúpa fócais sin, níor labhair siad ach Gaeilge amháin lena dteaghligh. Fuarthas léargas ar roinnt de na srianta a bhaineann le húsáid na Gaeilge sa chathair le linn an phlé ar mhinicíocht labhairt na Gaeilge. Baineann cuid mhaith de na srianta sin le réimsí úsáide na Gaeilge sa chathair agus leis na noirm shóisialta a ghabhann lena húsáid. Dar le roinnt rannpháirtithe, ní labhraíonn daoine eile ina ngréasáin shóisialta Gaeilge agus mar sin, fiú dá mbeadh ardchumas acu sa Ghaeilge ní bheidís in ann í a úsáid ina ngréasáin féin:

*...I can't speak Irish but even if I could, none of my family or friends speak Irish so I don't know who I would use it with really (Rannpháirtí 5: 12/07/2015)*

*Even if I spoke Irish, where would I actually speak it. At home no-one else speaks Irish and Irish isn't spoken around the city in general (Rannpháirtí 4: 05/07/2015).*

Nuair a pléadh úsáid seirbhísí i nGaeilge sa chathair, níor fhreagair ach ceathrar rannpháirtithe as daichead gur bhain siad leas as seirbhísí trí Ghaeilge. Fiú i measc na rannpháirtithe le hardchumas sa Ghaeilge, sonraíodh go mbíodh drogall orthu seirbhísí poiblí i nGaeilge a úsáid sa chathair. Luadh go leor cúiseanna éagsúla chuige sin, lena n-áirítear easpa muiníne i gcumas pearsanta sa Ghaeilge, easpa muiníne i gcumas Gaeilge an duine a sholáthródh an tseirbhís, easpa feasachta ar na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge sa chathair agus easpa normálaithe ar úsáid na Gaeilge i réimsí éagsúla. Ó na torthaí a fuarthas ar thoilteanas fhreagróirí an cheistneora Gaeilge a úsáid i gcomhthéacsanna sonracha, léirítear go mbeadh daoine ní ba thoilteanaí Gaeilge a úsáid i suíomhanna neamhfhoirmiúla ná eile. Seo thíos céatadán na ndaoine a d'fhreagair go mbeidís sásta tabhairt faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas trí Ghaeilge:

- **Bia nó deoch a ordú i mbialann nó i dteach tábhairne: 62.2%**
- **Comhrá trí Ghaeilge a bheith agat le hoibrí i dteach tábhairne nó i mbialann: 61.3%**
- **Seirbhísí bainc a úsáid: 46.5%**
- **Rud éigin a cheannach ar-líne: 37.2%**
- **Glaoch teileafóin a chur le híoc as bille: 27%**
- **Déileáil leis an nGarda Síochána: 23%**
- **Glaoch teileafóin a chur le gearán a dhéanamh: 21.6%**

#### **Léaráid 7: Toilteanas úsáid na Gaeilge i gcomhthéacsanna áirithe**

### **Dearcadh i leith na Gaeilge**

Maidir le dearcadh i leith na Gaeilge, sonraíodh dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge i measc fhormhór fhreagróirí an cheistneora agus rannpháirtithe na ngrúpaí fócais araon. D'ainneoin na dtorthaí a léiríonn go measann formhór na rannpháirtithe san obair pháirce go bhfuil cumas íseal acu sa Ghaeilge agus an eolais a tugadh ar na srianta ar úsáid na Gaeilge sa chathair, d'fhreagair 52% de fhreagróirí an cheistneora go raibh siad 'go láidir i bhfabhar na Gaeilge' agus 36.7% eile go raibh siad 'i bhfabhar na Gaeilge'. Iarradh ar fhreagróirí an chúis taobh thiar den dearcadh sin a léiriú agus an chúis ba choitianta a tugadh, ag 69% de fhreagróirí a mhaígh go raibh dearcadh dearfach acu i leith na Gaeilge, ná 'teastaíonn uaim a bheith dílis d'oidhreacht teanga na tíre'. Ina ndiaidh sin, d'fhreagair 58.2% go raibh an Ghaeilge

tábhachtach dóibh ar bhonn pearsanta. Sin an dearcadh is coitianta a léirítear i bhfaisnéis ó na grúpaí fócais chomh maith, le haon duine is fiche ag léiriú dearcadh follasach dearfach i leith na Gaeilge i gcomparáid le cúigear a léirigh dearcadh follasach diúltach ina leith:

<b>Catagóir</b>	<b>Minicíocht</b>
Dearcadh follasach dearfach i leith na Gaeilge	n = 21
Dearcadh follasach diúltach i leith na Gaeilge	n = 5
Tábhacht na Gaeilge don fhéiniúlacht chultúrtha agus náisiúnta	n = 13
Tábhacht phearsanta na Gaeilge do na rannpháirtithe	n = 9
Athrú i ndearcadh i leith na Gaeilge thar imeacht ama	n = 8
Tionchar ag cumas agus úsáid na Gaeilge ar dhearcadh ina leith	n = 7
Stiogma faoin nGaeilge	n = 5
An tionchar ag 'praiticiúlacht' ar dhearcadh i leith na Gaeilge	n = 9

### **Léaráid 8: Achoimre chainníochtúil ar dhearcadh i leith na Gaeilge – grúpaí fócais**

Cé go bhfuil an chosúlacht ar an scéal ó thorthaí an ceistneora go bhfuil formhór mhuintir na cathrach thar a bheith dearfach faoin nGaeilge, tháinig eolas níos sonraí chun cinn sna grúpaí fócais nuair a ligeadh do dhaoine labhairt faoina dtuairimí i leith na Gaeilge. Dar le Ó hIfeárnáin agus Walsh 'tá idir idé-eolaíocht fholaithé agus idé-eolaíocht fhollasach i gceist agus tá... teannas... idir an meon nach ndearbhaítear agus an meon a fhógraítear' (2018: viii). Bhí níos mó castachta ag baint leis an meon a léiríodh i bhfaisnéis na ngrúpaí fócais i leith na Gaeilge.

Sa litríocht acadúil déantar idirdhealú uaireanta idir dearcthaí agus idé-eolaíochtaí i leith teangacha (Kroskity: 2016, Martinez: 2006) ach is léir, leis, go bhfuil nasc láidir idir an dá choincheap (Sallabank: 2013). Go ginearálta cuid lárnach den dá choincheap is ea conas a bhraitheann daoine faoi theanga agus a gcreidimh faoin teanga. Dar le Woolard agus Schieffelin (1994: 55) go bhfuil idé-eolaíochtaí i leith teangacha tábhachtach d'anailís shóisialta agus shíceolaíoch faoi seach mar ní bhaineann siad leis an teanga féin amháin. Dar le Kroskity, baineann dearcthaí i leith teangacha go ginearálta, ar bhonn coincheapúil, le hoibiachtúlacht agus le tomhas cainníochtúil ar fhreagraí na gcainteoirí. I gcodarsnacht leis sin, dar leis, baineann idé-eolaíochtaí teanga le modhanna cáilíochtúla cosúil le heitneagrafaíocht. Mar a pléadh thuas, baineadh leas san obair pháirce seo as meascán de mhodhanna cainníochtúla agus cáilíochtúla agus cé gur bailíodh faisnéis ar dhearcthaí i leith na Gaeilge sa cheistneoir, fuarthas eolas ar idé-eolaíochtaí na rannpháirtithe i leith na Gaeilge sna grúpaí fócais. Cé gurbh é an meon follasach is coitianta a léirigh rannpháirtithe ar dtús go raibh dearcthaí dearfacha acu i leith na Gaeilge, nuair a lean na comhráite ar aghaidh tugadh le fios go minic gur bhain an dearcadh sin le siombalachas nó le tábhacht na féiniúlachta cultúrtha



agus náisiúnta. Labhair rannpháirtithe faoin easpa praiticúlachta a bhain le Gaeilge a labhairt go minic sna comhráite. Sonraíodh tuairimí a bhain le náire agus le sotal agus le leithleachas braite i leith na Gaeilge sna grúpaí fócais nár léirigh torthaí an cheistneora. Mar a deir rannpháirtí amháin:

*I think that most people would support the Irish language and keep it alive because it's the language of our country and our ancestors. But there's an underlying negative attitude towards Irish amongst the youth of Ireland; young people are embarrassed to speak the language in public (R2: 26/07/2015).*

## Conclúid

Cruthaíonn na sonraí a bailíodh léargas cuimsitheach den Ghaeilge i gceantar uirbeach sa tír. Pictiúr casta is ea é ach is féidir roinnt tátal soiléir a bhaint as an bhfaisnéis faoi staid reatha na Gaeilge i gCathair Chorcaí agus faoin idirphlé idir na trí thoisic ar díriodh orthu sa taighde – cumas, úsáid agus dearcadh. Maidir le cumas sa Ghaeilge léirítear cumas braite íseal i measc fhormhór na rannpháirtithe. B'ionann an cás sin i measc fhormhór fhreagróirí an cheistneora agus rannpháirtithe sna grúpaí fócais. Bíonn tionchar ag cumas íseal i dteanga ar a húsáid, dar ndóigh. Mar a deir Moriarty (2015: 61), ní bhíonn daoine le cumas teoranta sa Ghaeilge ag brath ar aimsiú gréasáin shóisialta cainteoirí chun a scileanna teoranta a chleachtadh. Feictear sin i bhfianaise na faisnéise ó na grúpaí fócais nuair a mhaíonn rannpháirtithe go gcuireann a gcumas braite íseal sa Ghaeilge as dóibh Gaeilge a chleachtadh le daoine sa chathair agus deiseanna úsáide Gaeilge sa chathair a lorg. Fiú i measc rannpháirtithe a mhaígh go raibh cumas measartha acu sa Ghaeilge feictear tionchar ag easpa muiníne ina gcumas ar easpa úsáide na Gaeilge. Srian is ea an easpa muiníne sin ar aistriú cumais na rannpháirtithe go húsáid na teanga. Mhaígh roinnt rannpháirtithe nár labhair daoine eile ina ngréasáin shóisialta Gaeilge agus mar sin, fiú dá mbeadh ardcumas acu sa Ghaeilge ní bheidís in ann í a úsáid ina ngréasáin féin. Tuairscíodh gur bhain an easpa úsáide seo uaireanta le noirm shóisialta agus le heaspa feasachta ar sheirbhísí Gaeilge agus deiseanna úsáide na Gaeilge sa chathair. Ábhar dóchais is ea na dearccháí dearfacha i leith na Gaeilge a léiríodh i measc na rannpháirtithe ach ní rud nua é sin. I dtaighde Mhic Gréil ar an gcaidreamh idir muintir na hÉireann agus an Ghaeilge léiríodh dearccháí dearfacha den chuid is mó ina leith agus labhair Fishman (1991: 124) faoin '*preponderance of positive attitudes toward Irish*' sa tír. Tá dúshlán fós in aistriú na ndearccháí sin go húsáid níos leithne na Gaeilge, áfach, agus tá idirghabhálacha pleanála teanga de dhíth chuige sin. Tá béim sa *Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge* (2010) agus in *Acht na Gaeltachta* (2012) ar an tábhacht a bhaineann le cothú phobail na Gaeilge agus le pleanáil éifeachtach chun todhchaí na Gaeilge a chinntiú. Léiríonn torthaí an cheistneora agus na sonraí ó na grúpaí fócais araon, go bhfuil úsáid na Gaeilge sa chathair lasmuigh den chóras oideachais fós srianta mar gheall ar easpa cumais braite sa Ghaeilge, easpa muiníne agus easpa deiseanna sonracha úsáide. Braitheann marthanacht teanga ar a húsáid, dar ndóigh,

agus i bhfianaise thorthaí an taighde seo, is cinnte go bhfuil a thuilleadh machnaimh agus taighde le déanamh ar na bealaí is fearr chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus srianta a bhaineann le húsáid na Gaeilge chun cur le líon lucht a labhartha.

## Leabharliosta

### Leabhair

Bender, M.L., Bowen, J.D., Cooper, R.L., Ferguson, C., (eag.) (1976) *Language in Ethiopia*. Oxford: Oxford University Press.

Bloor, M., Frankland, J., Thomas, M., Robson, K., (2001) *Focus Groups in Social Research*. Londain: Sage.

Fishman, J.A., (1972) *Language in Sociocultural Change: Essays by Joshua A. Fishman*. Selected and Introduced by Anwar S. Dil. Stanford: Stanford University Press.

Fishman, J.A., (1991) *Reversing Language Shift: Theoretical and Empirical Foundations of Assistance to Threatened Languages*. Clevedon: Multilingual Matters.

Flick, U., (eag.) (1998) *The Psychology of the Social*. Cambridge: Cambridge University Press.

Gerring, J., Christenson, D., (2017) *Applied Social Science Methodology: An Introductory Guide*. Cambridge: Cambridge University Press.

Grin, F., Vaillancourt, F., (1999) *The Cost-effectiveness Evaluation of Minority Language Policies: Case Studies in Wales, Ireland and the Basque Country*. Flensburg: European Centre for Minority Issues.

Grin, F., (2003) *Language Policy Evaluation and the European Charter for Regional or Minority Languages*. Nua-Eabhrac: Palgrave Macmillan.

Litosseliti, L., (2003) *Using Focus Groups in Research*. Londain: Continuum.

Mac Gréil, M.S.J., Rhatigan, F., (2009) *The Irish Language and the Irish People: Report on the Attitudes towards, Competence in and Use of the Irish Language in the Republic of Ireland in 2007-'08*. Maigh Nuad: Roinn na Socheolaíochta, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad.

Milroy, L., (1987) *Language and Social Networks* [dara heagrán]. Oxford: Basil Blackwell.

Morgan, D.L., (1997) *Focus Groups as Qualitative Research*. Londain: Sage.

Spolsky, B., (2004) *Language Policy*. Cambridge: Cambridge University Press.

Spolsky, B., (2009) *Language Management*. Cambridge: Cambridge University Press.

Vaughn, S., Schumm, J.S., Sinagub, J.M., (1996) *Group Interviews in Education and Psychology*. Londain: Sage.

## Ailt

Chambers, J.K., (1998) 'Inferring Dialect from a Postal Questionnaire.' *Journal of English Linguistics*, 26, 3–35.

Dauenhauer, N.M., Dauenhauer, R., (1998) 'Technical, Emotional and Ideological Issues in Reversing Language Shift: Examples from Southeast Alaska.' Grenoble, L. A., Whaley, L. J., (eag.) *Endangered Languages: Current Issues and Future Prospects*. Cambridge: Cambridge University Press. 57–98.

Egbert, J., Baker, P., (2016) 'Research Synthesis.' Egbert, J., Baker, P., (eag.) *Triangulating Methodological Approaches in Corpus Linguistic Research*. Londain: Routledge. 183–208.

Mac Donnacha, J., (2000) 'An Integrated Language Planning Model.' *Language Problems and Language Planning*, 24 (1). 11–35.

Ní Dhúda, L., (2018) 'Éagsúlacht agus contrárthacht na gcreideamh teanga sa Bhreacbhaile.' Ó hIfearnáin, T., Walsh, J. (eag.) *An Meon Folaíthe: Idé-eolaíochtaí agus iompar lucht labhartha na Gaeilge in Éirinn agus in Albain*. Baile Átha Cliath: Cois Life. 1–38.

Ó hIfearnáin, T., Walsh, J., (2018) 'Réamhrá.' Ó hIfearnáin, T., Walsh, J., (eag.) *An Meon Folaíthe*. Baile Átha Cliath: Cois Life. vii–xiv.

Schensul, J.J., (1999) 'Focused Group Interviews.' LeCompte, M.D., Schensul, J.J., Nastasi, B.K., Borgatti, S.P., *Enhanced Ethnographic Methods: Audiovisual Techniques, Focused Group Interviews, and Elicitation Techniques*. Lanham: Alta Mira Press. 51–114.





## **Céim ar an Bhealach: spléachadh ar an chéad chaibidil de *Mo Bhealach Féin* le Seosamh Mac Grianna**

*Padaí de Bléine*

<https://doi.org/10.13025/nqgc-y409>

*A great book begins with an idea; a great life with a determination.* (L'Amour, 1989:3)

Cé gur foilsíodh *Mo Bhealach Féin* den chéad uair sa bhliain 1940, tá ailt á scríobh agus cláir raidió agus teilifíse á ndéanamh fós ar an saothar tábhachtach seo. Is é an aidhm atá leis an alt seo ná cuidiú leis an té a rachaidh i mbun an leabhair den chéad uair lena bhealach a éascú isteach ann. Cuireann Mac an Bheatha (1970: 54) síos ar *Mo Bhealach Féin* mar leabhar aoncharachtair, ach deir sé fosta nach aon locht ar leabhar é nach bhfuil ann ach an t-aon charachtar amháin, fad is atá an duine sin suimiúil, agus is cinnte go bhfuil Seosamh Mac Grianna an-suimiúil mar dhuine agus mar scríbhneoir. Go dearfa, maíonn Mac an Bheatha go bhfuil na chéad trí chaibidil de *Mo Bhealach Féin* ar na próis is fearr dár scríobhadh riamh sa Ghaeilge.

Ach cad iad na tréithe atá de dhíth ar chéad chaibidil de leabhar leis an léitheoir a mhealladh? Dar le Bradshaw (2016), tá seacht dtréith de dhíth leis an léitheoir a mhealladh sa chéad chaibidil. Deir sí go bhfuil líne mhaith nó paragraf maith de dhíth le tús a chur léi, carachtar suimiúil, guth láidir, suíomh maith, coimhlint, smaointe le suim a mhúscailt sa léitheoir agus díograis an scríbhneora. Is léir go n-áirítear na tréithe uile seo sa chéad chaibidil de *Mo Bhealach Féin*. Sa chéad líne den chéad chaibidil, tá oscailt ar dóigh againn agus guth láidir ag labhairt go díreach linn. Osclaíonn Mac Grianna (1940: 5) a dhírbheathaisnéis leis an focail, 'Deir siad go bhfuil an fhírinne searbh, ach, creid mise ní searbh atá sí ach garbh agus sin an fáth a seachantar í.' Léiríonn an t-údar scoilt agus coimhlint idir 'siad' agus 'mise' agus

láithreach bonn músclaítear suim an léitheora. Deir Kiberd (1993: 173-4) go mbaineann sé úsáid as an seanfhocal d'aon ghnó lena rá leis an léitheoir go bhfuil sé ag dul a bheith difriúil leis na scríbhneoirí a thaistil an bealach roimhe, amhail Thomáis Uí Chriomthain, Mhuiris Uí Suilleabháin agus Peig Sayers a d'úsáideadh na seanfhocail go minic agus a bhíodh i gcónaí ag aontú le nath ciotianta an phobail.

Pléascann sé an seanfhocal sa chéad abairt – agus tá sé mar a bheadh comhcheilg rúnda idir Seosamh agus an léitheoir i gcoinne an domhain mhóir ina dhiaidh sin. (Kiberd, 1993:174)

Leis an oscailt phléascach sin tá Mac Grianna á scarúint féin ón ghnáthphobal agus ag labhairt go díreach leis an léitheoir. Creideann Deane (1977: 58) go bhfuil bua ó nádúr aige agus go bhfuil sé an-éirimiúil thar chách agus scartha scoilte ón slua dá bharr, ach go bhfuil sé ar lorg na fírinne sa saol:

*By virtue of this truly gifted, the people most in contact with that which is eternally true would always be isolates, rejected by and rejecting the material benefits of this world, seeking instead, in nature and in the vagaries of the human personality, the truth which is avoided by most people.*

Aontaíonn Ó Muirí (1999: 161) le Deane agus ríomhann seisean go bhfuil Mac Grianna ar lorg an tsoithigh naofa agus na fírinne a sheachnaíonn an mhórchuid de na daoine agus go gcuireann an léitheoir suim ann cionn is go bhfuil sé difriúil leis na scríbhneoirí eile. Ní leanfaidh Mac Grianna conair an choinbhinsiúin ná an gnáthbhealach i dtaca lena shaol féin agus lena chuid scríbhneoireachta féin. Ina ionad sin, scaoilfidh sé é féin saor ó laicisí an bhéaloidis agus na seanfhocal ach bainfidh sé úsáid as an saibhreas atá aige agus as tobar theanga a mhuintire ach í a mhúnlú le guth a thabhairt dá shamhlaíocht féin.

Sna dírbheathaisnéisí a foilsíodh roimh *Mo Bhealach Féin* chuir na húdair síos ar uaisleacht na hoibre, ar ghleic na ndaoine agus cuireadh béim mhór ar shaibhreas agus ar sheanfhocail. Is iad sin na tréithe sna dírbheathaisnéisí a d'fhoilsigh Tomás Ó Criomhthain, Mhuiris Ó Suilleabháin agus Peig Sayers ar mhunitir na mBlascaodaí. Go deimhin, rinne Séamas Ó Grianna, deartháir le Seosamh, rinne seisean amhlaidh ina dhírbheathaisnéis féin *Nuair a Bhí Mé Óg*. Léiríonn Mac Congáil (1990: 108) an difear idir an bheirt deartháireacha:

Ina chuid scríbhneoireachta bhí Séamas ag cloí go mór le béaloideas, le seanchas na ndaoine ar shaol an naoú céad déag, le breithiúnas na gcomharsan ar imeachtaí a chéile, agus ar eachtraí saolta a chuir cor i gcinniúint an duine. Ní sa tsaoil sin a bhí suim ag Seosamh... Bhí a intinn lán staire agus seanlitríochta, i nGaeilge agus i mBéarla, agus ba mhian leis saoirse na spéire a ligean lena shamhlaíocht.

Is follasach go raibh Seosamh difriúil lena dheartháir agus leis an ghlúin scríbhneoirí a d'fhoilsigh dírbheathaisnéisí roimhe. Níor leor do Sheosamh an chonair nó an bealach a leag 'siad' síos ó aimsir na hAthbheochana anall a leanúint. Ina áit sin, fógraíonn an chéad abairt sin go scaoilfidh sé é féin saor ó laincísí an traidisiúin; ó laincísí na seanfhocal agus ó laincísí an bhéaloidis – cé go n-úsáidfidh sé tréithe seo na teanga ar a bhealach féin agus ar bhealach úr ina shaothar. Murab ionann Seosamh agus údair eile, rachaidh sé a bhealach féin agus cuartóidh sé an fhírinne mar a thuigeann sé féin í, mar a deir Ó Muirí (1999:161),

*It is this belief in the rough nature of truth which propels Mac Grianna out into the world. He wants to find out what truth is and to find out how rough it actually is 'the truth' is avoided by most people. Mac Grianna sets himself the task of searching it out. This in itself is enough to make him different from the rest of his fellow countrymen.*

Tá an méid sin soiléir ó theideal na dírbheathaisnéise – *Mo Bhealach Féin* – teideal a fuair sé, dála an scéil, ó 'Éiric Bhuille gan Chosnamh' a bhí ag uncail leis, Johnny Sheimisín Ó Dónaill, (Ó Dochartaigh, 1994: 53). Cuireann Ó Tuama (1981: 157) síos ar an leabhar mar a bheadh úrscéal dírbheathaisnéiseach ann agus cuireann Titley (1991: 47) síos air mar:

Is mó fós den cheapadóireacht atá againn in *Mo Bhealach Féin* (1940) Sheosaimh Mhic Grianna a áirítear uaireanta mar dhírbheathaisnéis ach arb iad an díocas buile anama agus an mórtas fréasúrach spride nach réitíonn ach an oiread le socaire na faisnéise beatha na tréithe is géire a nochtáítear ann.

D'fhreagair Mac Grianna an dúshlán a shíl sé a bhí roimhe agus chuaigh sé a bhealach féin leis an scríbhneoireacht chruthaitheach. Tá sé mar a bheadh ealaíontóir ann atá ag dul a bhaint úsáid as na cineálacha céanna péinte le bealach eile a chruthú leis an domhan a fheiceáil, nó mar a bheadh fíodóir ann atá ag dul a bhaint úsáid as na snátha céanna le patrún nua a chruthú. Ar ndóigh is fíodóir focal é agus cuirtear é seo in iúl don léitheoir sa chéad pharagraf:

Is óg i mo shaol a chonaic mé uaim é, an ród sin a bhí le mo mhian, an bealach cas geal a raibh sleasa cnoc ar gach taobh de ba deise ná aon chnoc dá bhfuil i gceol; agus anál an aeir os a chionn a bhéarfadh bua ar aer an tsaol mar bheir an fíon bua ar an uisce; agus seandroichid a bhí ag éisteacht le cogarnach srutha a fhad agus a théad an chéad mearchuimhne; agus bailte bánbhreaca idir neoin bhig agus béal maidne; agus clúideanna scíste a bhféadfainn suí iontu go n-aithnínn beo gach gas agus luibh iontu;' (Mac Grianna, 1940: 5)

Téann an chéad pharagraf seo i gcion go mór ar an léitheoir agus aithnítear láithreach ón athfhriotal thuas go bhfuil sé rithimeach fileata. Dar le Uí Laighléis (2017: 188), mhaígh Enrí Mac an Bhaire a bhí ag obair in An Gúm nuair a tugadh lámhscríbhinn *Mo Bhealach Féin* isteach, mhaígh seisean gurbh é an lámhscríbhinn ab fhearr é dár léigh sé i nGaeilge le fada an lá. Dúirt Ó Conchubhair (2016: 145) gur téacs réabhlóideach radacach a bhí ann agus nach bhfacthas a leithéid roimhe. Cheap Mac an Bheatha (1970: 56-7) go raibh an chéad pharagraf sin chomh fileata agus a scríobhadh i nGaeilge riamh. Mhaígh sé fosta:

An té a bhfuil a dhúil san fhilíocht, an té a bhfuil a thóir ar an áilleacht, an té a bhfuil ciall aige do bhinneas focal agus do chumas smaointe, is léir dá leithéid ón chéad abairt seo go bhfuil fear á chur féin inár láthair ar fiú éisteacht leis.

D'arsaigh an file T.S. Elliot gur chóir don fhilíocht cumarsáid a dhéanamh sula dtuigfí í agus is cinnte go ndéanann an chéad pharagraf fileata seo teagmháil agus cumarsáid leis an léitheoir lena rithim fhileata. Aithníonn an ceoltóir clúiteach Donal Lunny an ceol atá sna focail sa chéad pharagraf agus scríobh sé fonn le dul leo, cé gur píosa próis atá ann. Dúirt Donal Lunny sa chlár *Mo Bhealach Féin 2009*: 'Tá rithim sna foclaí a scríobh Seosamh Mac Grianna. Tá sé go hiontach in áiteanna. Shílfeá go raibh ceol ar siúl ina cheann.'

Deir an file Gaelach Cathal Ó Searcaigh (2018: 35), arb as Gaeltacht Thír Chonaill é, dála Sheosaimh Mhic Grianna, go ndeachaigh a cheantar féin agus a theanga féin i bhfeidhm go mór ar an dóigh chéanna le Mac Grianna. Deir sé go raibh focail ag déanamh meabhráin dó ó bhí sé óg; a gcló, a gcruth, a mboladh is a mblas. Deir Ó Searcaigh má dhéantar an bomaite reatha, bomaite suaithníochta a cheapadh agus a shrianadh go gcuirtear an t-am ar ceal agus go sealbhaítear an tsíoraíocht. Is é a dhála céanna é le Seosamh Mac Grianna agus is cinnte go bhfuil rud éigin ceaptha agus sealbhaithe aige sa chéad pharagraf seo agus é ar lorg na fírinne. Leanann Cathal Ó Searcaigh ar aghaidh a rá nach nochtann an fhírinne í féin ach dóibh siúd a bhfuil a gcuid súl foscailte acu. Ní súile cinn amháin a bhí á mhaíomh aige ach súil na haighe agus súil na samhlaíochta. Léirítear a fheabhas a bhí samhlaíocht Mhic Grianna sa chéad pharagraf dá dhírbheathaisnéis.

Cuireann an chéad pharagraf de *Mo Bhealach Féin* síos ar áilleacht an nádúir agus cruthaíonn sé pictiúr den suaimhneas agus é ag cur síos ar na cnoic, ar na luibheanna, ar na droichid agus ar na haibhneacha. Baineann sé úsáid as 'ciall na bhfocal' le 'ceol na bhfocal' a



chruthú. Spreagann an scríbhneoireacht na céadfaí agus cuireann an t-údar síos ar an fhíon ag fáil bua ar an uisce. Ar ndóigh nuair a léigh Seosamh Mac Grianna (1936:5) saothar Phádraic Uí Chonaire fuair an fíon bua ar an uisce mar a dé sé féin:

Ach casadh An Chéad Chloch orm. Agus nuair a léigh mé an leabhar seo stad mé a chur focal Béarla le ceol m'aigne. Chreid mé go mb'fhéidir litríocht uasal fhiliúnta a scríobh i nGaeilge. Bhí blas ar an leabhar agam mar bheadh blas ar fíon ag an té nach raibh a fhios aige go dtí sin go raibh ar an saol ach uisce.

Mhóthaigh Mac Grianna go raibh an litríocht ab uaisle i nGaeilge ceilte air go dtí gur léigh sé saothar Uí Chonaire agus ansin thuig sé gurbh fhiú go mór ceol na Gaeilge a chur lena chuid scríbhneoireachta féin in áit a cheird a chleachtadh trí mheán an Bhéarla. Dar le Ó Muiri (2007: 59) go raibh an casadh seo ar shaothar Uí Chonaire ar ceann de na heachtraí ba thábhachtaí i saol Mhic Grianna mar scríbhneoir. Deir sé gur míorúilt a bhí ann ar nós na míorúilte sa Bhíobla nuair a athraíodh an t-uisce go fíon agus ach ab é sin nach mbeadh an leabhar *Mo Bhealach Féin* againn. Tagraíonn Seosamh don amhrán 'Inis Dhún Rámha', amhrán a chluineadh sé go minic ina óige ag fás aníos i Rann na Feirste agus aithníonn an léitheoir láithreach go bhfuil an scríbhneoir ag déanamh ceangail lena bhaile dúchais féin agus lena mhuintir féin. Is iomaí file Gaelach a cheanglaíonn a chuid filíochta lena cheantar agus lena mhuintir féin dála Chathail Uí Shearcaigh agus Mháirtín Uí Dhireáin. Is léir go raibh Seosamh go fóill 'idir dhá cheann na himní' ag tús a cheirde go dtí gur chuir *An Chéad Chloch* cor ina chinniúint. Tá Kiberd (1993: 74) den bharúil go bhfuil an scríbhneoir óg idir dhá thraidisiún fós ina óige. Forbraíonn Mac Congáil (1990: 1) an pointe seo agus é ag cur síos ar streachailt an scríbhneora óig:

An rud is spéisiúla faoi dháta breithe Sheosaimh agus faoin tréimhse sin ina raibh sé ag teacht i méadaíocht, gur idir-ré go bunúsach a bhí ann. Ar an taobh amháin, bhí an tSeanÉire Ghaelach ann – í sin nár scaoil a dheartháir 'Máire' léi riamh ina chuid scríbhneoireachta – agus ar an taobh eile bhí Éire úr Gallda ann. Bhí an dá Éire sin i ngleic le Seosamh ó thús agus mhair an comhrac tamall fada ag iarraidh seilbh a fháil ar a intinn agus, dá réir sin, ar a fhealsúnacht mar scríbhneoir.

Bhí meas mór ag Seosamh ar na seanfhóid agus ar na seantraidisiúin ach mhóthaigh sé nár leor iontu féin iad don saol nua-aimseartha. Chuir Seosamh síos air féin mar 'rí-éigeas na nGael san fhichiú céad seo'. Deir Ó Háinle (1990: 3) gur bhain Mac Grianna úsáid as an fhocal 'éigeas' d'aon gnó mar mhalairt ar an fhocal 'file' mar gur mhaith leis a thabhairt le fios go raibh an traidisiún liteartha sealbhaithe aige chomh maith le dúchas an bhéil bheo. Dúirt Ó Doibhlin (1991) sa chlár teilifíse *Dá mBíodh Ruball ar an Éan* gur aithin Seosamh go

raibh bua na filíochta sin aige agus gur aithin sé fosta nár leor teanga na ndaoine ann féin mar litríocht, go mbeadh ar dhaoine an teanga sin a lúbadh agus a úsáid ar bhealach eile. Cuireann Mac an Bheatha in iúl (1970: 56) go bhfuil pian anama le sonrú sa líne ‘cé a shamhlódh dom nár shiúil mé riamh é, mise rí-éigeas na nGael san fhichiú céad seo, in aimsir na hAiséirí?’ Léiríonn an líne seo saol uaigneach an fhile agus aisling nár fíoradh ina iomláine, dar leisean. Is dóigh le Kiberd (1993: 174) go bhfuil an leabhar ar fad intuigthe san abairt sin ina nascann an t-údar a dhualgas traidisiúnta mar scríbhneoir Gaelach ‘mise rí-éigeas na nGael’ agus a chuspóir comhaimseartha mar ealaíontóir san aois nua, ‘san fhichiú céad seo’. Mothaíonn Seosamh anseo go bhfuil dualgas air le bheith ina scríbhneoir agus ina ealaíontóir sa chiall chomhaimseartha agus is trom an t-ualach é ar an scríbhneoir óg a scarann é ó na daoine thart air. Tá macalla an fhile Máirtín Ó Direáin (1966) le tabhairt faoi deara sa chuid sin ina dhán ‘Bí i do chrann’ nuair a deir sé:

Uaigneach crann i lár na coille,  
Uaigneach file thar gach duine.

Is féidir a rá gur mhothaigh Seosamh go raibh sé scartha ó dhaoine ó aois an-óg agus go raibh an saol ar fad ina choinne. Tá Ó Muirí (1999: 163-4) den tuairim gurb é sin atmaisféar iomlán na chéad chaibidle, go bhfuil an domhan mór i gcoinne Mhic Grianna. Cuireann Mac Grianna (1940: 6) in iúl go raibh a mhuintir i gcónaí anuas air:

Le fada riamh dá dtigeadh slaghdán ar dhuine dhéanfaí trua de; dá dtigeadh slaghdán ormsa ba mhór an náire dom é. Dá dtigeadh fearg ar dhuine eile ba sin an té nach ligfeadh a chnámh leis an mhada; dá dtigeadh fearg ormsa bam é an tarbh de dhuine fhiáin.

Deir Kiberd (1993: 177) go bhfuil guth cantalach an dara páiste le haithint anseo nach bhfuair cothrom na Féinne i gcomórtas lena dheartháir aibí. Aontaíonn Mac Einrí (1994: 137) le Kiberd agus dar leisean, chonachtas do Sheosamh go raibh an saol mór anuas air, a mhuintir san áireamh, agus go raibh siad ag tuar donachta dó. Is léir ó línte trua cánta sin an údair go raibh saol uaigneach scartha aige ina óige agus gur mhothaigh sé nár caitheadh go cothrom leis. Maíonn Ó Muirí (2007: 35) go dtéann goin na mothúchán i gcion ar an léitheoir agus go bhfuil an t-údar ris os comhair an tsaoil mhóir. Is cosúil go raibh Seosamh ina éan corr ó aois an-óg agus gur thuig sé féin go raibh deighilt idir é féin agus páistí eile an bhaile. Chaitheadh Seosamh na huaireanta fada ag léamh ina luí cois na habhann nó cois na farraige agus sólas á fháil aige seal tamall i gcuideachta an nádúir. Is cosúil go bhfuair Seosamh cúiteamh de chineál éigin agus é ‘ag éisteacht le cogarnach srutha’ ar an saol aonarach a bhí

aige agus dualgas an fhile air. Scríobh an file Éireannach John O'Donoghue (2003: 27) go raibh an bóthar aonarach i ndán don fhile in amanna ach go raibh leigheas de chineál éigin ar fáil sa nádúr dó:

*Solitude gradually clarifies the heart until a true tranquility is reached. The irony is that at the heart of that aloneness, you feel intimately connected with the world indeed the beauty of nature is often the wisest balm for it gently relieves and releases the caged mind.*

Is léir gur mhothaigh Seosamh go raibh ceangal na gcúig gcaol air agus gur mhothaigh sé go raibh sé féin faoi ghlas. Baineann sé úsáid as an bhriathar ‘bris amach’ agus é ag caint ar fhágáil na scoileanna amhail is go raibh sé sáinnithe nó gafa iontu. Tugann an t-údar le fios gur theagasc sé i naoi scoil i naoi gcontae agus is leor an nod seo don léitheoir gur dhóigh dó socrú síos in aon áit amháin. D'éirigh sé as an teagasc nuair a tháinig aisling chuige go raibh na línte sa leabhar rolla mar a bheadh barraí príosúin ann. Ní raibh am ar bith aige don saol socair seascair a d'fhóir do chuid mhaith daoine eile. Bhí sé ag iarraidh a shamhlaíocht a ligean le saoirse na spéire gan srian fisiciúil ná intleachtúil uirthi. Is cinnte go raibh ar Sheosamh an fód a sheasamh agus a bheith daingean diongbháilte lena bhealach féin a leanúint. Léiríonn Kiberd (1993: 117) gur shnámh Seosamh in aghaidh an easa leis an saol leamh dúr gránna a sheachaint.

Tagraíonn Mac Grianna arís don fhile ag maíomh gur scríobh sé scéalta nach gcuirfeadh sé i bprionta choíche cionn is gur chreid sé nár chóir don fhile a shaothar a dhíol. Tugann sé léargas arís eile don léitheoir anseo ar an mheas atá aige ar shaothar uasal an fhile. Tagraíonn sé do na daoine a mbíodh sé ag obair leo mar ‘leathchairde’ ag léiriú nár mhór an meas a bhí aige orthu. Aithníonn Mac Grianna (1940: 7) go bhfuil sé difriúil leo agus glacann sé lena shaol uaigneach agus is cosúil go n-ardaíonn sé uaisleacht an uaignis ina shamhlaíocht nuair a deir sé:

Agus faoi dheireadh d'fhág mé siad síos siar mé, cé gur mhair siad – mo leathchairde atá mé a rá – ag tabhairt cuirí chun a gcuid tithe dom ní b'fhaide ná ba mhian liom. Fa dheireadh d'fhág siad síos siar liom féin mé. Bhí sin nimhneach ó thús, ach d'éirigh mé cleachta leis. Bhí dúil riamh agam a bheith liom féin.

Chuirfeadh mian rí-éigeas na nGael san fhichiú céad seo mian an tseanfhibile Marbhán a mhair sa seachtú haois i gcuimhne don léitheoir agus a bhfuil cuntas air in Williams & Ní Mhuiríosa (1979: 77). Nuair a chuir Guaire, deartháir le Marbhán ceist air cén fáth ar chaith sé an oíche amuigh agus a cheann ar thalamh aige, d'fhreagair Marbhán trí mhionchuntas a thabhairt dó ar an aoibhneas a bhí ag roinnt lena shaol taobh amuigh: é i bhfad ó chaidreamh daoine, cantain bhinn na n-éan agus ceol na gaoithe agus na n-eas le cloisteáil aige, comhluadar

na n-ainmhithe, torthúlacht na bplandaí agus luibheanna le tabhairt faoi deara agus na toir mar chuideachta aige. Cé go ndearna Seosamh a dhícheall ar feadh bhunús dheich mbliana an saol socair a leanúint, thuig sé sa deireadh nár fhóir sé dó. Is cosúil go bhfuil sé doiligh don té atá éirimiúil thar chách caidrimh a bheith aige le daoine nach bhfuil chomh héirimiúil céanna leis, agus cuireann sé sin frustrachas air agus éiríonn sé borb gonta le daoine.

Ar ndóigh, cé gur shantaigh Seosamh an saol ar an imeall b'éigean dó a intleacht a dhíol agus a aigne a thruailliú lena bheatha a thabhairt i dtír. Ghlac sé post leis an Ghúm, eagraíocht a bunaíodh sa bhliain 1926 le téacsleabhair a sholáthar do na meánscoileanna agus le hábhar léitheoireachta a sholáthar do phobal na Gaeilge. Déanann Máirtín Mac Niocláis (1991) cur síos cuimsitheach ar bhunú an Ghúim ina leabhar *Seán Ó Ruadháin Saol agus Saothar*. Níorbh é seo an cineál oibre a shantaigh file ach ní raibh dlí ar an riachtanas ag an am. Deir Mac Grianna (1940: 8):

Ach tá greim amháin ag an tsaol uilig orainn. Dá mhéad éagosúlacht dá bhfuil idir fheara tá goile acu uilig. Bhí goile agamsa, agus goile maith fosta. B'éigean a choinneáil lán. Bhí an t-arán le cuartú agus ní fhásann an chhruithneacht ar an uaigneas.

Tá an chuma ar an scéal go raibh dhá ghoile mhaithe ag Mac Grianna – ceann amháin lena chorp a chothú agus an ceann eile lena shamhlaíocht a chothú. Arís eile tá Mac Grianna gafa idir dhá shaol – saol an scríbhneora chruthaithigh agus saol an aistritheora. Léiríonn sé dímheas ar an eagraíocht ón tús agus cáineann sé an t-ainm fiú. Ar feadh tamaill déanann sé a chuid oibre ag maíomh go bhfuil sí chomh furasta lena bhróga a cheangal ach thuig Mac Grianna nach dtiocfadh leis a bheatha a thabhairt i dtír gan a chaighdeán scríbhneoireachta a bheith thíos leis mar atá luaite in Greene (1972: 32). Níor ghlac sé i bhfad ar Mhac Grianna mar sin éirí dúdóite leis an obair chéanna nár cheadaigh dó a thíolachtaí mar scríbhneoir cruthaitheach a fhorbairt. Bhí sé ag obair le litríocht mar a bheadh an té a bheadh ag cruinniú min shábha ag obair le hadhmad. Tá macalla an scríbhneora Mheiriceánaigh David Henry Thoreau (1845: 3) anseo nuair a scríobh sé *'the workers were so occupied by the coarse labours of work that they cannot pluck their finer fruits'*.

Ní fhaca Seosamh toradh fiúntach ar bith ar a chuid oibre agus ní den chéad uair ina shaol mhothaigh sé go raibh sé i ngéibheann agus ceangal na gcúig gcaol air. Mar a deir de Brún (2002: 187) 'Ba é an Gúm arán laethúil Mhic Grianna, ach níor chothú ar bith dá shamhlaíocht a fuair sé ansin ach a mhalairt.'

D'éirigh Seosamh as an obair leis An Ghúm nuair a tharla easaontas idir é féin agus an eagraíocht mar gheall ar a shaothar *An Druma Mór*. Dhiúltaigh an eagraíocht an t-úrsceál a chur i gcló ar eagla go gcuirfí an dlí uirthi gan athruithe móra a dhéanamh air. Ní raibh Seosamh sásta an hathruithe a dhéanamh agus ba é sin cúis an easaontais. Tá cur síos cuimsitheach ag

Uí Laighléis (2017: 156-73) air seo ina saothar *Gallán an Ghúim*. Cuireann Deane (1970: 54) síos ar an tréimhse seo i saol an scríbhneora mar dhuine ‘fiercly holding on to his own loyalites in a world which despised or ignored them’.

Caithfear cuimhneamh fosta, áfach, gur aistrigh Mac Grianna breis agus milliún focal don Ghúm, (Ó Dónaill, 1990: 109) agus gur cinnte gur fhoghlaim sé scileanna teicniúla an scríbhneora ann. Tugann Uí Laighléis (2017: 205) le fios gur chaith An Gúm go cothrom le Seosamh agus gurbh é barúil an scríbhneora an t-aon bharúil amháin a fuair an léitheoir. Mar gheall ar chúrsaí le *An Druma Mór* agus ar na cúiseanna eile a luadh, d’éirigh Mac Grianna as a phost. Tharraing Seosamh as tobar a mhuintire agus é ag tagairt don toirtín mór agus don mhallacht le cur síos a dhéanamh ar an scarúint leis an Ghúm. Tagann an tagairt as an scéal béaloidis, *Triúr Mac* a scríobh Cáit Ní Ghallchóir, agus a d’aithris a hathair mór Dónall Ó Dónaill as Rann na Feirste. Tá an scéal i gcló in *Rann na Feirste Seanchas ár Sinsear*. Is ionann an toirtín mór agus an t-airgead a shaothraíonn Seosamh ag obair don Ghúm. Ar ndóigh, má tá toirtín mór aige agus é ag obair don Ghúm, tá an mhallacht aige chomh maith. Dála an ghasúir óig sa scéal béaloidis, bhí sé sásta an toirtín beag agus an bheannacht a ghlacadh agus dul a bhealach féin. Tá tábhacht an traidisiúin agus na háite dúchais múnlaíthe aige sa líne sin agus í in úsáid aige le smaoineamh nua-aimseartha ina shamhlaíocht a léiriú.

Leanann Seosamh leis sa chéad chaibidil ag insint dúinn gur léim sé isteach san fharrage gan bang snámha aige agus é ar ‘chladach uaigneach’ a léiríonn arís go raibh sé leis féin agus ina éan corr ina óige. Luaigh sé stair a cheantair agus tá mórtas cine le sonrú agus é ag maíomh go raibh Dlíte na mBreithiún in úsaid go fóill ina bhaile dúchais – an baile is Gaelaí in Éirinn mar a deir sé féin níos faide anonn sa leabhar. Dar le de Brún (2002: 27), tá iarracht mhaith den eisceachtúlacht sa phíosa sin ina gcuireann sé síos go mórtasach ar a mhuintir, nuair a mholann sé Gaeltacht Thír Chonaill thar Ghaeltacht ar bith eile agus arís nuair a luann sé a pharóiste dúchais féin mar eiseamláir. Ach is é an rud is mó a dhéanann Mac Grianna sa sliocht sin, dar le de Brún, iniúchadh a dhéanamh ar thréithe an laochais i sochaí na Gaeltachta agus ar an bhunús atá leo. Dar leis, nuair a tháinig muintir Thír Chonaill slán ar an daorsmacht a tháinig i ndiaidh Chath Chionn tSáile, gur mhair cultúr na n-uasal gan meathlú gan truailliú ina dhiaidh. ‘Oideachas na n-uasal’ is cúis leis an chód ridireachta a chleachtann siad go fóill agus a chrosann orthu ‘óinseach a thabhairt ar mhnaoi’. Tagraíonn Mac Grianna don tréimhse a chaith sé faoi ghlas i nDroichead Nua agus Cogadh na gCarad ar siúl sa tír. Dá mba dhoiligh dó cur suas leis na ceithre bhalla sa seomra ranga ba dheacra fós dó ceithre bhalla an phríosúin a fhulaingt. Scríobh Mac Congáil (1994: 141) go gcaithfidh sé gur ghoill an tréimhse i ngéibheann go mór ar a intinn, mar fhear nach raibh acmhainn aige le fada ar aon chineál smachta ná ceangail, mar fhear a shantaigh saol na fairsinge. Má bhí tairbhe ar bith le baint as am an anró a chaith sé sa phríosún ba é sin an t-uafás léitheoireachta a rinne sé. Deir Kiberd (1993: 173) gur léigh sé abairt stuama in aiste de chuid Aodha de Blácam: ‘If Oliver Goldsmith had known Irish, he might have bent Irish prose to the range of modern thought.’

Spreag an abairt seo é le caint thírúil na ndaoine agus litríocht chomhaimseartha na hEorpa a nascadh le chéile. Maíonn Mac Grianna gur chuir sé cuid mhaith rudaí de ach nach raibh sé ag leanúint a bhealach féin le cuid mhaith acu. Deir Mac Grianna (1940: 11) ‘ní raibh mé ag dul mo bhealach féin go hiomlán nuair a tharla siad dom.’

Cuireann Mac Grianna clabhsúr leis an chéad chaibidil ag insint don Ghúm agus don chine daonna go leanfaidh sé a bhealach féin anois beag beann orthu. Tá sé mar a bheadh forógra David Henry Thoreau (1854: 3) ann a chuaigh a chónaí sna coillte ‘*because I wanted to live deliberately, to front only the essential facts of life, and see if I could learn what it had to teach, and not, when I came to die, discover that I had not lived.*’

Baineann Seosamh Mac Grianna úsáid as an fhocal ‘bealach’ seacht n-uaire sa chaibidil seo agus leagann sé a bhealach féin síos sa chéad chaibidil seo. Is léir go bhfuil na tréithe ar thagair Bradshaw (2016) dóibh sa chéad chaibidil seo. Tá oscailt phléascach, carachtar suimiúil, guth láidir, tús maith, suíomh suimiúil, coimhlint, agus díograis an scríbhneora le sonrú go láidir le suim an léitheora a mhúscailt inti. Is é seo an cur síos a rinne Titley (2011: 224-5) ar an leabhar seo agus a thugann le fios don léitheoir an cineál scríbhneora a luíonn roimhe:

*It is really an imaginative credo and a defiant manifesto against the world, more than any kind of reconstruction of the externals of life, and still remains one of our best statements about the frustrated and misunderstood artist.*

## Leabharliosta

### Leabhair

de Brún, R., (2002) *An Mhéin Rúin*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.

Greene, D., (1972) *Writing in Irish today; Scríbhneoireacht Ghaeilge an lae inniu*. Corcaigh: Mercier Press.

Kiberd, D. (1993) *Idir Dhá Chultúr*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

L'amour, L. (1989) *Education of a Wandering Man*. Nua-Eabhrac: Bantam Books.

Mac an Bheatha, P., (1970) *Seosamh Mac Grianna agus Cúrsaí Eile*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta.

- Mac Congáil, N., (1990) *Seosamh Mac Grianna / Iolann Fionn Clár Saothair*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Mac Congáil, N., (1994) *Rí-Éigeas na nGael*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Mac Grianna, S., (1936) *Pádraic Ó Conaire agus aistí eile*. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- Mac Grianna, S., (1940) *Mo Bhealach Féin*. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- Mac Muiris, P., (1962) *Abair Amhrán*. Béal Feirste: Comhaltas Uladh.
- Mac Niocláis, M., (1991) *Seán Ó Ruadáin Saol agus Saothar*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhair.
- Ó Direáin, M., (1966) *Cloch Choirnéil*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- O'Donoghue, J., (2003) *Divine Beauty, The Invisible Embrace*. Londain: Bantam Press.
- Ó Grianna, C., (1998) *Rann na Feirsde: Seanchas ár Sinsear*. Rann na Mónadh, Áth na gCoire, Tír Chonaill: Cló Cheann Dubhrann.
- Ó Grianna, S., (1942) *Nuair a Bhí Mé Óg*. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- Ó Muirí, P., (1999) *A Flight from Shadows*. Béal Feirste: Lagan Press.
- Ó Muirí, P., (2007) *Seosamh Mac Grianna, Míreanna Saoil*. Conamara: Cló Iar-Chonnacht.
- Ó Searcaigh, C., (2018) *Teanga na gCorr*. Baile Átha Cliath: Arlene House.
- Thoreau, D.H., (1854) *Walden; or Life in the Woods*. Nua-Eabhrac: Dover Publications.
- Titley, A., (1991) *An tÚrscéal Gaeilge*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- Titley, A., (2011) *Nailing Theses Selected Essays*. Béal Feirste: Lagan Press.
- Uí Laighléis, G., (2017) *Gallán an Ghúim*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Williams, J.E. & Ní Mhuiríosa, M., (1979) *Traidisiún Liteartha na nGael*. Conamara: An Clóchomhar.

## Ailt

Deane, S., (1977) 'Mo Bhealach Féin' in Jordan, J. (eag.) *The Pleasures of Gaelic Literature*.  
Baile Átha Cliath & Corcaigh: Mercier.

Ó Conchubhair, B., (2016) 'Seosamh Mac Grianna: A Bhealach Féin.' Walsh, J. & Ó  
Muircheartaigh P. (eag.) *Ag Siúl An Bhealaigh Mhóir*. Baile Átha Cliath: Comhar.

Ó Dochartaigh, L., (1994) 'Mo Bhealach Féin.' Mac Congáil, N. (eag.) *Rí-Éigeas na nGael  
Léachtaí Cuimhneacháin ar Sheosamh Mac Grianna*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Ó Dónaill, N., (1990) 'Seosamh Mac Grianna.' Mac Congáil, N. (eag.) *Scribhneoireacht na  
gConallach*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Ó Háinle, C., (1994) 'Friotal Fileata: Tionchar an Dúchais ar Fhriotal Sheosamh Mhic  
Grianna.' Mac Congáil, N. (eag.) *Rí-Éigeas na nGael Léachtaí Cuimhneacháin ar  
Sheosamh Mac Grianna*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Ó Tuama, S., (2017) 'Mo Bhealach Féin (1940).' Doherty, R., Ó Conchubhair B. &  
O'Leary, P. (eag.) *Úrscéalta na Gaeilge*. Conamara: Cló Iar-Chonnacht.

## Cláir theilifíse

*Dá mBíodh Ruball ar an Éan*. BBC Northern Ireland, Meitheamh, 1991. Oilibhéar Ó  
Croiligh.

*Mo Bhealach Féin* TG4. 24 Nollaig, 2009. Donal Lunny.

## Foinsí Leictreonacha

7 *Key Elements To Include In Your First Chapter* le Claire Bradshaw <https://writersedit.com>  
(Léite: 10 Eanáir 2019).





# **Anailís ar chomhthéacs, ar spriocanna agus ar thorthaí réamhphróisis na pleanála teangan i Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Theas (Uíbh Ráthach)**

*Shane Grant*

<https://doi.org/10.13025/6h10-vx16>

## **Réamhrá**

Is é aidhm an pháipéir seo anailís a dhéanamh ar phlean teanga Chiarraí Theas (Uíbh Ráthach) a réitíodh de réir rialachán Acht na Gaeltachta 2012. Déantar mionscagadh ar ábhar an phlean teanga a d'fhaomhaigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta sa bhliain 2018. Cuirtear lionsa anailíseach ar leith i bhfeidhm ar an gcomhthéacs teangeolaíoch agus socheacnamaíoch, ar spriocanna an phlean teanga, ar thorthaí an bhailiúcháin sonraí agus ar na príomhdhúshláin a bhaineann lena chur i bhfeidhm. Chuige sin, baintear feidhm as foinsí ábhartha éagsúla san anailís idir an phlean teanga é féin, torthaí réamhphróisis na pleanála in Uíbh Ráthach, torthaí Daonáirimh agus tuarascálacha éagsúla ar fhorbairt pobail agus teanga Chiarraí Theas. Tarraingítear ar ábhar ó agallaimh a dhein údar an ailt seo le daoine a bhfuil ról ar leith acu i bhforbairt pobail agus teanga in Uíbh Ráthach.

## **Cúlra an Phróisis Phleanála Teanga**

Feidhmíonn an próiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht faoi bhunús reachtúil a tugadh isteach mar chuid d'Acht na Gaeltachta 2012. Tagann comhthéacs na pleanála teanga faoi bhrat an *Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge (2010–2030)*. Cuireadh glaoch chun tairisceana amach sa bhliain 2014 ina bhféadfadh le heagrais iarratas a chur isteach le bheith mar cheanneagraíocht a mbeadh de chúram orthu plean teanga a ullmhú. Tá ról ar leith ag Údarás na Gaeltachta

maidir le roghnú na gceanneagraíochtaí, le measúnú a dhéanamh ar na pleananna a chuirtear isteach agus le moladh a dhéanamh don Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta maidir lena gcaighdeán. Cuirtear síos in *Treoirlínte Pleanála Teanga* (2014) de chuid na Roinne seo bunús agus riachtanais a bhaineann leis an bpróiseas pleanála – go dtugtar tréimhse dhá bhliain don ullmhúchán agus go mbíonn seacht mbliana dá chur i bhfeidhm. Is í tuiscint na Roinne ar phróiseas na pleanála go bunúsach ná ‘Modhanna pleanáilte faoina ndéantar iarracht tionchar a imirt ar an teanga a labhraítear in aon phobal faoi leith’ (An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta 2014: 7). Deintear soiléiriú go mba cheart go mbeadh na bearta a ghnífeadh ag deireadh an phróisis ‘sonrach, intomhaiste, insroichte, ábhartha’ (*ibid* 2014: 8).

Roghnaíodh Comhchoiste Gaeltachta Uíbh Ráthaigh mar cheanneagraíocht i gCiarraí Theas. Tá plean teanga Uíbh Ráthaigh á chur i bhfeidhm faoi láthair. Ceapadh pleanálaí teanga i bhFeabhra 2019, Victor Bayda, Rúiseach, a bhain aitheantas ar leith amach sna meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta le déanaí de bharr an chúlra spéisiúil atá aige. Is tábhachtach a aithint go bhfuil tuairisc Thascfhórsa Uíbh Ráthaigh díreach foilsithe, Márta 2019, tar éis do choiste an Tascfhórsa a bheith ar an bhfód ó bhí 2017 ann. Beidh stiúrthóir á cheapadh go luath agus bainfidh obair an choiste stiúrtha anois go mion le hobair na pleanála teanga sa cheantar, mar a aithnítear sa phlean teanga:

Toisc an cúlú agus an meath teanga a bheith ceangailte go dlúth leis an titim ghinearálta sa daonra; ní mór an phleanáil teanga a shuíomh go huile is go homlán san fhorbairt phobail, gheilleagrach agus dhaonna. (*Plean Teanga Chiarraí Theas*, 2018: 29)

### **Sainiú ar Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Theas**

Déantar cur síos ar limistéar cheantar Uíbh Ráthaigh mar dhúiche Gaeltachta a bhfuil bailte fearainn scaipthe timpeall thar chuid de mhórchuid Chiarraí.

Síneann sí ó Bhaile an Sceilg agus Bá Naomh Fhionáin ar an gcósta agus Máistir Gaoithe cois Abhainn na hUíne, go Cathair Dónall san iardheisceart. Go bunúsach, tá cnámh droma sléibhe ag rith ó bhá Bhaile ‘n Sceilg intíre go Bealach Oisín agus idir sin, tá na haibhnte An Aoine, An Cumerach, An Fionghlais agus na lochanna (Loch Luíoch, Doire Ianna, Loch na mBreac Dearg, Loch na Móna, Loch Iasc na Mac Tíre) ag scoilteadh an cheantair soir-siar. (*Plean Teanga Chiarraí Theas*, 2018: 12)

Tá deacrachtaí ag baint le háireamh agus le dáileadh cheantar Uíbh Ráthaigh mar cheantar Gaeltachta mar go bhfuil fearainn éagsúla scoite amach ó fhearainn taobh leo. Tá an fhadhb seo ann ó socraíodh na teorainneacha Gaeltachta i 1926 agus d’fhág sin castacht ar leith ina

dhiaidh mar gur fágadh na pobail Ghaeltachta deighilte amach óna chéile. ‘Tá scéal toghranna Gaeltacht Chiarraí Theas casta go leor, sa mhéid is go bhfuil codanna de na toghranna sa Ghaeltacht, codanna eile nach bhfuil’ (*Plean Teanga Chiarraí Theas*, 2018: 19).

Tá an rian seo le feiscint tríd an bplean teanga ar fad agus leanaí a chónaíonn i limistéar Gaeltachta nach bhfuil de rogha acu freastal ar scoil Ghaeltachta ina gceantar toisc go bhfuil an scoil lonnaithe lasmuigh de theorann oifigiúil na Gaeltachta. Tá iarrtha ag Comhchoiste Gaeltachta Uíbh Ráthaigh ar an Roinn cead a bheith acu baile an Choireáin a chur sa phlean mar go mbaineann tábhacht ar leith leis an mbaile seo ó thaobh seirbhísí agus an gheilleagair de (*Plean Teanga Chiarraí Theas*, 2018). Tugtar aitheantas do na príomhbhailte seo a leanas sa phlean: Cathair Dónall, An Dromaid, Baile an Sceilg, An Gleann agus an Coireán.

### **Comhthéacs Socheacnamaíoch agus Teangeolaíoch Uíbh Ráthaigh**

Cé go bhfuil go leor dúshlán roimh cheantair Ghaeltachta na tíre seo go léir, a bhfuil ar an mórchuid, ar imeallbhord na hÉireann, tugtar aitheantas ar leith sa litríocht do chás eisceachtúil cheantar Uíbh Ráthaigh. Tá daonra an cheantair creimthe ag an eisirce, a fhágann nach féidir an daonra a choimeád sa cheantar faoi láthair de bharr cúinsí dúshlánacha eacnamaíochta, fostaíochta agus sóisialta (O’Keeffe & O’Sullivan, 2017). Is mar seo a chuirtear síos ar an meathlú atá tagtha ar dhaonra Uíbh Ráthaigh i bPróifíl Dhéimeagrafach agus Shocheacnamaíochta Chiarraí Theas.


*The area is structurally and demographically weak... While the area attracts thousands of tourists and many loyal visitors who return every year, and is popular with retirees, it continues to lose many of its own young people. Youth out-migration is a feature across many rural regions in the EU, but Gaeltacht Uíbh Ráthaigh distinguishes itself from other micro-regions by its inability to attract those same people back when they are in their twenties or thirties, let alone entice young people from other areas. (O’Keeffe & O’Sullivan 2017: 2)*

San fhoinse is déanaí atá againn ar chomhthéacs socheacnamaíoch na gceantar Gaeltachta, *Próifíl Shocheacnamaíoch de na Seacht gCeantar Gaeltachta in Éirinn* (Ó Céidigh, 2018), tugtar le fios go bhfuil Uíbh Ráthach faoi mhíbhuntáiste (mar atá i gceantair Ghaeltachta eile), go bhfuil dúshlán ann a théann thar tháscairí éagsúla – mar phróifíl aoise, líon daoine gan oideachas foirmeálta acu agus líon teaghlach nach bhfuil rochtain ar leathanbhanda acu (Ó Céidigh 2018).

Tá daonra 1,808 i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh. Tá daonra cuíosach beag in Uíbh Ráthach, go háirithe má chuirtear i gcomparáid leis an gceantar Gaeltachta eile i gCiarraí, Corca Dhuibhne a bhfuil comhroinnt 79.4% de dhaonra iomlán cheantair Ghaeltachta Chiarraí sa leithinis sin, a fhágann sin sciar 20.6% den daonra ag Uíbh Ráthach (Féach Léaráid 1).

Tá laghdú leanúnach ar an daonra fós á bhrath in Uíbh Ráthach ina bhfuil bailte fearainn á dtréigint le breis is seasca bliain (O’Keeffe & O’Sullivan 2017). Tá titim 1,228 ó 3,036 go 1,808 tarlaithe ó bhí 1956 ann (*Plean Teanga Chiarraí Theas*, 2018).

*The population of the Uíbh Ráthach Gaeltacht has decreased from 3,036 (1956) to 1,797 (2011). This equates to a 41% decline. This contrasts to a 17.51% average population growth rate for Gaeltacht areas within the same timeframe. (O’Keeffe agus O’ Sullivan 2017: 48)*



**Léaráid 1**

Tá próifíl aoise níos críonna ag an gceantar seo ná an meánráta tíre. Is suntasach go bhfuil an aoisghrúpa 45–64 in Uíbh Ráthach (29.6%) go mór thar an meánráta de 23.8%. Is amhlaidh ó thaobh an aoisghrúpa +65 a bhfuil 22.1% in Uíbh Ráthach mar gurb é an meánráta tíre seo ná 13.4% (Ó Céidigh 2018).

Aoisghrúpa	Meánráta Tíre	Ráta in Uíbh Ráthach
0 – 4	7.0%	5.7%
5 – 12	11.5%	10.3%
18 – 24	8.9%	5.9%
25 – 44	29.5%	21.7%
45 – 64	23.8%	29.6%
65+	13.4%	17.7%

**Léaráid 2**

Tá Uíbh Ráthach faoi mhíbhuntáiste leis ó thaobh líon na ndaoine nach bhfuil oideachas foirmeálta acu. Tá 16.1% de dhaoine in Uíbh Ráthach gan oideachas foirmeálta bainte amach acu i gcomparáid leis an meánráta tíre de 12.5%. Is amhlaidh arís ó thaobh daoine a bhfuil oideachas tríú leibhéal acu, tá Uíbh Ráthach thíos leis; 28.2% de dhaoine a bhfuil cáilíocht tríú leibhéal bainte amach acu, i gcomparáid le 33.4% mar atá mar mheánráta timpeall na tíre (Ó Céidigh, 2018). Cé go bhfuil an figiúr seo thar an meánráta tíre, d'fhéadfaí a áiteamh go bhfuil baint idir é seo agus an phróifíl aoise chríonna atá in Uíbh Ráthach.

Anuas ar na dúshlán shocheacnamaíocha seo, tá staid na teanga tromchúiseach go leor in Uíbh Ráthach. Níl ach méid fhíorbheag cainteoirí Gaeilge a labhrann an teanga ar bhonn laethúil sa cheantar faoi láthair. Tuairiscíonn 11% nó 121 as an daonra iomlán de 1,808 in Uíbh Ráthach go labhrann siad an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den gcóras oideachais (Daonáireamh 2016). Bhí titim 9% (11) ar líon daoine a d'aithin sa Daonáireamh go labhrann siad an Ghaeilge go laethúil idir na blianta 2011 agus 2016. Tugann eolas an Daonáirimh taobh amháin den scéal, ach d'fhéadfaí a shamhlú go bhféadfadh an figiúr seo a bheith níos lú arís mar go bhfuiltear ag brath ar ionracas fhreagraí na rannpháirtithe anseo.

Cuireadh eolas ar fáil le foilsíú an *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (2007) agus sa *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch* (2015). Díriodh ar thorthaí Daonáirimh 2006 agus 2011 sa cháipéis nuashonraithe agus ar shonraí 'Scéim Labhairt na Gaeilge' thar na blianta 2005 go 2006 agus 2010 go 2011. Déantar cur síos sa tuarascáil ar thrí mhórchatagóir cheantar Gaeltachta de réir chéatadán na gcainteoirí laethúla Gaeilge (lasmuigh agus laistigh den gcóras oideachais) atá iontu; Catagóir A (+67%), Catagóir B (44–66%) agus Catagóir C (níos lú ná 44%). Níl aon Chatagóir A in Uíbh Ráthach agus níl ach toghroinn amháin a bhfuil an stádas Chatagóir B aici – na Beathacha. Is suntasach áfach, nach bhfuil ach 7 cainteoir laethúil anseo as an daonra iomlán de 14. Tá na toghranna eile go léir áirithe mar Chatagóir C (Ó Giollagáin & Charlton 2015). Níor bhain ach 17 tigh aitheantas amach faoi Scéim Labhairt na Gaeilge sa bhliain 2011. Áitíonn Ó Giollagáin & Charlton (2015) go mbíonn cúiteamh scolaíochta i gceist go mór sna ceantair a n-éiríonn leo aitheantas a fháil faoin scéim agus nach mbíonn san fhianaise go raibh seasmhacht ag an nGaeilge, cuir i gcás i 17 tigh in Uíbh Ráthach.

Ní rud nua é an meath a bheith ar labhairt na Gaeilge in Uíbh Ráthach. I mórshaothar sochtheangeolaíoch a d'fhoilsigh Bríd Ní Mhóráin sa bhliain 1997, *Thiar sa Mhainistir atá an Ghaolainn Bhreá: Meath na Gaeilge in Uíbh Ráthach* (An Sagart 1997), d'aithin sí an meathlú tubaisteach a bhí tagtha ar an nGaeilge in Uíbh Ráthach ag an am. 'Mheas na fáisnéiseoirí go léir go raibh an chuid a b'fhearr de Ghaeilge Uíbh Ráthaigh thíos i reilig na Mainistreach' (Ní Mhóráin, 1997: 205). Tugtar le fios chomh maith sa leabhar go raibh cuid mhór d'fháisnéiseoirí an taighde cailte ag am foilsithe an tsaothair. Ní raibh feidhm shóisialta leathan ag an teanga fiú ag an am sin. 'Maidir leis an dteanga Ghaeilge is ar éigean a mhaireann sí ach amháin sa réimse siombalach agus i measc na seanchainteoirí dúchais. Ní hí gnáth-theanga an phobail

níos mó í' (Ní Mhóráin, 1993: 9). Deineadh cáiseamh ar leith ar thodhchaí na filíochta sa dúthaigh ag brath ar laige na teanga mar áis chumarsáide i measc an aosa óig 'Is beag Gaeilge atá ag an nglúin óg in Uíbh Ráthach ar fad agus tá na teanga imithe go mór chun deiridh ann...' (Ní Mhóráin, 1993).

D'aithin Liam de Paor (1974) go raibh an teanga nó an Ghaeltacht, sa chiall is mó a thuigtear an focal sin, le bheith ar tí imeacht go brách agus dúradh sin beagnach daichead cúig bliain ó shin.

*I would not wish to give the impression that the Gaeltacht of Uíbh Ráthach is on the point of fading away, only that it is in danger of doing so... When the Irish language and its tradition have been lost in Ballinskelligs – the landscape will be empty. (De Paor 1974: 10)*

Samhlaíodh staid thubaisteach le labhairt na Gaeilge in Uíbh Ráthach chomh fada siar le fichidí na haoise seo caite. Chuir an bailitheoir Béaloideas, Séamus Ó Duillearga síos go raibh an Ghaeilge ag imeacht go tiubh in Uíbh Ráthach, tráth an ama a bhí sé ag bailiú scéalta ó Sheán Ó Conaill sna fichidí (*Comhar* 1949: 25).

Cén túsphointe atá ag an bpleanáil teanga ó thaobh bearta a shonrú agus comhthéacs dúshlánach mar sin roimh an teanga sa cheantar? An aithnítear sainchás agus saindúshlán Uíbh Ráthaigh sa phlean? Cén t-eolas breise a chuireann an próiseas bailiúcháin sonraí mar chuid de réamhphróiseas na pleanála teanga in Uíbh Ráthach ar fáil? An luíonn siad leis na dúshlán atá aitheanta thuas?

### **Anailís ar thorthaí taighde na Ceanneagraíochta**

Tarraingíodh ar mhodhanna éagsúla le linn an phróisis bhailiúcháin faisnéise mar chuid d'ullmhú phlean teanga Chiarraí Theas. Chuir meitheal pleanála Uíbh Ráthaigh suirbhé timpeall in 2015 agus úsáideadh suirbhé an Dr Brendan O'Keeffe, a scaipeadh ar an bpobal in 2016. Dáileadh suirbhé ar dhaltáí bunscoile in 2016 agus suirbhé eile maidir le seirbhís aifreanntaí. Eagraíodh grúpaí fócais agus cruinnithe le coistí pobail agus le gnónna ábhartha sa cheantar chomh maith. Baineadh feidhm as torthaí seimineáir 'Ag an gCrosbhóthar: Uíbh Ráthach Dátheangach' a tionóladh mar chuid d'Éigse na Brídeoige 2017, féile chultúrtha bhliantúil a eagraítear in ionaid éagsúla timpeall cheantar Uíbh Ráthaigh, inar labhair baill an phobail ar a dtaithí féin leis an nGaeilge agus lena gceantar go ginearálta.

Ba í an sprioc a bhí le tionól na suirbhéanna ná 'bunlíne staitisticiúil a chur ar fáil don phlean teanga ó thaobh úsáid laethúil na Gaeilge sa cheantar' (*Plean Teanga Chiarraí Theas*, 2018: 33). D'fhreagair 107 duine an chéad suirbhé in 2015 agus d'fhreagair 126 an dara suirbhé a rinneadh in 2016. Is beag an tsampláil í seo as an daonra iomlán de 1,753 – 6.1% den daonra; ní fhéadfaí a cheapadh gur éirigh le bunlíne staitisticiúil a bhaint amach le líon chomh beag rannpháirtithe. Tá tábhacht áirithe ag baint leis na torthaí fós mar go dtugann siad eolas i

dtaobh moltaí agus eispéiris ghrúpa áirithe daoine a chónaíonn sa cheantar, a luíonn leis na spriocanna eile a sonraíodh sa phlean; ‘moltaí an phobail a lorg i dtaobh na dtacaíochtaí atá ag teastáil chun an Ghaeilge a choimeád beo mar theanga phobail sa cheantar’ (*Plean Teanga Chiarraí Theas*, 2018: 33). É sin ráite, is deacair comhthéacs uileghabhálach thaitní an daonra a thomhas le sampláil chomh beag sin nach n-éiríonn léi bunlíne staitisticiúil a leagan amach.

D’adhmaigh 3% (3 duine) gurbh í an Ghaeilge teanga an teaghlaigh. Dúirt 18% (19 duine) go mbíonn comhrá Gaeilge acu gach lá agus dúirt 12% eile (13 duine) nach labhrann siad an Ghaeilge riamh. Is suntasach go háirithe gur thug 91% (97 duine) le fios go dteastaíonn uathu feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Is spéisiúla fós go ndúirt 100% acu gur theastaigh uathu stádas Gaeltachta an cheantair a choimeád. Taispeánann seo an toil atá i sampláil an phobail seo an Ghaeilge a bheith mar ghné shainiúil dá gceantar ach tá míréir áirithe ann idir an dearcadh seo agus líon na ndaoine a labhrann an teanga go laethúil ann.

D’fhreagair 126 duine an tarna suirbhé a dáileadh in 2016, líon rannpháirtithe beag go leor arís. Is ábhar spéise é gur thug 50% (63 duine) le fios nach n-úsáideann siad an Ghaeilge riamh. Sin 50% de na rannpháirtithe a líon an suirbhé seo agus léiríonn siad nár úsáid siad an teanga in aon chor. Má tá 121 cainteoir laethúil sa cheantar i láthair na huaire, bheadh sé spéisúil agus tábhachtach teacht ar a dtuairimí féin, cúram nár deineadh. Níor úsáideadh ach sonraí ó na daoine a thoiligh iad féin páirt a ghlacadh ann. Ní raibh ann ach 15% (19 duine) a d’aithin go labhrann siad an teanga go laethúil sa suirbhé. D’fhreagair 126 dalta bunscoile an suirbhé a cuireadh orthu. Is í an ghné is spéisiúla anseo ná nár thug ach 5 páiste le fios go bhfuil siad lánlíofa sa teanga. Ní dúirt aon leanbh nach bhfuil ach an Ghaeilge sa bhaile acu ach an oiread.

Cé gur tearc an t-eolas a bailíodh de bharr líon teoranta na rannpháirtithe, is léir fós ón bpróiseas bailiúcháin seo agus ó thorthaí an Daonáirimh 2016, i dteannta le hanailís Uí Ghiollagáin & Charlton (2015) staid leochaileach ag an nGaeilge in Uíbh Ráthach.

An bhfuil réaltacht na ndúshlán agus an mheatha aitheanta i bplean teanga Chiarraí Theas? Is léir go bhfuil cúis bhuartha ar leith ag Uíbh Ráthach a bhfuil líon fíorbheag cainteoirí laethúla fágtha sa cheantar. Cén cur chuige atá á ghlacadh sa phlean teanga maidir le spriocanna agus bearta a shonrú agus na mórdhúshláin seo ar fáil sa cheantar?

### **Spriocanna, bearta agus dúshlán**

Is maith ann é an t-aitheantas a thugtar don eisceachtúlachas a bhaineann le cás na pleanála teanga i gceantar Uíbh Ráthaigh. Tugtar le fios nach féidir feidhmiú chuig bearta áirithe a thabhairt i gcrích de mhacasamhail cheantar níos láidre Gaeltachta m.sh. i Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar (Corca Dhuibhne). ‘Ní mór a chur san áireamh go bhfuil pointe tosaithe an-difriúil sa Ghaeltacht seo maidir le bearta a shonrú’ (*Plean Teanga Chiarraí Theas*, 2017: 23).

Leagtar spriocanna ar leith síos ag tús an phlean teanga; go méadófaí líon na gcainteoirí laethúla lasmuigh den gcóras oideachais faoi 3% idir 2017 agus 2024 agus faoi 7% ansin idir 2024 agus 2030. Tá tréimhse trí bhliana dhéag curtha ar fáil acu le méadú 10% a bhaint amach. Tá sé tábhachtach a aithint go mbeidh gá le monatóireacht ar leith ar rath mar go bhféadfadh cothú meoin le linn an phróisis phleanála daoine a ghríosadh chun freagraí níos dearfaí ó thaobh úsáid na Gaeilge de a chur síos san fhoirm Daonáirimh. Is éigean teacht ar mhodh a chinnteoidh bailíocht thorthaí na hoibre ag deireadh na tréimhse chur i bhfeidhm.

Aithníonn meitheal pleanála Chiarraí Theas gur mionchéimeanna a bheidh i gceist cuid mhaith ar dtús. ‘Beidh gá áfach le céimeanna tosaigh i dtreo na hathbheochana a thógaint. Is céimeanna beaga bídeacha atá i gcuid acu (m.sh. ciorcal comhrá a athbhunú)’ (*Plean Teanga Chiarraí Theas*, 2018: 38). Aithnítear réaltacht an chomhthéacs theangeolaíoch in Uíbh Ráthach, nach bhféadfaí a bheith ag súil go ndéanfadh tromlach an phobail aisiompú teanga ach gur fearr féachaint chuig ‘feidhm institiúideach na teanga a láidriú’ ann (*Plean Teanga Chiarraí Theas*, 2018: 20). Táid dírithe ar sheirbhísí naíonra a chothú chun go dtógfaidh clanna an cinneadh agus go mbeidh tacaíocht acu dá réir, a dteaghlaigh a thógaint le Gaeilge. Tá an fócas ar an athmhúscailt seo agus táthar ag tosnú ag an mbun. Ní féidir leo aisiompú iomlán a dhéanamh sa teaghlach ar an mbonn agus gan aon dalta scoile a bheith ann a labhrann an teanga sa bhaile (de réir an eolais a bailíodh i suirbhé na ndaltaí scoile).

Is é túsphointe na hathbheochana ná an teanga á cur á labhairt arís sa teaghlach. Seo croilár sprioc na pleanála teanga í an seachadadh teanga ó ghlúin go glúin. Tá sé seo aitheanta sna bearta a bhaineann le hathbhunú naíonra agus a bhaineann le feasacht a mhúscailt i measc tuismitheoirí óga chun iad a spreagadh tabhairt faoina leithéid. (*Plean Teanga Chiarraí Theas* 2018: 38)

Tuigtear an bonn leochaileach atá faoi líon labhartha na teanga agus go bhfuil riachtanas ann nuachainteoirí a chumasú. ‘Tá géarghá leis an bpleanáil sealbhaithe teanga chun eolas teanga a thabhairt do dhaoine’ (*Plean Teanga Chiarraí Theas*, 2018: 23). Táthar ag iarraidh tuiscint a fhorbairt ar an mbuíon a thug an teanga leo agus tacú leo dá réir. ‘An teanga a chur á neartú don mhionlach a úsáideann í go laethúil lasmuigh de chomhthéacsanna oideachais agus tuiscint a fháil ar an gcóras seachadtha a thug an teanga slán i measc an chéatadán sin’ (*Plean Teanga Chiarraí Theas*, 2018: 22). É seo ráite, ní ann don sprioc seo in aon cheann de na bearta a sonraíodh.

Tá sainchomhairle sochtheangeolaithe tógtha san áireamh acu sa phlean seo chomh maith agus iad ag cinntiú go mbeidh, mar a thug Fishman (2001) air, ‘cumarsáid ghníomhach’ mar chuid lárnach de bhearta na pleanála. Is tábhachtaí thar aon ní eile go bhféachfar chuig



deiseanna úsáidte agus gréasáin chumarsáide a chur ar fáil. Deineadh faillí i gcruthú deiseanna cumarsáide sa Ghaeilge i luathiarachtaí pleanála teanga ó bhunú an tSaorstáit sa bhliain 1922. Díríodh ar chumas a ardú ach gan gréasán de dheiseanna úsáidte a bheith mar chroílár.

Tá ceardlanna ealaíne, cócaireachta mar aon le ranganna drámaíochta agus aisteoireachta aitheanta mar bhearta na pleanála chun deiseanna úsáidte teanga a mhéadú. Tá sí mar aidhm ciorcal comhrá a eagrú sna bailte éagsúla agus ciorcal comhrá a bhunú leis na clubanna Chumann Lúthchleas Gael. Teastaíonn uathu teanga na dtraenáilaithe a iompú go Gaeilge thar thréimhse ama. Moltar i measc na mbearta, go gcuirfear uair an chloig as Gaeilge ar siúl sna tithe tábhairne chomh maith.

Cé go ndéantar iarracht deiseanna úsáidte mar seo a chruthú, is léir go bhfuil amhras léirithe faoina gcur i bhfeidhm sa phlean. Luaitear ‘easpa suime’ an phobail ceithre huair sna bearta seo a sonraíodh thuas, chomh maith le ‘suim na mball’ maidir le Gaeilge a bheith mar theanga chlubanna. Níl an t-eolas nó tuairimí na ndaoine ábhartha ar fáil. Ní féidir rath agus feidhm na n-imeachtaí seo a thomhas. Is spéisiúil arís go n-aithnítear spéis an phobail sa phróiseas mar dhúshlán ar leith roimh phoiblíocht an phlean a chur sa tsiúl; ‘suim an phobail a choimeád sa phlean thar thréimhse seacht mbliana’ (*Plean Teanga Chiarraí Theas*, 2018: 122).

Is forbairt ón mbonn aníos atá i gceist leis an bpróiseas pleanála teanga trí chéile. Tá tábhacht an phobail áitiúil aitheanta sa phlean. ‘Tá tacaíocht an phobail criticiúil don phleanáil rathúil teanga’ (*Plean Teanga Chiarraí Theas*, 2018: 47). Ó thaobh monatóireachta de, beidh ról ar leith ag na coistí a raibh baint acu leis an bplean a chur le chéile agus tugtar áit lárnach dóibh sa phlean.

Aithnítear ag an am céanna, go bhfuil tábhacht ar leith le gníomhú an Rialtais agus ceannaireacht ar leith a thógaint agus cur i bhfeidhm na bpleananna teanga faoi lán seoil. ‘Cé gur pleanáil ón mbonn aníos atá i gceist, ní éireoidh leis gan tréantacaíochtaí leordóthaineacha ceannaireachta agus infheistíochta’ (*Plean Teanga Chiarraí Theas*, 2018: 46). Níor cheart go gciallódh ‘ón mbonn aníos’ nár cheart ról láidir a bheith ag eagrais Stáit i monatóireacht chur i bhfeidhm an phlean. Aithníonn an litríocht go mbíonn rath pleananna teanga ag brath ar chomhlíonadh gealltanais acmhainní agus tacaíochta ón Stát. ‘Léiríonn an phleanáil teanga gur gá go mbeadh an Stát agus an pobal ag feidhmiú as lámha a chéile má tá rath le bheith ar an bpróiseas’ (Ó Coileáin, 2009: 14).

## Conclúid

Tá plean teanga Uíbh Ráthaigh i dtuilleamaí ar fhorbairtí eile atá ar siúl ag leibhéal an phobail agus ag leibhéal an Stáit. Is léir gurb é an dúshlán is mó atá in Uíbh Ráthach ná an easpa cainteoirí laethúla agus an laghdú atá tagtha ar dhaonra an cheantair. ‘Is léir an dea-thoil i leith na teanga atá ag pobal Ghaeltacht Chiarraí Theas. Tá an teanga tar éis cúlú go mór de bharr chúrsa laghdaithe daonra agus de bharr cúinsí socheacnamaíochta eile’ (*Plean Teanga Chiarraí Theas*, 2018: 35). Tá an dá chúram fite fuaite le chéile. Ní fhéadfaí a bheith ag súil

go méadófaí líon chainteoirí na Gaeilge muna mbeadh bonn seasmhach faoi eacnamaíocht agus faoi dhaonra an cheantair. Dar le Fíona Bushe, bean phobail a raibh baint láidir aici le forbairt an phlean teanga agus tuarascáil Thascfhórsa Uíbh Ráthaigh, go bhfuil baol ann nach mbeidh fágtha de phobal Uíbh Ráthaigh ach ionad saoire samhraidh faoi dheireadh. ‘Tá an baol ann go gcríochnódh an áit mar chineál ionad saoire do dhaoine agus nach mbeadh anso ach daoine ag freastal ar chuairteoirí’ (Bushe 2019).

Ní hamháin sin ach baineann deacrachtaí ar leith leis an bpleanáil teanga in Uíbh Ráthach mar go bhfuil toghranna an cheantair scoite amach óna chéile. ‘Tá scoilt i gcuid mhaith de na toghranna i nGaeltacht Chiarraí Theas. Tá impleachtaí nach beag ag an scoilt seo do shláinte na teanga sa LPT’ (*Plean Teanga Chiarraí Theas*, 2018: 21). Is léir mar sin, nach bhfuil na teorainneacha Gaeltachta mar atá siad anois ag déanamh aon mhaitheasa do chúrsaí teanga sa LPT.

Is tábhachtach agus is maith go n-aithnítear na sainchúinsí seo in Uíbh Ráthach agus nach bhfuil aon dallamullóg á chur ar réaltacht agus ar íogair chás na Gaeilge sa dúthaigh. Tá am cinniúnach sroiste againn sa bhliain 2019 agus tús oifigiúil á chur le cur i bhfeidhm phleananna teanga chuid mhór Limistéar Pleanála Teanga agus pleanálaithe teanga fostaithe agus iad ag obair ar an talamh faoi láthair. Tá an obair seo ag teacht ag an am céanna le cur i bhfeidhm phlean an Tascfhórsa. Tá fuadar ar leith faoi chás cheantar Uíbh Ráthaigh anois a bhfuil leis an aird a tarraingíodh ar an gceantar le tionól an Tascfhórsa, fostú an phleanálaí teanga Victor Bayda, agus leis an gclúdach atá á fháil ag an gceantar ar na meáin, go háirithe, ar Raidió na Gaeltachta. Tá an t-am cinniúnach sroiste againn. Tá an phleanáil agus an taighde curtha i gcrích. Tá aidhmeanna sainiúla leagtha amach. Tá an maoiniú agus an tacaíocht geallta. Casfar aird anois ar an bpobal agus ar an Stát mar a thuigtear go mbeidh rath phlean teanga Uíbh Ráthaigh i dtuilleamaí ar sholáthar mhaoiniú leanúnach, ar thacaíocht leanúnach ón bpobal áitiúil agus ar mhionatáireacht ghrinn le linn na tréimhse chur i bhfeidhm 2017–2024.

## Leabharliosta

### Leabhair & Tuarascálacha

An Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta, (2014) *Treoirlínte Pleanála Teanga*. Baile Átha Cliath: An Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta.

Comhchoiste Gaeltachta Uíbh Ráthaigh, (2018) *Plean Teanga Chiarraí Theas (2018–2025)*, Ceann Eich, Uíbh Ráthach: Comhchoiste Gaeltachta Uíbh Ráthaigh.

- Ó Céidigh, P., (2018) *Próifil Shocheachnamaíoch de na Seacht gCeantar Gaeltachta in Éirinn*.  
Baile Átha Cliath: Seanad na hÉireann.
- Ó Giollagáin, C. & Charlton, M., (2015) *Nua-shonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht 2006–2011*. Údarás na Gaeltachta.
- O’Keeffe, B., (2015) *Rural Vibrancy in North-West Europe: A Case of South Kerry*.  
Luimneach: Coláiste Mhuire gan Smál.
- O’Keeffe, B. & O’Sullivan, S., (2017) *Gaeltacht Uíbh Ráthaigh – Próifil Dhéimeagrafach agus Socheachnamaíochta Socio-Economic and Demographic Profile*. Údarás na Gaeltachta.  
<http://hdl.handle.net/10395/2115>.
- Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh, (2019) *‘Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh: Tuairisc agus Plean Gníomhaíochta’*.

## Ailt

- Fishman, J.A., (2001) ‘From Theory to Practice (and Vice Versa)’. Fishman, J.A., (eag.)  
*Can Threatened Languages Be Saved? Reversing Language Shift, Revisited: A 21st Century Perspective*. Clevedon: Multilingual Matters. 451–84.
- Ó Coileáin, A., (2009) ‘Pleanáil Teanga in Éirinn.’ *Comhar*, 69(9). 12–4.  
Le fáil ag: <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/41497724>

## Tráchtais Neamhfhoilsithe

- Brady, V., (2018) *An Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge, 2010-2030 – Cathair Chorcaí mar Shuíomh Taighde*. Tráchtas PhD. Coláiste Mhuire Gan Smál, Ollscoil Luimnigh, Luimneach.

## Agallaimh

- Bushe, F., (2019) Agallamh le Fíona Bushe, An Coireán, Márta 2019.





# Staid Reatha an Mheaisínastriúcháin Gaeilge

*Caoilfhionn Lane*

<https://doi.org/10.13025/f843-5w83>

## Réamhrá

Idir 2015 agus 2017, mar chuid dá rannóg grinn, d'fhoilsigh tuairisc.ie sraith alt le samplaí den drochaistriúchán Gaeilge i gcáipéisí agus in áiteanna poiblí ar fud na tíre. Sa tsraith sin, *Amú san aistriúchán*, foilsíodh samplaí ar nós 'Leanbh cheantar atá ag athrú' mar aistriúchán ón mBéarla 'baby changing zone':

Dá mbeadh aistritheoir gairmiúil ag iarraidh Gaeilge a chur ar an mBéarla sin, d'fhéadfaidís leas a bhaint as foclóir.ie, ina bhfuil *seomra gléasta páiste*, *seomra athraithe páiste*<sup>2</sup> tugtha, agus tá *ionad friothála ar naíonáin* ar fáil ó téarma.ie<sup>3</sup>. Is léir, mar sin, nach ndeachaigh aistritheoir gairmiúil, coinsiasach i ngleic le 'baby changing zone'. Go deimhin, drochsheans gur cainteoir Gaeilge a bhuail faoin aistriúchán sin.

Ach cár bh as a dtáinig an leagan Gaeilge mar sin? Seans láidir gur meaisínastriúchán a bhí in úsáid ag pé duine a bhí i mbun aistriúcháin. Tá dul chun cinn suntasach déanta i réimse an mheaisínastriúcháin le blianta beaga anuas (Bojar *et al.*, 2016), ach caithfear a bheith cúramach faoin gcaoi a gcuirtear an teicneolaíocht i bhfeidhm. Is iomaí sampla atá ar fáil i nGaeilge de drochaistriúcháin (nó de 'phraistriúcháin', mar a thugtar orthu sna meáin), sa tsraith a d'fhoilsigh tuairisc.ie agus i bhfoinsí eile, agus is léir go n-eascraíonn go leor de na samplaí sin as mí-úsáid an mheaisínastriúcháin.

---

1 <https://tuairisc.ie/amu-san-aistriuchan/>

2 [https://www.focloir.ie/en/dictionary/ei/changing+room#changing-room\\_2\(\)](https://www.focloir.ie/en/dictionary/ei/changing+room#changing-room_2())

3 <http://www.tearma.ie/Search.aspx?term=baby+changing>

Mar sin, is ábhar conspóideach i gcónaí é an t-aistriúchán in áiteanna poiblí (agus úsáid an mheaisínáistriúcháin sa chomhthéacs sin), go háirithe i gcás mionteangacha. Mar shampla, i mí Aibreáin 2019, chinn an Coimisinéir Teanga gur sháraigh Comhairle Contae Chorcaí a gcuid dualgas nuair a d'úsáid siad *Google Translate* chun a suíomh gréasáin a aistriú go Gaeilge agus bhí an t-aistriúchán lochtach<sup>4</sup>.

San alt seo, déanfar athbhreithniú ar an teicneolaíocht seo i gcomhthéacs na Gaeilge agus pléifear na forbairtí is déanaí sa réimse. Breathnófar freisin ar na gnéithe comhchoiteann a théann i bhfeidhm ar úsáideoirí agus ar fhorbróirí an mheaisínáistriúcháin: caighdeán an aschuir ó chórais mheaisínáistriúcháin Gaeilge, agus úsáid chuí agus mí-úsáid na teicneolaíochta. Pléifear freisin na difríochtaí idir córas ilfheidhmeach ar nós *Google Translate*, agus córas le sainfeidhm, mar shampla córas meaisínáistriúcháin a bhaineann le teanga an rialtais amháin.

## Úsáid Chuí an Mheaisínáistriúcháin

Tá an-tóir ar *Google Translate* mar uirlis mheaisínáistriúcháin agus in 2016 rinne *Google* comóradh ar dheich mbliana ó cuireadh an uirlis ar fáil, uirlis a bhí ag freastal ar 500 milliún duine gach lá ag deireadh na tréimhse sin<sup>5</sup>. Tá na bogearraí seo saor in aisce ar líne, agus ag úsáid an chomhéadain is féidir leis an úsáideoir leagan aistrithe de théacs a nochtadh, i gcibé rogha teanga atá ag an úsáideoir. Tá *Google Translate* in ann os cionn 100 teanga a láimhseáil, an Ghaeilge san áireamh, ach ní gá go mbeadh an caighdeán aistriúcháin céanna ag dul le gach teanga, mar go láimhseáiltear na teangacha ar bhealaí éagsúla<sup>6</sup>.

Cé go dtéann úsáideoirí difriúla i ngleic le teicneolaíocht mheaisínáistriúcháin ar nós *Google Translate* ar bhealaí éagsúla, ag brath ar a gcuid riachtanas agus leibhéal cumais i dteangacha éagsúla, is féidir a rá go bhfuil dhá mhórghrúpa úsáideoirí ag *Google Translate* – úsáideoirí gairmiúla agus úsáideoirí nach úsáideoirí gairmiúla iad, úsáideoirí ócáideacha ina measc siúd.

Is minic a bhíonn an **t-úsáideoir ócáideach** ag iarraidh eolas simplí a aimsiú, nó a chur in iúl. Ag úsáid comhéadain de chuid *Google Translate*, is féidir leis an úsáideoir ócáideach éirim an scéil a bhaint amach i dteanga nach bhfuil ar eolas aige nó aici. Mar shampla, d'fhéadfadh cainteoir aonteach Béarla teach saoire a chur in áirithe i nGearmáinis gan stró ag úsáid *Google Translate*. Sa chás seo, tá ról an úsáideora agus leas an mheaisínáistriúcháin soiléir: tá an t-úsáideoir ócáideach ag iarraidh eolas simplí a fháil amach, agus is leor aistriúchán garbh chun an sprioc sin a bhaint amach. Tá a mhalairt fíor freisin, mar bhainfeadh an cainteoir Gearmáinise ar bheagán Béarla an luach céanna amach as aistriúchán garbh ar nasc Béarla.

4 <https://tuairisc.ie/cinneadh-deanta-ag-an-gcoimisineir-teanga-faoi-chearta-teanga-ar-twitter-agus-usaid-google-translate/>

5 <https://blog.google/products/translate/ten-years-of-google-translate/>

6 <https://cloud.google.com/translate/docs/languages>

Cé go gceapfaí go luíonn sé seo le réasún, ní gá gurb amhlaidh atá sé seo le gach teanga. Ar nós fhormhór na dteangacha coitianta, tá *Google Translate* in ann Gaeilge a aistriú go teangacha eile agus *vice versa*. Ach, go minic, ní bhaineann pobal na Gaeilge leas as, mar go bhfuil Béarla acu go léir. Is iad úsáideoirí gan Ghaeilge a úsáideann *Google Translate* (Gaeilge) den chuid is mó. Tugtar úsáid aontaobhach air seo. Is nósmaireacht coitianta go maith é seo i gcás na mionteanga.

Bhí an méid seo le rá ag (Méchura, 2017) faoin úsáid ócáideach seo i gcás an mheaisínastriúcháin:

...meaisínastriúchán le haghaidh tuisceana, chun téacs atá i dteanga nach bhfuil ag an léitheoir a dhéanamh sothuigthe dó nó di. Is féidir an meaisínastriúchán a úsáid chun aistriúchán garbh a chruthú agus, cé go mbeidh sé beagáinín ciotach agus mícheart, tabharfaidh sé éirim an téacs don léitheoir. (Méchura, 2017: 67)

Tá riachtanais éagsúla ag **úsáideoirí gairmiúla**. De ghnáth is aistritheoirí proifisiúnta iad seo, ach d'fhéadfaí gur iar-eagarthóirí iad freisin. Déanann iar-eagarthóirí eagarthóireacht ar an gcéad dréacht de phíosa aistriúcháin. Ar na huirlisí atá ina gcabhair don aistritheoir agus don iar-eagarthóir tá: foclóirí, bunachair téarmaíochta, agus an t-aistriúchán ríomhchuidithe. Ach, baineann iar-eagarthóirí leas as an meaisínastriúchán chun an chéad dréacht de phíosa aistriúcháin a chruthú. Go deimhin, is as teacht réimse an mheaisínastriúcháin a d'eascair ról an iar-eagarthóra (Church & Hovy, 1993).

Thug Offersgaard *et al.* (2008) achoimre ar na scileanna atá ag teastáil go hidéalach ón iar-eagarthóir nó an t-aistritheoir atá ag baint úsáid as an meaisínastriúchán don chéad dréacht:

*A good post-editor knows the domain; A good post-editor has very good skills in his/her native language; A good post-editor can implement style guides and consistent terminology; A good post-editor is an experienced proof-reader. He/she can make swift decisions on 'good – no good' in order to be able to discard machine-translated text strings that are not worthwhile post-editing, but need to be translated from scratch.*

I gcás an aistriúcháin ríomhchuidithe faigheann an t-aistritheoir méadú ar tháirgiúlacht ag úsáid sainbhogearraí ar nós *SDL Trados*<sup>7</sup> nó *MemoQ*<sup>8</sup>. Ach cén chaoi a bhfuil caighdeán an aschuir ón meaisínastriúchán i comparáid leis an aistriúchán ríomhchuidithe? Braitheann sé sin ar an gcineál algartaim atá sa chóras meaisínastriúcháin, agus ar an gcóras é féin. Ar

7 <https://www.sdltrados.com/>

8 <https://www.memoq.com/en/>

chúiseanna éagsúla, is féidir dhá chóras meaisínáistriúcháin bunaithe ar an algartam céanna a chur i gcomparáid agus ní gá go mbeadh an caighdeán céanna acu. Míníonn Mëchura (2017) an comhthéacs ina bhfuil an meaisínáistriúchán inmholta agus ina chabhair don aistritheoir:

...mar chuid de phróiseas an aistriúcháin ina ndéantar meaisínáistriúchán ar dtús, ansin déanfaidh aistritheoir nó profléitheoir daonna iar-eagarthóireacht air. Is amhlaidh a bhíonn sé níos tapúla, uaireanta, téacs a aistriú le meaisínáistriúchán go gceartóidh duine na botúin ansin, seachas duine á aistriú ón tús. Bíonn próiseas mar seo ar siúl ag eagraíochtaí a mbíonn orthu líon mór téacasanna a aistriú arís agus arís eile... (Mëchura, 2017: 68)

Ach tugann sé foláireamh don té a bheadh ag iarraidh meaisínáistriúchán a úsáid chun tabhairt faoi pháosa a aistriú:

Níl sé inmholta, mar shampla, an meaisínáistriúchán a úsáid chun suíomh idirlín nó bróisiúr a aistriú go teanga éigin nach bhfuil ar do thoil agat agus an t-aistriúchán a fhoilsiú go poiblí. (Mëchura, 2017: 68)

Is dócha nach bhfuil an chomhairle seo á leanúint i roinnt cásanna de na ‘praistriúcháin’ ar chomharthaí poiblí atá fós ag teacht aníos sna meáin. Go deimhin, d’fhéadfaí a rá gur ar an úsáideoir atá an locht, ní ar an teicneolaíocht. Bheifí ag súil go mbeadh úsáideoir oilte nó úsáideoir gairmiúil ag aistriú comhartha poiblí, ach seans gur chomhlíon úsáideoir ócáideach an ról sa chás sin, ní dhearnadh machnamh ar an tasc, agus baineadh mí-úsáid as inneall meaisínáistriúcháin.

### Samhlacha Meaisínáistriúcháin

Tá bealaí éagsúla ann chun córas meaisínáistriúcháin (MT) a fhorbairt: meaisínáistriúchán bunaithe ar rialacha nó **meaisínáistriúchán riailbhunaithe (RBMT)**, an **meaisínáistriúchán staitistiúil (SMT)**, an **meaisínáistriúchán néarach (NMT)** agus an **meaisínáistriúchán hibrideach**. Déanann na téarmaí SMT<sup>9</sup> nó NMT<sup>10</sup> cur síos ar an gcineál algartaim, agus tugtar samhail ar an táirge a chruthaíonn algartam ar leith. Tá buntáistí agus míbhuntáistí ag baint le gach cineál córais, agus bíonn caighdeán an aschuir éagsúil ag brath ar an tsamhail a úsáidtear chomh maith leis an mbuntéacs atá le haistriú. Tá córais aistriúcháin éagsúla bunaithe ar shaineolas teanga agus scríobhann forbróirí rialacha aistriúcháin dóibh. Tá córais eile bunaithe ar chorpas téacs a bheith ar fáil agus léiriú staitistiúla de rialacha teangeolaíochta

9 *Statistical Machine Translation*

10 *Neural Machine Translation*



a bhaint den téacs le halgartaim. Tá caighdeáin na gcóras seo taobh leis an saineolas sa chéad chás nó le méad an chorpais sa dara cás. Déantar cur síos ar na samhlacha seo thíos. Tabhair faoi deara, go mb'fhéidir go bhfuil córas meaisínáistriúcháin ag úsáid níos mó ná samhail amháin. Mar shampla, i gcás *Google Translate*, is minic go mbraitheann an tsamhail atá in úsáid ar na teangacha atá i gceist.<sup>11</sup>

### **Meaisínáistriúchán riailbhunaithe**

Bhí na chéad chórais mheaisínáistriúcháin bunaithe ar rialacha teangeolaíochta, agus tá an cur chuige seo fós in úsáid i bhforbairt córais mheaisínáistriúcháin. Ach bíonn go leor laincisí ag baint leis an gcur chuige sin, go príomha mar tá saineolas sa dá theanga ag teastáil ón bhforbróir (an ríomheolaí nó an t-innealtóir bogearraí) ar an dá theanga atá i gceist. Caithfidh córais **riailbhunaithe (RBMT)** cruinne a bheith in ann rialacha casta teanga, gach gné den ghramadach, agus eisceachtaí a láimhseáil. Buntáiste a bhaineann le córais mar seo na nach bhfuil corpas mór téacs de dhíth chun iad a fhorbairt, agus feileann sé seo do roinnt teangacha (Forcada *et al.*, 2011).

### **Meaisínáistriúchán staitistiúil**

Le gairid, is iad na córais **mheaisínáistriúcháin staitistiúla (SMT)** is iomadúla in úsáid. Tá córas SMT bunaithe ar **chorpas comhthreomhar**. Is éard is corpas comhthreomhar ann ná bailiúchán de péirí abairtí sa dá theanga, agus a bhfuil an bhrí céanna ag gach péire acu.

Go ginearálta, is féidir a rá go bhfuil patrúin chomónta le haithint sa dá theanga nuair atá an t-ábhar céanna faoi chaibidil. Tá sé seo le feiceáil go soiléir i gcorpas comhthreomhar. Is féidir le córas meaisínáistriúcháin samhail staitistiúil den ghaol idir an dá theanga sa chorpas comhthreomhar seo a chruthú. Déanann Měchura (2017) cur síos ar an bpróiseas seo:

As sin, cruthóidh an ríomhaire samhail staitistiúil den dá theanga agus den ghaol eatarthu. Go bunúsach, tá an ríomhaire ag tabhairt faoi phróiseas foghlama, é ag obair as a stuaim féin faoi stiúir ag algartam staitistiúil, gan d'ionchur aige ach an fhianaise atá le fáil sa chorpas agus gan tuiscint aige ar bhrí na n-abairtí. (Měchura, 2017: 66)

---

11 <https://cloud.google.com/translate/docs/languages>

Ach is aistritheoirí daonna a chruthaíonn na corpais chomhthreomhara atá riachtanach d'fhorbairt córas meaisínáistriúcháin. Míníonn Kenny (2012) an tábhacht a bhaineann leis na haistriúcháin dhaonna sin mar shlat tomhais:

*SMT thus relies on human translation for its training data, but it also relies on human translation for its legitimacy: the reason developers of SMT systems use parallel corpora to train their systems is because such corpora are assumed to contain good answers to translation problems; and they are assumed to contain good answers precisely because they contain translations performed by human beings. (Kenny, 2012)*

Chomh maith leis an gcorpas comhthreomhar, úsáidtear **corpais aonteangach** i gcórais SMT chun mionshamhlacha staitistiúla a dhéanamh de na patrúin a bhaineann le teanga amháin gan tagairt don teanga eile. Sa chaoi sin, tá níos mó na samhail amháin staitistiúil ag an gcóras, an ceann a bhaineann leis na bealaí a gcomhfhreagraíonn na teangacha lena chéile, agus samhlacha aonteangacha freisin a bhaineann le rialacha gramadaí na dteangacha.

### **Córas meaisínáistriúcháin hibrideach**

Is féidir **córas meaisínáistriúcháin hibrideach** a chruthú freisin. Mar shampla, is féidir dréacht a chruthú le córas SMT mar chéad chéim agus ansin rialacha gramadaí breise a chur i bhfeidhm ar an dréacht uaidh ionas gur féidir an cruinneas a fheabhsú (Dowling *et al.*, 2016).

### **Meaisínáistriúchán néarach**

Le cúpla bliain anuas, tá samhail meaisínáistriúcháin nua in úsáid: an **meaisínáistriúchán néarach** (NMT ó *neural machine translation* i mBéarla) (Bojar *et al.*, 2016). Tá córas NMT bunaithe ar líonraí néaracha saorga córais atá iad féin bunaithe go scaoilte ar na líonraí néaracha in inchinn dhaonna. Dá thoradh seo bíonn go leor algartam in úsáid in aon chóras amháin.

De ghnáth bíonn caighdeán an aschuir ó chóras NMT níos fearr ná na córais eile, ach tá na riachtanais ó thaobh méid téacs de fós bailí (Bojar *et al.*, 2016). Mar sin, is féidir torthaí maithe a bhaint amach sna mórtheangacha le NMT. Ag deireadh 2016, thug *Google* an NMT isteach mar cheann de na samhlacha atá in úsáid ag *Google Translate*. Ar dtús, bhí *Google* NMT ar fáil d'ocht teanga (Wu *et al.*, 2016) agus tugadh isteach an NMT do go leor teangacha eile (an Ghaeilge san áireamh) de réir a chéile. Ionas gur féidir córas NMT a fhorbairt, tá corpais comhthreomhar ag teastáil, ach is féidir córas NMT a fhorbairt gan téacs aonteangach.

## Caighdeán Aistriúcháin ó Chórais Meaisínáistriúcháin

Tá difríochtaí idir na samhalacha éagsúla ó thaobh caighdeáin de. Mar shampla, de ghnáth bíonn na haistriúcháin a eascraíonn ó NMT níos inléite i gcomparáid leis na haistriúcháin ó SMT (Bojar *et al.*, 2016). Ach braitheann an difríocht sa chaighdeán idir dhá chóras meaisínáistriúcháin freisin ar na mionsonraí a bhaineann leis an dá chóras agus ar ghnéithe eile. Chomh maith leis an tsamhail atá in úsáid i gcóras meaisínáistriúcháin, tá tionchar ag téacs an chorpais chomhthreomhair agus an corpas aonteangach ar chaighdeán an aschuir.

## Méid an Chorpais

Ní féidir samhail ar ardchaighdeán a chruthú gan téacs cruinn sa chorpas comhthreomhar agus, i gcás SMT, don chorpas aonteangach. Deirtear go minic i réimse na ríomheolaíochta (agus réimsí eile atá ag brath ar chruinneas sonraí): ‘dramhaíl isteach, dramhaíl amach’ (Kim, Huang & Emery, 2016). Mura bhfuil corpas téacs cruinn ag dul isteach, ní féidir dul i muinín an téacs a thagann amach. Ní hamháin go gcaithfidh an téacs a bheith cruinn, ach tá go leor téacs (na milliúin focal) ag teastáil chun córas athléimneach a chruthú.

Ní furasta líon mór téacs atá i dteangacha éagsúla a aimsiú, agus bíonn an-tóir ar na corpais chomhthreomhara atá amuigh ansin, go háirithe corpais atá i dteangacha nach mórtheangacha domhanda iad. Is foinse mhór de chorpais chomhthreomhara é an tAontas Eorpach (AE), ach cé go bhfuil an Ghaeilge ar cheann de theangacha oifigiúla an AE ó 2007, mar gheall ar mhaolú na Gaeilge san AE, ní gá go n-aistrítear go Gaeilge gach aon cháipéis a fhoilsíonn institiúidí de chuid an AE. Dá thoradh sin, bíonn na corpais chomhthreomhara beag i gcomparáid le teangacha eile an AE. Beidh maolú na Gaeilge san AE i bhfeidhm go dtí deireadh na bliana 2021.

Tá staid na Gaeilge i gcomparáid leis na teangacha oifigiúla eile soiléir i gcás *DGT-TM: Directorate General for Translation*, corpas comhthreomhar atá ar fáil ón Aontas Eorpach:

*The first version of DGT-TM was released in the year 2007, including EU documents up to the year 2006. There have been three updates since (releases 2011, 2012 and 2013) and it is planned to release new data every year. The data up to the year 2013 includes 23 languages (all official EU languages except Croatian), but the 23rd language, Irish, is as usual much under-represented. The next release of DGT-TM (release 2014, including the data for the year 2013) is expected to include 30,000 Irish and about 200,000 Croatian Translation Units (TUs). (Steinberger et al., 2014)*

Níl an deacracht chéanna le corpas aonteangach: is féidir corpas nua a chruthú ó aon téacs Gaeilge fad is go bhfuil sé ar fáil i bhfoirm atá inléite ag ríomhairí. Níl aon laincis téacs Gaeilge ó fhoinsé oscailte (mar shampla, téacs ón Vicipéid), i bhfoirm atá inléite ag ríomhaire,

a íoslódáil chun é a úsáid. Is féidir freisin comhéadan feidhmchláir (API) nó cnuaschoipeáil ón ngréasán a úsáid chun é a íoslódáil go huathoibríoch. Fós féin, níl an méid céanna téacs oscailte ar fáil i nGaeilge i gcomparáid leis na mórtheangacha.

### Réimse Teanga an Chorpais

Chomh maith le líon na bhfocal i gcorpas éigin, bíonn an friotal sa chorpas an-tábhachtach mar ionchur do chóras meaisínáistriúcháin. Bíonn tionchar freisin ag réimse teanga an chorpais ar an gcóras aistriúcháin a eascraíonn as. Má tá córas ilfheidhmeach nó uileghabhálach ag teastáil, bíonn téacs ó réimsí teanga éagsúla ag teastáil. Ar an lámh eile, má tá córas le bheith dírithe ar úsáideoirí agus iad ag plé le réimse teanga amháin – aistritheoirí ar cáipéisí leighis, cuir i gcás – bíonn cáipéisí leighis ag teastáil mar ionchur, mar go mbíonn na cáipéisí sin lán le samplaí den téarmaíocht agus den stíl chuí. Ar an gcaoi chéanna, má tá tvuít nó giolc le haistriú, is iad am-línte Twitter an corpais is fearr le húsáid.

Léiríonn na samplaí seo cuid bheag den éagsúlacht teanga, ach taispeánann siad dúshlán amháin a bhaineann le forbairt córas ilfheidhmeach. Go ginearálta, bíonn sé deacair aistriú gan leid faoin gcomhthéacs, agus tá an rud céanna amhlaidh don mheaisínáistriúchán. Is féidir dul i ngleic leis an dúshlán sin le córas atá dírithe ar réimsí teanga ar leith (leigheas, stair, eolaíocht, srl.) ach is é an toradh air sin go mbeadh córais iomadúla le forbairt do na réimsí ar leith teanga, cur chuige atá níos costasaí agus níos fadálaí. Dar le Offersgaard *et al.* (2008) is comhréiteach an réiteach is fearr:

*...in principle it would be preferable to train an SMT system on texts with almost identical writing styles and within the same subject domain. On the other hand, for practical and financial reasons, it would be desirable that the SMT system had a broad coverage being usable for different text types without a negative impact on the translation quality. So, the solution is a compromise.*

### Measúnú Caighdeán an Mheaisínáistriúcháin

Tá forbróirí agus iar-eagarthóirí araon ag súil le bunchaighdeán ar leith ó chóras meaisínáistriúcháin, is é sin go bhfuil an t-aistriúchán inléite. Ach bíonn tosaíochtaí breise ag aistritheoirí. Níl siad ag iarraidh an iomarca ama a chaitheamh i mbun iar-eagarthóireachta agus tá siad ag iarraidh comhéadan iar-eagarthóireachta atá inúsáidte (Offersgaard *et al.*, 2008).

Úsáideann aistritheoirí agus forbróirí modhanna difriúla chun caighdeán an aschuir a mheas (Sun, 2010). Go minic, úsáideann forbróirí na gcóras aistriúcháin slata tomhais ar leith chun caighdeán na n-aistriúcháin a mheas agus chun córais a chur i gcomparáid lena chéile (Papineni *et al.*, 2002; Turian, Shen and Melamed, 2003; Snover *et al.*, 2006). Déanann na slata tomhais is coitianta luacháil ar chaighdeán an chórais bunaithe ar rialacha agus critéir

ar leith, agus is i bhfoirm uimhreach atá an scór deiridh. Cé go n-úsáideann forbróirí na scóir seo chun córais a chur i gcomparáid lena chéile, níl cuid acu an-iomasach d'aistritheoirí agus ní gá go mbeadh an luach céanna ag aistritheoirí ar an scór seo agus iad ag meas chaighdeán an aistriúcháin.

Mar a léiríonn Sun (2010): '*...as humans are the end-users of MT, human judgement is ultimately the benchmark to assess the usefulness of automatic metrics. How good an automatic metric is depends on its correlation with human evaluation.*' Uaireanta, úsáidtear slata tomhais atá níos iomasaí d'aistritheoirí, mar shampla an slat tomhais TER (*Translation Edit Rate*): '*Translation Edit Rate (TER) measures the amount of editing that a human would have to perform to change a system output so it exactly matches a reference translation.*' (Snover et al., 2006)

Is féidir, chomh maith, comparáid dhíreach a dhéanamh idir córas meaisínáistriúcháin agus uirlis aistriúcháin eile – mar shampla, bogearraí cuimhne aistriúcháin (TM). Phléigh Moorkens & Way (2016) staidéar amháin ar an aistriúchán idir Spáinnis agus Béarla i réimse teicniúil ar leith. D'aistrigh iar-eagarthóirí sleachta téacs ag úsáid córas meaisínáistriúcháin nó bogearraí cuimhne aistriúcháin. Dar leis an staidéar sin, chaith na hiar-eagarthóirí an méid céanna ama ag déanamh eagarthóireachta ar aschur an mheaisínáistriúcháin agus a chaith siad nuair a d'úsáid siad na bogearraí cuimhne aistriúcháin le meaitseáil neamhbheacht (*fuzzy match*) de 85 – 94% ann.

D'ardaigh Moorkens & Way (2016) ceist lárnach faoi chaighdeán an mheaisínáistriúcháin i gcomparáid le TM:

*Is comparative acceptability of TM over MT predicated on the user's ability to optimise the precision and usefulness of match suggestions by setting a minimum match threshold? We contend that the answer to this question is yes, and that:*

1. *MT would be considered more acceptable to users if only those matches that required relatively small amounts of editing were presented to post-editors.*
2. *TM would be less acceptable to users if matches that required large amounts of editing were presented to translators. (Moorkens & Way, 2016)*

Chomh maith leis na slata tomhais sin, is féidir caighdeán meaisínáistriúcháin a luacháil de réir scéimre ar leith. Léann measúnóirí abairtí ó chóras meaisínáistriúcháin agus déanann siad measúnú suibíachtúil de réir scéimre ar nós *Ideal/Acceptable/Possibly acceptable/Unacceptable* (Coughlin, 2003).

### Athbhreithniú ar an litríocht: Meaisínaistriúchán na Gaeilge

Tá go leor athruithe le cúpla bliain anuas i réimse an mheaisínaistriúcháin agus baineann na hathruithe sin le meaisínaistriúchán na Gaeilge freisin. Tháinig feabhas ar chaighdeán na n-aistriúcháin ó *Google Translate* nuair a d'athraigh an comhlacht an tsamhail aistriúcháin ó SMT go NMT (Wu *et al.*, 2016). Cuireadh an tsamhail NMT ar fáil chun aistriúcháin a dhéanamh idir Béarla agus dornán mórtheangacha in 2016. De réir a chéile, mhéadaigh Google líon na dteangacha leis an tsamhail NMT, agus anois tá an Ghaeilge ina measc.

Chomh maith le *Google Translate*, tá córais mheaisínaistriúcháin eile a aistríonn go Gaeilge. Ar cheann de na córais is luaithe acu tá córas Scannell (2006). Forbraíodh an córas riailbhunaithe sin ionas gur féidir aistriú idir an Ghaeilge agus Gàidhlig na hAlban, agus d'éirigh go maith leis an gcóras sin mar gheall ar an gcosúlacht idir an dá theanga. Níor forbraíodh córas Béarla–Gaeilge, áfach, go dtí níos déanaí, agus is córais SMT agus NMT iad.

De réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, bíonn dualgais teanga ar anS stát de réir rialachán, scéimeanna, reachtaíochta agus eile. Chun cabhrú leis an éileamh ar aistriúcháin ar cháipéisí riaracháin go Gaeilge mar gheall ar an Acht, d'fhorbair Dowling *et al.*, (2015) córas SMT dírithe ar aistritheoirí atá ag obair san earnáil riaracháin phoiblí. Cuireadh feabhas ar an gcóras sin leis an iar-eagarthóireacht uathoibríoch (Dowling *et al.*, 2016) agus tá an córas hibrideach sin in úsáid sa Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta. Chomh maith leis an gcóras hibrideach sin, a bhaineann go saineúil le réimse teanga amháin, d'fhorbair Arčan *et al.* (2016) córas SMT ilfheidhmeach a aistríonn ó Bhéarla go Gaeilge agus a mhalairt treo.

Córas	Scannell (2006)	Dowling et al. (2015, 2016)	Arčan et al. (2016)	Dowling et al. (2018)	Google Translate
Samhail	RBMT	SMT	SMT	SMT, NMT	SMT, NMT
Bunteanga	Gaeilge, Gàidhlig na hAlban	Béarla	Gaeilge, Béarla	Béarla	Roinnt teangacha, Gaeilge san áireamh
Sprioctheanga	Gaeilge, Gàidhlig na hAlban	Gaeilge	Gaeilge, Béarla	Gaeilge	Roinnt teangacha, Gaeilge san áireamh
Réimse teanga	Ilfheidhmeach	Riarachán poiblí	Ilfheidhmeach	Riarachán poiblí	Ilfheidhmeach
Slat tomhais	Uathoibríoch	Uathoibríoch	Uathoibríoch & Suibiachtúil	Uathoibríoch	Anaithnid

Tábla 1: Meaisínaistriúchán na Gaeilge

De ghnáth, bíonn caighdeán an aschuir níos fearr ó chóras NMT i comparáid le córas SMT, ach ní gá go mbeadh sé sin fíor i gcomhthéacs na Gaeilge. Rinne Dowling *et al.* (2018) comparáid chuimsitheach idir SMT agus NMT sa chás sin agus forbraíodh dhá chóras inchomparáide. Chun comparáid réasúnta díreach a dhéanamh idir an dá chóras, úsáideadh an corpas comhthreomhar céanna chun na córais a chruthú: téacs ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta; DCEP: Digital Corpus for European Parliament (Hajlaoui *et al.*, 2014); DGT-TM: Directorate General for Translation (Steinberger *et al.*, 2012). Baineadh úsáid as slat tomhais uathoibríoch agus fuarthas go raibh an caighdeán níos fearr ón gcóras SMT, is dócha go bhfuil níos mó téacs ag teastáil chun córas NMT den chaighdeán céanna a fhorbairt.

## Conclúid

San alt seo pléadh cuid de na forbairtí i réimse an mheaisínáistriúcháin le blianta beaga anuas. Cé go bhfuil méadú as cuimse ar úsáid an mheaisínáistriúcháin ó d'fhorbair Google a gcóras féin, ní fhéadfaí a rá go bhfuil an teicneolaíocht ag dul i dtreo na foirfeachta sna mórtheangacha, gan trácht ar mhionteangacha ar nós na Gaeilge.

Is uirlis úsáideach atá sa mheaisínáistriúchán d'aistritheoirí na Gaeilge, fad is go bhfuil tuiscint acu ar conas é a úsáid, agus na laincisí a bhaineann leis. Tá córais atá dírithe ar réimse ar leith níos úsáidí (mar go bhfuil siad níos cruinne) ná córais ilfheidhmeacha – mar go bhfuil an corpas níos gaolmhaire le comhthéacs an téacs.

## Leabharliosta

- Arčan, M. *et al.*, (2016) 'IRIS: English-Irish Machine Translation System.' *Proceedings of the Ninth International Conference on Language Resources and Evaluation (LREC 2016)*. Portorož, Slovenia.
- Bojar, O. *et al.*, (2016) 'Findings of the 2016 Conference on Machine Translation.' *Proceedings of the First Conference on Machine Translation (WMT 2016), Volume 2: Shared Task Papers*. doi: 10.18653/v1/W18-64028.
- Church, K.W. & Hovy, E.H., (1993) 'Good applications for crummy machine translation.' *Machine Translation*. doi: 10.1007/BF00981759.
- Coughlin, D., (2003) 'Correlating Automated and Human Assessments of Machine Translation Quality.' *Proceedings of the MT Summit IX*.

- Dowling, M. *et al.*, (2015) 'Tapadóir: Developing a Statistical Machine Translation Engine and Associated Resources for Irish.' *The 4th LRL Workshop: 'Language Technologies in support of Less-Resourced Languages'*. Poznan.
- Dowling, M. *et al.*, (2016) 'English to Irish Machine Translation with Automatic Post-Editing.' <https://www.computing.dcu.ie/~ygraham/tapadoir-cltw.pdf>
- Dowling, M. *et al.*, (2018) 'SMT versus NMT: Preliminary comparisons for Irish.' *Proceedings of the AMTA 2018 Workshop on Technologies for MT of Low Resource Languages (LoResMT 2018)*. Association for Machine Translation in the Americas. 12–20. Le fáil ag: <http://aclweb.org/anthology/W18-2202>.
- Forcada, M.L. *et al.*, (2011) 'Apertium: A free/open-source platform for rule-based machine translation.' *Machine Translation*. doi: 10.1007/s10590-011-9090-0.
- Hajlaoui, N. *et al.*, (2014) 'DCEP: Digital Corpus of the European Parliament.' *Proceedings of the Ninth International Conference on Language Resources and Evaluation (LREC'14)*.
- Kenny, D., (2012) 'The Ethics of Machine Translation.' *NZSTI Annual Conference*.
- Kim, Y., Huang, J. & Emery, S., (2016) 'Garbage in, garbage out: Data collection, quality assessment and reporting standards for social media data use in health research, infodemiology and digital disease detection.' *Journal of Medical Internet Research*. *Journal of Medical Internet Research*, 18(2). doi: 10.2196/jmir.4738.
- Méchura, M.B., (2017) *An Ríomhaire Ilteangach*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Moorkens, J. & Way, A., (2016) 'Comparing Translator Acceptability of TM and SMT Outputs.' *Baltic J. Modern Computing*.
- Offersgaard, L. *et al.*, (2008) 'Domain specific MT in use.' *EAMT 2008 12th annual conference of the European Association for Machine Translation September*. 22–3.
- Papineni, K. *et al.*, (2002) 'BLEU: a Method for Automatic Evaluation of Machine Translation.' *ACL*. doi: 10.3115/1073083.1073135.



- Scannell, K.P., (2006) 'Machine translation for closely related language pairs.' *Proceedings of the 5th SALTMIL Workshop on Minority Languages and the 5th International Conference on Language Resources and Evaluation (LREC-2006)*.
- Snover, M. *et al.*, (2006) 'A Study of Translation Edit Rate with Targeted Human Annotation.' *Proceedings of association for machine translation in the Americas*. doi: 10.1.1.129.4369.
- Steinberger, R. *et al.*, (2012) 'DGT-TM: A freely available Translation Memory in 22 languages.' *8th international conference on Language Resources and Evaluation (LREC)*. 454–9. doi: 10.1002/gcc.20795.
- Steinberger, R. *et al.*, (2014) 'An overview of the European Union's highly multilingual parallel corpora', *Language Resources and Evaluation*. doi: 10.1007/s10579-014-9277-0.
- Sun, Y., (2010) 'Mining the Correlation between Human and Automatic Evaluation at Sentence Level.' *Proceedings of the Seventh International Conference on Language Resources and Evaluation (LREC'10)*. Valletta, Malta: European Language Resources Association (ELRA).
- Turian, J.P., Shen, L. & Melamed, I.D., (2003) 'Evaluation of Machine Translation and its Evaluation.' *Proceedings of MT Summit IX*. doi: 10.1021/jp982896o.
- Wu, Y. *et al.*, (2016) 'Google's Neural Machine Translation System: Bridging the Gap between Human and Machine Translation.' <https://arxiv.org/abs/1609.08144>





## Mic léinn san ardoideachas ag dul i ngleic le húrscéal Gaeilge: cás-staidéar ag amharc ar a spéis agus a ndúil ann

*Seán Mac Corraidh*

<https://doi.org/10.13025/h5yp-ft43>

### **Intreoir**

Tionscadal sa taighde oideachasúil a bhí mar bhunús ag an tuairisc seo. Cuireadh an taighde i gcrích i gcomhthéacs an ardoideachais sa bhliain acadúil 2017-2018, ag úsáid chur chuige an chás-staidéir (Stake, R. (1995); Yin, R.K. (2003)) le caoinchead chohórt de shé mhac léinn is fiche sa dara bliain dá gcéim cheithre bliana. Baineadh úsáid as cur chuige léirmhínteach sa taighde cáilíochtúil chun ciall a bhaint as a n-iompar agus iad ag léamh, ag plé agus ag fiosrú dhírbheathaisnéis Mhicí Mhic Gabhann, *Rotha Mór an tSaoil* (Mac Gabhann, 1996). Bunaíodh an leabhar ar chuntas ar na buaicphointí agus ar eachtraí eile i saol Mhicí Mhic Gabhann, a d'aithris sé do Sheán Ó hEochaidh agus a tras-scríobhadh lena fhoilsiú sa bhliain 1959 mar gheall ar spreagadh a thug Proinsias Ó Conluain. Sa tionscadal seo, bhíodhas ag súil le barúlacha na mac léinn den scéal, maidir le leibhéal spéise, taitnimh agus sásaimh a fhiosrú agus iad ag dul i ngleic leis an úrscéal Gaeilge seo a bhfuil téama na himirce go láidir mar théama ann. Bailíodh sonraí trí na modhanna seo a leanas: breathnóireachtaí rannpháirteacha le linn léachtaí, comhráite ranga ar an leabhar, seisiúin ghrinnléitheoireachta ar shleachta as an leabhar (m.sh. 'An Poitín' (20-3); 'Lá Fhéile Pádraig' (194-200; 'Laochra agus Scoláirí' (226-29)) le linn ranganna teagaisc na mac léinn, agus machnamh iarléachta agus le linn léachta an léachtóra. Is iad na ceisteanna a bhí chun tosaigh in intinn an taighdeora ná bheith ag iarraidh a fháil amach an raibh an scéal suimiúil go leor agus soléite a dhóthain le haird

na mac léinn a mhúscailt agus a choinneáil agus na gnéithe a aimsiú a rinne suimiúil é agus ar bhain siad taitneamh as bheith ag léamh faoi shaol fhear inste an scéil agus as a ríomh ar na heachtraí iontacha ann.

Bhí seanscéal cluinte ag Micí Mac Gabhann ó sheanchaí ina áit dhúchais Cloch Cheann Fhaola ina ndearnadh comparáid mheafarach idir an saol agus roth mór a bhíonn de shíor ag casadh agus ar a mbogann daoine go cinniúnach gan trócaire óna bhun go dtí na bharr agus a mhalairt go minic gan fógra ná rabhadh. Maíonn Paul Hutchinson gur cosúla an scéal le scéal de chuid an domhain thoir é ná de chuid an domhain thiar (Hutchinson, P. in Jordon, J. 1977: 39). Maidir lena chumas inste scéil, bhí bua faoi leith ag Micí Mac Gabhann agus é ag úsáid na Gaeilge le tagairt do na heachtraí a bhain dó agus do nithe a chonaic sé lena shúile cinn thall i Meiriceá, ag baint úsáid as meafair láidre faoi radharcanna a raibh sé cleachta leo sa bhaile. Luaigh Hutchinson cuid acu seo agus scríobh sé gurbh fhurasta don fhile seo a thug leis teanga shaibhir a mhuintire óna óige an friotal sin a mhúnlú le cur síos ar an áit úr agus a bhfaca sé ann:

*The perfect process of poetry is happening here, the new reminding the poet of the old, memory tackling the exotic challenge, the exotic and the familiar exorcising each other, enhancing each other, changing places... Mac Gabhann brings off such masterly comparisons, always with ease.* (Hutchinson, 1977: 48)

*Nuair a chuaigh muid amach as an loch, bhí géarbhach de ghaoith anoir-aduaidh ann, bhí an sruth ag dul i ngaoith agus an fharraige ag copadh agus ag éirí **mar bheadh maistreadh i gcuinneoig.*** (Mac Gabhann, 1996: 87)

*Nuair a tháinig fonn orainn greim a ithe, cha raibh an bia a cuireadh romhainn róbhlasta- dornán de bhrioscaí farraige a bhí **chomh cruaidh le hadharc reithe.*** (Mac Gabhann, 1996: 88)

Aimseofar tuilleadh eolais agus anailíse ar an úrscéal seo i gcomhthéacs litríocht réigiúnach Ghaeltacht Thí Chonaill in Nic Eoin (1982) agus, i gcomhthéacs litríocht na himirce, ag Ní Dhonnchadha agus Nic Eoin (2008).

### **Seantéamaí caite na litríochta dírbheathaisnéisí i nGaeilge ach blas úr ar an úrscéal aistrithe de *Rotha Mór an tSaoil* ag léitheoirí Béarla le *The Hard Road to Klondike***

Is go seascair a shuíonn *Rotha Mór an tSaoil* i measc saothair liteartha eile den tseanra dhírbheathaisnéiseach chéanna as Gaeltacht Thír Chonaill, a tháinig roimhe agus ina dhiaidh, mar shampla: *Niall Mac Giolla Bhríde* (1938) le Liam Ó Connacháin; *Scéal Hiúdaí Sheáinín* (1940) le hEoghan Ó Dónaill; *Mo Bhealach Féin* (1940) le Seosamh Mac Grianna; *Nuair a*

*bhí mé óg* (1942) le Séamus Ó Grianna; *Saol Corrach* (1945) le Séamus Ó Grianna; *Na Laetha a Bhí* (1953) le hEoghan Ó Dónaill; *Gura slán le m'óige* (1967) le Fionn Mac Cumhaill; agus *Ó Rabharta go Mallmhuir* (1975) le Seán Mac Fhionnlaoich (féach Nic Eoin, 1982 agus Ní Dhonnchadha agus Nic Eoin 2008). *When I was Young* (Hughes, 2001) aistriúchán ar *Nuair a bhí mé óg* le Séamus Ó Grianna, a foilsíodh den chéad uair in 1942 an t-aon cheann amháin acu sin atá ar fáil i mBéarla agus foilsíodh sin in 2001, i bhfad i ndiaidh fhoilsiú an bhunleabhair Ghaeilge. Ní hionann an cás sin agus an leagan Béarla de *Rotha Mór an tSaoil* a cuireadh ar fáil cúpla bliain i ndiaidh an leagain Ghaeilge.

Is iad na téamaí is minice a éiríonn sna saothair dhírbheathaisnéiseacha eile thuasluaite ná na buantéamaí a bhain le litríocht na Gaeilge go luath san fhichiú céad, mar atá: laetha scoile, obair an Lagáin, airneál agus scéalaíocht, creideamh, amhráin agus aithris filíochta agus dranndán Laoithe Fiannaíochta, caitheamh aimsire, Lá Fhéile Pádraig agus Lá Fhéil Bríde, Samhain, pisreoga, imirce, na *stations* agus na hÓglaigh etc. In aineoinn impí leithéidí Phádraig Mhic Phiarais go gcruthófaí litríocht i nGaeilge a bheadh ar aon dul le litríocht náisiúin eile, bhíothas ag bunú na saothar go fóill den chuid is mó ar scéalta béaloidis agus ar chuntais thuirsciúla faoin tsaol i gceantair tuaithe Gaeltachta. Ar an dóigh seo, ní raibh an blas úr sin ag léitheoirí Gaeilge ar *Rotha Mór an tSaoil* a bhí ag léitheoirí Béarla ar *The Hard Road to Klondike*. Ní féidir tionchar lucht béaloidis a shéanadh i gcás *Rotha Mór an tSaoil*, mar a mhínigh Nic Eoin (1982: 139) nó is é Seán Ó hEochaidh, ardbhailitheoir béaloidis i dTír Chonaill san fhichiú haois, a d'aithin go raibh scéal le hinsint ag Micí a gcuirfeadh daoine suim ann. Mhaígh Mac Congáil (1983: 64) go raibh an smior chailleach bainte as na téamaí seanchaite ag scríbhneoirí Gaeilge cheana féin agus nach raibh siad úr ag léitheoirí Gaeilge ach go raibh blas úr ag an léitheoir Béarla orthu. Aibhsíonn an fear céanna an difear idir *Rotha Mór an tSaoil* agus dírbheathaisnéisí eile fliúirseacha na Gaeilge sa mhéid is gur cuireadh leagan Béarla de ar fáil go díreach cúpla bliain i ndiaidh fhoilsiú an leagain Ghaeilge.

Tá *Rotha Mór an tSaoil* le Micí Mac Gabhann ina eisceacht i measc dhírbheathaisnéisí Gaeilge Dhún na nGall sa mhéid is gur aistríodh é. Chuidigh aistriú an leabhair go Béarla (*The Hard Road to Klondike* (1962) le Valentin Iremonger) lena chur i mbéal an phobail.

Ón uair sin amach, bhí deis ag léitheoirí Béarla an scéal a léamh. Mar sin féin, díríonn sé ar an tsaothar seo ar chúiseanna eile: láimhsiú an scéil, ábhar an scéil agus cuspóir na ndaoine sin a rinne leabhar den scéal a taifeadadh agus a ghnóthaigh duais náisiúnta litríochta dá bharr sin an bhliain chéanna.

### **Cúlraí éagsúla sóisialta agus tíreolaíocha**

Luíonn cuid den rath a bhí ar *Rotha Mór an tSaoil* mar ba léir i gcás na mac léinn seo, leis na cúlraí éagsúla sóisialta agus tíreolaíocha a bhíonn ag síorathrú agus ina neadaítear an téacs saibhir bunaithe ar chuntas inspéise Mhic Gabhann ar a eachtraí. Is í Gaeltacht Chloch Cheann Fhaola in iarthuaisceart Chontae Dhún na nGall suíomh thús an scéil. Tá stair ársa ag baint leis an cheantar sin agus tá iomrá ar chuid de stair na háite, Balor na Súile Nimhe, Cnoc na Naomh, Beighbhile, Fionán agus Colm Cille agus cloigtheach Cholm Cille istigh i dToraigh, mar shampla. Is sa cheantar sin a rugadh Micí Mac Gabhann sa bhliain 1865, ‘not exactly under the wheel, but certainly a long way from the top of it.’ (Hutchinson, 1977: 39). Bhí saol bocht anróiteach ag muintir an cheantair sin san am, a theaghlach féin go mór san áireamh: ‘It appears that seventy five years ago, life in the Gaeltacht was at best poor while at worst it was little removed from destitution’. (Ó Danchair, 1969, luaite ag Hughes, 2001: 200). Bhí Micí ar thús teaghlaigh ina raibh duisín páistí agus a bhí beo bocht. Bhí siad ina gcónaí i dteach beag ceann tuí. Ní raibh mórán Béarla acu agus níor chleacht siad é. Is é atá sa tsaotar Gaeilge seo ná cuntas ar an chinníúint a bhronn an saol ar Mhicí Mac Gabhann. Bhí aimhrialtacht agus aimhréiteach ar shaol na scolaíochta agus an léinn fosta: páistí san áit gan mórán eolais acu ar Bhéarla agus múinteoirí is gan focal Gaeilge acu: scoil do chlann na Watair, lucht cúnta na bpéas agus iad sa tóir ar lucht déanta póitín. Bhí páistí na háite i láthair cinnte sa scoil ach dairíribh ní raibh siad rannpháirteach ach maíonn Mac Gabhann go fóill gur fhoghlaim siad beagán Béarla.

In aois a naoi mbliana, cuireadh ar fostó é ag aonach an fhostaithe i Leitir Ceanainn agus tharla sin sé sheasúr i ndeis a chéile. Léiríonn sé an briseadh croí agus an dobrón a bhí sa scaradh óna mháthair:

Bhí mé mar a bheadh m’anáil do mo thachtadh. Bhí an tocht ag líonadh mar a bheifeá ag cur uisce i mbuidéal, agus fá dheireadh bhí sé lán go scóig. Char lig mé a dhath orm mar sin féin, ach cha raibh mo thocht i ngán fhios do mo mháthair. Óg agus mar bhí mé, thug mé sin fá deara. D’amharcainn uirthi anois is arís faoi mo shúil agus thug mé fá deara go raibh sí ag fáscadh a haghaidhe mar a bheadh dealg ag dul tríd a croí. Ach bhí sise chomh saighdiúrtha agus a bhí mise ach amháin go dtáinig tost...tost fada. (Mac Gabhann, 1996: 36)

Bhuail drochfhiabhras an teaghlach bliain amháin agus fuair beirt bás mar gheall air sin. Sheas an t-athair an dlí agus gearradh sé mhí i bpríosún air as poitín a bheith ina sheilbh aige agus ní bhfuair sé thar an drocham sin dairíribh. ‘*The great panacea*’ a thug Hutchinson (1977: 40), ar an deoch mheisciúil sin ‘poitín’ a dhéantaí san áit, an t-aon chógas amháin a bhí ar fáil ag na daoine.

Bogann na heachtraí ansin go dtí an saothrú i mianaigh iarainn agus ar fheirmeacha na hAlban. D'éalaigh sé go hAlbain le dul ag obair sna hoibreacha iarainn agus ar na feirmeacha. Bhí anás agus anró ag baint le hobair na feirmeoireachta agus le hobair sna hoibreacha iarainn in Albain, ina luí agus ina gcodladh sa bhotaí i measc na n-ainmhithe gan meas orthu mar Éireannaigh agus iad ar ghannchuid bia:

...ag obair go han-mhaslach, ag cur allas mo choirp amuigh sa pháirc ar feadh an lae: agus nuair a thiginn isteach san oíche, chaithfinn luí leis na hainmhithe ceangailte. Ní raibh meas ar Éireannaigh in Albain.' (Mac Gabhann, 1996: 78)

Thóg sé seolta i bhfad ar shiúl go Meiriceá le dul ag obair sna hoibreacha cruach, agus chuaigh sé trasna na tíre sin a sclábhaíocht faoin dúshaothrú a bhí sna mianaigh airgid agus ghlac páirt i ruathar óir in Klondike. Soláthraíonn sé insint bheo ar a chuid eachtraí agus ar an anró a d'fhulaing sé ar bhlár oighir an Yukon agus ar ollghairdeas an deoraí agus Mac Gabhann ag pilleadh go lúcháireach abhaile, áit ar phós sé agus a ndeachaigh sé i gceann an tsaoil agus ar thóg sé a chlann ann. Bhain sé úsáid as an airgead a thuill sé ar an ór le teach is talamh a cheannach i nGort an Choirce. Is léir amach is amach ón insint mhuinéach, údarásach, léiritheach gur mhair sé fríd na heachtraí a mbíonn sé ag cur síos orthu. Tá dílseacht an údair dá áit dhúchais, a dheabhóid dá chreideamh agus dá chultúr dúchais chomh maith le hagra cinn le mothú síos tríd an leabhar.

### **Mic léinn ag cur sonrú agus dúil bhreá sa scéal**

Níor chuir Ní Dhonnchadha agus Nic Eoin (2008: 13) fiacail ann agus iad ag moladh chuntas Mhicí Mhic Gabhann ar a oibiachtúlacht agus ar a ghléine: 'Maidir le cuntas Mhicí Mhic Gabhann ar an tslí ar bhain sé féin agus roinnt comrádaithe leis Klondike an óir amach sa bhliain 1898, níl a shárú le fáil i nGaeilge ná i mBéarla.'

Dar leis na húdair sin is iad a ndiongbháilteacht, a ndásacht agus a spiorad a thug na Conallaigh seo go ceann scríbe. Is iad tréithe sin na gConallach, agus insint bheoga an údair orthu, a choinnigh spéis na mac léinn sa leabhar ba léir don bhreathnóir sa taighde seo. Cad é an toradh a bhí ar an bhreathnóireacht a rinneadh le linn léachtaí seachtainiúla uair an chloig ar feadh aon seachtain déag maidir leis an insint seo 'gan sárú'? Ba léir don bhreathnóir go raibh a súile agus a n-intinn sáite sa scéal agus gur bhain siad sásamh as a léamh nó bhain an scéal go mór le hábhar, maidir lena saol féin. Bhain siad an-taitneamh as bheith ag plé leis na dúshláin agus leis na haincheisteanna agus leis an chruatan i saol Mhic Gabhann agus é de shíor ag dul in uachtar agus ag teacht anuas in íochtar arís agus arís eile ar aistear a shaoil. Ba léir don bhreathnóir as siocair na stílíochta agus na húsáide teanga san insint, agus de bharr na daonnachta, an tiomantais agus na huaimhíne a bhí i Micí Mac Gabhann lena dheiseanna saoil a bhisiú, gur thuig na mic léinn a iontaofa atá insint an údair.

Ba léir dó aird na mac léinn ar ghnéithe eile den leabhar agus a spéis iontu: na cúlraí éagsúla sóisialta agus tíreolaíochta, an teanga shaibhir, fhiliúnta, dhúchasach agus cur síos ealaíonta Mhic Gabhann ar a eachtraí. Ba thrua leo bochtanas léanmhar an phobail uile go léir i gCloch Cheann Fhaola; sclábhaíocht sna hoibreacha iarainn agus an obair mhaslach ar fheirmeacha na hAlban; dúshaothrú i mianaigh airgid i Meiriceá agus an turas scáfar contúirteach a thóg Mac Gabhann air féin trasna na tíre sin agus feadh abhainn an Yukon go Klondike a lorg an óir. B'aoibinn leo agus ba gheall le faoiseamh é a philleadh luchtáireach abhaile le socrú síos ina cheantar dúchais.

### **Na tréithe pearsanta a bhí i Micí ar chuir na mic léinn spéis iontu**

Fuarthas amach trí bhreathnóireacht ghéar agus trí cheisteoireacht oscailte lena rabhthas ag lorgaireacht tuairimí agus aiseolais, gur bhain an grúpa a rinne staidéar ar *Rotha Mór an tSaoil* (Mac Gabhann, 1996) sult mór as an leabhar agus iad ag fiosrú ábhar an scéil agus ag plé dhúshláin agus aincheisteanna na himirice agus anróiteacht shaol Mhicí Mac Gabhann, an bochtanas, streachailt a mhuintire, éalú go hAlbain agus go Meiriceá, lorg an óir agus pilleadh ollghairdeach abhaile agus é níos sine, níos saibhre agus níos socaire. Ina dhiaidh sin insint oibiachtúil atá sa chuntas 'gan ar a aird ach tuilleadh an airgid' (Nic Eoin, 1982: 166). Saothar dírbheathaisnéiseach nó dicteabheathaisnéiseach é agus an tiontú go Béarla a rinneadh air faoin ainm *The Hard Road to Klondike* (MacGowan, 1962).

Seo thíos na tréithe pearsanta is mó a bhain le Micí Mac Gabhann ar chuir na mic léinn spéis iontu agus a chuaigh i bhfeidhm orthu:

- trua agus urraim dóibh sin as a pharóiste dúchais féin a casadh air i Meiriceá a bhí ag obair go crua thall ansin ach a raibh a gcroí i gCloch Cheann Fhaola ar fad;
- comhbhá, mar gheall ar chás stair na cóilíneachta in Éirinn, leis na bundúchasaigh a bhí ag fulaingt go mór le linn do dhaoine bheith ag lorg an óir agus comhthuisint ar a gcás féin;
- misneach, uaillmhian, tiomáint, mórtas cine ó aois an-óg le deiseanna saoil a fheabhsú;
- comrádaíocht: ó Sam Dubh bheith ag iarraidh air fanacht agus an bhail speisialta a tugadh air mar mhianadóir i Montana;
- dílseacht dá chairde, dá chreideamh agus dá dhúchas; chleachtadh sé féin agus a chairde an Ghaeilge i Klondike;
- díbhirce: a chumas chun oibre;
- a cumas chun réitigh agus maithiúnas a thabhairt: cé gur tharla clampar idir Micí agus a chomrádaithe ar an bhealach go Klondike, is léir gur duine a bhí ann a réitigh go maith le daoine eile;
- fuinneamh coirp agus intinne a chuir ar a acmhainn an chinniúint shóisialta agus eacnamaíoch faoinar rugadh é, a fheabhsú;



- creideamh: in Klondike, is minic a shiúil sé deich míle le dul chun Aifrin agus muna mbeadh se ábalta sin a dhéanamh, deireadh sé féin agus a chomrádaithe an Paidrín;
- uaigneas agus pisreoga agus meas ar bhéaloideas a cheantair dhúchais: bhí eagla air i rith a shaoil roimh thaibhsí agus roimh shíogaí.
- seanchas, amhráin agus scéalta: chuir sé suim mhór i seanchas an Lagáin agus i seanscéalta an Mhuimhnigh a casadh dó.

### Focal scoir

Ag breathnú don taighdeoir ar na mic léinn agus iad ag léamh agus ag plé *Rotha Mór an tSaoil*, ba léir gur thaitin an scéal dírbheathaisnéiseach atá taobh thiar den leabhar seo leo ar mhórán cúiseanna agus leibhéal. Chuir siad dúil i ngluaiseacht an scéil ó fhód dúchais go fóid choigríche. Ba dhíol trua acu príomhcharachtar an scéil agus ba mhór an t-ábhar iontais acu leibhéal an bhochtanaís, méid an anáís agus an frith-Éireannachas a bhí i ndán dó in Albain agus i Meiriceá agus an bhreiteacht, an ghannchuid agus an chos ar bolg a d'fhulaing sé féin agus a mhuintir sa bhaile in Éirinn. Chuir siad sonrú san aistriú i dturas an leabhair ón dobrón go dtí an t-ollghairdeas, agus ó phian choirp agus masla go sásamh agus suaimhneas intinne. Ba spéis leo na carachtair éagsúla a casadh dó de réir a chinniúna: an Constábla cairdiúil, Sam Dubh agus Jane Bhuí na gcearc agus an cháidheadais, Billy Gallda an tseanchais, Pádraig Ó Baoill, Micheál Mac Carthaigh agus Mac Uí Cheallaigh! Ba bhinn leo na nathanna cainte, an rithimiúlacht, an ceol agus an tsiméadracht teanga agus foirmeacha canúnacha gan caighdeánú na mbriathra agus na n-ainmfhocal. Ar ndóigh, ní fhéadfadh siad an leabhar a léamh le pléisiúr ná le tuigse gan cur amach a bheith acu ar na leaganacha éagsúla (char, chan, charbh srl.) den mhír dhiúltach 'cha' i nGaeilge Chloch Cheann Fhaola (féach Wagner, 1969: 70-8). Is beag cleachtadh a bhí acu ar an úsáid teanga sin i litríocht na Gaeilge roimhe sin.

Thar aon ní eile, mar sin féin, chuir na mic léinn an-spéis sa duine a d'inis an scéal, Míic Mac Gabhann, fear tréitheach ar chaith an saol go dona leis agus é ag teacht i méadaíocht. Ina dhuine lánfhásta dó, fuair sé bua ar an tsaol mhíchinniúnach mhíchothrom chéanna le saothar, le díbhirce oibre agus le huailmhian a d'fhág san áit é a dtiocfadh leis saol socair suaimhneach a chruthú dó féin agus dá chlann i measc na sléibhte inar tógadh ar an ghannchuid go bocht é. Is cinnte gur chuir na mic léinn seo spéis agus dúil i bpríomhcharachtar an scéil imirce seo. B'aoibhinn leo dochloíteacht Mhic Gabhann in éadan an anáís agus an anró agus an lúcháir a tháinig ar a chroí ar fhilleadh abhaile arís dó.

## Leabharliosta

### Leabhair

- Hughes, A.J., (2001) *When I Was Young*. Dublin: A.&A. Falmar. (A translation of *Nuair a bhí mé óg* by Séamus Ó Grianna (1979) (1942).
- Jordan, J., (eag.) (1977) *The Pleasures of Gaelic Literature*. Baile Átha Cliath: RTÉ.
- Mac Congáil, N., (1983) *Scribhneoirí Thír Chonaill*. Baile Átha Cliath: FNT.
- Mac Gabhann, M., (1996/1959) *Rotha Mór an tSaoil*. Baile Átha Cliath: FNT.
- MacGowan, M., (1962) *The Hard Road to the Klondike*. Routledge & Kegan Paul Ltd. (A Translation by Valentin Iremonger of *Rotha Mór an tSaoil* by Micí Mac Gabhann).
- MacGowan, M. (2014) (2003) *The Hard Road to the Klondike*. Corcaigh: The Collins Press. (A Translation by Valentin Iremonger of *Rotha Mór an tSaoil* by Micí Mac Gabhann (1996/1959)).
- Nic Eoin, M., (1982) *An Litríocht Réigiúnach*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- Ní Dhonnchadha, A. & Nic Eoin, M., (2008) *Ar an gCoigríoch*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.
- Ó Grianna, S., (1979/1942) *Nuair a bhí mé óg*. Corcaigh & Baile Átha Cliath: Cló Mercier.
- Ó Grianna, S., (1981/1945) *Saol Corrach*. Corcaigh & Baile Átha Cliath: Cló Mercier.
- Stake, R., (1995) *The Art of Case Study Research*. Thousand Oaks CA: Sage.
- Wagner, H., (1969) *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects*, Vol. IV. Baile Átha Cliath: DIAS.
- Yin, R.K., (2003) *Case Study Research; design and methods*. 3ú hEagrán. Thousand Oaks CA: Sage.

### Ailt

- Hutchinson, P., (1977) 'Rotha Mór an tSaoil' Jordan, J. (eag.) *The Pleasures of Gaelic Literature*. Baile Átha Cliath: RTÉ. 34-41
- Ó Danchair, C., (1969) 'The Gaeltacht.' Ó Cuív, B. (eag.) *A View of the Irish Language*. Baile Átha Cliath.



# Stór Amhrán Mhichíl Bhreathnaigh

## Scáthán dílis ar shaol na linne agus ar an gcomhthionól fuinniúil fuinte as ar fáisceadh é

*Caroline Ní Fhlatharta*

<https://doi.org/10.13025/w0hv-tc98>

### **Nótaí Eagarthóireachta**

1. Baintear leas as an gcóras uimhrithe a fhaightear san Aguisín, agus tagairtí á ndéanamh do na hamhráin san alt féin. B'éigean cloí leis an modh eagarthóireachta seo i gcás na dtagairtí inmheánacha ó tharla gur ghá feidhmiu laistigh de líon áirithe focal. Tugtar uimhir an amhráin ar dtús, mar aon le huimhreacha na línte sna sleachta ó na hamhráin féin agus tá nasc dhíreach idir na tagairtí sa leagan leictreonach agus na hamhráin iomlána mar a fhaightear san Aguisín.
2. Féachadh leis na leaganacha d'amhráin Mhichíl Bhreathnaigh a scríobh mar a d'aithris sé iad ar na buntaifeadtaí fuaimne ar ar bunaíodh an t-alt seo. Níor dearnadh caighdeánú ar na leaganacha scríofa, ionas nach gcuirfí as don rím ná don mheadaracht. Ní raibh fáil ar theidil na n-amhrán ar fad, mar sin, cinneadh teidil shealadacha a úsáid san Aguisín, a rinne cur síos ar ábhar na n-amhrán, ina gcás siúd nach raibh teideal leo. Faraor, níl aon taifead cruinn de dhátaí cumtha na n-amhrán ach oiread.

### **Réamhrá**

Tá clú agus cáil ar cheantar Chonamara de bharr go maireann fós beo ann traidisiún ársa na filíochta béil, atá fréamhaithe sa seansaol Gaelach. Bhí an easpa litearthachta ina bac ar phobal na hÉireann go dtí tús na 20ú haoise féin, agus ní raibh mórán ábhar Gaeilge, a bhain le

gnáthshaol na ndaoine, á fhoilsiú sna hirísí náisiúnta (Nic Pháidín, 1987: 69). Tá muid go mór faoi chomaoín ag filí pobail na linne, a bhain leas as meán an fhocail le cur síos a dhéanamh ar chúrsaí an tsaoil ina gcuid amhrán agus ina gcuid filíochta. Pléadh téamaí an ghrá, na himirce, agus na polaitíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta ina gcuid saothar. Díreofar sa saothar seo ar stór amhrán Mhichíl Bhreathnaigh, as Gleann Mhac Muirinn i gceartlár Chonamara, fear a bhfuil meas agus urraim air mar scéalaí agus mar sheanchaí, a bhuíochas don staidéar a rinne an scríbhneoir Pádraic Breathnach ar a chuid scéalta Fiannaíochta agus Rúraíochta (Breathnach, 2007), agus don bhailiúchán seanchais a thóg an bailitheoir béaloideas Proinsias de Búrca uaidh don Choimisiún um Béaloideas Éireann ó thús na seascaidí ar aghaidh.

Níl aon dianstaidéar déanta ar na hamhráin a chum sé, áfach, ar a n-áirítear 11 amhrán Ghaeilge agus seacht n-amhrán Bhéarla, cé gur léir ón leagan amach i gcás amhrán nó dhó go bhféadfadh véarsaí a bheith ar lár. Ní hé go bhfuil na hamhráin seo fós beo sa bpobal ná go mbíonn siad á rá ag daoine eile – bhíothas ag brath go hiomlán ar chartlann fuaim RTÉ, Raidió na Gaeltachta, agus ar chorr thaifead a d'éirigh lena chlann a chaomhnú ar chaiséid le breis agus 30 bliain. San alt seo tá sé i gceist scagadh agus cíoradh a dhéanamh ar an stór amhrán seo, d'fhonn léiriú gur scáthán iad ar shaol na linne, agus ar an gcomhthionól fuinniúil fuinte as ar fáisceadh Micheál Breathnach. Téitear i ngleic le réimse leathan ábhar a bhaineann go hiomlán leis an bpobal, fearacht an phoitín, scéimeanna Rialtais, muintir an cheantair agus go deimhin an ceantar féin sa bhailiúchán. Léireofar leis, gur bheag idir é agus filí pobail eile an cheantair lena linn: Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha, Filí Bhaile na mBroghach agus Colm de Bhailís, mar shampla, i gcomhthéacs na dtéamaí agus na modhanna reacaireachta a shaothraigh siad araon. Ní bheifear ag déanamh anailíse anseo ar fheabhas an tsaothair mar litríocht, mar go bhfuil sé sin lasmuigh de scóp na haiste seo, ach ba mhaith an mhaise díriú ar a leithéid amach anseo go cinnte.

## Beathaisnéis

Fear Gaeltachta ab ea Micheál Breathnach, nó Michael Phatch mar ab fhearr aithne air i measc a mhuintire. B'ar an 25 Deireadh Fómhair, 1902 a caitheadh ar an sop é, i nGleann Mhac Muirinn; tamhnach sléibhe atá i bhfoisceacht 13 míle d'Uachtar Ard ó thuaidh agus sé mhíle de Chasla ó dheas. Bhí sé ar dhuine de chúigear clainne a saolaíodh do Phatch Pheadair Mhichíl Mhóir, ar de bhunadh Ghleann Mhac Muirinn é, agus d'Áine Nic Dhonncha, as Ros an Mhíl. D'fhreastail sé ar Sheanscoil Ghleann Mhac Muirinn, Tigh Tom Mharcuis, sular dhún sí, agus ar Scoil Nioclás Naomhtha i mBoth Bhrocháin, nó i gCnoc Aduaidh, mar a thugtar freisin air.

Cé go mba ghearr a sheal mar bhuachaill scoile, shásaigh scoil an tsaoil, agus saibhreas eolais a shinsir, a dhúil sa léann.

Shaothraigh muintir an bhaile, agus muintir an cheantair i gcoitinne, an saol ag an am mar nach raibh aon dul as acu ach dul i dtuilleamaí drochthalún chun snáth a choinneáil faoin bhfiacail. Thug Synge *'the most poverty-stricken district in Ireland'* (Ó Conghaile, 1988:

38) ar an réigiún ón Spidéal anoir, agus cé nach bhféadfaí a áitiú go raibh na Breathnaigh saibhir, is cinnte go raibh siad ní ba dheisiúla ná mar a bhí bunáite mhuintir an cheantair, nach raibh ag a bhformhór ach ón láimh go dtí an béal. Bhí cearta iascaireachta ag seanathair Mhichíl, Peadar Mór, do thaobh amháin de Loch na Coille, a bhí ar leac an dorais acu i nGleann Mhac Muirinn, agus a mheall iascairí ó chian agus ó chongar de bharr go raibh na bric gheala le fáil chomh flúirseach ann. Thit na cearta sin ar Mhichíl in am trátha, ó tharla gurbh é a d'fhan sa bhaile i dteannta a thuismitheoirí, nuair a d'fhág a chuid deartháireacha agus a chuid deirfiúracha slán leis an nead agus iad ar thóir blaiseadh den saol mór. Choinnigh sé báid locha leis na hiascairí a thabhairt amach ar an loch, mar a bhí déanta ag a athair agus a sheanathair roimhe.

### **Bua na Cainte agus Feidhm na hEalaíne**

Fáisceadh agus fuineadh Micheál as saol an tseanchais agus an bhéaloidis agus b'óna athair agus óna sheanathair, agus ó mhuintir na háite, a chuala sé na scéalta Fiannaíochta agus Rúraíochta, na piseoga, na seanamhráin, na leigheasanna agus an stór ollmhór seanchais a choinnigh sé greanta ina inchinn go dtí lá a bháis. Mórann Pádraic Breathnach an chuimhne éachtach a bhí aige: 'cuimhne na gcúig gceann, na gcúig mbeann is na gcúig muineál, cuimhne na naoi bhfaobhar!' (2007: 14), cumas a shainítear go minic leis na filí pobail, agus a bhí riachtanach dóibh siúd nach raibh an pheannaireacht ar a dtoil acu mar nach raibh aon deis eile acu lena gcuid saothar a chaomhnú (Denvir, 2003: 9). Fearacht cuid mhaith de na filí pobail chumadh sé na hamhráin ar an leaba is d'óiche agus tá cuimhní ag a chlann ar Mhicheál a bheith le cloisteáil ag cur véarsaí trína chéile ag a trí agus ag a ceathair a chlog ar maidin. Is minic a bhíodh sé ag cumadh le linn dó a bheith i mbun obair an lae chomh maith: ar an bportach, ag baint féir nó ag cur fataí sna garraithe, ar an sliabh i ndiaidh na mbeithíoch, sa choill ag gearradh adhmaid nó thíos ag an loch. Ní raibh deireadh ar bith leis an méid oibre a bhíodh le déanamh ó d'éiridís le giolc an éin nó go dtéadh an ghrian fúithi sa tráthnóna agus d'fheidhmigh an chumadóireacht mar dheis éalaithe ó anó agus ó anachain an tsaoil réalaiigh (Denvir, 1996: 29).

Dar lena mhac Colm nach raibh 'cloch as claí, dris i ngarraí, copóg i sráid, scioból gan doras, coca féir gan bhrat ná cruach mhóna gan ghníomh' (Breathnach, 2007: 11). Is léiriú é seo ar a chuid críochnúlachta agus ar chomh paiteanta agus a thug sé faoina chuid dualgas, mar gurbh fhear é nár theastaigh uaidh go mbeadh bunchleite isteach ná barrchleite amach, i gcás a chuid oibre fisiciúla agus cruthaithí araon. Leoga, bhí an fheidhm shiamsaíochta a bhain leis an gcumadóireacht lárnach sna hoícheanta airneáin nó an 'time' mar a thráchtáil orthu i gceantair áirithe. B'annamh leis na Gael ceiliúradh a dhéanamh gan an amhránaíocht, an fhilíocht agus an scéalaíocht a bheith mar chuid lárnach den cheiliúradh sin, agus níorbh aon eisceacht Tigh Mhichíl Bhreathnaigh, teach a mbíodh 'ceol á chasadh ag na strainséirí

agus ceol á chasadh ar an mbosca ceoil ag Michael Phatch féin.' (Breathnach, 2007: 10). Ba ag na hócáidí sóisialta seo a rinneadh buanú ar a n-oidhreacht, ach ní ó thaobh na siamsaíochta amháin a bhain tábhacht leis na hamhráin dar le Ó Madagáin:

*as well as having an aesthetic function they belonged to the culture of this particular society, expressed its values, had a role in the moulding and perpetuation of the culture, and enhanced the sense of belonging of both singer and audience (1985: 172)*

### Dáimh Áite

Is léir go raibh cion ag an mBreathnach ar gach uile chloch de Ghleann Mhac Muirinn agus rinne sé gaisce as a fhód dúchais i dtrí cinn ar fad dá chuid amhrán, péire acu i nGaeilge 'Amhrán Fada Ghleann Mhac Muirinn' agus 'Amhrán Gearr Ghleann Mhac Muirinn' agus ceann amháin i mBéarla, 'Glenicmurrin Townland'. Léirigh sé a chuid saineolais ar an dinnseanchas sa liostáil a rinne sé ar bhailte agus ar thíortha, abhus agus i gcéin, ach is dá bhaile féin a thugadh sé an chraobh i gcónaí 'lena áilleacht is aghaidh gréine, gach am tríd an mbliain' (1. 8). Go deimhin, mhaigh sé go mórtasach, 'nach bhfuil sé sna chúig Chúige an té a thabharfadh as an barr' (4. 32). Áitíonn Ó Madagáin gur chuir an '*local colour of the songs*', na tagairtí do dhaoine agus do logainmneacha áitiúla, leis an '*sense of security and belonging*', agus ba mhinic an tseift sin in úsáid ag an mBreathnach, más go neamh-chomhfhiosach féin é (1985: 172). Bhain sé gaisneas as friotal fileata chun cur síos ar staid idéalach na timpeallachta agus ar thréithe na ndaoine. Léirigh sé mar ab éigean do dhaoine dul i dtuilleamaí an nádúir chomh maith, agus tráchtar ar phobal Ghleann Mhac Muirinn mar a bheadh pobal féinchothaithe ann, dá réir.

Ceantar scoite go maith ab ea é, fiú agus an bóthar tógtha idir Casla agus Uachtar Ard ag deireadh na 1920idí (Ó Coimín, 2000: 18), ach ní raibh aon stró air 28 ceathrú a chumadh á mholadh agus á mhóramh go cranna na spéire in 'Amhrán Fada Ghleann Mhac Muirinn' mar sin féin:

Tá chuile short ní ann, a gcuirfeadh fear spéis ann  
 Tá an fiach in sna sléibhte ann, is an t-iasc ins an líon  
 Tá an bradán is an breac geal, ag poinceann is ag léimneach  
 Dhá marú ina gcéadta ann, is á roinnt ar an tír. (1. 24-28)

Níl mórán á dteastaíonn nach bhfuil ann de dalladh  
 Tá ábhar an *jam* ann ar bharr na gcraobh  
 Tá úllai breátha blasta ann, tá sméara dubha daite ann  
 Tá mairteoil is feoil chearc ann go fairsing dá réir. (1. 37-40)

Tuigtear ó na hamhráin mholta a chum sé faoi Ghleann Mhac Muirinn (1. 1-116), (4. 1-32), (10. 1-60), agus faoi Fhormaoil (5. 1-64) go raibh sé i dtiúin go mór le dúile Dé ar fad agus tá rian de litríocht na Fiannaíochta le sonrú go láidir ar an ngrá a léirigh sé do gach neach dár chruthaigh Dia. Ní hamháin go raibh an-eolas aige ar an iliomad éan a bhí le fáil sa cheantar, ach liostáiltear na crainn, na sméara, agus na cnónna éagsúla a bhí ar fáil go flúirseach i ‘nGleann na Muir Mór’, mar a thugadh sé air in amanna, chomh maith.

Tá sin ann le gearradh gach adhmad dá dhaoire  
Seiceamar, caorthann, cabhail giúsach is fuinseog  
Agus cranna breá daraigh atá ag fás le seacht sinsear  
Is nach bhfeicfeadh fear snoite iad an fhad is a mhairfeadh sé beo. (1.41-44)

Tá ábhar an bháid ann seas, post agus cíle  
Tá lárach ina chrainnte ann nár gearradh riamh fós  
Tá na scoilb á nglanadh ann faoi chóir na droch-oíche  
Is tá an tslat ann a dhéanfadh cis, cléibh agus lóib. (1. 61-64)

Bhí an dáimh áite seo go mór chun cinn san fhilíocht phobail araon agus chraobhscaoil Filí Bhaile na mBroghach agus Colm de Bhailís a ngrá dá gceantar dúchais, ‘ós é ceartlár na cruinne é agus nach bhfuil a leithéid eile ar dhroim an domhain’, ina saothar féin chomh maith (Denvir, 1996: 34). Go deimhin, ba bheag idir chur síos s’acusan agus an léiriú a rinne Ó Direáin ar Inis Mór, ‘áit a raibh ionad cinnte so-aitheanta ag an duine agus a shaothar taobh istigh de chleachtadh saoil an phobail trí chéile’ (Ní Eoin, 2005: 138).

### **An Phátrúnacht**

Áitíonn Ní Dhonncha gur fheidhmigh saothar na seanfhilí pobail ‘mar eiseamláir do stíl chumadóireachta na nglúnta a lean’ (2002: 2) agus d’ainneoin gur athraigh ról na bhfilí ó bhun nuair a thit an seanchóras as a chéile sa 17ú aois, ba dhlúthchuid den tsochaí í an phátrúnacht riamh anall. Fiú nuair a chaill na filí a stádas sa tsochaí, bhronn an pobal an t-aitheantas ba dhual dóibh orthu siúd a raibh bua na filíochta ar a dtoil acu.

Ba iad a choinnigh taifead ar thraidisiún na muintire ach d’uireasa lucht éisteachta umhal níorbh fhiú dóibh a bheith ag cumadh. Thagair an file pobail aitheanta Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha den ghradam a samhlaíodh le lucht na héigse, agus dóibh siúd a bhronn an stádas orthu féin: ‘Tá daoine ann inniu a thug filí orthu fhéin, ach is daoine eile a thugann ormsa é’ (1987: 9). Fearacht an Choisdealbhaigh, ar chol cúigear don Bhreathnach é, níor shamhlaigh sé an chumhacht osnádúrtha a samhlaíodh le ‘filí’ leis féin, mar is léir ó agallamh le hAingéal Ní Chonchubhair do Raidió na Gaeltachta i 1977, nuair a mhaígh sé nár scríobh

sé aon phíosá filíochta riamh, ach go raibh sé ag cumadh amhrán ó bhí sé seacht mbliana d'aois. Níorbh ionann sin agus Filí Bhaile na mBroghach, a chreid 'go raibh an fhilíocht istigh ann agus nár bheo é go bhfaigheadh dá chroí é' (Mac an Iomaire, 1983: 28).

Is léir mar sin nár shamhlaigh sé é féin mar fhile, d'ainneoin gur lean sé na múnláí ceannann céanna is a lean filí pobail eile na dúiche. Ba é an saoi i measc a phobail féin é, áfach: roinn sé a chuid eolais go fial orthu agus chuir comhairle orthu faoi eachtraí náisiúnta agus logánta. D'fhéadfaí a mhaíomh gurbh ionann a thuiscint ar an gcumadóireacht agus tuiscint Finnegan:

*The oral poet is not merely the voice of communal pressures, neither is every poet an individual and untrammelled genius: poetry is the creation both of a particular community and of a particular individual' (1992: 213)*

B'fhíor di, ar ndóigh, mar go raibh an pobal lárnach ní hamháin sna heachtraí a spreag na hamhráin, ach gur dóibh a aithrisíodh iad agus gurbh iad a choinnigh seachadta ó ghlúin go glúin iad.

I bhfianaise a chuid spéise agus a chuid eolais ar an mbéaloideas, d'fhéadfadh gur chreid an Breathnach gur rud ab ea an fhilíocht 'nár lean aon rath é' (Ó hÓgáin, 1974: 4) agus gur chloígh sé leis an leagan 'amhrán' dá réir. Chomh maith leis sin, baineadh úsáid as an téarma 'cainteoir' mar mhalairt ar an bhfocal 'file' i nGaeilge Cho. na Gaillimhe agus ní dhearnadh aon deighilt idir 'caint' agus filíocht dá réir (Ó hÓgáin, 1982: 7). Áitíonn Denvir gurb 'í an chaint agus a saothrú go healaíonta' bun agus barr na filíochta (1988: 202). Díol spéise é sin féin mar nár chuir an Breathnach aon fhonn leis na hamhráin ach iad a reic mar a tháinig siad ina inchinn. Chloígh sé le meadaracht an amhráin mar ba dual do na filí pobail riamh anall.

### Comhairle an tSaoi

B'fhear chneasta é an Breathnach nár bhain aon chur i gcéill leis, mar a léiríonn 'Amhrán an Phríosúin' a thráchtann ar an tréimhse trí mhí a chaith sé sa phríosún. Mhallaigh sé an poitín san amhrán pearsanta faoin eachtra nuair a rugadh i dteach an tsíbín air lá aonaigh, d'ainneoin nárbh fhear é a d'óladh mórán.

I leaba an eachtra a shéanadh le teann náire, d'airigh sé go raibh éagóir déanta air, ó tharla 'gurbh é an fear a dhaor é a rinne an feall' (16. 50) agus theastaigh uaidh comhairle a chur ar a chomharsana agus ar 'a dhaoine muinteartha' agus a mhíshástacht a chur in iúl dá réir:

As an matal crochta ab fhearr liom cinnte  
 Nó a bheith ag dul go Maoghras i gcónra chláir.  
 Ná mé a thabhairt chuig beairic idir lámha *peelers*  
 Mo mhuintir taobh liom, is nár bhocht an cás.

(16. 25-28)



Chuaigh trí mhí mhór fhada orm istigh sa bpríosún  
 Is dá mbeadh sé tuillte agam bheadh rud le rá  
 Ach braoinín dhríodarlach a tógadh as gríosach  
 Is nach mba brocach an braon é i gcúirt le taispeáint. (16. 41-44)

Cháin sé an tseanbhean mhallaithe a raibh fad ar a teanga agus a thug a ainm do na gardaí, agus bhain sé leas as feidhm chomhairleach an tseanfhocail leis an bpointe a threisiú. Dhearbhaigh sé dlisteanacht an tseanfhocail, gné eile de thraidisiún na healaíne béil, chomh maith: ‘Ach mar a dúirt an seanfhocal, ‘gus is deacair cinnte air/Ní thagann caonach ar theanga mná’ (16. 39-40).

Ní san amhrán sin amháin a fheictear ceachtanna morálta á roinnt ag an mBreathnach lena dhaoine muinteartha, áfach, agus luí an trioblóid agus an t-achrann a tharraing an *dole* idir beirt deartháir as an mbaile ba gaire dó go trom air. Go deimhin, mhaigh sé gurbh é an *dole* ba chiontaí leis na peacaí marfacha a bhí á ndéanamh ‘ag sean is óg’ agus é ag cur síos ar an raic a tharraing an íocaíocht i gcás píosa talún chomh bocht agus a bhí in Éirinn in ‘Amhrán an *Dole*’:

Dia dhá réiteach nach bocht an scéal é  
 Ar thamhnach shléibhe ná ar thalamh bán  
 Nach fiú dhá phingin é idir sliabh is mínleach  
 Go gcailltear na caoirigh ann leis an ngalar cam.

Níl fraoch ná cíb ann, níl féar ná tuí ann  
 Níl foscadh dídean ann ag lao ná ag bó  
 Is go gcaillfí an naoscach ann ar fhad an gheimhridh  
 Mar ní scalann an ghrian ann ach uair nó dhó. (11. 25-32)

Thuig sé go raibh dochar á dhéanamh ag an *dole* do chaidreamh na beirte agus ghlac seisean ról an tsaoi agus an oideachasóra air féin agus é ag iarraidh an carthanas agus an muintearas a spreagadh arís. Ba iad an chomhairle agus an teagasc na gnéithe ba thábhachtaí den Fhabhalscéal, ar ndóigh, agus feictear gaois agus saoldearcadh traidisiúnta an Bhreathnaigh sa bhéim a leag sé ar mhoráltacht agus ar dhea-iompar. Nocht sé gliceas agus slíomadóireacht an óstóra, a thugann aire na huibhe don té a bhfuil póca teann aige, ach nach bhfuil aon bhlas dílseachta ag baint leis i ndeireadh na dála, ach ag tochras ar a cheirtlín féin san amhrán ‘*The Publican*’: ‘The public man will welcome you when he knows you have the pence’ (13. 7). Ní raibh aon dul amú ar an mBreathnach agus thuig sé go rímhaith nach gcuirfeadh maoin an tsaoil fad le beatha aon duine: ‘And those who have money in the bank as well as us must die’ (13. 24).

## Na hAmhráin Mholta

Tuigtear de réir choinbhinsiúin na filíochta béil gur buaine an fhilíocht ná an bheatha fiú, agus mórann an Breathnach Tomás Ó Céide, fear óg as Cnoc Aduaidh, a maraíodh i dtimpiste sa mhonarcha éisc ina raibh sé ag obair san amhrán pearsanta a scríobh sé dó, ‘Amhrán Thomáis Mhaidhc Bhíll’. Is gearr le marbhna é an t-amhrán pearsanta seo ina gcaoineann sé mac le deartháir a chéile. Cuireann sé síos ar an timpiste féin tráth ar dódh an fear óg nuair a thit sé isteach i gceann de na humair uisce fiuchta sa mhonarcha. Tráchtar do bhriseadh croí na muintire, ‘*You can’t relate or even translate their misery and woe*’ (6. 7), agus don bhail a d’fhág an tragóid ar an gcomharsanacht, ‘*From eyes tears were falling and prayers they were said*’ (6. 28). Arís, cuirtear comhairle ar an bpobal gan a bheith brónach, mar go gcaitear glacadh le toil Dé agus muinín a chur in pé plean atá leagtha amach aige dúinn. Faightear léargas ar an dearcadh a bhí ag na daoine i leith an chreidimh sa chaoi a nglacadh siad lena gcinniúint san amhrán seo:

*From the days of our childhood, though we imagine it long  
We hardly ever remember or pass no remark  
Our life is just passing like waters do flow  
When from death comes the warning, then off we will go.* (6. 34-37)

Is ag baint leasa as an bhfilíocht ar mhaithe le díchuimhne an duine a chosaint a bhí sé san amhrán pearsanta a chum sé faoi iníon le deartháir a chéile, ‘Anna Bheag Bhán Dheas’, sular thug sí an bád bán uirthi féin i dtús na seascaidí. Déanann sé cur síos ar a dea-thréithe agus ar a háilleacht agus in ainneoin gur chaillteanas ollmhór don cheantar í, áit nach raibh an oiread sin comhluadair, déantar a cuimhne a bhuanú san amhrán, ionas go mairfidh sé beo trí mheán na filíochta, i bhfad ina diaidh.

*Is cuma cleamhnas nó bainis é, ceol ná pléaráca  
A bheas thart in san áit seo agus muid leagtha san uaigh.  
Beidh muintir na mbailte ar fad i ngreim lámha  
A gabháil Anna bheag bhán dheas a bhí ar thaobh Chnoc Aduaidh.* (18. 49-52)

Chloígh an Breathnach le nósanna a dtéann a bhfréamhacha siar i bhfad sa litríocht agus é ag cur síos ar áilleacht an chailín óig: ‘A cúilín donn casta atá ag dul síos thar a básta/Nach bhfuil rós in sa ngairdín is áille ná a grua’ (18. 5-6), agus arís sa tríú véarsa: ‘A dá shúilín glasa atá chomh cruinn leis an airne/Nach raibh tada níos áille i gceann ainnir na gcuach’ (18. 9-10). Baineann na samhlaoidí seo a mbaintí úsáid astu chun cur síos a dhéanamh ar ghnéithe ar leith d’áilleacht na hainnre, le traidisiún ársa na n-amhrán grá (Ó Fiaich, 1983: 60).

Feictear arís é san amhrán molta ban, a bhí láidir i dtraidisiún na nGael chomh maith, ‘An Ógbhean Álainn a Bhí i gCnoic Mhám Aodha’. Is do Bhríd de Búrca, iníon an bhailitheora béaloidis Proinnsias de Búrca, a bhíodh ag bailiú béaloidis uaidh a chum Micheál an t-amhrán molta seo:

Bhí dhá shúil ghlasa inti chomh cruinn le hairne  
 Agus na deora cráite uathu síos  
 Is a grua ba dheirge ná an rós sa ngairdín  
 Ach an té a mbeadh sí i ngrá leis go mb’fhada a shaol. (9. 13–16)

Is maith do gheallúint dom a chúilín fáinneach  
 Ach a Rí na nGrásta nach bocht an aoi  
 Nach bhfuil ionam ach sclábhaí bocht atá i ngreim sa lá  
 Ó ghealas an lá go ndubhaí an oíche. (9. 69-72)

Baineann an cur síos seo ar dhaoine áitiúla agus ar eachtraí logánta go sonrath le ról na bhfilí pobail, a bhaineann gaisneas as an bhfriotal fileata chun ealaín a chruthú as an ngnáthshaol réalaióch. Sampla maith de dhán molta an phátrúin ag leibhéal tuaithe agus an file ag moladh an fhir uasail is ea an t-amhrán, ‘The Lovely Green Valleys around Fermoy’. Is ar iarratas ó úinéir *Lodge* Fhormaoile, an Sasanach Ronald Stevens, a raibh cáil dhomhanda air mar thraenálaí fabhcúin, a chum an Breathnach an t-amhrán. Tagraíonn an Breathnach do na boicíní agus do na huaisle a mheall an iascaireacht, an fiach agus áilleacht an cheantair san amhrán, ach léirítear an leas eacnamúil a bhain leis na cuairteoirí seo don phobal áitiúil chomh maith. Ní hamháin go ndéantar ceiliúradh ar an gceantar, ach moltar an t-úinéir go cranna na spéire agus ba léir ón amhrán gur chaith an fear uasal go maith leis an lucht oibre.

*It’s a credit to Connaught and to its goodhearted owner,  
 That’s very well-known through the whole British Isles,  
 As a rich man, a good man, for the public all over,  
 May God spare and restore him for the rest of his life.* (5. 41-44)

Léiríonn na hamhráin Bhéarla seo go raibh lucht éisteachta ag an mBreathnach sa Bhéarla agus sa Ghaeilge, agus go deimhin go raibh cumas aige a bheith ag cumadh sa dá theanga. Feictear an cuireadh chun éisteachta in úsáid aige in oscailt chuid mhaith dá chuid amhrán freisin: ‘Now all ye friends and neighbours, I mean to let you know’ (12. 1), ‘All ye friends and neighbours, be seated if you may’ (6. 1) agus ‘Dear friends and old neighbours I’d like to remind

*you'* (s. 1). Tá an cuireadh sin chun éisteachta ar cheann de na tréithe is mó a shainítear leis na bailéid, 'véarsaí' a bhí á scríobh in Éirinn dar le Ó Fiaich, 'le beagnach trí chéad bliain anuas' (1976: 121).

### Tráchtairacht Shóisialta

Cé go bhfuil, agus go mbeidh, easaontas idir na saineolaithe maidir le bailíocht na litríochta mar fhoinsé eolais shocheolaíoch agus antraipeolaíoch, feidhmíonn saothar an Bhreathnaigh mar thráchtas ar stair shóisialta an phobail as ar fáisceadh é, mar a léirítear go soiléir sna hamhráin pholaitiúla a chum sé. Chonaic sé spleodar mór polaitiúil lena linn mar gur mhair sé trí dhá chogadh dhomhanda, mar aon le Cogadh na Saoirse, idir 1919 agus 1922, agus an Cogadh Cathartha i 1922, agus tagraítear don scliúchas a tharla le linn thréimhse chorrathach thús an chéid seo caite, in 'Amhrán an Chogaidh' agus in 'Amhrán an *Mhajor*'. Ba thréimhse éabhlóide í in Éirinn leis ar ndóigh, agus bhí tionchar ollmhór ag bunú an tSaorstáit ar phobal na tíre, mar go raibh impleachtaí ag na polasaithe éagsúla a cuireadh i bhfeidhm ar shaol na ngnáthdhaoine.

Tagraíodh cheana do cháineadh an Bhreathnaigh ar Scéim an Deolchaire, a thug Fianna Fáil isteach i 1933, in 'Amhrán an *Dole*'. Níorbh é Micheál amháin a bhí cáinteach ar an scéim úd ná ar an easpa airde a tugadh ar phobal Chonamara a bhí fágtha ar an bhfaraor géar ó thaobh aon leas eacnamaíochta de, áfach, agus ba mhinic an drochbhail a fágadh ar phobal na Gaeltachta ina ábhar cainte agus conspóide ag lucht na cúise. Admhaíonn Ó Conghaile go raibh 'dochar agus dochar mór déanta ag an *dole*', agus dar leis go raibh spiorad na ndaoine múchta scriosta 'de bharr na leisce a tháinig as an díomhaointeas', rud nár chleacht muintir an cheantair cheana riamh (1988: 178). Thacódh an léargas a fhaightear ar dhrochthionchar na scéime in 'Amhrán an *Dole*' go láidir leis an argóint seo:

A Dhia is a Mhuire nach bocht an scéal é  
Le léamh in Éirinn ná sa nGaeltacht mhór  
Dhá chréatúr shalacha gan ciall gan réasún  
Ag marú a chéile ann mar gheall ar *dole*.

Mura socróidh an sagart é nó Mr. Grady  
Ní bheidh ann ach réabadh luath nó mall  
Mar tá trioblóid talún ann nach féidir a réiteach  
Nó go leagtar téip air agus go ndéantar fál.

Tá Mike ag fáil íocaíochta air agus Pat á shéanadh  
 Nó tá an páipéar bréagach ar a bhfuil sé ann  
 Ach go bhfuil a fhios ag Muire is ag an t-aon Mhac Naofa  
 Nach baile Críostúil a bhfuil siad ann.

(11. 9-20)

Níorbh í Scéim an Deolchaire an t-aon scéim rialtais a lochtaigh an Breathnach, áfach, mar is léir ó 'Amhrán na Móna', faoi scéim a bhí á reáchtáil ag na húdaráis áitiúla ar mhaithe le fuinneamh dúchais a sholáthar le linn an Chogaidh Mhóir. Is ar an mbonn céanna leis an scéim feabhsúcháin bóthair a bhí sé á reáchtáil, ach gur i rith an gheimhridh a dhéantaí an obair ar na bóithre agus gur ón earrach ar aghaidh a bhíodh obair ar bun faoi Scéim na Móna.

Bhí ganntanas ola sa tír de bharr na contúirte go ndéanfaí dochar do na báid a bhíodh ag tabhairt an ola go hÉirinn agus dá bhrí sin cuireadh na daoine a bhí i dteideal an *dole* amach ag obair ar na portaigh. Bhíodh fir agus mná ag obair ar an Scéim ach thuill na fir pá ní b'airde, fiú nuair a bhídís ag gróigeadh agus ag scaradh na móna, mar a bhíodh le déanamh ag na mná. Osclaíodh portaigh nua ag an am agus ní raibh an talamh draenáilte agus ba ag trácht ar a leithéid sin a bhí sé agus caighdeán na móna á lochtú sna ceathrúna a leanas:

Tá an fear is an gasúr ann mar a bheadh múille  
 Aníos go dtí a nglúine go domhain i láib  
 Is nach maithfí ceathrú dóibh ná uair tráthnóna  
 Ach an nóiméad comhartha má bhíonn siad mall. (17. 13-20)

Beidh *rates* is *taxes* ann is ní íocfaidh i gcumhacht iad  
 Ní íocfaidh an mhóin iad, ná fear an tsleáin.  
 Mar níl teas ná maith inti, dhá bhféadfá a chomhaireamh  
 Is nach olc an tinteán í i gContae an Chláir.

Nach aisteach an obair í Scéim na Móna  
 Ach dá mbeadh móin ann bheadh rud le rá  
 Ach is gearr le cadás í nó olann fómhair  
 Nó carnán clúmhaigh a d'éireodh ard.

(17. 25-32)

Tugtar léargas ar an gcrá croí agus ar an gcrácamas a bhain leis an Scéim seo sa gcéad véarsa thuasluaite agus tuigtear nár spáráladh an gasúr ó obair chrua an phortaigh ach oiread leo siúd a raibh na géaráin curtha go maith acu. Tá teanga ghéar an fhile le sonrú sa dara véarsa thuas, agus cuireann an faobhar seo le cumhacht an amhráin, a éiríonn níos nimhní agus níos drochmheasúla le chuile véarsa. Tacaíonn sé le léirmheas Denvir, go dtráchtar sna

hamhráin ‘ar athruithe a tharla agus ar dhearcadh agus ar mheon an phobail a chonaic iad’ (2003: 5), sa mhéid agus go bhfaightear léargas sna véarsaí seo ar an easpa pleanála ag leibhéal an Rialtais, agus ar an drochbhail a d’fhág sé sin ar mhuintir na Gaeltachta:

Mura bhfóire Muire orthu is Mac Rí an Domhnaigh  
 Agus beagán cúnaimh a fháil ó Mheiriceá  
 Beidh gorta is anó ann roimh thús an fhómhair  
 Is beidh Éireann dhúchais ar fad le fán.

Ní bheidh plúr ná fataí ann, tae ná siúcra  
 Ach ruidín tútach nach bhfuil abhus ná thall  
 Ná sláinte an tseanduine, an tobac sa dúidín  
 Is go dtí fiú is an t-unsá ní bheidh le fáil.

(17. 37-44)

### Gob Géar an Fhile

Níl fuacht ná faitíos ar an mBreathnach a dhearcadh polaitiúil a fhógairt agus ní spáráiltear Éamon de Valera ó ghob géar an fhile, beag beann ar an méid tacaíochta a bhí aige féin agus ag Fianna Fáil i gceantar Chonamara ag an am. Bhí baint ag an teorannú stairiúil a rinneadh nuair a thosaigh an Cogadh Cathartha, nuair a láidrígh carachtair éagsúla a chur fúthu sa cheantar vótaí na bpáirtithe éagsúla, leis na claonta polaitiúla i gceantair éagsúla. Feictear go raibh Filí Bhaile na mBroghach agus Learaí Phádraic Learaí Ó Finneadha an-dílis d’Fhianna Fáil mar shampla, mar go mbíodh de Valera ag tabhairt cuairte ar an Lochán Beag go minic lena linn (Mac an Iomaire, 1983: 21) & (Denvir, 1999: 174).

Níorbh ionadh go raibh cloch sa mhuintir Ghleann Mhac Muirinn d’Fhianna Fáil, nuair a smaoinítear ar theip na Scéime Athlonnaithe a bhunaigh an Rialtas i Seanadh Phéistín i dtús na 1930aidí. Dar le Ó Cíosáin nach raibh beatha ag caoirigh ná beithígh ann, go raibh an talamh go fíordhona agus go raibh na claíocha a thógtaí á slogadh sa mhuing (1985: 4). Sheas an eagraíocht ‘Muintir na Gaeltachta’, a bunaíodh i 1933, i gcoinne chinneadh an Rialtais tuilleadh clann a aistriú ó na ceantair cois cladaigh, a bhí róphlódaithe, go Seanadh Phéistín. Thug Ó Cadhain faoin Rialtas agus faoin scéim in *An t-Éireannach*, agus é ag maíomh go bhfuair ‘oifigeach grinn éicin de’n Stat-Sheirbhís Tír na nÓg amach i lár an tsléibhe ag Seana-Phéistín, agus cuireadh bailchríoch ar mhallacht Chromail’ (1.9.1934). D’éirigh le feachtas Mhuintir na Gaeltachta, nuair a chonaic de Valera na tailte dó féin ar an 27 Bealtaine 1934. Deirtear sa seanchas áitiúil, áfach, gur sheas muintir Sheanadh Phéistín roimhe sa tslí agus nár ligeadar chomh fada leis an mbaile ar chor ar bith é. Cinneadh teaghlaigh as Conamara a aistriú go Co. na Mí dá thoradh sin, áit a raibh tailte maithe agus deis ar shaol níos fearr dá réir.

Níorbh iad na polaiteoirí amháin a fuair léasadh de theanga an Bhreathnaigh, áfach. Scríobh sé an t-amhrán cáinte, *'The Publican'*, roimh chodladh dó oíche ar fhíll sé ó theach tábhairne áitiúil, nuair nár thairg an t-óstóir an braon fuisce féin dó mar luach saothair ar an amhrán molta a bhí cumtha aige fúithi. Thug an t-amhrán molta stádas don phátrún, agus ba é an rud ba lú a d'fhéadfadh sí a dhéanamh ná cúiteamh a thabhairt don fhíle ar a s(h) aothar. Ar ndóigh, ní le mailís a chumtaí na hamhráin cháinte i gcónaí, ach le teann spraoi agus siamsaíochta, cé go bhféadfadh go raibh an 'spontaneous overflow of powerful feelings' a luann Wordsworth leis an bhfilíocht, i gceist an oíche úd freisin (Finnegan, 1977: 31).

Bhí cumas sa Bhreathnach an moladh nó an cáineadh a dhéanamh, agus cé nach raibh leis ar bith air faobhar a theanga a imirt, ba nádúrtha i bhfad a tháinig an moladh leis, mar a léiríonn an dá líne seo ó 'Amhrán Molta an Óstóra', a chum sé faoin óstóir céanna: 'Ach nach raibh tinneas ná míshláinte uirthi, más fada gearr a mhairfidh sí/Is iomaí fear a déarfaidh paidir di an lá a rachaidh sí sa chré. (8. 3-4)'

### Greann agus Áibhéil

Bhí tóir riamh anall ar an amhrán greannmhar mar gur fhuascail sé an pobal ó anó agus ó chruatan an tsaoil, agus gur chomhlíon sé feidhm na siamsaíochta a bhain go dlúth le traidisiún an bhéaloidis agus an tseanchais. Léiríonn 'Amhrán an Bhacstaí' go raibh féith an ghrinn go tréan sa Bhreathnach, tréith a shamhlaítear le filí pobail Chonamara i gcoitinne (Ní Dhonncha, 2002: 18). Ba mhinic go dtéadh sé i muinín an ghrinn fiú agus é ag trácht ar ábhar a ghoill air, fearacht an mheatha a bhí ag teacht ar an seansaol as ar fáisceadh é féin. Thuig sé go maith go raibh an saol ag athrú ar cosa in airde mar bhí muirín air féin agus ar a bhean chéile, Bríd Ní Chéide, as Cnoc Aduaidh, agus níorbh ionann an caitheamh aimsire ar chuir siadsan spéis ann agus na cleasa a bhíodh aigesean leis na laethanta a ghiorrú agus é ina stócach. Ní spárálann sé na mná agus é ag cáineadh an fonn bóithreoireachta a bhíonn orthu agus iad 'craiceáilte ag imeacht i gcarranna ag *rambleáil* ar fud na tíre' (2. 12). Is cas leis an seanfhear bocht, atá fágtha ag baile ina chadhadh aonair, agus maíonn gurbh fhearr dó 'go básta i bhfarraige nó seachtain ag tarraingt céachta/Ná a bheith ceangailte le babóigín is gan inti ach *harem scarem*' (2: 48-49). Is ag caitheamh i ndiaidh an tseansaol agus an chultúir a bhí sé, ar ndóigh, ach gur chuir sé craiceann an ghrinn ar na híomhánna a chuir sé inár láthair de na mná ag cur smideadh orthu féin agus iad á ngléasadh féin do 'chéilí Chotter', nó 'An Poitín Stil' mar is fearr aithne anois air. Spreag an t-athrú saoil é le dul i mbun pinn agus léirigh sé go raibh cumas na sciolladóireachta ann fiú agus gan aon mhailís lena chuid cainte.

Is le linn do bheirt den bhaile a bheith abhus ar chuairt oíche a cumadh 'Amhrán an Bhacstaí'. Labhraíodh ar bhacstaí agus ní dhearnadh ach canna pónairí a oscailt, a fholmhú agus a ghlanadh sular rollaíodh amach é. Cuireadh poill ann le tairní agus cuireadh i bhfostú de chlár é. Tugadh isteach na fataí, níodh, scríobadh agus fáisceadh iad agus rinneadh bacstaí, agus sular fhág na comharsana an teach an oíche sin bhí an t-amhrán cumtha aigesean.

Aontaíonn sé seo leis an gcumas a shamhlaítear leis an bhfile pobail a bhí in ann píosa a cheapadh as a sheasamh. Tá áibhéil i gceist san amhrán seo, ar ndóigh, mar a fheictear go soiléir sa véarsa seo:

Bhí dream ag ullmhú adhmaid ann, agus á ghearradh amach ina phíosa  
 Bhí Máirtín Bán is an *steamdrill* ann, ag tolladh *tin* is á chriathrú  
 Bhí seaimpíní agus *banners* ann ina *lashings* ina dtimpeall  
 Ach a bhfuil de *mhargarine* i nGaillimh nach mbealódh a raibh scríobtha. (2. 5-8)

Bhain sé gaisneas as an áibhéil chéanna san amhrán Béarla, ‘Martin’s Old Rock’, a chum sé faoi bhráca a thóg sé ag Aill Mhártain ionas go mbeadh foscadh aige agus é i mbun oibre ar an bportach. Ba mhinic a bhain sé suas le dhá scór leoraí móna, agus ó tharla go raibh an t-aicearra trasna an tsléibhe chuig an bportach breis agus míle siúil óna theach cónaithe, nó beagnach ceithre mhíle bóthair, b’iontach an difríocht a rinne dídean agus deis suite agus scíthe dó féin, dá mhuintir agus dá chomharsana a bhíodh ag saothrú obair an phortaigh bliain i ndiaidh bliana. Bhí an tráthúlacht a fágadh aige le hoidhreacht i dteannta bua na scéaláiochta go smior ann, agus d’fhuascail an greann ón anó agus ón anachain a bhain le baint, le scaradh, le gróigeadh agus le hath-ghróigeadh na móna é, mar a fheictear sa véarsa seo:

*It’s reported by travellers that are coming along  
 That in the whole British Islands they can’t come across  
 A hotel or mansion, a pub or a bar  
 Compared to our favourite near Martin’s Old Rock.* (14. 25-28)

Feictear an chruthaitheacht a bhain lena cheird sa gcor a chuirtear san eachtra a raibh bunús fírinneach léi san amhrán ‘Martin’s Old Rock’. Tagraíonn Denvir don chruthaitheacht mhór a bhaineann le déanamh agus le gabháil amhrán, agus é ag cur síos ar Choilm de Bhailís (1996: 37), agus go deimhin tá cosúlachtaí móra idir ‘Cúirt an tSrutháin Bhuí’ de Bhailís, agus ‘Martin’s Old Rock’ an Bhreathnaigh, ó thaobh na háibhéile agus an ghrinn de.

## Conclúid

Is cinnte go dtugann na hamhráin Ghaeilge léargas dúinn ar chultúr, ar thraidisiún, ar stair agus ar ghinealach na ndaoine a tháinig romhainn. Is scáthán iad ar oidhreacht ár muintire agus tá tuiscint againn ar shaol ár sinsir agus ar an traidisiún béil, a mhair ó ghlúin go glúin, dá mbarr. San alt seo rinneadh iarracht a chruthú gur scáthán dílis é stór amhrán Mhichíl Bhreathnaigh ar shaol comhaimseartha a linne. Cuimsíonn an stór amhrán réimse leathan ábhar a nochtann ní hamháin a dhearcadh féin ar an saol, ach dearcadh an phobail as ar



shíolraigh sé. Faightear spléachadh ar chlaonta polaitiúla, ar chaitheamh aimsire, ar dhearcadh saoil i leith an chreidimh agus ar dhílseacht agus ar dhúchas an chomhthionóil fuinniúil fuinte as ar fáisceadh é.

Tá muid go mór faoi chomaoin aige as a leithéid de bhailiúchán a fhágáil mar oidhreacht againn agus is mór an faillí go bhféadfadh gur ligeadh a oiread eile sa chré leis. Is fíor do Denvir, go n-imíonn an focal béil le gaoth ach go maireann an focal scríofa go buan ar phár (1999: 193). Ba mhór an mhaise saothar iomlán an Bhreathnaigh a chur ar phár agus deis a thabhairt don lucht léinn staidéar agus léirmheas cuimsitheach a dhéanamh air, mar atá déanta i gcás a chomhfhilí pobail a threabh iomaire na filíochta.

Lean seisean na coinbhinsiúin chéanna, agus chloígh sé leis na téamaí agus leis na modhanna reacaireachta céanna agus a chloígh filí pobail eile an cheantair agus dar liom go bhfuil an meas agus an urraim céanna tuillte aigesean agus a bronnadh orthusan dá réir.

## Leabharliosta

### Leabhair

Breathnach, P., (2007) *Bróga Páipéir agus Stocaí Bainne Ramhar*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.

Dégh, L., (1969) *Folktales and Society, Story-telling in a Hungarian Peasant Community*. Bloomington & Indianapolis: Indiana University Press.

Denvir, G., (1996) *Amhráin Choilm de Bhailís*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.

Denvir, G., (2010) *Sé an Saol an Máistir: Filíocht Learaí Phádraic Learaí Uí Fhínneadha*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.

Finnegan, R., (1992) *Oral Poetry – Its Nature, Significance and Social Context*. Bloomington, Indiana: Indiana University Press.

Mac an Iomaire, P. (eag.), (1983) *Dánta Fhilí Bhaile na mBroghach*. Indreabhán: Cló Chois Fharraige.

Nic Eoin, M., (2005) *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nualitriocht na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life.

- Ó Coisdealbha, S., (1987) *Buille faoi Thuairim Gabha*. Béal an Daingin: Cló Iar-Chonnacht.
- Ó Conghaile, M., (1988) *Conamara agus Árainn 1880-1980: Gnéithe den Stair Shóisialta*. Béal an Daingin: Cló Iar-Chonnacht.
- Ó hÓgáin, D., (1982) *An File: Staidéar ar Osnádúrthacht na Filíochta sa Traidisiún Gaelach*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Ó Riain, D., (1996) *Stair na Gaeilge*. Gill & MacMillan.

## Ailt

- Denvir, G., (1988) 'An Béal Beo: Filíocht Bhéil Chonamara Inniu.' Ó Fiannachta, P. (eag). *Léachtaí Cholm Cille XIX: Litríocht na Gaeltachta*. Maigh Nuad: An Sagart. 192-222.
- Denvir, G., (1999) 'Filíocht Learaí Phádhraic Learaí Uí Fhinneadha.' Ó hUiginn, R. (eag). *Léachtaí Cholm Cille XXIX: Foinn agus Fonnadóirí*. Maigh Nuad: An Sagart. 161-97.
- Mac Cuaige, S., (1927) 'An Ghaeltacht.' *Gearrbhaile*. Earrach, 1927.
- Nic Phóidín, C., (1987) 'Na hIrisí Gaeilge'. *300 Years of Irish Periodicals*. Baile Átha Cliath: Lilliput Press. 68-85.
- Ó Coimín, P., (2000) 'An Stát agus an Ghaeltacht.' Ó Tuathaigh *et al.* (eag), *Pobal na Gaeltachta: A scéal agus a dhán*. 15-33.
- Ó Fiaich, T., (1976) 'Na Bailéidí Béarla.' Ó Fiannachta, P. (eag.) *Léachtaí Cholm Cille VII: An Ceol i Litríocht na Gaeilge*. Má Nuad: An Sagart. 121-48.
- Ó Fiaich, T., (1983) 'Na hAmhráin Ghrá.' Ó Fiannachta, P. (eag.) *Léachtaí Cholm Cille VI: An Grá i Litríocht na Gaeilge*. Maigh Nuad: An Sagart. 59-87.
- Ó Madagáin, B. (1985) 'Functions of Irish Song in the Nineteenth Century'. *Béaloideas* 53. 130-216.

## Tráchtais

Denvir, S. (2003) *Dearcadh an tSaoil: Amhráin Chiaráin Uí Fhátharta*. Tráchtas MA.

Nic Dhonncha, R. (2002) *Amhráin Val agus Mhichíl Bheairtle Uí Dhonnchú*. Tráchtas MA.

## Foinsí Leictreonacha

Daonáireamh 1911. Le fáil ag: <http://www.census.nationalarchives.ie/search/>  
(Léite: 12 Samhain 2014).

Ó Cíosáin, É., (1985) 'Bunú Ghaeltacht na Mí: An tÉireannach agus Muintir na Gaeltachta'. *Comhar*, Iml. 44, Uimh. 12 (Nollaig 1985) 4-7. Le fáil ag: <http://www.jstor.org/stable/20555847> (Léite: 3 Márta 2015).

Ó hÓgáin, D. 'An File Gaelach agus An Pobal'. *Comhar*, Iml. 33, Uimh 2 (Feabhra 1974) 4-10. Le fáil ag: <http://www.jstor.org/stable/20553493> (Léite: 1 Nollaig 2014).

## Agallamh

Ó Máille, Pádraic. Agallamh le Pádraic Ó Máille, seanchaí, An Cheathrú Rua, 4 Aibreán 2015.

## Foinsí Taifeadta

Cartlann RTÉ, Raidió na Gaeltachta.

## Aguisín

### 1. Amhrán Fada Ghleann Mhac Muirinn

- Chomh fada ‘gus is léir dom, ó tháinig mé in éifeacht  
Shiúil mise sléibhte, ‘gus mórchuid den tír  
Ó d’fhág mé Gaillimh, go barr Sheanadh Phéistín  
‘S ó bharr Chnoic na Léime go Béal an Átha Buí. 4
- An Clochán, An Caiseal, Leic Aimhréidh is dá réir sin  
Na tailte breá réidh atá i gContae na Mí  
Ach ‘sé Gleann Mhac Muirinn an baile, a dtabharfainn-se an chraobh dhó  
Lena áilleacht is aghaidh gréine, gach am tríd an mbliain. 8
- Nuair a thiocfaidh an samhraidh agus thosóidh an séasúr  
Tá ceol binn na n-éan ann, a thógfadh do chroí  
An chrotach, an smólach, an lon dubh is an chéirseach  
‘S tá ard rí na n-éan ann, ina chónaí san oíche. 12
- Tá cruithneacht is coirce ann, chomh fairsing le sprémhóin  
Tá plúr ina chéadta ann, le fuint ag gach mnaoi  
Tá fíoruisce fairsing ann chomh maith is atá istigh in Éirinn  
Mar níor féadadh é a shéanadh, in Ard Bhaile Átha Cliath. 16
- Tá sin is togha talamh ann, ina bhfásann gach aon ní  
Bhfuil *mangles* is *suedes* ann, is togha tornapaí  
Mar tá an leasú go fairsing le gearradh sna sléibhte  
Agus togha na tuí léana, le clúdach na dtithe. 20
- Tá chuile short ní ann, ina gcuirfeadh fear spéis ann  
Tá an fiach ins na sléibhte ann, is an t-iasc ar an toinn  
Tá an bradán is an breac geal, ag poincean is ag léimneach  
Dhá marú ina gcéadta, is dhá roinnt ar an tír. 24
- Tá íseal is uasal as gach aon cheard in Éirinn  
Ag tógáil deá-aer ann, ó mhaidin go dubhoíche  
Mar tá gaoithe bhreá ghlan ann, isteach ó na sléibhte  
‘gus an ghrian mar an gcéanna, ag scalladh ar a thaobh. 28

- Tá foghlaeireacht is iascach le fáil ag gach aon fhear  
 Mar is iontach an *game* í sa gceard seo den tír  
 Tá neart uisce beatha le n-ól ag na céadta  
 ‘S más féidir mé a bhréagnú is gearr é mo shaol. 32
- Níl mórán á dteastaíonn nach bhfuil ann de dalladh  
 Tá ábhar an *jam* ann ar bharr na gcraobh  
 Tá úllaí breátha blasta ann, tá sméara dubha daite ann  
 Tá mairteoil is feoil chearc ann go fairsing dá réir. 36
- Tá sin is togha bainne ann, líonta ina channaí  
 Tá gabháil de bharr leana ann agus scataí gan bhréag  
 ‘S á gcuirtí sa talamh í is í a chlúdach le coinchréit  
 Go dtógfadh sí an caipín seacht slata san aer. 40
- Bíonn sin ann go fairsing pórtar á tapáil  
 Tá sú na mil bheacha ann chomh fairsing le féar  
 Tá fuisce ‘gus branda ann, tá *rum* is *Old Scotch* ann  
 Is go gcoiscfí do thart ann sa ló ‘gus san oíche. 44
- Níl trioblóid, níl anró, níl anó ón saol ann  
 Tá chuile short ní ann ag teacht mar is cóir  
 Tá an chairt is an capall ag obair gan scíth ann  
 Níl iompar cliabh aoiligh ann chúns mhairfidh siad beo. 48
- An té a ghabhfadh sa seanchas is deacair cur síos air  
 Is maith an áit saothrú é ag sean agus óg  
 Ó thiochfaidh an samhradh go gcaitear Lá ‘l Michíl  
 Tá uaisle na tíre ann ag imirt is ag ól. 52
- Tá sin ann le gearradh gach adhmaid dá dhaoire  
 Seiceamar, caorthann, cabhail giúsach is fuinseog  
 Agus cranna breá daraigh atá ag fás le seacht sinsear  
 ‘S nach bhfeicfeadh fear snoite iad an fhad ‘s a mhairfeadh sé beo. 56
- Tá ábhar an bháid ann seas, post agus cíle  
 Tá ladhrach ina chrainnte ann nár gearradh riamh fós  
 Tá na scoilb á nglanadh ann faoi chóir na droch-oíche  
 ‘S tá an tslat ann a dhéanfadh cis, cléibh agus lóib. 60

- Ón gClochán go Gaillimh is thar timpeall na tíre  
Tá carranna mílte ann san oíche ‘s sa ló  
Ag tarraingt an adhmaid le haghaidh úsáid na tíre  
‘S á ghearradh ina phíosáí in *yard* Mháirtín Mhóir. 64
- Ní dheachaigh sin thart ann sa ló ná san oíche  
Duine uasal ná íseal, fear bealaigh ná bóthair  
Nach bhfaigheadh lóistín go maidin agus a dhóthain le n-ithe  
‘S ní ghlacfaí sin pingin uaidh ná tada dhá short. 68
- Tá daoine breátha deasa ann, cneasta dea-chroíúil  
Nach bhfuil tada ar a n-intinn ach siamsa ‘gus spóirt  
‘S nach bhfuil seanfhear ná seanbhean ann, malrach ná naíonán  
Nach bhfuil chaon seachtú hoíche ann ag damhsa is ag ceol. 72
- An té a d’éireodh ar maidin agus a bhreathnódh ina thimpeall  
Tá an radharc ann is aoibhne dhá bhfaca aon fhear beo  
Tá na báid ag cur líonta, na seolta ar na crainnte  
‘Gus na soithigh ag teacht timpeall ar Chuan an Fhir Mhóir. 76
- Tá sin is na Breathnaigh, is na Beanna lena dtaobh sin  
Na coillte breá aoibhinn ina bhfásann gach sort  
A bhfuil cnónna agus airní ann, sú craobh is fraochóg  
Go gcruinní na mílte ann á mbaint ins an bhfómhar. 80
- Níl tinneas, níl galar ann, níl sioc ann, níl sneachta ann  
Níl aon sort míshláinte ann dár chuala tú fós  
‘S nach bhfuil dochtúir ná sagart nár chaith ann ach seachtain  
Nach dtug as dea-shláinte má theastaigh sí uathu. 84
- Nuair a bhíonn sé ina chalm ‘s gan smeámh as an aer ann  
Tá an chuach ar na géaga ann ag seinm *cuckoo*  
‘S gur geall le ceol *band* an macalla ins na sléibhte  
Nuair a bhuaitear *bell* séipéil thar timpeall an chuain. 88
- Á bhfágtá-sa an baile ‘gus téirigh go h*Egypt*  
Amach go *New Zealand* nó trasna go dtí an Róimh  
Go gcasfaí ort céad fear a d’fhéadfadh scéal a inseacht  
Nó a scríobhfadh duit líne ar Ghleann na Muir Mhór. 92

- Tá cáil mhór ar *Bhoston*, ar Pháras na Fraince  
 Ar *Norway*, ar *Holland* ‘gus ar chathair na Róimh  
 Ach nach bhfuil sé ar an talamh seo *townland* ná baile  
 Chomh sábháilte ar chatha le Gleann na Muir Mhór. 96
- Tá aerphoscaí maithe ann atá déanta sa seansaol  
 Gan suimint, gan coincreít, ná tada dhá short  
 ‘S á mbeadh an Ghearmáin is an Francach ag pléascadh air go maidin  
 Nach mbainfeadh as *splanter* ná spalladh a bheadh mór. 100
- Níl trioblóid ná faitíos ar fhear ná ar bhean ann  
 Tá foscadh chomh fairsing ‘s atá uisce le n-ól  
 Má leanann den achrann seo suas go deireadh Earraigh  
 Beidh an Rí ag iarraidh foscadh ann ‘gus an bhanríon ar ndóigh. 104
- Tá a chlu ‘gus a cháilíocht i leabhar is i bpáipéar  
 Amach faoi na Státaí ‘gus i bpláinéid Mhaigh Eo  
 ‘S an té a chaithfeadh ann ráithe, is nach n-iarrfadh sé é a fhágáil  
 Gur ann a bheadh a áras, an fhad is a mhairfeadh sé beo. 108
- An té a cheapfadh gur magadh é, níl ann ach an fhírinne,  
 Tá *full guarantee* leis i bpáipéar is i gcomhad  
 Is má tá tada mícheart ann má fhaighim *notice* míosa  
 Beidh leabhar fada scríofa air nuair a bheas mise faoin bhfód. 112

## 2. Amhrán an Bhacstaí

- Tráthnóinín Dé Máirt seo caite, ‘gus é ag crónachan na hoíche  
Casadh isteach i dteach don bhaile mé, ‘gus bhí bacstaí ann á scríobadh.  
Bhí mná cnaptha go dtína n-ascaillí, ‘gus ní maith liom bréag a dhéanamh  
Nach raibh bacstaí ar fud na ngarrantaí, ‘gus greamaithe do na taobháin. 4
- Bhí dream ag ullmhú adhmaid ann, ‘gus á ghearradh amach ina phíosáí  
Bhí Máirtín Bán ‘s an *steamdrill* ann ag tolladh *tin*’s á chriathrú  
Bhí seaimpíní ‘gus *banners* ann ina *lashings* ina dtimpeall  
Ach a bhfuil de *mhargarine* i nGaillimh nach mbealódh a raibh scríobtha. 8
- Nach maith an scéal do sheanfhir é gur thosaigh an *scheme* sa tír seo  
Mar fanann na mná sa mbaile acu ag glanadh fataí ‘gus á scríobadh  
Ós é nádúr mná a bheith beadaí b’fhéidir go n-athródh sé a n-intinn  
Seachas a bheith craiceáilte ag imeacht i gcarrannaí ag *rambláil* ar fud na tíre. 12
- Dhá dtiocfá isteach i dteach den bhaile seo ó thiocfadh tús na hoíche  
Ní raibh de chomhlúadar le fáil agat ann ach an seanfhear is a phíopa  
Dhá gcuirteá ceist nó caidéis air muise cá bhfuil bean an tí seo?  
D’fhreagródh sé go gasta thú, a stór ná fiafraigh díomsa,  
mar ní fios cén *pub* ó Ghaillimh é go mbuailfidh tú ceann scríbe. 15
- Nár bhocht an saol ag seanfhir é oícheanta fada i ráithe an gheimhridh  
Ní raibh fiú ‘s an cáca bacstaí ann ná greim ag dul i bpíosá  
Ní raibh braon ola ins an lampa acu ná aithinne sa ngríosach  
Ach rite isteach i gcarrannaí is iad gléasta amach le síodaí. 19
- Nach bhfuil a fhios ag chuile amadán a mbeadh meabhair ar bith ina intinn  
Go mba mná a bhí cineál seafóideach nó mná ar bheagán tíobhais  
Nach raibh tada ag cur isteach orthu ach *powder* agus péinteáil  
‘S go mba gearr le fataí carrach iad nó cam a bheifeá a ghréiseáil. 23
- Bhí sé ráite ag na seandaoine, ‘gus ba deacair iad a bhréagnú  
Go mbeadh an saol seo ag imeacht ar rothaí ‘gus cá bhfuil an fear atá in ann  
é a shéanadh  
Ach mura n-athraí scéim an bhacstaí iad ‘gus go gcaillfidh siad a dtréada  
Ní bheidh áit sna *hadmission blocks* ag mná craiceáilte na hÉireann. 27



- Os ag caint ar scéim an bhacstaí é ba sean-nós é bhí in Éirinn  
 Bhí neart de shean-im baile acu 'gus fataí mar an gcéanna  
 Ach tá bealadh anois an-chostasach 'gus ní bheadh ann ach *imagination*  
 Mar ba daor an phlaic le cangailt é 'gus gan agat ach an déirce. 31
- Ní leanfaidh ró-fhada ag seanchas, ach tógaigí uaimse an méid seo  
 Gur fhága Dev drochbhail orthu nuair a thug sé *dole* go hÉirinn  
 Mar á siúltá Conamara anois ní bhfaighfeá bean as céad ann  
 A d'fhuafadh píosa ar do chuid balcaisí ná cnaipe a chur sa léine. 35
- A Chríost nach mór an t-athrú é is gan ann ach seafóid is dícéille  
 Níl caint ar aon phioc maitheasa ann ach éirí ins na spéartha  
 Tá a gcuid béil is a gcuid máillí daite acu is ingní a gcuid méara  
 Ach gur fear é a mbeadh pus dearg air a bhainfeadh aon phóg béil díobh. 39
- Nach brocach tútach scannalach an *phast-time* í ar aon chaoi  
 Ós iondúil gur peaca marfach é más fíor don rud a léigh muid  
 Ach más olc nó maith a thaitneoidh sé le haon bhean óg in Éirinn  
 Ní bheadh mórán spéise sa mbacstaí agam a leagfaidís a méar air. 43
- Sé an tarraingt síoraí bheith ag dul go Gaillimh anois, ag an bhfear é a  
 bheadh ag tóraíocht céile  
 Óir más fada gearr a rachaidh sé níl aige ach an scéal céanna  
 B'fhéarr dhó go básta i bhfarraige nó seachtain ag tarraingt chéachta  
 Ná a bheith ceangailte le babóigín is gan inti ach *harem scarem*. 47
- Dhá ngeallfadh Dia aon mhuirín dhó ba fear é a bheadh á chéasadh  
 Bheadh bleán na bó sa ngarraí air is ag iarraidh a bheith dhá bhréagadh  
 Bheadh ocras agus anó air is cérbh ionadh dhó a bheith spréachta  
 Is an bhabóigín ag céilí Chotter, is á tabhairt timpeall ins na spéartha. 51

### 3. Amhrán an Chogaidh

- Nach fada caint is trácht ar Shir Hitléir is a dhream  
 Ar an gcreach is ar an gcrá atá sé a dhéanamh  
 Ach is gearr go dtaga an lá go n-ísleoidh sé a cheann  
 Is nach dtógfaidh sé go deo na díle é. 4
- Nach crua is nach bocht an cás a bheas le fuascailt aige ar ball  
 Agus nach deacair dósan aithrí a dhéanamh  
 Mar sé ó bun is barr leis an domhan a chur á chrá  
 ‘Gus níl maithiúnas le fáil gan é a shaothrú. 8
- Ní seachtain ná trí lá a bhí sé ag réiteach roimh an am  
 Ná ag cuimhniú ar an gcreach a bhí le déanamh  
 Ach seacht mbliana roimh an am leis an domhan a chur ar lár  
 Agus é féin a bheith ina cheann ar na tíortha. 12
- Nach mairg a bhíonn teann agus nach mbreathnaíonn roimhe in am  
 ‘Gus a liachtaí oíche is lá a bheas muid sínte  
 Buailfear é ar ball ‘gus ní éireoidh leis go brách  
 Ní bheidh triúr sa nGearmáin lena chuimhne. 16
- Ní magadh é ná bréag nach raibh Hitléir an-tréan  
 ‘Gus an slad agus an sléacht a bhí sé a dhéanamh  
 Den talamh is as an aer, faoin bhfarraige is á réir  
 Is na báid á gcur ó chéile ina bpíosáí. 20
- Bhí dódh ‘gus bruith ‘gus bádh á dhéanamh ins gach cearr  
 Ní raibh foscadh ar bith le fáil acu ná dídean  
 Tá na céadta fir is mná is iad ag caointeachán go hard  
 ‘Gus iad ag imeacht lá ar bharr na taoille. 24
- Bhí Sasana an-réidh nó go bhfuair sí féin faoi réir  
 Mar ní chinnfeadh an ball séire ar a críonnacht  
 Tá Meiriceá an-tréan is í ina seasamh lena taobh  
 Le arm is báid aeir ina mílte. 28

- An té a mhairfeas ann ar ball feicfidh siad an lá  
Go mbeidh só acu le fáil agus suaimehneas  
Beidh brat Mheiriceá go hard 'gus ní stróicfear í go brách  
Is beidh ceart is cóir le fáil ag gach Críostaí. 32
- Beidh bealach long is bád trasna tríd an snámh  
Go Sasana, go dtí an Spáinn agus *New Zealand*  
Beidh gual ag teacht anall agus é gan leathphingin cáin  
Is tobac ag fear le fáil gona phíopa. 36
- Nach crua is nach bocht an scéal a bheas ag an domhan uilig le léamh  
Go mbeidh an Ghearmáin faoi léan go cinnte  
Is go mbraithfear Hitleir i measc a mhuintir féin  
Mar Iúdás, an t-aon mhac naofa. 40

#### 4. Amhrán Gearr Ghleann Mhac Muirinn

- Tá clú agus cáil an bhaile seo i bhfad agus i ngearr  
 Le deiseacht ó le maiseacht le súgradh 'gus le greann  
 Níl cúlchaint ná drochtheanga ann, cúis scannail ná scéal cáim  
 Is nach bhfuil bocht ná nocht a chasfas ann a imeoidh as faoi chál. 4
- An té is faide a shiúil, níor leag sé súil is níor casadh air aon áit  
 Ná ar aon dream is múinte is geanúla ná atá ar an mbaile seo faoi láthair  
 Tá na céadta ag triail is ag tarraingt ann san oíche agus gach lá  
 Is gurb é carachtar fear is bean acu nach bhfaca siad a bharr. 8
- Á gcasfaí thart sa samhraidh ann tú nó amach faoi Oíche Fhéile Sin Seáin  
 Níl sólás croí ná ceol breá binn ná aoibhneas nach bhfuil ann  
 Tá ceol na mbeach i measc na sceach, na héanlaithe ar bharr na gcrann  
 An gealbhan buí, an coileach fraoigh, an chearc agus a hál. 12
- Níor chualathas fós ag sean ná óg go bhfuil a mháistir in aon áit  
 Mar tá cruthú leabhar sa bpáipéar leis le léamh ag fear a fáil  
 Tá an iascaireacht is tá an fhoghláireacht ag íseal is ag ard  
 Is an té a bhfuil galar ná míshláinte air tá leigheas acu le fáil. 16
- An té a leanfadh ceart an seanchas tá pointí i bhfad níos fearr  
 Ní bheidh aon easpa tine orthu más fuar nó fliuch an lá  
 Tá adhmaid gan aon chuntas ann, gan deireadh tús gan ceann  
 Sin agus togha na cloch mhóna, ina cruacha ar na cnocáin. 20
- Níl mórán páirt de Shasana, den Fhrainc ná den Spáinn  
 I gcuid de na hIndiacha ná Státaí Mheiriceá  
 A bhfuil iascaire ná foghlaera, fear siamsa ná fear greann,  
 A chaith tamall ar an mbaile seo nár mhaith leis tarraingt ann. 24
- Nach clú den cheann thiar d'Éirinn baile sléibhe mar an Gleann  
 Le siamsa spóirt is pléisiúr is dea-bhéasa dá bhfuil ann  
 Tá an fhilíocht is tá an scéalaíocht, is dea-thréithe ag fir is mná  
 Is á gcaiteá-sa seacht séasúr ann nach gcomhairfeá dhó naoi lá. 28
- Giorróidh mise feasta é mar níl agamsa mórán ama  
 Tá an lá ag éirí fada 'gus an oíche ag éirí gearr  
 Is é a chríochnú 'gus a dheireadh díobh a thús agus a cheann  
 Nach bhfuil sé sna chúig Chúige an té a thabharfadh as an barr. 32

## 5. The Lovely Green Valleys around Fermoye

Dear friends and old neighbours I'd like to remind you,  
That as a real sportsman I most spent my life  
But of all places I travelled the most place I fancied  
was the lovely green valleys around Fermoye. 4

From all parts of the world the birds are all singing,  
The hawk and the pheasant are high in the sky  
The lark and the thrush and the blackbirds are plenty,  
To be found in the valleys around Fermoye. 8

As for budgies and pigeons and birds I can't mention,  
You can hardly repicture all those in your life  
For they're there like the midgets in cages and benches  
In the lovely green valleys around Fermoye. 12

From the lakes and the mountains the rivers are flowing,  
The sea trout and salmon are jumping up high  
The sound of the shotgun and the fishing reels going  
Can be heard in the valleys around Fermoye. 16

The hare and the rabbit they live there in batches,  
Grouse laying and hatching during all the springtime  
As for foxes and badgers they're always there rambling  
In the lovely green valleys around Fermoye. 20

It's strictly preserved by headkeepers and bailiffs,  
And thousands of labourers are all occupied  
As for trees they are planted, and rocks are all blasted  
In the lovely green valleys around Fermoye. 24

It's high story buildings that's well regulated  
With all accommodation that can be surely supplied  
As for power stations, electric lights, water pipes flowing,  
It's nothing but glory around Fermoye. 28

From England and Scotland and Europe all over,  
They're crossing the ocean to enjoy their spare time  
For there's welcome and friendship for bigshots and locals,  
By servants and chauffeurs around Fermoye. 32

It's surrounded by mountains and green woods all over,  
 Where all things are growing that's good for mankind  
 As for fruit on the branches can always be handled  
 In the lovely green valleys around Fermoye. 36

I'm sorry to tell you my good days are over,  
 Though in my youthful motion I can't realise.  
 A place more I'd rather to ramble or wander  
 Than the lovely green valleys around Fermoye. 40

It's a credit to Connaught and to its goodhearted owner,  
 That's very well-known through the whole British Isles  
 As a rich man, a good man, for the public all over,  
 May God spare and restore him for the rest of his life. 44

I can't continue much longer the cocks are all crowing,  
 The white heather growing and flowers blooming high,  
 As for woodbines and lilies, primroses and dandrums,  
 Grow lovely and handsome around Fermoye. 48

I might as well finish for I'll shortly be going,  
 I have travelled all over through Erin's green isle,  
 But of all birds and pheasants it was cheerful and pleasant,  
 In the lovely green valleys around Fermoye. 52

It was wealthy and healthy with fresh air all over,  
 As for bedding and clothing are all in full style,  
 All needed or wanted there is nothing like shortage,  
 In the lovely green valleys around Fermoye. 56

The pears and the apples, the grapes and bananas,  
 Spuds, turnips and cabbage grow all in that soil,  
 As for plenty grand honey can be got without money  
 In the lovely green valleys around Fermoye. 60

Goodbye to the mountains and long rivers flowing,  
 To all friends I had known and am leaving behind,  
 As we will hardly again wander in a place far more grander,  
 Than the lovely green valleys around Fermoye. 64

Goodbye to the Twelve Pins and high Beanna Beola  
To the sheep and the goats, and their sloping green soil  
In a far foreign land and I stretched on my sofa  
I think I see them all over around Fermoye.

68

## 6. Amhrán Thomáis Mhaidhc Bhill

All ye friends and neighbours, be seated if you may,  
 Listen to those few sad lines, I won't you long delay  
 It's of a handsome young handyman, a sad and sorrowful tale  
 That was burned in a fish factory on the banks of Casla Bay. 4

What a terrible shock his parents got when this horrible news reached home  
 That he was sent to Galway hospital and burnt to the bone  
 You can't relate or even translate their misery and woe  
 For they were not inclined to see their friend alive forever more. 8

What an awful mistake that they didn't take care  
 Or look after this dangerous plot  
 When the accident came they were late for the game  
 Which was sure to be a treacherous loss. 12

This uncovered tank was a disastrous trap  
 That can destroy human beings and rats  
 But it's easily seen they were a careless old team  
 Or a neglecting bad managing staff. 16

No man can express only Jesus himself  
 All the suffering that young man went through  
 But if there's land overhead, he had it surely deserved  
 And joy in his soul will aloom. 20

To ease his all suffering they surely defied  
 And done all in their power to spare his young life  
 But in spite of all treatment or medical care  
 Like the leaves on the trees he had faded away. 24

On the day of his funeral there was a wonderful crowd  
 The largest ever to be seen that had marched through the town  
 They marched to his grave and lay him down to rest  
 Then from eyes tears were falling and prayers they were said  
 But if it's true what we learned there's no reason to dread. 29



To shorten those verses although they are sad  
As for weeping or mourning it's only a cod  
Even God gave him mercy, it's no wonder at all  
For our Lord hardly suffered much more for us all. 33

From the days of our childhood, though we imagine it long  
We hardly ever remember or pass no remark  
Our life is just passing like waters do flow  
When from death comes the warning, then off we will go. 37

This young man was loved by his neighbours around  
As for work or hard labour he can true stand his ground  
But when this accident happened it was dreadful and sad  
When his body was burned in an old boiling tank. 41

In inventing this factory was only a cod  
For all they are producing can make no advance  
All those they invented in the times that have passed  
In west Connemara are all gone to the dogs. 45

## 7. Amhrán an *Mhajor*

- Tráthnóinín Dé Sathairn is é ag ceobhránach báistí  
 ‘Gus muid go sásta ag balla an tí nua  
 Ag ól leathphionta is cnaigín, bhí buidéal is cárta ann  
 Bhí airgead bán ann is pingineachaí rua. 4
- Bhí muintir na mbailte ann thar timpeall na háite  
 Tír an Fhia ‘s an Máimín, ‘s an Cladach ó dheas  
 Bhí Doirne Né Casla ann, an Tuairín ‘s Doirefhearta  
 Bhí muintir an tSrutháin ann, *captain* na leids. 8
- Ach nuair a chruinnigh na hasail, agus bhíodar ag grágaíl  
 Go mba ghearr leis an ‘*Town Hall*’ é, atá ar *sidewalk New York*  
 Bhí fuisce go fairsing ann, fíon, brandaí is pórtar  
*Cider* á dhoirteadh ann is neart *lemon squash*. 12
- Bhí Kate ina léine ann, is Pat as a chéile ann  
 Ag cur *rashers* ag pléascadh is ag *hoppáil* den *phan*. 14
- Bhí cácaí *wholemeal* ann, bhí *peeláil* á réir ann  
 Bhí an ciotal is an *teapot* líonta go barr  
 Bhí mil na mbeach fairsing ann, *jam* sméara is sú craobh ann  
 Is an *marmalade* réitithe le cur ar an arán. 18
- As sin go ceann tamaill bhí an *Major* go sásta  
 Le chuile phléaráca dhá raibh ag dul thart  
 Nuair a d’airigh sé O’Connor ag teacht ar a shála  
 Bhí an *rifle* i lámh leis is an *bailiff* ar *top*. 22
- Fuair an *Major* an fheadóg agus thosaigh sé ag séideadh  
 Is ní i bhfad go raibh na céadta fear cruinnithe ar an sráid  
 Ach Arm *Khing Edward* agus an *Free State* in éineacht  
 Nach scaipeadh sé an méid sin go raibh sé ina lá. 26

## 8. Amhrán Molta an Óstóra

(...)

Níl sí stuacach gruamach feargach mar a bhíonn go leor atá ag díol dí  
Ach nach raibh tinneas ná míshláinte uirthi, más fada gearr a mhairfidh sí,  
Is iomaí fear a déarfaidh paidir di an lá a rachaidh sí sa chré. 4

Is clú do Chonamara í, ‘gus is fada é sin ag teastáil uaidh  
Tá sé tugtha síos ag strainséirí atá ag taisteal thart sa tslí  
I Sasana ná in Albain ná in áit ar bith dhá ndeachadar  
Nach bhfuil máistir Theach Uí Fhlaithearta in aon chearn de na seacht ríocht. 8

Tá sin go de shliocht ‘gus smais orthu, is a bhfuil thar timpeall thart uirthi  
Níor chuir sé cois thar farraige an té a chaith seachtain ann nó mí  
Nach raibh buaireamh air ag scaradh leis, níorbh ionadh mór ar bhealach é  
Mura mbeadh déidín tite ceart aige chuirfeadh sé fad mór ar a shaol. 12

Á gcasfá thart sa samhradh ann bheadh ionadh shúl cheart agat ann  
Chomh fada is a ligfeadh d’amharc tú, na línte ar gach taobh  
Le busanna, le veaineanna, le leoraithe is le carrannaí  
Ach chomh fada gus tá amhras agam ní imeoidh fear gan braon. 16

Mar tá sin is togha lucht freastail ann nach bhfuil ag *blatheráil* ná ag *chattáil* ann  
Ach ag líonadh piontaí is leathghallúin is ag cur maoil orthu faoi chúir  
Ach leis an scéal a dhéanamh gairid daoibh is gearrfaidh mise an aicearra  
Dá mba pórtar í Abhainn Chasla ‘gus go dtriomóidís a tóin. 20

An dream is tábhachtaí ar fad acu ó d’éirigh liom i ndearmad  
Tá na céadta fear ag tarraingt ann ó thús Earraigh go Féile Michíl,  
Dream portaigh móna is feamainne... 23

## 9. An Ógbhean Álainn a bhí i gCnoic Mhám Aodha

Tráthnóinín sa samhradh is mé ag siúl na ngleannta Bhí an ghrian go hard ag teannadh síos Bhí na héanlaithe ag sionnúint agus ag ceol in ard réim 'Gus an chuach go hálainn ar bharr gach craobh.	4
Ar chasadh abhaile dhom, trom tuirseach tarraingthe Rinne mé stánadh agus shuigh mé síos Nuair a dhearc mé chugam í an ógbhean álainn Agus a cúilín fáinneach thar a básta síos.	8
Bhain sí geit asam agus ní gan ábhar Mar go mba aisteach an áit é ag bean mar í Ach ar bhreathnú tharam dhom le hiontú láimhe Bhí an ógbhean álainn le m'ais ina suí.	12
Bhí dhá shúil ghlasa inti chomh cruinn le hairne Agus na deora cráite uathu síos Is a grua ba deirge í ná an rós sa ngairdín Ach an té a mbeadh sí i ngrá leis go mb'fhada a shaol.	16
Ní bheadh pian ná tinneas air, briseadh ailt ná bearna Fiabhras cnámha ná tinneas cinn Go mb'olc í a shláinte nó b'fhada an bás uaidh Ach é a bheith páirteach leis an gcailín fian.	20
Dá mba mhó do pheacaí ná leath Chruach Phádraig Go mba mheasa an cás é ná an té a bhraith Críost Bheifeá ag súil le maithiúnas agus seal i bparthas Ach an ógbhean álainn a bheith romhat sa tslí.	24
Shiúil mise Sasana agus páirt den Státa An Fhrainc is Páras agus ar m'ais arís Ach níor casadh cailín liom ba mhúinte mánla Ná an ógbhean álainn a bhí i gCnoic Mhám Aodha.	28

Leis sin go mairfidh mé ‘gus níor ligeas ar cairde é  
 Is d’iarras láimhín ar an gcailín fian  
 Is é an chaint a chaith sí liom, ‘Tá romhat céad fáilte  
 Ach más tú atá i ndán dom is mór do shlí’ 32

Anois ná raibh m’aiféala a chúilín fáinneach  
 Murar tú atá i ndán dom is gearr mo shaol  
 Is mura dtaga tú abhaile liom roimh an am seo amárach  
 ‘Sí mo leaba an bhraillín go domhain sa gcré. 36

Dá mbeadh fios na faile agat níor mhaith leat trácht air  
 Níor mhó Cruach Phádraig ná mo bhriseadh croí  
 Ach gurb é mo gheallúint duit nach baol aon bhás duit  
 Má thógann tú lámh liom i gCnoic Mhám Aodha. 40

Iníon banríon mé as Oileán Bhál Bé  
 Bhí mo thriall thar sáile agus d’ardaigh gaoth  
 Buaileadh chun cladaigh mé gus briseadh an báidín  
 ‘Sé d’fhág an fán orm agus a bhris mo chroí. 44

Bhuaíl ceo ‘gus mearbhall mé agus aistíl ghránna  
 I measc cnoic is gleannta faoi chóir na hoíche  
 Gan fear a bhainfeadh liom a thógfadh lámh liom  
 Ach a mhic na páirte is tú fuil mo chroí. 48

Sé an rud is measa orm a chúilín fáinneach  
 Nach bhfuil ar m’fháltas aon chuid ná maoin  
 Nach bhfuil mo dhiaidh ag baile ach an tseanbhean smáilín  
 Atá le ráithe ar an leaba tinn. 52

Beidh ór is airgead agus maoin le fáil agat  
 Is ní bheidh ort lá ganntanas go dté tú i gcré  
 Is ní bheidh lá anró ort go lá na braillín  
 Dá mbeifeá i mBál Bé, le m’ais i do shuí. 56

Sí an tír is deise í dá bhfuil faoin bpláinéad  
 Le clú agus cáilíocht ar óg is ar aois  
 Is á gcaithfeá tamall ann ní iarrfá é a fhágáil  
 Go mba mhór é d’áthas nó ba dubh do chroí. 60

- Níl ceo dá dteastóidh uait nach mbeidh le fáil ann  
 Le bia agus anlann agus ór an tsaoil  
 Is go bhfuil mil na ndilliúr ann le n-ól ina cása  
 ‘Gus ceol na cláirsí de ló is d’oíche. 64
- Tá leigheas gach tinneas ann dá bhféadfá trácht air  
 Le sú gach gráinne dá dtéann i gcré  
 Tá fás eorna is cruithneacht ann is coirce gallda  
 Cá bhfaighfeá máistir, ó togha an phoitín. 68
- Is maith do gheallúint dhom a chúilín fáinneach  
 Ach a Rí na nGrásta nach bocht an ní  
 Nach bhfuil ionam ach sclábhaí bocht atá i ngreim sa láí  
 Ó ghealas an lá nó go ndubhaí an oíche. 72
- Beidh sin abhaile leat cóistí álainn  
 Acra bána chomh luath le gaoth  
 Longa farraige atá i gcónaí ag tráchtáil  
 ‘Gus an ógbhean álainn a bhí i gCnoic Mhám Aodha. 76
- Sé sin mo gheallúint dhuit a mhic na páirte  
 ‘Gus a bhfuil ar m’fháltas go dtí fuil mo chroí  
 Beidh bainis seachtaine againn, beidh brandaí is grátain  
 Gus tinte cnámha ag dódh gan scíth. 80

## 10. Glenicmurrin Townland

In a lonesome townland in the west of Galway  
I was bred and born in the month of June  
And as a farmer's son I'm working always  
From break of dawn until dark at noon. 4

My only objection is that my land is awkward  
For rocks are awful that can be hardly moved  
And no matter how you work in Spring or Autumn  
The spade or 'spáid' are your only tool. 8

The sights for mowing and the hoop for reaping  
Are the only weapons that can be produced  
But while grass is growing or water flowing  
A plough or more can be hardly used. 12

Though we grow the best of spuds, oats, wheat and barley  
Plenty of cabbage and carrots too  
Or the most enjoying stuff from here to Norway  
We have it always our mountain dew. 16

We are all surrounded by lovely mountains  
Lakes and rivers and valleys green  
And those travelling Ireland and the British Islands  
A place more nicer have never seen. 20

There's no doubt about it but it's always crowded  
With plenty of tourists from across the sea  
For there's fishing, shooting and sometimes boozing  
But the only curer is our own poitín. 24

The times are passing like sea waves splashing  
With singing, dancing and gambling too  
And there is more rejoicing when the sun is rising  
From the foreign islands is our blight cuckoo. 28

Promoted, greeted by many people  
 And our summer feelings are back once more  
 And around the green fields the lambs are bleating  
 And the goat kids screaming in the woods below. 32

From South Australia our friends are sailing  
 From Pennsylvania and the Isle of Mann  
 For from angling, shooting they're all recruiting  
 For they can't find in Europe a better stand. 36

The trout and salmon in lakes and rivers  
 Are just as plenty as the flies in June  
 And as for game in mountains they are there in thousands  
 So for sporting tourists there is no excuse. 40

They can enjoy their holiday until the last of autumn  
 Without thunderstorm on lake or land  
 And they have obliging servants who obey their orders  
 Liker their fathers had taught them in this townland. 44

Glenicmurrin townland is the name we call it  
 Long miles from Galway near Casla Bay  
 Where for many a foreigner from here to Norway  
 Had spent happy autumns in olden days. 48

It has the loveliest scenery in the West of Ireland  
 With the Aran Islands in Galway Bay  
 And the big ships crossing the Atlantic Ocean  
 On their voyage all over from America. 52

The Connemara Twelve Pins and high Beanna Beola  
 With the sheep and goats on their sloping soil  
 And its' lovely green buds where all things are growing  
 That's good and wholesome for all mankind. 56

To shorten verses without fun or joking  
 Or either boasting as you understand  
 There isn't a place more healthier for foreign tourists  
 Than the lovely mountains of our townland. 60



## 11. Amhrán an Dole

- Tráthnóna deireanach Dé Luain is é ag báisteach  
Is mé ag teacht anall ag an Talamh Óir  
A d'airigh mé an caointeachán agus an tsíonaíl chráite  
A bhí idir an Sruthán agus Gleann na Bó. 4
- Sheas mé tamall go ndéanfainn éisteacht  
Go bhfaighinn-se léargas go cé raibh an gleo  
Nuair a d'airigh mé an torann a bhí ag na maidí géara  
Agus an fhuil ag phléascadh go poll a mbróg. 8
- A Dhia is a Mhuire nach bocht an scéal é  
Le léamh in Éirinn ná sa nGaeltacht mhór  
Dá chréatúr shalacha gan ciall gan réasún  
Ag marú a chéile ann mar gheall ar *dole*. 12
- Mura socróidh an sagart é nó Mr. Grady  
Ní bheidh ann ach réabadh luath agus mall  
Mar tá trioblóid talún ann nach féidir a réiteach  
Nó go leagtar téip air agus go ndéantar fál. 16
- Tá Mike ag íocaíocht air agus Pat á shéanadh  
Nó tá an páipéar bréagach a bhfuil sé ann  
Ach go bhfuil a fhios ag Muire is ag an t-aon mhac naofa  
Nach baile Críostúil a bhfuil siad ann. 20
- Tháinig Mike abhaile 'gus é millte stróicthe  
Agus an fhuil chomh reoite air is a bheadh tarra ar bhád  
Ach gurb é mo bharúil-sa roimh thús an fhómhair  
Go mbeidh a leaba cóirithe i gcónra chláir. 24
- Dia dhá réiteach nach bocht an scéal é  
Ar thamhnach shléibhe ná ar thalamh bán  
Nach fiú dhá phingin é idir sliabh is mínleach  
Go gcailltear na caoirigh ann leis an ngalar cam. 28

- Níl fraoch ná cíb ann, níl féar ná tuí ann  
Níl foscadh dídean ann ag lao ná bó  
Is go gcaillfí an naoscach ann ar fhad an gheimhridh  
Mar ní scalann an ghrian ann ach uair nó dhó. 32
- A Mhuire dhílis nach deacair scríobh air  
A liachtaí díobháil atá sa *dole*  
An greimín salach sin atá ag dul timpeall  
Agus an madra caorach nach gcoinneodh beo. 36
- Tá troid is achrann ann agus marú daoine  
Is an peaca á dhéanamh ann ag sean is óg  
Ach más fíor don tseanchas is don Bhíobla Naofa  
Parthas aoibhinn ní bhfaighidh go deo. 40

## 12. The Rocks of Knockadoe

Now all ye friends and neighbours, I mean to let you know  
 Of a champion bike that's raffled tonight on the Rocks of Knockadoe  
 It's tied up tight with strong twines, copper wires and rope  
 Brakes and tyres and every tie that ever was composed. 4

They're gathering from the seashore side and from the county all around  
 From Athenry to Clifden's Point, from Galway to Mayo  
 They'll march in troops like common fools, or wild ducks on a shore  
 They'll dance half sets and play like hell on the Rocks of Knockadoe. 8

It was advertised in the Champion and in the Daily Mail  
 That the dance it would occur at 8pm, and end in the break of day  
 Which were preserved by high big swell and managers on the dole  
 So you'll sure enjoy St. Patrick's night on the Rocks of Knockadoe. 12

This bike was manufactured in the year of 1924  
 And was notified by its solid tyres and brakes that never broke  
 It travelled miles both day and night but never missed its course  
 And was transferred from County Cavan to the Rocks of Knockadoe. 16

As far as I consider and everybody knows,  
 Oh the dance is nearly over and fighting they will go  
 They need no guns or rifles but use the granite stone  
 And you could hear the cracks like penny shots on the Rocks of Knockadoe. 20

To finish this recitation and bring it to a close  
 You may travel miles both day or night but no matter where you go  
 In all your life you never enjoyed a better night before  
 But cries and cheers of mountaineers on the rocks of Knockadoe. 24

**13. The Publican**

I'll tell you now between a woman and a man  
 She told him very plainly how times were rolling on  
 Some have gold and silver as many notes and pence  
 And more people in this world to us have got but little sense. 4

When you go to the market Pat to sell your oats and tea  
 It's there you'll meet your comrades and get drunk upon the way  
 The public man will welcome you when he knows you have the pence  
 So that's the drunken people who have got but little sense. 8

The public man keeps sober saying Pat I will tend to you all  
 But if you dare to start a row and the policeman I will call  
 They'll throw you on your head and to the barracks you will go  
 And you'll be shivering until morning in that dirty cold black hole. 12

You then are sure to get a summons to appear the next court day  
 Were you drunk or disorderly the magistrate will say  
 According to the evidence that's given by the crowd  
 You may be fined ten shillings or otherwise a pound. 16

Now this money goes to lodge, you must pay or go to jail  
 Would be better to buy a bag of flour or a bag of engine maid  
 To support your little family in times are rolling on  
 Or a piece of Irish bacon and to fry it on the pan. 20

The women now sir Jack, the men are going to rule  
 So that's a lesson I never learned when I was going to school  
 I can take a pint of porter whenever I feel dry  
 And those who have money in the bank as well as me must die. 24

You can take a pint of porter like a man and have your chair  
 With two or three in company I think that would be fair  
 But when you are drunk you are fighting and breaking all the delph  
 You're making a rich man of the publican and a poor man of yourself. 28

#### 14. Martin's Old Rock

(...)

I'll sing you a few verses that may give you a shock  
It's about this grand building that's built on the bog  
A few yards from the roadside near Martin's Old Rock 4

Those new starting builders they began in June  
Without even much hammers either crowbars or tools  
But still kept on working and continued their job  
And now it's completed near Martin's Old Rock. 8

There are only two locals that worked on the bog  
They had no place to shelter from hailstones or frost  
But instead of a shelter or building a camp  
They can now advertise it a hotel and bar. 12

It's a wonderful building that's reinforced on top  
It's roofed with real bog oak and strong iron bars  
It's underground chimneys a quarter mile long  
That the smoke can be seen from here to Hong Kong. 16

From the Connemara Islands, from Galway to Maam  
From lower down Casla to high Oughterard  
They're passing in thousands by daylight and dark  
But whenever they enter there is always response. 20

In the long days of summer when work is at hand  
As for drink in Old Martin's there is always demand  
If you travelled all of Ireland from the South to the North  
There is no place for business like Martin's Old Rock. 24

It's reported by travellers that's coming along  
That in the whole British Islands they can't come across  
A hotel or mansion, a pub or a bar  
Compared to our favourite near Martin's Old Rock. 28

To shorten those verses as you all understand  
I am now very busy and drink is at hand  
But if you are tiresome or thirsty or feel anyway slack  
Have a drink in our Martin's and you'll soon be a man. 32

## 15. Sweet Kathleen

(...)

Ní dheachaigh cailín thar sáile in aon bhád ar bharr maidhm  
Ná ar *sidewalk South Boston* ní shiúlfaidh go brách ann,  
Aon chailín chomh hálainn le *Sweet Kathleen*. 4

Tá blas na mil is na meala ar an mbia a ngabhfaidh do láimh ann  
Beidh sonas ar an Áras ina socróidh tú síos  
Is an té a gcóireoidh tú an leaba dhó ní baolach aon bhás dhó  
Nuair a thógfaidh tú *walk* leis amach sna Státaí. 8

Ach anois ná déan dearmad ní i bhfad uainn an lá cairde  
Tá an ghrian ag dul ag ardú gus tá na sleánta ag dul síos  
Tá portaigh breá fada le gróigeadh ag Aill Mhártain  
Ach cuimhnigh ar an *saucepan* le go bhfiuchfaidh muid braon. 12

Beidh tine bhreá fadaithe lasta agamsa sa mbráicín  
Cácaí sna málaí agus tae lena dtaobh  
Is beidh an lá fuilleach fada agat mar más fíor mar atá ráite  
Ní bheidh sí ag fágáil Aill Mhártain go dtí ceathrú chun a naoi. 16

Nach maith go do shláinte é theacht ar ais ar do nádúr  
Is a liachtaí fóidín a chuir tú in airde ann i dtosach do shaoil  
Is nach deise go fada é ná thall ins na Státaí  
Go do phlúchadh ag deannach sráide 'gus ag slogadh deataigh. 20

## 16. Amhrán an Phríosúin

- Anois a chomharsana, agus a dhaoine muinteartha  
 Is minic a thagann sé i m'intinn le hachar gearr  
 Gur chaith mé tamall nó seal i bpríosún  
 San áit ar shíl mé nach ngabhainn go brách. 4
- Ní mba cúis le mailís ná le gadaíocht cinnte í,  
 Ach ba gnás le daoine é bheith riamh san áit  
 A bheith ag ól béaláiste margaidh i dteach an tsíbín  
 Mar ba é an mí-ádh cinnte a chas muid ann. 8
- Bhí comhluadar deas againn ann ag ól a mbraoinín  
 Ní raibh troid ná bruíon ann ach súgradh is greann  
 Ach níor hairíodh an anachain go dtáinig na *peelers*  
 Agus a bpardún cinnte ní raibh le fáil. 12
- Bhí cartadh is tóraíocht ann is gach áit thar timpeall  
 Ard is íseal, ar sheilf is ar chlár  
 Ach bhí leathphionta poitín agam, i bpóca mo bhríste  
 Is ba í leac an tinteáin a shú a raibh ann. 16
- Bhuail scanradh is faitíos mé ní nárbh ionadh  
 ,Gus rinne mé smaoineamh ar an mbeart ab fhearr  
 Ach rinne mé *splinters* dhe a bhuail na taobháin  
 Chroith sé *peelers* agus scanraigh a lán. 20
- Rug fear is beirt orm go mo thógáil cinnte  
 Agus a Mhuire dhílis, nach mba crua mo chás  
 Ach ar chasadh mo lámha dhóibh, lena dtabhairt thar timpeall  
 Sea d'ardaigh m'intinn is chuaigh an bheirt ar lár. 24
- As an matal crochta ab fhearr liom cinnte  
 Nó bheith ag dul go Maoghras i gcónra chláir  
 Ná mé a thabhairt ag beairic idir lámha *peelers*  
 Mo mhuintir taobh liom, is nár bhocht an cás. 28

- Ach dhá mbeadh breith ar m'aiféala agam, bheadh *murder* cinnte ann  
 An buidéal a bheith i ngreim agam istigh i mo lámh  
 Is má bhí *peeler* sa mbeairic a bhainfeadh díom é  
 Is i dteach an tsíbín a bheadh fód a bháis. 32
- Ach thug Dia agus Muire dom nach dtáinig sé i m'intinn  
 Mar faoi bholtaí cinnte a bheinn go lá mo bháis  
 Is mo mhuintir ag baile bheith ag gol is ag caoineadh  
 Mar fear le mé a shaoradh ní raibh le fáil. 36
- Murach an chailleach mhallaithe bhí mise saortha  
 Thug m'ainm síos dhóibh is gan fios cén fáth  
 Ach mar a dúirt an seanfhocal, 'gus is deacair cinnte air  
 Ní thagann caonach ar theanga mná. 40
- Chuaigh trí mhí mhór fhada orm istigh sa bpríosún  
 Is dhá mbeadh sé tuillte agam bheadh rud le rá  
 Ach braoinín dhriadalach a tógadh as gríosach  
 Is nach mba brocach an braon é i gcúirt le taispeáint. 44
- Ní hé sin a mharaigh mé, ná a ghoill ar m'intinn  
 Ach an té nár thuill é, 'gus nach raibh aige ann lámh  
 An seanfhear cráite bocht á chur isteach sa bpríosún  
 Ag caitheamh trí mhí ann ag ól bracháin. 48
- Nach bhfuil a fhios ag Muire agus ag an t-aon Mhac Naofa  
 Gurbh é an fear a dhaor é a rinne an feall  
 Ach más fíor don tseanchas go bhfuil ifreann cinnte ann  
 Ní bheidh fear sna tinte mura mbeidh sé ann. 52



## 17. Amhrán na Móna

- Tá scéal le n-aithris agam a ba mhaith liom a dhúiseacht  
 Mar ní rud le plúchadh é abhus ná thall  
 Go bhfuil an tír seo creachta ag Scéim na Móna  
 Agus dath na dúigh ar an mbáinín bán. 4
- Tá lucht na gcladaí ann thar timpeall Úraid  
 Aniar ón Uaimín agus isteach ón Mám  
 I gcriathraigh dearglaíoch go dtí na súile  
 Is gan fear a dtrua ach Rí na nGrásta. 8
- Tá díol na beatha acu a dtugtar ainm plúr air  
 Is é measctha suas as gach uile ghráin  
 Is nach mairfeadh na luchain air ná madra ar fónamh  
 Mar ba mhaith an cúnamh dhó iad a chur chun báis. 12
- Tá na portaigh tomhaiste dóibh le téip nó *ruler*  
 Mar a thomhaisfeá cónra, nó cíle báid  
 Agus Donald Sullivan, is ba fear ar fónamh é,  
 Thrí fhód den mhóin sin nach gcuirfeadh sleán. 16
- Tá an fear is an gasúr ann mar a bheadh múille  
 Aníos go dtína nglúine go domhain i láib  
 Is nach maithfí ceathrú dhóibh ná uair tráthnóna  
 Ach an nóiméad comhartha má bhíonn siad mall. 20
- Tá fuacht is fliuchán ann, is ní maith é i gcónaí  
 Níl foscadh ar mhúr ann, cnoc ná gleann  
 Ach beidh tinneas is aicíd ann, is ní leigheasfaidh i gcumhacht é,  
 Is a Mhuire dhúchais nach bocht an cás. 24
- Beidh *rates* is *taxes* ann is ní íocfaidh i gcumhacht iad  
 Ní íocfaidh an mhóin iad, ná fear an tsleáin  
 Mar níl teas ná maith inti, dhá bhféadfá a chomhaireamh  
 Is nach olc an tinteán í i gContae an Chláir. 28

- Nach aisteach an obair í scéim na móna  
Ach dá mbeadh móin ann bheadh rud le rá  
Ach is gearr le cadás í nó olann fómhair  
Nó carnán clúmhaigh a d'éireodh ard. 32
- Fiche leoraí dhi agus é a bheith in éineacht  
Is nach bocht an scéal é ag fear le rá  
Nach mbainfeá tine aisti, dhá mbeifeá ag séalú  
A bhfuil in Éirinn den spairteach bhán. 36
- Mura bhfóire Muire orthu, is Mac Rí an Domhnaigh  
Agus beagán cúnaimh a fháil ó Mheiriceá  
Beidh gorta is anó againn roimhe thús an fhómhair  
Is beidh Éirinn dhúchais ar fad le fán. 40
- Ní bheidh plúr ná fataí ann, tae ná siúcra  
Ach ruidín tútach nach bhfuil abhus ná thall  
Ná sláinte an tseanduine, an tobac sa dúidín  
Is go dtí fiú is an t-unsá, ní bheidh le fáil. 44

## 18. Anna Bheag Bhán Dheas

- Is dá siúltá-sa Gaillimh agus Droichead an Chláirín  
Ó Bhéal na Trá Báine go Mullach na Cruach  
Níl cailín chomh geanúil chomh múinte chomh mánla  
Le Anna Bheag Bhán dheas atá ar thaobh Chnoc Aduaidh. 4
- A cúilín donn casta atá ag dul síos thar a básta  
Nach bhfuil rós in sa ngairdín is áille ná a grua  
'S go mba áirid í a sláinte nó ba gairid an bás uaidh  
An té a scaradh a grá leis ar thaobh Chnoc Aduaidh. 8
- A dá súilín glasa atá chomh cruinn leis an airne  
Nach raibh tada níos áille i gceann ainnir na gcuach  
Is an té a dtabharfaidh sí gean dó ní baolach aon bhás dó  
Nuair a thógfaidh sí *walk* leis ar thaobh Chnoc Aduaidh. 12
- A samhail de chailín níl tógtha faoin bpláinéid  
In Éirinn ná in Árann, ó dheas ná ó thuaidh  
Le deiseacht, le maiseacht le clú agus le cáilíocht  
Níl a mhalraid le rá léi ar thaobh Chnoc Aduaidh. 16
- Níl comharsan ar na bailte, bean, leanbh ná páiste  
Nach ann atá a gceann stáisiúin ó mhaidin go nóin  
Mar tá muintearas, carthanas agus rompu céad fáilte  
Ag Anna bheag bhán dheas atá ar thaobh Chnoc Aduaidh. 20
- Nuair a fhágfaidh sí an baile beidh mo bheannacht go brách léi  
Beidh mo chúig mhíle slán léi nó go dtéigh mé san uaigh  
Ach a Mhic Dé agus a Mhic Dara nach buartha is nach cráite  
Is nach uaigneach a bheas a háras le theacht ann ar cuairt. 24
- Nach iomaí tráthnóinín deas samhradh a tháinig mé trasna na ngleannta  
Agus anall tríd an áthín ag an *hallín* ó thuaidh  
Ach céad faraor crua deacrach ní i bhfad uainn an lá cairde  
Go mbeidh na mílte toinn bháite ag dul idir mé agus tú. 28

- Nuair a chastaí isteach mé bhí do bhéilín ag gáire  
 Agus a Rí gheal na ngrásta nárbh álainn do shnua  
 Nuair a labhraínn ar an mbaile, ‘muise, fan go dtí ar ball beag,  
 Beidh Deaide ‘gus an cairrín sa mbaile ag a cúig.’ 32
- Bhí an tae-pot á ghlanadh agat, an cupán agus an *saucer*  
 Bhí im ar an bpláta agus cácaí ina gcruach  
 Ach ní bheidh ocras ná anó ar fhear bealaigh ná ceardaí  
 A chasfar ar d’áras ar thaobh Chnoc Aduaidh. 36
- Nuair a bheas mise sa talamh agus lobbfaidh mo chnámha  
 Beidh tú mílte thar sáile ar thalamh chois cuain  
 Beidh na véarsaí seo scríofa dhá gcleachtadh ag na páistí  
 Cois teallaigh do chairde ar thaobh Chnoc Aduaidh. 40
- Ní leanfad rófhada é ach is ríbhocht an cás é  
 Beidh an abhainn ag dul le fána agus an easín ag srúill  
 Ach ní bheidh an bradán ná an breac geal ag snámh le mo shála  
 Ná Anna Bheag Bhán dheas le fáilte a chur romham. 44
- An fhad agus a bheas nead ag an bhfáinleog ná an fiach dubh ag grágaíl  
 Crann úlla sa ngairdín ná an eala ar an gcuan  
 An fhad ‘s a bheas mil ag na mbeachain le bailiú sa bhfásach  
 Beidh cuimhne go brách ort ar thaobh Chnoc Aduaidh. 48
- Is cuma cleamhnas ná bainis é, ceol ná pléaráca  
 Os iondúil gur gnás é a mhairfeas go buan  
 Beidh muintir na mbailte ar fad i ngreim lámha  
 A gabháil Anna Bheag Bhán dheas a bhí ar thaobh Chnoc Aduaidh. 52



## Samplaí den Fhrith-Sheimíteachas in Irisí Éireannacha / Gaelacha sa chéad leath den 20ú hAois

*Dorothy Ní Uigín*

<https://doi.org/10.13025/e1st-zs71>

### Réamhrá

Ní raibh pobal mór Giúdach ag cur fúthu in Éirinn ag tús na 20ú haoise (3898 an líon Giúdach atá áirithe ar Dhaonáireamh 1901) agus don té nach raibh ag breathnú go géar ar chúrsaí polaitíochta in Éirinn, ní raibh an frith-Sheimíteachas, ar bhonn forleathan, le tabhairt faoi deara ag aon am ar leith in Éirinn sa chéad leath den 20ú haois. Maíonn Natalie Wynn, áfach, (2012: 1) ‘...one of the major weaknesses in the existing historiography of Irish Jewry, [is] the failure to consider the true extent and impact of antisemitism on Ireland’s Jewish community’, agus áitíonn sí nach raibh an pobal beag Giúdach anseo saor ar fad ón ngéarleanúint a bhí le tabhairt faoi deara go soiléir ar Mhór-Roinn na hEorpa sa tréimhse seo. Míníonn Gerald Moore (1984: 1):

*It would of course, be an exaggeration to suggest that Anti-Semitism was as rampant in Ireland as in Europe. At the same time it emerged often enough to suggest that, if the Jewish population was to expand to any serious degree, the level of anti-Semitism would correspondingly increase as it in fact did in the late 19<sup>th</sup> and early 20<sup>th</sup> centuries.*

San alt seo, breathnaítear ar dhá iris ar leith a foilsíodh sa chéad leath den aois seo caite – *Aontas Gaedheal agus Aiséiríge/Aiséirí* – agus ceistítear an léargas iad na samplaí seo ar an bhfrith-Sheimíteachas ar bhonn forleathan in Éirinn, nó an mionsamplaí iad de thuairimí agus de dhearchthaí a rug greim ar shamhlaíocht daoine ar bhonn i bhfad ní b’fhorleithne i dtíortha Mhór-Roinn na hEorpa sa chéad leath den 20ú haois?

### **Cúlra: Art Ó Gríofa agus D.P. Moran**

Tugann Terry Eagleton (1995: 291) ‘...monarchical anti-Semite,’ ar Art Ó Gríofa, ‘...a Birmarckian and anti-Dreyfusard, an anti-socialist chauvinist loyal to the cause of British imperialism...’, agus dar le Keogh & McCarthy (2005: 20):

*...the founder of the Sinn Féin movement, Arthur Griffith...allowed anti-Semitic views to be published in his newspaper, the United Irishman. In late 1899 Griffith wrote in the United Irishman: ‘I have in former years often declared that the Three Evil Influences of the century were the Pirate, the Freemason, and the Jew’...*

Is léir an íoróin sa mhéid seo i bhfianaise gur ainmníodh an *United Irishman* i ndiaidh ghluaiseacht Wolfe Tone, gluaiseacht a thacaigh le coincheap an aontais agus an chomhoibríthe idir Éireannaigh den uile chreideamh. Sa bhliain 1904, mar shampla eile den fhrith-Sheimíteachas, thacaigh an *United Irishman* leis an mbaghchat ar Ghiúdaigh a tharla i Luimneach (féach: Keogh, D. & McCarthy, A., (2005) *Limerick Boycott 1904: Anti-Semitism in Ireland*), agus maíonn Gerald Moore (1984: 78):

*...if anti-Semitism was to be found in Irish nationalism it was in Arthur Griffith’s Sinn Fein movement and in David Moran’s philosophy of Ireland (sic) Ireland. At the first convention of Sinn Fein in November 1905, Oliver St. John Gogarty told the assembled delegates that they were the victims and tools of the most disgraceful and Jewish-ridden government in the world’ (United Irishman, 9 Nollaig 1905, 5)*

I 1906, d’fhoilsigh Oliver St John Gogarty, a luadh thuas, dhá alt chiníocha in *Sinn Féin* an Ghríofaigh, a raibh an frith-Sheimíteachas le feiceáil go soiléir iontu.

Maidir le D.P. Moran, a luadh i sliocht athfhriotal Moore thuas freisin, bhí a fhealsúnacht siúd beagán eagsúil le ceann an Ghríofaigh mar gheall ar an tábhacht a leag sé ar an nGaelachas agus ar an nGaeilge ina chuid scríbhinní. Deir Moran in *The Philosophy of Irish-Ireland* (1905: 1, agus ar ndóigh foilsíodh go leor de na píosaí seo i bpáipéar an Mhóránaigh, *The Leader*, freisin):

*A characteristic way of expressing thought, a distinct language, is usually the most prominent mark of a nation. Then there will be found a native colour in arts, industries, literature, social habits, points of view, music, amusements, and so on, throughout all the phases of human activity.*

Agus níos faide anonn sa leabhar sin (1905: 26), deir sé:

*We must retrace our steps, and take as much of our inspiration as possible from our own country and its history. We must be original Irish, and not imitation English. Above all, we must re-learn our language, and become a bi-lingual people. For, the great connecting link between us and the real Ireland, which few of us know anything about, is the Gaelic tongue. A national language will differentiate us from the rest of the world, and keep us ever in mind that we are an entity of original and historic growth, not a parasite stuck on to the side of England because our own heart was too weak to keep the vital spark in us. A distinct language is the great weapon by which we can ward off undue foreign influence, and keep ourselves surrounded by a racy Irish atmosphere.*

Níl an frith-Sheimíteachas féin le feiceáil chomh soiléir céanna i scríbhinní an Mhóránaigh, ach tá roinnt tagairtí ginearálta, a bhfuil rian an chiníochais orthu le tabhairt faoi deara anseo is ansiúd ina chuid scríbhinní aige mar sin féin. In *The Philosophy of Irish-Ireland*, léiríonn sé tábhacht an Ghaeil agus an ghaelachais i saol na tíre agus i dtógáil an náisiúin; deir sé, mar shampla (1905: 36–7):

*No one wants to fall out with Davis's comprehensive idea of the Irish people as a composite race drawn from various sources, and professing any creed they like, nor would an attempt to rake up racial prejudices be tolerated by anyone. We are proud of Grattan, Flood, Tone, Emmett, and all the rest who dreamt and worked for an independent country, even though they they had no conception of an Irish nation; but it is necessary that they should be put in their place, and that place is not on the top as the only beacon lights to succeeding generations. The foundation of Ireland is the Gael, and the Gael must be the element that absorbs. On no other basis can an Irish nation be reared that would not topple over by force of the very ridicule that it would beget.*

Dar le Tom Garvin (1987: 70) ‘...the Leader expressed a fear rather than a hatred of the Jews, a fear which was derived from a clear and well-organized perception of the incompetence and vulnerability of Irish Catholics’.

Bhí cosúlachtaí ní ba láidre le feiceáil idir Ó Móráin agus Ó Gríofa maidir le cúrsaí eacnamaíochta agus geilleagair, áfach. Mar a dúirt Dónal McCartney faoi Ó Móráin (1967: 48): ‘Part of his greatest work was his relentless ‘Buy Irish campaign’, which afforded voluntary protection to Irish industry...’ agus is rud é seo ar thacaigh Ó Gríofa go láidir leis freisin.

Mar sin, bhí samplaí den fhrith-Sheimíteachas le tabhairt faoi deara in iriseoireacht náisiúnach na tíre go luath san 20ú haois, i bhfoilseacháin de chuid Airt Uí Ghríofa go háirithe. Cuireann Keogh (1998: 54) síos ar fhrith-Sheimíteachas seo Uí Ghríofa agus daoine eile sa tréimhse seo mar fhrith-Sheimíteachas *eacnamaíochta* .i.e. ní raibh aon bhunús reiligiúnda leis

an míshástacht seo, agus is tréith é seo atá láidir sa fhrith-Sheimíteachas trí chéile in Éirinn – agus ar fud na hEorpa, d’fhéadfaí a mhaíomh – sa chéad leath den fhichiú haois. Cuireann Tom Garvin (1987: 113) béim ar an ngné eacnamaíochta d’fhealsúnacht an Ghríofaigh freisin:

*Griffith... was scarcely typical of the separatists. He was not very taken by linguistic revivalism and certainly was sceptical about the idea of basing the new Ireland on rural society; he wanted an industrialized Ireland, built up behind tariff barriers... A common and perhaps accurate criticism of Griffith was that what he really wanted was not a resurgent Gaelic Ireland, but Sacsá nua darab’ ainm Éire ... or a Gaelic Manchester...*

Tá an méid seo a leanas le feiceáil sa chéad eagrán d’iris eile de chuid an Ghríofaigh, *Éire-Ireland*, páipéar laethúil a foilsíodh idir Deireadh Fómhair agus Nollaig, 1914:

‘Éire’ is teidiol don phaipéar so. Ise chialluigheann an teidiol son na gur paipear i gcoir muinntire na hÉireann e. Ni i gcoir na Sasanach na i gcoir na mBelgeach na i gcoir na bhFranncach do clobhuaileadh e ach i gcoir muinntire na hÉireann ... Is cuma linn caide an tuairim ata ag duine mar gheall ar chreideamh na mar gheall ar chursaibh poilitidheachta, ma’s fearr leis Éire na ein tir eile no impreacht eile. An te ata ar thaobh na hÉireann cabhrochaimid leis. Sin bun agus barr an sgeil. Sine ar Soisgeal. Eire ar ri agus ar mbannrioghan. Sgeimhle o Dhia ar namhaidibh na hÉireann.

Is fíorannamh a fheictear ailt Ghaeilge i bhfoilseacháin an Ghríofaigh – rud atá suntasach ann féin – agus sa cheann áirithe seo is léir a dhearcadh cosanta maidir le forbairt na tíre, cé go bhfuil sé suntasach go bhfuil cúrsaí creidimh luaite anseo chomh maith. Is léiriú é seo, d’fhéadfaí a mhaíomh, go raibh béim i bhfealsúnacht an Ghríofaigh ar dhul chun cinn agus ar chosaint na hÉireann a bhí fréamhaithe ina dhearcadh ar chúrsaí geilleagair, agus ní ar chúrsaí creidimh *per se*. Ní raibh an teanga ná an cultúr láidir san ideolaíocht seo ach oiread. Bhí an teanga lárnach san fhealsúnacht a chraobhscaoil an Móránach, áfach, agus bhí rian den fhrith-Sheimíteachas, agus den chiníochas le tabhairt faoi deara in irisí na beirte.



### ***Aontas Gaedheal***

Sna 1930í, foilsíodh líon suntasach alt a raibh rian den fhrith-Sheimíteachas iontu in irisí agus nuachtáin Chaitliceacha in Éirinn – *Irish Catholic*, *Cross* etc – ach níor admhaíodh go neamhbhalbh in aon cheann acu gurbh irisí frith-Sheimíteacha iad gur bunaíodh *Aontas Gaedheal* sa bhliain 1935.



Léaráid 1: Clúdach an chéad leathanach de chéad eagrán *Aontacht Gaedheal*, 31.5.1935

Deirtear sa chéad eagrán de gur páipéar frith-Sheimíteach é: ‘Please note that the policy of this paper, while anti-semitic, is not one of attack on the Jewish Religion’ (31.5.1935: 8), agus maítear in eagarfhocal an eagráin sin: ‘It is a notorious fact that a jew will not start a factory in any country where he is not allowed to exploit the natives’. Deirtear freisin go bhfuil an eagraíocht ba chúis lena bhunú – *Aontas Gaedheal: Ireland for the Irish* – ag cur chun cinn:

*...the industrial and cultural development of the country by Irish men, as distinct from development by foreigners, to preserve our ancient Christian heritage and to promote that spirit of unity so utterly essential to our national regeneration.*

*The policy of this paper is that, as this country happens to be Ireland, Irishmen and not any brand of foreign influence should control its destinies, that Jewish or any other foreign influence should be absent from our councils, that Irishmen should learn to trust and back each other in business, that the bitterness of the past should be forgotten and that the stigma applied to the Irish of always being ready to fight each other should be wiped out by the Irish themselves.*

Is féidir comparáid a dhéanamh anseo le frith-Sheimíteachas eacnamaíochta Uí Ghríofa a luadh thuas, agus le fealsúnacht ‘Éire Éireannach’ an Mhóránaigh. Maíonn Gerald Moore faoi *Aontas Gaedheal*, áfach (1984: 139–40):

*Opposition to the Jews was not based on economic grounds alone. It was implicit in the policy of Aontas Gael that the presence of Jews was a barrier to an Irish-Ireland revival which was cultural as well as industrial. . . Underlying their anti-alien sentiments was an incipient racism which equated Irish with Catholic.*

Bhí dearcadh bhaill ‘Aontas Gaedheal’ maidir lena raibh i gceist le ‘Gael’ casta, mar is léir óna ndearcadh faoin nGaeilge; bhí a ndearcadh faoin teanga éagsúil le dearcadh an Mhóránaigh a pléadh thuas; deirtear sa chéad eagrán de *Aontas Gaedheal* (31.5.1935: 2):

*Abolish the Fainne. It is retarding the revival of Irish as a spoken language. . . The Fainne served a useful purpose. It has now outlived its service and its retention will act as a drag on the language revival movement. . . The Fainne is today the badge of the classes and not the masses.*

Feictear ceangal idir fealsúnacht an Mhóránaigh agus tuiscintí bhaill ‘Aontas Gaedheal’ faoin teanga níos faide anonn san alt, áit a ndeirtear: ‘People are beginning to associate in their minds the Fainne with the professional classes, with the higher civil servants and the “would be” higher civil servants’. Bhí an ceangal leis an saol Gaelach briste ag lucht an Fháinne, dar le lucht ‘Aontas Gaedheal’, agus ní raibh tuiscint cheart acu ar an ‘Irish-Ireland’ a shamhlaigh an Móránach. Ina ainneoin seo, áfach, Béarla is coitianta a úsáidtear ar leathanaigh na hirise,

cé nach rud neamhghnách é go mbeadh foilseachán a raibh teidil Ghaeilge air ag úsáid an Bhéarla mar mheán cumarsáide ag an am. Bhí a leithéid coitianta sa tír fiú agus an Athbheochan Teanga i mbarr a réime.

In eagrán 28 Meitheamh 1935 (28.6.1935: 5) tá fógra ar *Aontas Gaedheal: 'Irish-Ireland: Irish Arts! Irish Games! Irish Industry! Irish Language! Irish Literature!'* – teachtaireacht ina bhfuil macalláí fhealsúnacht an Mhóránaigh le tabhairt faoi deara. In eagrán an 21 Meitheamh de *Aontas Gaedheal*, deir 'Searchlight' (21.6.1935: 8):

*... It must be remembered too that Christ on one occasion showed anger. It was not against the adulterous or the poor, it was against the money changers in the Temple. Christ said the poor would be always with us. He never said want. Want is demoralising and the prototypes of the money changers of the Temple are the godless and the Masonic-Jewish capitalists of today. There has been a persecution of Jews in Germany. There are bars to emigration into other lands.*

*There is no mention in the constitution of 'Aontas Gaedheal' of the persecution of individuals if they act in accordance with the laws of a Christian state.*

*Is unfortunate Ireland alone to be left the prey and dumping ground of the undesirables of the earth and place-hunting politicians? It has gone on too long. It must stop...*

Tá tionchar an Mhóránaigh le tabhairt faoi deara anseo arís, agus faightear tagairtí rialta don 'Éire-Éireannach' a shantaigh an Móránach ar leathanaigh na hirise. In alt eile a léiríonn an frith-Sheimíteachas go soiléir deirtear:

*A stranger at this time, coming to Dublin, not knowing the history of this country, not knowing the native names in this city, especially if this stranger had come in from any country bordering on the Holyland might well be excused if he thought that he was visiting New Jerusalem instead of Dublin... (7.6.1935:3)*

In eagrán 13 Meitheamh (12.6.1935: 3), tá roinnt scéalta grinn atá thar a bheith frith-Sheimíteach le feiceáil san iris freisin, agus is ar an ábhar sin nach bhfuil siad curtha ar fáil anseo.

Is deacair an méid tacaíochta a fuair an eagraíocht ‘Aontas Gaedheal’ nó an iris *Aontas Gaedheal* a thomhas. Níl figiúirí dáiliúcháin ar fáil lena aghaidh. Is léir, áfach, ó litreacha a foilsíodh san iris go bhfuarthas roinnt tacaíochta ón bpobal. Foilsíodh an litir thíos, mar shampla, in eagrán 28 Meitheamh 1935:

*Sincere congratulations on your past four issues of the Weekly Post.*

*It is, without doubt, a national asset, and well worth the support of every honest minded Irishman and woman. There are many streets in our capital cities which appear to be owned by the unspeakable Jew. It would be of interest to have details of the matter brought to light by your Journal, which has been a luminous glow to other thoughts, and the ray of the searchlight might with advantage be focussed upon the Jew owned streets in our Irish capital.*

ANTI-JEW (Dublin)

Seachtain roimhe, ar eagrán 21 Meitheamh (21.6.1935: 3), tá litir thacúil ó ‘GEARÓID’. Níl fianaise ag údar an ailt seo gur Gearóid Ó Cuinneagáin, duine a phléitear thíos, a scríobh an t-alt, ach tá roinnt de na tuiscintí a léirítear anseo ag teacht leis na tuiscintí a léirigh an Cuinneagánach ní ba dheireanaí in *Aiséirí*. Deir ‘GEARÓID’ sa litir seo:

*Without a doubt, our State is endangered by the stranglehold of Semitism. The normal expansion of our industrial life is retarded by the mushroom factories of the Jew, who employs child labour at slave wages, to the exclusion of adult labour. The displacement of the adult worker is a grave matter, and deserves the serious attention of the Government.*

*It is to be hoped that the lead given by your paper will be followed with enthusiasm, and that the petty strifes of politicians will not be allowed to cover up the evils which you have set out to unmask.*

Tá comhad faoin eagraíocht a bhunaigh *Aontas Gaedheal* (bunaíodh an eagraíocht ‘Aontas Gaedheal’ féin in Eanáir 1935) – le fáil sa Chartlann Náisiúnta i measc na gcomhad atá ag an Roinn Dlí agus Cirt, ‘*Crime and Security Division*’. Léiríonn an méid sin inní an Stáit ina leith, agus i measc na gcáipéisí atá sa chomhad seo, tá tuairiscí leis na Gardaí faoi imeachtaí an Aontais. Tugtar cur síos ar an eagraíocht i dtuairisc a scríobh an Garda John McGloin (13.3.1935) mar:

*...an Association of the “Irish-Ireland” type aiming to promote the industrial development of this country. The Association is opposed to industrials operating here under foreign influence, particularly where persons from abroad are given employment which the Association considers Irishmen should secure. It is also opposed to the lending of money by Jewish moneylenders at an extortionate rate*

*of interest. It may be taken that for the present at least the Association is non-political as such. It is supported largely by business men and other influential citizens who, in the main, are supporters of the present Government.*

I dtuairisc eile (30.4.1935), a leag an tArd-Cheannfort Thomas Clarke isteach faoin eagraíocht ‘Aontas Gaedheal’ tuairiscíodh go raibh iarracht ar bun ag an ngrúpa páipéar seachtainiúil a fhoilsiú. Luadh Maurice Twomey, Seán Russell, Fintan Walsh agus Paddy Smiddy sa tuairisc seo, agus deirtear *‘It is thought that the paper, if produced, will be utilised principally to forward the policy of Aontas Gaedheal’*. Tharraing an eagraíocht agus an foilseachán aird, ní hamháin in Éirinn ach thar lear freisin. In eagrán 7 Bealtaine 1935 den *Jewish Daily Bulletin* a foilsíodh i Nua-Eabhrac, dúradh:

*Another disquieting feature is the establishment of an organization known as “Aontas Gaedheal” with its slogan “Ireland for the Irish” . . . It aims at excluding all foreigners from the commercial life of the country and specifies such occupations as instalment selling establishments and individual money lenders as being occupations mainly in the hands of foreigners. While the term “foreigner” as used here may apply equally to Hottentos as to Welshmen or to Englishmen, it was made abundantly clear . . . that Jews were the “foreigners” specified.*

Is cosúil, áfach, nár mhair an eagraíocht ‘Aontas Gaedheal’ rófhada, agus níor foilsíodh ach cúig eagrán de *Aontas Gaedheal Weekly Post* féin. Sa tsúil siar ar an mbliain 1935 atá ar fáil i gcartlann de chuid an *American Jewish Committee*, deirtear an méid a leanas:

*In July 1935, an attempt to inject Jew-baiting into political affairs in Ireland came to naught when Aontas Gaedheal Weekly Post ceased publication after five weeks existence. The paper had advocated the creation of an anti-Jewish party in the Irish Free State, and the elimination of Jews from public life. Press and public ignored the weekly.*

## Gearóid Ó Cuinneagáin<sup>1</sup> agus *Aiséirighe*

Bhí an Ghaeilge agus an Chríostaíocht lárnach i bhfealsúnacht *Aiséirighe* a tháinig ar an saol i mí Dheireadh Fómhair 1944 agus bhí dílseacht don chultúr ina bunchloch i bhfealsúnacht a bhunaitheora, Gearóid Ó Cuinneagáin.

Dúirt Proinsias Mac an Aonghusa, i gcuntas iarbháis ar an gCuinneagánach, an méid a leanas faoin iris; mhaígh sé gur ‘Náisiúnachas thar na bearta, Caitliceachas den chineál is faide ar dheis, agus teoiricí eacnamaíochta agus polaitíochta leithéidí Hitler agus Salazar’ a bhí ann, agus tá a fhios againn freisin go dtugadh Ó Cuinneagáin ‘An Ceannaire’ air féin amhail ceannairí Faisisteacha na Mór-Roinne sa tréimhse sin.

Deir Seosamh Ó Duibhghinn in *Ag Scaoileadh Sceoil* (1962: 59) gurbh iad ‘Saoradh na tíre chun stát fíor-Chríostúil i gcúrsaí geilleagracha agus comhdhaonnacha, a bheas mar eisiompláir ag an domhan go huile, a bhunú...’ na cuspóirí a bhí ag an gCuinneagánach. Bhí baint mhór ag Gearóid Ó Cuinneagáin le cúrsaí náisiúnacha, teanga agus iriseoireachta ar feadh a shaoil. Bhunaigh sé Craobh na hAiséirí de chuid Chonradh na Gaeilge sa bhliain 1940 agus Ailtirí na hAiséirí, sciathán polaitiúil den Chraobh, a d’fhoilsigh *Aiséirí* mar mheán bolscaireachta ina dhiaidh sin. Foilsíodh an chéad eagrán de *Aiséirí* i mí Dheireadh Fómhair 1944, agus tháinig deireadh leis in Aibreán 1975.

D’eagraíodh Craobh na hAiséirí ranganna Gaeilge, bhíodh cruinnithe sráide aici, agus rinne sí iarracht an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga bheo nua-aimseartha. D’fhás an eagraíocht go sciobtha ag an tús agus faoi thús na 1940í, bhí os cionn 1,200 ball ag Craobh na hAiséirí. Dhírigh lucht na Craoibhe, dar le Proinsias Mac an Bheatha, (1967: 109):

...ar mheas a thuilleamh do chainteoirí Gaeilge sa chathair agus don chéad uair riamh thugamar an Ghaeilge amach as na cúlseomraí agus rinneamar ceist beo-te de chuid lár na cathrach di. Ba mhian linn freisin go mbeadh gléasanna na fichiú aoise á n-úsáid go fairsing in obair na hathbheochana – raidió, scannáin, ceirníní gramafóin, an preas agus an cló, bratacha agus póstaerí agus buíonta ceoil, agus fós an greann agus an gáire, ab fhada in easnamh ar ghluaiseacht na Gaeilge.

Chreid an Cuinneagánach agus baill eile de chuid Chraobh na hAiséirí go raibh go leor rudaí in easnamh i gConradh na Gaeilge ag tús na ndaichidí agus d’ionsaigh siad na seanmhodhanna oibre a bhí ag an gConradh. Bhí an Chraobh ní ba radacaí ná an Conradh féin ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta agus náisiúnachais de. Mar a dúirt de Creag: ‘Bhí stíl is dearcadh ach (sic) nach raibh inréiteach le stíl is dearcadh na ndaoine a bhí i gceannas sa Chonradh is ba é deireadh an scéil é go raibh siad scartha, díbeartha, is neamhspleách gan baint acu le Conradh na Gaeilge’ (de Creag, 1984).

1 Tá saol agus saothar Ghearóid Uí Chuinneagáin pléite go mion ag R.M. Douglas (2009) in *Architects of the Resurrection*. Féach freisin an t-alt faoi cheann de na hirísí a raibh baint ag an gCuinneagánach leo, *Deirdre*, le D. Ní Uigín (1992) in *An tUltach*.

### **Ailtirí na hAiséirí agus scoilt**

Le linn 1942 tháinig an pholaitíocht go mór chun cinn i gCraobh na hAiséirí, agus chinn Gearóid Ó Cuinneagáin sciathán polaitíochta den Chraobh a bhunú: Ailtirí na hAiséirí. Sa chéad phaimfléid a d'fhoilsigh Ailtirí na hAiséirí (a athfhoilsíodh in *Aiséirí* i mí Feabhra agus Márta, 1950), deir Ó Cuinneagáin:

*Our social and economic objectives will be Christian, the utilisation of the wealth of the whole island for the benefit of the whole people of the island. . . Even something more is, however, required to guarantee invaluable permanent national solidarity; complete cultural and political unity.*

**LEADERSHIP: CHRISTIAN CORPORATIVISM.**

*...It is imperative for national progress that we modernise and make truly Christian and Gaelic our imposed alien parliamentary system of government.*

*A single individual at the head of state affairs, strong enough to be independent of and dictate to all vested interests. That is the Gaelic tradition. The inefficient and corrupt party political system to be abolished. One national party to be established in the tradition of the great national movements of the past.*

Dar le Proinsias Mac Aonghusa gur '[c]eap magaidh a bhí sa bhfear (Ó Cuinneagáin) a d'fhéach air féin mar Adolf Hitler na hÉireann. Is fíor-chorrdhuine a raibh a fhios aige cé a bhí i gceist nuair a fógraíodh a bhás sa bhliain 1991.' (1991: 18). Tá éagóir déanta ag Mac Aonghusa ar an gCuinneagánach sa chás seo, áfach, mar a mhaíonn R.M. Douglas (2009: 3):

*In electoral terms, Ailtirí na hAiséirí was one of the more successful fascist parties to appear in a Western democratic country; the reasons for its rise, at a time when fascism was being comprehensively discredited elsewhere, provide an explanation for the hitherto-unappreciated prevalence of right-wing extremism, xenophobia and anti-Semitism in mid-twentieth-century Ireland.*

Agus deir Seosamh Ó Duibhginn, ar ndóigh, (1962: 55–6):

Ba dhearmad a cheapadh, áfach, go raibh saol na hÉireann ar fad gan bhrí san am. Bhí corraíl agus suathadh intinne i measc na nGaeilgeoirí. B'iad Gearóid Ó Cuinneagáin agus Proinsias Mac an Bheatha an bheirt ba mhó le rá san obair seo. Bhí fuinneamh agus díograis thar an gcoitiantacht ag roinnt leo. D'fhág a gcuid smaointe agus a gcuid imeachtaí lorg chomh mór sin ar ghluaiseacht na teanga go seasann siad amach ón gcuid eile sa tréimhse sin mar bheadh beirt fhathach i measc abhac ann. Níor réabhlóidithe iad. Níor éirigh leo aon athrú mór a dhéanamh i saol na ndaoine ná i saol an náisiúin. Ach murar éirigh ba i ngeall ar thoscaí nach

raibh neart acu orthu é. Ní raibh mianach an treoraí iontu, ná an oiliúint ná na cáilíochtaí. Dá n-éiríodh leis na deachtóirí ar an Mór-Roinn chuile sheans go dtabharfadh an sruth leis iad go réim shuntasach, ach nuair nár éirigh, cailleadh sa trá iad...

Bhí siad ag déanamh aithrise ar cheannairí na ngluaiseachtaí míleata deachtóireachta a tháinig chun blátha ar an Mór-Roinn sna tríochaidí, ach go mbíodh Dia agus an Chríostaíocht mar dheilín breise acu i dtús agus i ndeireadh a gcuid cainte.

Maíonn Ó Duibhginn freisin:

D'éireodh, [le hAiltirí na hAiséirí] b'fhéidir, dá mbeadh níos mó den stuaim ag roinnt le Gearóid Ó Cuinneagáin. Tá paidreoireacht agus síorchaint faoin gCríostaíocht, fiú i dtír chríostúil, ceart go leor, ach ní ghnóthódh siad suíochán sa Dáil duit, go háirithe da mbeadh an sagart paróiste ag stocaireacht don chríostaí a bheadh i do aghaidh... Measaim féin, áfach, gur chuir Aiséirí fuinneamh i saol an náisiúin. Mhúscaíl sé spiorad san aos óg éirimiúil. Thaispeáin sé go raibh na Gaeilgeoirí beo, agus rinneadh dul ar aghaidh dá bharr...

Feictear fealsúnacht Uí Chuinneagáin go soiléir ar leathanaigh *Aiséirí*. I gcás na Gaeilge, deir sé an méid seo i bpaimfléad de chuid na nAiltirí (agus in athfhoilsiú ar *Aiséirí* i bhFeabhra 1950):

*... it is quite possible for everyone in the south under forty, and everyone in the north under thirty to become a Gaelic speaker within five years provided that full intelligent use is made of the talkie films, the radio, the low-priced gramophone record, newspapers, publications, the native speaker, the educational system, the power and influence of government officials and of the churches...*

*... Those of us with knowledge and experience of the republican movement appreciate that republicanism as a doctrine is not enough either...*

*The grace of God is essential and a people or movement that while professing Christianity hesitates to put into practice the principles of Christianity in its national life will not secure that requisite grace...*



Maidir leis an bhfrith-Sheimíteachas, maíonn Adams ‘...*In the later stages of the war... however, hostility to Ireland’s Jewish minority became an increasingly overt feature of Aiséirighe discourse*’. Ar phaimfléad de chuid na nAiltirí a foilsíodh i 1944, (*‘Aiséirighe for the Worker’*, 11) mar shampla, tá tagairt indíreach do Ghiúdaigh in alt den teideal *‘Hire Purchase’* – nós a cheanglaítear le Giúdaigh go minic:

*Under a Christian Social Order the worker would be able to provide for his family without the aid of credit at all. The shame we feel in credit, the way we try to hide it from other the fact that we have to use hire purchase, is in itself proof that it is not natural that we should have to depend on it.*

Tá samplaí suntasacha eile den Fhrith-Ghiúdachas eacnamaíochta le feiceáil san alt *‘Ireland’s Jewish Problem’* a foilsíodh in eagrán an Mhárta, 1946 de *Aiséirí*.

Ba chosúla le Salazar na Portaingéile ná le haon duine eile de na ceannairí Faististeacha é Ó Cuinneagáin, agus luann sé féin Salazar go minic ina chuid scríbhinní. Dar le Adams (2009: 33) gurbh amhlaidh a bhí de bharr *‘Salazar had accomplished his top-down revolution without bloodshed’*. Ar ndóigh, chosain Ó Cuinneagáin é féin agus na hAiltirí ó na líomhaintí gur ghrúpa Faististeach iad sa phaimfléad *Aiséirighe for the Worker* (1944: 17–8); dúirt sé ansin:

*Aiséirighe has been assiduously misrepresented in certain quarters as ‘Fascist’ and ‘Dictatorship’... In the vocationally-organised State, proposed by Aiséirighe (and advocated in the Papal Encyclicals) the worker is guaranteed direct representation in the National Council through his trade union. It is quite unnecessary for him to burden himself with the expense and extravagance of a political party for this purpose...*

In ainneoin an tséanta seo, áfach, tháinig an idé-eolaíocht a bhí acu leis an méid a bhí á rá ag grúpaí faisisteacha eile san Eoraip ag an am a raibh an frith-Sheimíteachas ina bhunchloch dá bhfealsúnacht acu.

## Críoch

Níl thuas ach blaiseadh den fhrith-Sheimíteachas a bhí le sonrú in Éirinn sa chéad leath den 20ú haois agus a bhfuil a fhianaise le feiceáil i bhfoilseacháin na tréimhse sin. Cén fáth, mar sin, nach raibh an ghné seo de shochaí na tíre ní b’fheicealaí ag an am agus an bhfuil cúiseanna ar leith ann nár fhás an frith-Sheimíteachas anseo mar a d’fhás sé i roinnt tíortha ar an Mór-Roinn? Tá cuid de fhreagra na ceiste sin sa scagadh thuas: ní raibh líon na nGiúdach sa tír sách mór leis an bhFrith-Sheimíteachas ar bhonn forleathan a ghiniúint (Moore, 1982: 1);

bhí roinnt de na ceannairí, leithéidí Ghearóid Uí Chuinneagáin, ‘róchríostúil’ nó ‘róghaelach’ don phobal trí chéile (Ó Duibhghinn, 1962) agus tugann Adams míniú soiléir eile air seo ina leabhar faoi Ailtirí na hAiséirí nuair a deir sé (2009: 40):

*The prevalence of Anti-Semitic, anti-parliamentary and anti-liberal ideas between 1919 and 1939 does not imply that the country was poised to follow in the wake of Germany and Italy – or even Portugal, Spain or Austria – had the Second World War not supervened. There was no general crisis of Irish democracy...*

Ní raibh míshásamh láidir leis an mbunaíocht pholaitíochta le sonrú sa tír ag an am, agus i ndiaidh uafáis Chogadh na Saoirse agus Chogadh na gCarad ag tús na fichiú haoise, ní raibh fonn ar an bpobal mór an bonn a bhaint den Stát óg ná den Phoblacht nuabhunaithe ina dhiaidh sin. Is ag iarraidh an chuid sin de stair na tíre a fhágáil ina ndiaidh a bhí tromlach na bpolaiteoirí sa tír ag an am, agus bhí amhlaidh i gcás thromlach an phobail mhóir freisin.

## Leabharliosta

### Leabhair

Douglas, R.M., (2009) *Architects of the Insurrection: Ailtirí na hAiséiríge and fascist ‘new order’ in Ireland*. Manchain: Manchester University Press.

Eagleton, T., (1995) *Heathcliff and the Great Hunger*. Londain: Verso.

Garvin, T., (1987) *Nationalist Revolutionaries in Ireland: 1858–1928*. Oxford: Clarendon Press.

Keogh, D., (1998) *Jews in Twentieth-Century Ireland: Refugees, Anti-Semitism and the Holocaust*. Corcaigh: Cork University Press.

Keogh, D. & McCarthy, A., (2005) *Limerick Boycott 1904: Anti-Semitism in Ireland*. Baile Átha Cliath: Mercier Press.

Maume, P., (1996) *The rise and fall of Irish Ireland: D.P. Moran & Daniel Corkery*. Cúl Raithin: Ollscoil Uladh.

- Moran, D.P., (1905) *The Philosophy of Irish-Ireland*. Baile Átha Cliath.
- Miller, D., (1973) *Church, State and Nation: Ireland, 1898-1921*. Baile Átha Cliath: Gill & Macmillan.
- Ó Duibhginn, S., (1962) *Ag Scaoileadh Sceoil*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teoranta.
- Ó Duibhginn, S., (1982) *Tuairisc*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teoranta.
- Ó hUid, T., (1960) *Ar Thóir mo Shealbha*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta.
- Ó hUid, T., (1985) *Faoi Ghlas*. Cathair na Mart: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta.
- Saperstein, M., (1989) *Moments of Crisis in Jewish-Christian Relations*. Philadelphia: SCM Press, London & Trinity Press International.

## Ailt

- de Creag, A., (1984) *Alt ar Lá*, 20 Lúnasa.
- de Paor, L., (2002) 'Twisting the Knife.' *The Irish Times*. 29 Márta. 12.
- Douglas, R.M., (2006) 'The Pro-Axis Underground in Ireland, 1939-1942.' *The Historical Journal*. 49, 4. 1155-83. Cambridge University Press.
- Feeney, W.J., (1986) 'D.P. Moran's *Tom O'Kelly and Irish Cultural Identity*.' *Éire-Ireland: A Journal of Irish Studies*. Fómhar. 21(3) 17-26.
- Goldstone, K., (1998) 'Christianity, conversion and the tricky business of names: images of Jews in nationalist Irish discourse.' *The Expanding Nation: Towards a Multi-Ethnic Ireland*, Imeachtaí Comhdhála, i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. 31-40.
- Inglis, B., (1960) 'Moran of the *Leader* and Ryan of the *Irish Peasant*.' O'Brien, C.C. (eag.) *The Shaping of Modern Ireland*. Londain: Routledge & Kegan Paul. 108-23.
- Mac Aonghusa, P., (2002) 'Aiséirí Faisisteach na Gaeilge.' *Foinse*. 24 Márta, 18.

- McCartney, D., (1967) 'Hyde, D.P. Moran, and Irish-Ireland.' Martin, F.X. (eag.) *Leaders and Men of the Easter Rising*. Londain: Metheun. 43–54.
- McNamara, M., (2018) 'The day Irish and Jewish joined forces against British fascists.' *The Irish Times*. 26 Feabhra.
- Moore, G., (1981) 'Socio-Economic Aspects of Anti-Semitism in Ireland, 1880–1905.' *The Economic and Social Review*. 12, 3. Aibreán. 187–201.
- Ní Uigín, D., (1992) 'Deirdre'. *An tUltach*. Nollaig, 34–9.
- Ní Uigín, D., (1995a) 'Amárach: Nuachtán faoi bhreith an bháis ón tús.' *Comhar*. Márta & Bealtaine, 18-21, 15–8.
- Ní Uigín, D., (1995b) 'Craobh na hAiséirí, Glún na Buaidhe agus Bunú Inniu.' *Irisleabhar Mhá Nuad*, 75–110.
- Ní Uigín, D., (2000) 'Ionad na Gaeilge i dTréimhseacháin Airt Uí Ghríofa agus i dTréimhseacháin eile de chuid Shinn Féin idir 1900 agus 1922.' *Garm Lu*, 20–32.
- Ó Gráda, C., (2005) 'Settling in: Dublin's Jewish Immigrants of a Century Ago.' *Field Day Review*. 1, 87–100.
- Wynn, N., (2012) 'Jews, Antisemitism and Irish Politics: A Tale of Two Narratives.' *PaRDeS: Zeitschrift der Vereinigung für Jüdische Studien*, eV 18 (2012), 51–66.

### **Tráchtais Neamhhoilsithe**

- Moore, G., (1984) *Ant-Semitism in Ireland*. A thesis submitted in partial fulfilment of the requirements for the degree of Doctor of Philosophy. Ulster Polytechnic.

## **Nuachtáin & Irisí**

*Aiséirighe / Aiséirí*

*Amárach*

*Aontas Gaedheal Weekly Post*

*Catholic Bulletin*

*Deirdre*

*Éire*

*Inniu*

*Scissors and Paste*

*Sinn Féin*

*The Leader*

*United Irishman*





## Rannóg na bhFochéimithe

Tá tús curtha againn le ‘Rannóg na bhFochéimithe’ in eagrán na bliana seo de *An Reiviú*. Tabharfar cuireadh sa Rannóg seo do mhic léinn fóchéime in institiúidí oideachais ar fud na tíre – agus i gcéin – ailt a chur chugainn le foilsiú ar *An Reiviú*. Leantar próiseas piarmheasúnaithe i gcás na n-alt seo mar a leantar i gcás na n-alt ar fad a fhoilsítear san iris. I mbliana, is í Ellen Corbett an chéad fhochéimí a bhfuil ábhar dá cuid á fhoilsiú ar *An Reiviú* againn.

## ‘Domhan Beag Bídeach’: aistriúchán ar an ghearrscéal ‘Winzige Welt’ le Martin Becker, agus tráchttaireacht ar an phróiseas

*Ellen Corbett*

<https://doi.org/10.13025/xa00-tq49>

### Réamhrá

Mar chuid den chéim bhaitsiléara in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, moltar do mhic léinn a dhéanann teangacha iasachta seimeastar nó dhó a chaitheamh i dtír ina labhraítear an teanga atá á foghlaim acu. Mar sin, chaith mise bliain in oirthear na Gearmáine in Universität Leipzig. Agus mé ansin, d’aistrigh mé leabhar gearrscéalta don ábhar eile atá ar bun agam, Léann an Aistriúcháin. Tagann teideal an leabhair ón ghearrscéal seo, ‘*Winzige Welt*’, agus bhí an gearrscéal seo ar cheann de a scéalta ba luaithe a d’aistrigh mé.

Scríobh Martin Becker an leabhar *Winzige Welten* sa bhliain 2011. Rugadh an t-údar sa Tansáin sa bhliain 1957, áit ar fhreastail sé ar scoil chónaithe Bhéarla sular bhog sé lena theaghlach ar ais chun na Gearmáine agus é deich mbliana d’aois. Nuair a chríochnaigh sé ar

mheánscoil, chuaigh sé ag obair san Eilvéis ar dtús ach bhog sé ar ais chun na Gearmáine ansin chun a sheirbhís mhíleata a dhéanamh. Sa lá atá inniu ann, tá Becker ina chónaí cóngarach do München, áit ina n-oibríonn sé mar shaoroibrí faoi láthair. (Becker, 2011)

Tá an leabhar seo fóirsteanach do pháistí idir cúig bliana d'aois agus aon bhliain déag d'aois (*Winzige Welten*, 2018). Lena chois sin, déanann an leabhar iarracht ceacht a mhúineadh do pháistí agus léargas nua ar an domhan a thabhairt dóibh:

Winzige Welten - mit weiten Horizonten. [...] Achtzehn liebevolle Erzählungen handeln von großen Dingen, von Bewusstsein und starkem Selbstbewusstsein. Die Figuren in diesen Geschichten haben Gelegenheit, große Gefühle kennenzulernen und sich zu wandeln.

*(Domhain Bheaga Bhídeacha, ach réim i bhfad níos mó [...] Ocht scéal déag faoi théamaí móra, faoin thuiscint agus faoin fhéinmhuinín. Déanann na carachtair sna scéalta seo a ndícheall a gcuid mothúchán a aithint agus déanann siad iarracht an domhan a athrú.)* (Becker, 2011)

Cé gur scríobhadh an leabhar seo do pháistí, bhí na dúshlán céanna le feiceáil san aistriúchán seo is a bhíonn in aon aistriúchán eile. Ba shaothar gearrscéalta é seo agus mar sin, bhí gach ceann de na scéalta difriúil lena chéile. Mar sin, cé nach raibh ach tionscadal amháin le déanamh agam, bhí sé ar nós tabhairt faoi deich n-aistriúchán éagsúla. Ba é seo an chéad aistriúchán liteartha a rinne mé riamh agus mar gheall air sin, bhí deacrachtaí agus dúshlán ann nach raibh agam roimhe seo. Tá an stíl an-difriúil in aistriúchán mar seo agus cé go mbíonn níos mó sairse agat agus tú i mbun aistriúcháin, caithfidh tú a bheith cinnte go gcloíonn tú leis an bhunleagan go cruinn.

Ceann de na dúshlán is mó a bhí agam ná na difríochtaí cultúrtha idir Éire agus an Ghearmáin agus ar a bharr sin, na difríochtaí idir an Ghaeilge agus an Ghearmáinis. Sa Ghearmáin, agus i dtíortha ina labhraítear an Ghearmáinis, úsáidtear leagan foirmeálta den dara pearsa chun meas a léiriú do dhuine ar leith (sa Ghearmáinis is é seo an difríocht idir an forainm 'du', an fhoirm neamhfhoirmeálta, agus 'Sie', an fhoirm fhoirmeálta). Braitheann sé seo ar an chaidreamh a bhíonn idir an cainteoir agus an duine eile; má tá siad níos sine, má tá siad níos sinsearaí nó muna bhfuil aithne ag an duine orthu, ba cheart duit an fhoirm mheasúil a úsáid. Tá an córas seo le feiceáil sa Fhraincis agus i nGaeilge na hAlban chomh maith ach níl sé sa Ghaeilge ná sa Bhéarla. Mar sin, bhí orm an meas seo a thaispeáint trí bhealaí éagsúla. Ba ghnách liom an tuiseal gairmeach a úsáid ach muna raibh gá ann é sin a úsáid nó más rud é go raibh sé neamhchoitianta nó aisteach labhairt leis an duine faoi thrácht mar sin, d'fhág mé amach an roinn chainte seo nó d'úsáid mé an fhoirm neamhfhoirmeálta atá coitianta in Éirinn.

Bhí na scéalta iad féin rud beag deacair a thuiscint, cé gur scríobhadh do pháistí iad. Is ghnáthrud é sa Ghearmáin abairtí fada casta a úsáid agus chun dul i ngleic leis an ghné seo den teanga, ghearr mé abairtí suas agus rinne mé mó dhícheall an scéal a shimpliú agus é a aistriú agus an léitheoir, na páistí, a choinneáil i gcuimhne.



Den chuid ba mhó, d'úsáid mé dúchasú san aistriúchán seo. Thar aon rud eile, is leabhar do pháistí é seo agus mar sin ní dhéanfadh sé ciall páistí a choimhthiú óna scéalta. Mar a dúirt mé roimhe, ba í aidhm an leabhair seo ceachtanna a mhúineadh do pháistí agus muna mbíonn siad in ann na scéalta a thuiscint, an mbaineann sé seo sprioc an leabhair amach? Rinne sé níos mó céille dúchasú a úsáid chun páistí a chur ar a gcompord agus iad ag léamh. Tá teoiric an dúchasaithe le feiceáil go soiléir sa ghearrscéal thíos, go háirithe sa chéad chuid agus déanfar tagairt dó sin san aistriúchán é féin.

Bhí orm eachtrannú a úsáid i gcúpla ceann de na scéalta a d'aistrigh mé. Bhí gnéithe éagsúla le feiceáil sna scéalta siúd a bhí lárnach don scéal agus ní riabh mé in ann iad a athrú ar eagla go n-athróinn an scéal ina iomláine. Mar shampla, tá ceann de na scéalta a bhí le haistriú agam suite ar an teorainn idir an tSacsain agus an Bhaváir, dhá cheantar sa Ghearmáin, agus an dóigh nach réitíonn na Gearmánaigh le muintir na Baváire (cosúil leis an dóigh a bhfuil 'fuath' ag gach duine sa tír seo do mhuintir Bhaile Átha Cliath). Ní féidir linn dearmad a dhéanamh gur tháinig an leabhar seo as an Ghearmáin, cé go raibh sé mar aidhm agam aistriúcháin 'do fheicthe' a chruthú.

Sa ghearrscéal seo, agus sa tionscnamh ar fad, d'úsáid mé mo chanúint féin, Gaeilge Uladh. Ba é seo an píosa aistriúcháin ba mhó a bhí le haistriú agam riamh agus dá bhrí sin d'úsáid mé canúint lena bhfuil mé iontach compordach. Chomh maith leis sin, tá a fhios agam nach bhfuil go leor leabhar ar fáil i nGaeilge Uladh. Mar sin féin, tá na canúintí eile le feiceáil i roinnt eile de na scéalta a d'aistrigh mé. Rinne mé é sin le béim a chur ar na carachtair agus idirdhealú a dhéanamh idir iad agus na carachtair eile sna scéalta. I measc na gcarachtar sna scéalta uilig, tá muiscít a úsáideann béarlachas nó droch-Ghaeilge, ulchabhán le blas Chonamara, agus saighdiúir a bheadh ar a chompord sa bheár ag Oireachtas na Samhna.

Agus an tionscnamh aistriúcháin seo déanta anois agam, sílim gur bhain mé an sprioc amach aistriúchán cruinn a chruthú agus ag an am céanna, scéal deas suimiúil agus taitneamhach a scríobh. Is deas é súil siar a dhéanamh ar an mhéid oibre a bhí déanta agam agus mé thar lear. Cé go raibh sé dúshlánach ag an am, thaispeáin sé dom go raibh sé de chumas agam píosa fada aistriúcháin a dhéanamh agus é a dhéanamh ar ardchaighdeán. Bhí sé suimiúil idirdhealú a dhéanamh fosta ar na difríochtaí a bhíonn idir aistriúchán liteartha agus aistriúchán teicniúil.

Níl go leor ama fágtha agam go dtí go mbeidh mo chéim críochnaithe agam agus sa todhchaí, ba mhaith liom leanúint ar aghaidh leis an aistriúchán agus dúshlán a chur romham féin aistriúcháin níos faide nó leabhair iomlán a aistriú amach anseo. Tá súil agam go mbainfear taitneamh as m'aistriúchán ach sa todhchaí ba mhaith liom dul ar aghaidh agus aistriúchán nach bhfuil do pháistí a scríobh.

## Domhan Beag Bídeach

Fadó fadó, bhí pláinéad beag bídeach ann. Bhí sé cruinn agus deas agus ní raibh ann ach crann úll, teach beag agus binse páirce. Bhí féar ag fás i ngach áit ar an phláinéad. Leis an fhirinne a rá, bhí an pláinéad iontach beag – dá gcuirfí an pláinéad seo ar an domhan s'againne, ní bheadh sé ach leath chomh mór le páirc pheile<sup>1</sup> agus dá ndéanfá sin, bheadh an féar ar an phláinéad bheag seo scriosta brúite agus ní bheifeá in ann peil a imirt, ar ndóigh. Ar an dea-uair, bhí an pláinéad beag seo i bhfad ón domhan s'againne. B'ionann an turas idir an domhan beag bídeach agus an domhan s'againne ná turas ón domhan seo go dtí an ghealach agus ar ais agus ann agus ar ais arís.

Bhí an tUasal Seán Ó hIargúil<sup>2</sup> (ach tá cead againn Seán a thabhairt air) ina chónaí ar an phláinéad áirithe seo. Agus cé gurbh é Seán an t-aon duine ar an phláinéad, bhí sé chomh sásta le rí ansin. Ag leath i ndiaidh a seacht ar maidin, nó thart air sin, sheasadh Seán faoin chrann úll agus bhaineadh sé úll den chrann. D'itheadh sé an t-úll amh nó dhéanadh sé toirtín úll nó anlann úll as. Bhíodh sé ag súil go mór le tús gach lae nua mar bhíodh sé in ann úll úr a bhaint den chrann. Ag a trí a chlog sa trathnóna, thagadh scamall báistí agus bhíodh sé ag cur fearthainne. Sin an fáth a mbíodh úlla ar fáil i rith na bliana ar fad agus an fáth a mbíodh an pláinéad glas i gcónaí. Chuireadh Seán buicéad os comhair dhoras a thá agus d'fhanadh sé go mbíodh sé lán. Bhíodh sé ábalta tae blátha úll a dhéanamh leis an uisce nó é a úsáid chun a chuid fiacla a ghlanadh nó chun é féin a ní.

Ní raibh ach jab amháin ag Seán ar an phláinéad agus ba é an jab a bhí aige an féar a ghearradh uair sa mhí. Ghlacadh Seán a chuid ama chun é a dhéanamh siocair go mbíodh go leor ama aige agus thaitin sé go mór leis. Théadh sé fiarlán timpeall an phláinéid lena lomaire léana agus in amanna, théadh sé thart i gciorcail mar a bhainfeá an craiceann d'úll nó in amanna, dhéanadh sé patrún san fhéar cosúil le clár fichille. Le linn am sosa, thógadh Seán an nuachtán amach as a mhála cáipéisí agus shuíodh sé ar an bhinse páirce. Léadh sé na fógraí beaga agus na fógraí báis ar a shuaimhneas agus an sos críochnaithe aige, chuireadh sé a nuachtán ar ais ina mhála cáipéisí agus théadh sé ar ais ag obair.

1 „Wurde er auf der Erde landen, hätte er genug Platz im Garten von Bürgermeister Friederich. Allerdings würde er dabei die Salatköpfe zerdrücken, das sollte er natürlich nicht.” [Dá gcuirfí an pláinéad seo ar an domhan s'againne, bheadh dóthain spáis aige thabhairt chun talún sa ghairdín ag an Mhéara Feardorcha. Leacófaí na leitísí, áfach, agus níor cheart dó sin a dhéanamh ar ndóigh.] Bhí orm an sliocht seo a athrú go hiomlán toisc difir idir cultúr na hÉireann agus cultúr na Gearmáine. Mar sin, d'úsáid mé páirc pheile mar bhealach chun tomhas a bheadh ar eolas ag gach duine in Éirinn a thabhairt don domhan beag bídeach.

2 ‘Wilhelm von Weitem’ an t-ainm atá ar phríomhcharachtar an ghearrscéil sa bhunleagan. Imeartas focal atá ann sa Ghearmáinis mar ciallaíonn ‘von Weitem’ ‘ó i bhfad i gcéin’ agus is minic a bhíonn ‘von’ i sloinnte Gearmáinise. Bhí ‘Ó’ i sloinnte Gaelacha fóirsteanach anseo agus chum mé an sloinne ‘Iargúil’ chun go mbeadh sé ag teacht leis an leagan Gearmáinise.

Lá amháin, áfach, tharla rud éigin uafásach: chonaic Seán rud éigin sa spéir agus bhí deatach ag teacht as de réir mar a tháinig sé chuig an phláinéad. Ansin baineadh croitheadh as an phláinéad ar fad. Bhí an spéir lán le gal. Bhí fuaim siosarnaí ann ach stop sí chomh luath agus a thosaigh sé agus bhí sé ciúin arís.

Bhí Seán ar tí tae blátha úill a dhéanamh nuair a bhuail duine éigin cnag ar an doras. Bhí neach neamhshaolta beag ar leac an dorais. Bhí culaith spáis air agus bhí súile móra aige agus bhí aintéine mhór amháin ar bharr a chinn.

‘Dia duit,’ a dúirt an neach neamhshaolta. ‘Gabh mo leithscéal, níl mé ag iarraidh cur isteach ort. Captaen Brzklck an t-ainm atá orm agus bhí orm mo spáslong a thabhairt chun talún ar do phláinéad mar níl aon pheitreal fágtha agam. An bhfuil aon seans go bhfuil pionta bainne agat? Bheinn in ann an bóthar a bhualadh ansin.’

‘Níl bainne ar bith agam,’ a dúirt Seán, agus rinne sé iarracht an doras a dhruim. Ní raibh bainne aige – cá háit a mbeadh sé in ann teacht ar bhainne? Ní raibh bó aige fiú! B’fhuath le Seán nuair a chuir sé isteach air. Bhí cnag ag an doras arís. D’oscail Seán an doras.

‘Is fuath liom nuair a chuirtear isteach orm,’ a dúirt Seán go garbh.

‘Tá brón orm faoi seo,’ a dúirt an Captaen Brzklck, ‘ach gan bhainne tá mé gafa anseo.’

‘Bhuel, déan glaoch raidió ag lorg cuidithe mar sin agus ná bí ag cur isteach ormsa!’ a dúirt Seán, agus rinne sé iarracht an doras a dhruim arís.

‘Ach tá sé sin déanta agam cheana féin.’ Chuala Seán an neach neamhshaolta taobh amuigh. ‘Glacfaidh mo theachtaireacht bliain iomlán mo phláinéad a bhaint amach agus ní thiocfaidh cuidiú ar ais chugam go ceann bliana eile ina dhiaidh sin.’

Thug Seán faonoscailt ar an doras.

‘Dhá bhliain?!’ a dúirt sé de bhéic. ‘Ag magadh atá tú!’

Bhí Seán trína chéile. Cad é faoina phláinéad deas, a shuaimhneas, a fhéar, a úlla? B’fhuath leis nuair a chuir sé isteach air.

‘Tá brón an domhain orm,’ a dúirt an neach neamhshaolta taobh amuigh.

An mhaidin dár gcionn, bhuail Seán cnag ar dhoras na spásloinge. Ba shásar eitilte mín cruinn é agus bhí sé ag lonrú faoi sholas na gréine. Ba chuma le Seán, áfach. ‘Tá an féar scriosta agat!’ a dúirt Seán de bhéic. ‘Thug tú do spáslong chun talún agus anois níl an féar ábalta aon solas a fháil agus éireoidh sé buí!’

‘Dia linn,’ a dúirt an Captaen Brzklck, ‘an féidir liom aon rud a dhéanamh?’

‘Imigh leat nó bog do spáslong. Ba chóir duit í a bhogadh gach lá chuig áit éigin eile ar an phláinéad!’

‘An-smaoineamh! Déanfaidh mé sin!’ a dúirt Brzklck. Léim sé isteach sa spáslong agus bhog sé cúpla méadar é.

‘Agus bí cúramach gan na húlla a bhaint den chrann úll,’ a dúirt Seán. ‘Ná bí ag caitheamh bruscair agus ná bí i do shuí ar mo bhinse páirce.’

‘Ceart go leor, ní dhéanfaidh mé sin,’ a dúirt Brzklck. ‘Leis an fhírinne a rá, d’ith mé cúig bliana ó shin agus mar sin, ní bheidh ocras orm go ceann deich mbliana eile!’

Chuaigh Seán isteach sa teach agus bhí drochaoibh air.

Nuair a théadh Seán amach gach maidin, d’fheiceadh sé go raibh an spáslong suite in áit nua agus chuireadh sí isteach air. Bhí Brzklck cineálta cairdiúil agus bheannaíodh sé do Sheán gach maidin nuair a bhuaileadh siad le chéile ach dhéanadh Seán neamhiontas de. Ní raibh sé dírithe ach ar a fhearg, fiú amháin agus é ina shuí leis féin ar an bhinse páirce ag léamh na bhfógraí báis.

Bhíodh Brzklck ina shuí ar a spáslong agus d’amharcadh sé suas ar an chruinne agus ar na réaltaí sa spéir agus bhíodh sé ag dordán. Ag an tús, níor thaitin amhráin Brzklck le Seán agus mar gheall air sin, dhéanadh sé trup ard chun an fhuaim a phlúchadh. Ach thosaigh sé ag baint taitneamh as na hamhráin. Cé nach raibh focail ar bith ann, shilfeá go raibh Brzklck ag insint scéil. Ach ansin, bhíodh sé feargach leis féin mar gur thaitin na hamhráin leis agus ina dhiaidh sin, thagadh drochsmoainte faoi Bhrzklck chuige. Oíche amháin, áfach, d’oscail Seán an fhuinneog ina sheomra leapa le hamhráin Brzklck a chloisteáil. Thug Seán faoi deara go mbíodh brionglóidí deasa aige de bharr na n-amhrán. Thug Brzklck faoi deara go raibh a fhuinneog oscailte fosta agus bhí sé sona sásta faoi sin.

Bhíodh an geimhreadh ann uair sa bhliain agus thiteadh sneachta ar an fhéar. Thógadh Seán fear sneachta i gcónaí ach bhíodh air é a thógáil go gasta mar faoin mhaidin dár gcionn, bhíodh an geimhreadh thart. An bhliain áirithe sin, rinne Seán fear sneachta an-mhaith. Rinne sé na súile agus an tsrón go diongbháilte le go mbeadh an fear sneachta le feiceáil ón spáslong.

‘Tá sé iontach deas,’ a dúirt Brzklck de bhéic, agus é ag dreapadh síos óna spáslong.

‘Mmmm,’ arsa Seán faoina anáil. Bhí fadhb aige leis an chairéad a bhí mar shrón ag an fhear sneachta agus an dóigh nach bhfanfadh sé ar a aghaidh.

‘Muna dtéann tú i ngleic le fadhb atá agat,’ a dúirt Brzklck go tobann agus é ina sheasamh díreach in aice leis an fhear sneachta, ‘níl seans ar bith agat é a réiteach.’

‘Cad é atá i gceist agat?’ a dúirt Seán agus d’amharc sé ar shrón an fhir sneachta arís agus cé chomh cam is a bhí sé ar a aghaidh.

‘Samhlaigh, bheadh muid in ann labhairt lena chéile agus bheadh an-chraic againn dá mbeadh muid mór lena chéile agus mura mbeifeá chomh feargach sin i gcónaí.’

‘Is cuma liom. Níl aon chraic uaim. Agus níl mé ag iarraidh go mbeadh muid inár gcairde.’

‘Bheadh áthas orm dá mbeifeá in ann a admháil gur tháinig muid le chéile ar chúis éigin agus nach féidir linn rud ar bith a dhéanamh chun é sin a athrú,’ a dúirt Brzklck. ‘Caithfidh tú sin a admháil.’

‘Mmmmm...,’ a dúirt Seán faoina anáil.

Dhreach Brzklck suas an fear sneachta agus chuir sé an tsrón ar bharr a chinn. Bhí aintéine air anois, díreach cosúil le Brzklck.

Bhí an fear sneachta leáite an mhaidin dár gcionn. Bhain Seán úll den chrann. ‘Maidin mhaith, a dhuine uasail!’ a dúirt Brzklck agus chroith sé a lámh leis.

‘Mmm, maidin mhaith,’ a dúirt Sean go grusach.

‘An bhfuil cead agamsa an féar a ghearradh inniu?’ a d’fhiafraigh Brzklck.

‘Mmmmmmm...’ a dúirt Seán trína fhiacra. ‘Tá.’

Thóg Brzklck solas léasair beag amach as a bhosca uirlisí agus chuir sé san fhéar é.

‘Caithfidh muid léim,’ a ghlaigh sé.

‘Léim?’ a dúirt Seán, bhí iontas an domhain air.

‘Tá sé éasca, léim!’

Léim Seán san aer agus ag an am céanna, tháinig léas léasair amach as an solas léasair agus gearradh gach ribe féir go dtí an airde chéanna. Bhí iontas ar Sheán. Bhrúigh Brzklck cnaipe ar an solas léasair, tháinig ‘clic’ uaidh agus súdh an féar scaoilte uilig isteach agus rinneadh bloc beag féir de.

‘Mhairfinn air sin ar feadh trí bliana,’ a dúirt Brzklck agus d’ith sé an bloc féir. Bhí iontas an domhain ar Sheán. Bhí a úll fós ina lámh aige agus d’amharc sé síos air. ‘Agus cé chomh fada a bheifeá beo ar úll?’

‘Thart ar sé bliana nó thart air sin.’

‘Ar m’anam! Ar mhaith leat ceann?’

‘Níor mhaith, go raibh maith agat,’ a dúirt Brzklck. ‘Caithfidh mé súil a choinneáil ar mo mheáchan.’ Thosaigh siad ag gáire.

‘Is mise Seán,’ a dúirt Seán.

‘Agus is mise Brzklck,’ a dúirt Brzklck.

Bhí áthas orthu araon nach raibh Seán chomh cantalach is a bhíodh sé. Chomh maith leis sin, bhí a fhios ag Seán anois go raibh sé ní b’fhearr fáilte a chur roimh Brzklck in áit é a bhualadh. Go tobann, mhothaigh sé i bhfad ní b’fhearr. D’imigh gach aon drochsmaoineamh díreach as a cheann agus mhothaigh sé ní ba shásta ná mar a mhothaigh sé nuair a bhí sé ina aonar. Ach ba é ba chúis leis sin go raibh duine éigin aige lena raibh sé ábalta labhairt.

‘Ar mo phláinéad dúchais, insítear scéalta le hamhráin,’ a d’inis Brzklck. ‘Ar mhaith leat ceann a chloistéáil?’

‘Ba mhaith,’ a dúirt Seán. Níor lig Seán air go raibh eolas aige ar amhráin Brzklck cheana féin ach dhreap sé suas agus shuigh sé in aice le Brzklck ar an spáslong.

Thosaigh Brzklck ag ceol agus dhruid Seán a shúile. Chonaic sé go leor plainéad agus go leor réaltaí agus ar phláinéad amháin, chonaic sé tithe, aibhneacha agus lochanna. Chonaic sé neacha neamhshaolta agus bhí an chuma chéanna orthu agus a bhí ar Brzklck. Chonaic sé an Rí agus an Ginearál, agus chonaic sé Brzklck. Bhí an Ginearál i gceannas ar gach pólóta spásloinge. Nuair a d’oscail Seán a shúile, bhí a fhios aige go raibh saineolas faoi phláinéad dúchais Brzklck aige agus go mbeadh ardú céime ag Brzklck ar ball beag.

‘Do shealsa atá ann amhrán a chanadh,’ a dúirt Brzklck. Ní raibh sé de mhisneach ag Seán scéal a cheol ag an tús ach rinne sé a dhícheall. Smaoinigh sé ar a dhomhan beag bídeach. D’inis sé scéal go ndeachaigh sé díreach thar bhráid na gealaí go dtí an domhan agus gur landáil sé i bpáirc pheile. Bhí sé ar intinn ag Seán an féar a shábháil sa pháirc agus mar sin, ghearr sé an féar le solas léasair Brzklck. Rinne sé bloc beag féir agus ní raibh ach rud beag ola agus finéagair de dhíth air go mbeadh an féar réidh le hithe agus go mbeadh blas thar barr air.

Bhí Brzklck ag gáire agus d’oscail sé a shúile. ‘Mo shealsa atá ann arís,’ a dúirt sé.

Chaith siad an lá agus an oíche ar fad ag canadh agus iad ina suí ar an spáslong. Bhí an-chraic acu agus níor thug siad faoi deara an méid ama a chaith siad ansin.

Nuair a tháinig an chéad gheimhreadh eile, thóg siad fear sneachta ollmhór le chéile, ach an uair seo, bhí srón air agus bhí aintéine ar bharr a chinn.

Lá amháin, tháinig spáslong eile agus bhí sé ar foluain os cionn an tí. Scal beirt neach neamhshaolta anuas ón spáslong le pionta bainne.

‘Go mbeannaí Dia daoibh,’ a dúirt siad, ‘Seo duit, a Chaptaen Brzklck, tá bainne againn anseo duit. Cuireann an Ginearál beannachtaí ort agus tá sé ag súil go mór le do spáslong nua a thaispeáint duit.’ Bhí áthas ar Bhrzklck, ‘Go raibh míle maith agaibh as an chuidiú. Tá a fhios agam gur fada an turas é ónár bpláinéad.’

Thug sé cuireadh dá chairde nua suí ar a spáslong agus a amhráin a chloisteáil. Dhruid na neacha neamhshaolta a súile agus chan Seán agus Brzklck a scéalta le chéile. Níor stop na neacha neamhshaolta de bheith ag gáire agus chuir na scéalta iontas an domhain orthu. Bhí siad iontach greannmhar.

‘Leis an fhírinne a rá, níor mhaith liom an áit seo a fhágáil,’ a dúirt Brzklck de chogar.

‘Tá súil agam nach n-imeoidh tú,’ a dúirt Seán. Gan aon dabht, bhí Sean agus Brzklck mór lena chéile anois.

Faoi dheireadh thiar thall, sheas Seán suas, ghlac sé ceithre ghloine ón teach agus thug sé gloine bainne d’achan duine.

‘Sláinte!’ a dúirt Brzklck de bhéic agus d’ól siad uilig an bainne.

## Leabharliosta

Becker, M. (2011, Aibreán 30). *Winzige Welten*. Novum Pro. Ar fáil ó Google Books: [https://books.google.de/books/about/Winzige\\_Welten.html?id=UANfCUB9K-MC&redir\\_esc=y](https://books.google.de/books/about/Winzige_Welten.html?id=UANfCUB9K-MC&redir_esc=y)

*Winzige Welten*. (2018, Aibreán 30). Ar fáil ó Amazon.de: <https://www.amazon.de/Winzige-Welten-Martin-Becker/dp/3990032895>



## **Léirmheas: Ó Bhéarla go Gaeilge le hAntain Mac Lochlainn**

**Cois Life, Baile Átha Cliath, 2018. 271 lch, €18**

*Léirmheastóirí: Christian Flynn, Baba Nic Dhonnacha*

<https://doi.org/10.13025/46tp-qv27>

Is treoirleabhar aistriúcháin é *Ó Bhéarla go Gaeilge* le hAntain Mac Lochlainn, as Cúil Raithin i gContae Dhoire. Tá cuid mhór dá shaol caite i mbun aistriúcháin aige, mar atá le feiceáil ón saothar foilsithe a tháinig uaidh in imeacht na mblianta. Bhain sé amach BA sa Léann Éireannach agus PhD sa Nua-Ghaeilge in Ollscoil Uladh. Chaith Mac Lochlainn seal ag obair le *Foinse*, Bord na Gaeilge agus RTÉ. I láthair na huaire tá sé ina eagarthóir ar an suíomh aistriúcháin [www.aistear.ie](http://www.aistear.ie). D'fhéadfaí an treoirleabhar seo a úsáid sa bhaile nó sa seomra ranga. Ní hé seo an chéad saothar dá leithéid atá foilsithe ag Mac Lochlainn, ina measc tá: *Cuir Gaeilge Air* (Cois Life, 2000), *In Ord is in Eagar*, (Cois Life, 2009, an dara heagrán Cois Life, 2015) agus *Cruinneas* (Cois Life, 2015).

Tá cúig aonad sa leabhar nua seo ina ndéanann Mac Lochlainn an-chur síos ar chúrsaí aistriúcháin. Bheadh sé thar a bheith úsáideach do dhuine atá ag tabhairt faoi ghairm an aistritheora mar go dtugann sí tuiscint ar an gcaoi le píosaí a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge ar bhealach nádúrtha agus simplí le go mbeidh an gnáthdhuine in ann an t-aistriúchán a thuiscint.

Ní hamháin go dtugann Mac Lochlainn léargas an-mhaith agus an-chuimsitheach ar an gcaoi le míreanna a aistriú agus an chaoi is fearr le tabhairt faoi, ach chomh maith leis sin déanann sé cur síos sna cúig aonad ar fhocail agus an chiall a bhaineann leo, dúshlán na téarmaíochta, an ghramadach agus nithe eile. Is féidir tabhairt faoi na samplaí atá ag Mac Lochlainn agus tá na freagraí tugtha faoin gcaoi ar cheart tabhairt faoi, dar leis féin.

Ag tús an leabhair tá teoracha do theagascóirí agus déanann Mac Lochlainn cur síos ar an gcur chuige is fearr le dul i mbun an t-aistriúcháin a theagasc. Is mír thar a bheith suimiúil agus tábhachtach é seo de bharr go mbreathnaítear ar an aistriúchán mar scil ann féin agus is cinnte gur scil thar a bheith dúshlánach atá ann é a mhúineadh chomh maith.

Sa chéad aonad, cuireann Mac Lochlainn béim ar fhocail agus a gciall. Cuireann sé in iúl d'aistritheoirí an abairt Bhéarla a léamh agus brí cheart na habairte a thabhairt leo sula dtugann siad faoin aistriúchán. Fiú agus an chiall cheart bainte ag an aistritheoir aisti, tarlaíonn sé, áfach, go n-úsáidtear na focail mhíchearta uaireanta agus dá bhrí sin ní bhaineann an léitheoir an chiall cheart as an aistriúchán. Tarlaíonn sé go mbíonn focail ann a mbíonn níos mó ná brí amháin leo ag brath ar an gcomhthéacs ina n-úsáidtear iad. Tugann Mac Lochlainn samplaí d'abairtí Béarla a aistríodh go Gaeilge agus atá lochtach: *'The play opened on Broadway in 2017 – D'oscail an dráma in amharclann de chuid Broadway in 2017'*. Tugann sé míniú ar an locht atá aige ar an abairt seo agus déanann sé an abairt a athscríobh *'In amharclann de chuid Broadway a léiríodh an dráma den chéad uair'* (2018: 4). Síos tríd an aonad seo, tugann Mac Lochlainn léargas thar a bheith cuimsitheach ar abairtí lochtacha atá aistrithe ó Bhéarla go Gaeilge agus léiríonn sé an chaoi is fearr le dul timpeall air seo.

In Aonad 2, déanann Mac Lochlainn cur síos ar choibhéis agus ar neamhchoibhéis. Déanann an téarma 'coibhéis' cur síos ar an ngaol idir aonaid teanga sa teanga fhoinseach agus aonaid de chuid na sprioctheanga. Bíonn neamhchoibhéis i gceist nuair nach féidir teacht ar fhocal/frása sa sprioctheanga. Pléitear modhanna aistriúcháin san aonad seo agus tá an modh aistriúcháin litriúil agus an saoraistriúchán ar chuid acu. Bheadh go leor den tuairim nach bhfuil san aistriúchán litriúil ach ainm eile ar an aistriúchán 'focal ar fhocal' agus deirtear gur cheart an t-aistriúchán 'focal ar fhocal' a sheachaint. Ach, tá cásanna ann inar féidir an t-aistriúchán litriúil a úsáid. Má tá coibhéis láidir idir an teanga fhoinseach agus an sprioctheanga, níl fáth ar bith nach bhféadfaí an t-aistriúchán litriúil a úsáid, ach mura mbíonn coibhéis ar bith ann, moltar cloí leis an saoraistriúchán. Tugtar samplaí de gach aon mhodh: *'You have the right to remain silent – Tá sé de cheart agat fanacht i do thost'* agus *'It's no good crying over spilt milk – Níl aon mhaith sa seanchas nuair atá an anachain déanta'* (2018: 43). Is cinnte go dtugann Mac Lochlainn neart samplaí de na cásanna inar féidir an modh aistriúcháin litriúil a úsáid agus na huaireanta is saoraistriúchán a bhíonn ag teastáil, rud a chiallaíonn go bhfuil sé níos éasca ag an aistritheoir tabhairt faoin ábhar agus cé go bhfuil an t-ábhar seo thar a bheith casta mar choincheap, briseann Mac Lochlainn síos é ar bhealach simplí agus is cinnte go gcabhraíonn na samplaí le tuiscint níos fearr a fháil ar an ábhar.

In Aonad 3, déantar cur síos ar dhúshlán na téarmaíochta. Tá cleachtaí san aonad a dhéanann téarmaí agus nathanna béarlagair a dhealú ó chéile. Ní hionann an tslí ina n-aistrítear téarmaí agus nathanna béarlagair, mar atá le feiceáil sna samplaí seo ina bhfuil an focal *flagship* á úsáid: *An focal flagship ina théarma míleata: 'The Naval Service flagship the LÉ Eithne conducted a successful rescue operation – D'éirigh le long cheannais na seirbhíse cabhlaigh,*



an LÉ Eithne, misean tarrthála a chur i gcrích' i gcomparáid leis an bhfocal *flagship* a úsáid ina nath béarlagair mar seo: '*The two flagship programmes, Sunday Sport and Saturday Sport, retained the top two places in the national radio sports-programmes lists* – Choinnigh an dá chlár mórshuntais, Sunday Sport agus Saturday Sport, an chéad dá áit ar liosta na gclár spóirt ar stáisiún raidió náisiúnta' (2018: 68). Tá difríocht mhór idir an míniú ar an bhfocal *flagship* sa dá abairt thuas, mar atá le feiceáil sna samplaí a tugadh. Mar sin tá sé tábhachtach go mbíonn an t-aistritheoir in ann téarmaí agus nathanna béarlagair a dhealú ó chéile.

In Aonad 4, déanann Mac Lochlainn cur síos ar abairtí ina mbíonn carnadh ainmfhocal. Tugann sé samplaí agus míniú ar an bhfáth ar cheart carnadh ainmfhocal a sheachaint san aistriúchán. Is crá croí a bhíonn ann don léitheoir, dar leis. Seo sampla amháin a tugadh: '*Level of participation is not the sole measure of a project's success or failure* – Ní hé an leibhéal rannpháirteachais an tslat tomhais aonair ratha nó teipe tionscadail'. Tá an abairt Ghaeilge sin lán le hainmfhocail agus molann Mac Lochlainn an abairt a aistriú ciall ar chiall seachas focal ar fhocal mar atá déanta. Seo mar a mhol sé: 'Agus breithiúnas á thabhairt cé acu a d'éirigh nó nár éirigh le tionscadal, cuirtear critéir eile san áireamh seachas líon na rannpháirtithe' (2018: 97).

Tugtar téacsanna le haistriú in Aonad 5, tá ocht dtéacs shamplacha ar fad ann le haistriú agus ina measc tá páipéir scrúdaithe an tSéala Chreidiúnaithe d'Aistritheoirí Gaeilge. Ar chúl an leabhair in Aguisín 5 tá aistriúchán samplach ar gach ceann curtha ar fáil chomh maith le nótaí tráchta.

Ar an iomlán, is acmhainn thar a bheith úsáideach é *Ó Bhéarla go Gaeilge* do dhuine ar bith atá ag plé le cúrsaí aistriúcháin. Is cinnte go bhfuil an leabhar seo thar a bheith dúshlánach maidir leis an téarmaíocht, mar go bhfuil téarmaí á n-úsáid ann nach gcloisfí ó bhéal an ghnáthdhuine, ach tá gluais téarmaíochta ar chúl an leabhair a mhíníonn na focail chasta seo don léitheoir. Tugann Mac Lochlainn léargas an-mhaith ar cheird an aistriúcháin agus ar na dúshláin a bhaineann léi agus déanann cur síos ar chúrsaí aistriúcháin go mion agus go simplí. Tá cúig aguisín ar chúl an leabhair ina dtugtar freagraí samplacha maidir leis na cleachtaí éagsúla sna cúig aonad. Cuireann sé in iúl go bhfuil an t-aistriúchán deacair agus dúshlánach agus gur cinnte gur scil ann féin é, ach, gur féidir tabhairt faoi leis na nodanna, na samplaí agus na tascanna ar fad a thugann sé. Mar sin féin, ní mholfaí an leabhar seo don fhoghlaimeoir Gaeilge, ní mór do dhaoine ardchumas Gaeilge a bheith acu le tabhairt faoi de bharr go bhfuil an leabhar chomh casta agus dúshlánach sin. Is cinnte, áfach, gur acmhainn luachmhar é an leabhar seo don aistritheoir – go háirithe don aistritheoir a bhíonn ag plé le hábhar casta agus teicniúil – agus do mhic léinn Gaeilge chomh maith ar mian leo cur lena gcuid scileanna teanga agus lena dtuiscint ar chastachtaí an aistriúcháin.





**Léirmheas ar an leabhar *Immersion Education –  
Lessons from a Minority Language Context*  
le Pádraig Ó Duibhir**

**Multilingual Matters, 2018, Líon Lch: 216, Praghas: €25**

*Léirmheas le Niall Mac Uidhlin*

<https://doi.org/10.13025/46tp-qv27>

Éiríonn leis an oideachasóir agus an taighdeoir Pádraig Ó Duibhir rud nach bhfuil éasca a bhaint amach ina leabhar *Immersion Education – Lessons from a Minority Language Context*, is é sin, ábhar acadúil a chur i láthair i mbealach spéisiúil agus intuigthe don léitheoir acadúil agus don léitheoir ginearálta araon agus ag an am céanna gan doimhneacht an ábhair a laghdú. Tá an leabhar mar chuid den tsraith leabhar ‘Bilingual Education and Bilingualism’ atá foilsithe ag Multilingual Matters, sraith a áiríonn téamaí faoi mhionteangacha.

Míníonn Ó Duibhir sa réamhrá go raibh taithí aige mar dhalta i gceann de na céad ghaelscoileanna i mBaile Átha Cliath agus go raibh tionchar mór ag an tréimhse seo air i bhforbairt na bá atá aige leis an teanga. Sular thug sé faoin taighde agus teagasc ag an tríú leibhéal den chóras oideachais, chaith sé 14 bliana ag obair mar mhúinteoir agus mar phríomhoide bunscoile. Is nuair a thosaigh sé ag obair i nGaelscoil nuabhunaithe a fuair sé léargas díreach ar chuid de na dúshláin a bhíonn le sárú ag daltaí i dtimpeallacht tumoideachais, a bhformhór acu a bhí ina bhfoghlaimeoirí Gaeilge mar dhara teanga (T<sub>2</sub>). Luann sé go raibh frustrachas air féin agus ar a chuid comhghleacaithe de bharr nár bhraith siad go raibh Gaeilge na ndaltaí ag druidim i dtreo na sprioctheanga in aineoinn go raibh suas le 6000 uair an chloig teagmhála acu leis an teanga.

Is léir go bhfuil na ceithre thionscadal taighde atá mar phríomhfhocás an leabhair préamhaithe sa taithí a bhí aige i réimse na gaelscolaíochta. Díríonn an chéad dá thionscadal ar chorpas a chur le chéile bunaithe ar Ghaeilge labhartha daltaí i scoileanna lán-Ghaeilge agus anailís a dhéanamh air. Díríonn an tríú tionscadal ar dhearcadh múinteoirí i leith chumas Fraincise a gcuid daltaí i gcomhthéacsanna tumoideachais in Ottawa, Ceanada agus ar an gcodarsnacht idir iad seo agus dearthaí múinteoirí comhchosúla in Éirinn. Díríonn an ceathrú tionscadal ar dhearcadh daltaí agus a gcuid tuismitheoirí i leith na Gaeilge taobh istigh agus taobh amuigh den seomra ranga.

Forbraíodh an corpas Gaeilge labhartha trí thras-scríobh a dhéanamh ar chaint daltaí in ardranganna i 16 scoil lán-Ghaeilge – 13 scoil i gceantair neamh-Ghaeltachta agus 3 scoil Ghaeltachta (i gceantair atá fós láidir ó thaobh na Gaeilge). Dearadh tasc comhoibríoch do na daltaí agus rinneadh tras-scríobh ar na fístaífid den chomhoibriú seo.

San anailís a dhéanann sé ar an gcaint sa dá chomhthéacs seo, léiríonn sé go bhfuil an cineál códmheasctha chéanna ag tarlú ach go bhfuil na rátaí earráide an-difriúil lena chéile – 30% sna scoileanna lán-Ghaeilge i gcomparáid le 3% sna scoileanna Gaeltachta. Bhí fadhbanna ar leith ag an gcéad ghrúpa leis an gcopail agus leis an ainm briathartha. Baineann Ó Duibhir úsáid éifeachtach as samplaí den chaint a chuidíonn go mór le léargas a fháil ar nádúr na bhfadhbanna seo.

D'úsáid sé cur chuige samhlaíoch sa dara staidéar corpasbhunaithe áit ar iarr sé ar na daltaí breathnú ar shleachta físe a léirigh a gcuid cainte agus machnamh comhoibríoch a dhéanamh maidir leis na cineálacha earráidí a bhí á dtabhairt faoi deara acu. Léiríonn a chuid anailíse gur éirigh na daltaí coinsiasach faoin méid códmheasctha a bhí ar bun acu ach nár thug siad na botúin chruinnis faoi deara go dtí gur taispeánadh dóibh iad. Ina dhiaidh sin arís, bhí níos mó ratha orthu botúin leis an ainm briathartha a cheartú ná leis an gcopail. Molann sé go bhféadfadh múinteoirí cuir chuige a bhaineann leas as taifid bheaga chainte cuidiú le daltaí machnamh a dhéanamh faoina gcumas teanga ach a chinntiú go gcoinníonn an múinteoir fócas ar struchtúr na teanga agus le cinntiú go dtarlaíonn an 'tabhairt faoi deara' atá an-tábhachtach i bhforbairt cumas teanga.

Rinne Ó Duibhir suirbhé Meon/Inspregadh ó thaobh fhoghlaim na Gaeilge de. Rinne sé é seo leis na daltaí a ghlac páirt sa taighde corpasbhunaithe chomh maith le grúpa dá gcuid tuismitheoirí. Bhí an suirbhé seo bunaithe ar cheann a d'úsáid taighdeoirí eile sa réimse seo. Léiríonn na torthaí go bhfuil meon an-dearfach i leith fhoghlaim na Gaeilge ag na daltaí ach gurbh fhéidir nach leor é seo len iad a spreagadh le caighdeán gramadaí an chainteora dúchais a shroichint. Tá an chuma ar an scéal freisin go bhfuil tionchar ag nósmaireachtaí teanga baile na ndaltaí agus a gcuid tuismitheoirí ar an dóchúlacht go n-úsáidfear an teanga taobh amuigh den scoil. Níl mórán fianaise ann go bhfuil sé seo ag tarlú go forleathan i láthair na huair.

An píosa taighde deiridh a ndéanann sé cur síos air ná sraith agallamh a rinne sé le múinteoirí agus le príomhoidí i scoileanna tumoideachais i ndlínsí ó dheas agus ó thuaidh in Éirinn agus i gCeanada. Ba é aidhm an taighde seo ná léargas níos fearr a fháil ar dhearcthaí múinteoirí maidir le cumas teanga labhartha Gaeilge/Fraincise i gcomhthéacsanna tumoideachais. D'aimsigh sé go leor cosúlachtaí idir an taithí atá sa dá thír. Cé go n-aithníonn múinteoirí go bhfuil fadhbanna cruinnis ag na daltaí agus go bhfuil tionchar mór ag an mBéarla ar a gcuid cainte, tá siad sásta nach gcuireann sé seo bac orthu iad féin a chur in iúl sa sprioctheanga agus ar an iomlán, tá na daltaí an-bháúil i leith na sprioctheanga.

Éiríonn le Ó Duibhir sintéisiú fíoréifeachtach a dhéanamh ar na ceithre píosa taighde seo sa chaibidil plé a chuireann clabhsúr leis an leabhar. Léiríonn sé gur éirigh leis corpas luachmhar (c. 54,000 focal) de chaint daltaí scoileanna lán-Ghaeilge a chruthú, rud a bheidh an-úsáideach sa réimse taighde seo atá ag borradh faoi láthair. Cé go bhfuil cuma ard ar an ráta earráide i measc na ndaltaí, ní sheasann an figiúr seo amach nuair a chuirtear i gcomparáid é lena macasamhail i gcomhthéacsanna idirnáisiúnta eile agus tréasláíonn Ó Duibhir leis na daltaí agus leis na múinteoirí go bhfuil cumas cumarsáide i dteanga a bhfuil struchtúr an-éagsúil lena T1 aici bainte amach acu agus iad an-bháúil leis seo.

Is díol spéise ceann de na torthaí gurb í an tuiscint atá ag daltaí i nGaelscoileanna gurb ionann Gaeilge a labhairt agus 'gan Béarla a labhairt'. Cé gurbh fhéidir gur leor seo sna luathranganna, maíonn Ó Duibhir go gcaithfear forbairt a dhéanamh ar an gcoincheap seo do dhaltaí na n-aranganna agus díriú ar chaighdeán na Gaeilge atá á labhairt acu.

Maíonn sé dá mbeadh na daltaí níos neamhspleáiche sa phróiseas foghlama, go bhféadfadh sé seo cur lena gcuid inspreagtha agus lena gcuid tuisceana faoin aistear foghlama atá de dhíth lena gcumas teanga a fhorbairt. Tarraingíonn sé ar an litríocht taighde le rabhadh a thabhairt go dteastaíonn struchtúr ceart agus acmhainní maithe (ar nós na bhfiseán agus na dtras-scríbhíní a d'úsáid sé féin sa tasc machnamhach) le go n-éireoidh le cur chuige den sórt seo. Tagann sé seo leis na torthaí ó na grúpaí fócais gur thaitin sé leis na daltaí nuair a bhí siad i gceannas ar an bpróiseas foghlama.

I measc na moltaí eile, maíonn Ó Duibhir go bhfuil gá díriú isteach ar bhotúin na ndaltaí ag staid níos luaithe sa phróiseas sealbhaithe má tá iontasiú le seachaint. Maíonn sé go mbeidh easpa cruinnis i gcónaí ina gné shuntasach de chumas teanga dhaltaí T2 ag deireadh na bunscoile más é an cur chuige brí-bhunaithe an t-aon cur chuige teagaisc a mbainfear úsáid as. Molann sé cur chuige ionduchtach atá níos dírithe ar struchtúr na teanga agus a chuireann aiseolas ceartaitheach ar fáil do na daltaí. Ciallaíonn sé sin gur cheart do mhúinteoirí na botúin atá ag teacht chun cinn a aithint agus díriú isteach orthu seo de réir a chéile, chomh maith leis na cinn choitianta atá aitheanta sa taighde seo.

Díol spéise eile is ea tuairim Uí Dhuibhir faoi cheist atá ábhairín conspóideach maidir leis an gcineál sprioctheanga ba cheart a chur chun cinn mar eiseamláir d'fhoghlaimoirí mionteanga. Tacaíonn sé leis an dearcadh gur cheart go mbeadh caighdeán an chainteora dúchais mar sprioc d'fhoghlaimoirí mionteanga. Tugann sé aitheantas, áfach, don mhalairt tuairime atá á moladh ag roinnt taighdeoirí go bhfuil réim teanga níos simplí sásúil mar sprioc d'fhoghlaimoirí na Gaeilge.

Ba cheart go mbeadh an leabhar luachmhar seo ar sheilf duine ar bith atá ag plé le cúrsaí oideachais lán-Ghaeilge idir oidí, lucht taighde agus lucht polasaí. Tá sé tagtha inár láthair in am fíorthráthúil agus go leor athruithe ag tarlú i bpolasaithe agus curaclaim na Gaeilge agus má thugtar aird ar na moltaí oideolaíocha a dhéanann sé, is ea is saibhre a bheidh cumas teanga ár gcuid scoláirí lán-Ghaeilge.



## **Súil Ghrinn ar an tSúil Eile: Léirmheas ar *Súil Eile* le Seán Tadhg Ó Gairbhí**

**Cois Life: Baile Átha Cliath, 2017.**

**ISBN 978-1-907494-43-7**

*Léirmheas le Marie Whelton*

<https://doi.org/10.13025/esss-3236>

Is éard atá sa leabhar *Súil Eile* le Seán Tadhg Ó Gairbhí ná stair TG4 curtha i láthair i stíl na hiriseoireachta. Deich gcaibidil san iomlán atá ann ina dtarraingíonn Ó Gairbhí ar thaighde fairsing forleathan. Ransaíonn sé go leor foinsí éagsúla – leabhair acadúla, ailt acadúla, leabhair iriseoireachta, ailt iriseoireachta, díospóireachtaí Oireachtais, tuarascálacha, cáipéisí poiblí, cláir raidió, cláir theilifíse, suíomhanna idirlín, agallaimh agus comhráite úrnua – agus é ag tuairisciú ar an tréimhse as ar fhás TnaG, ar bhunú an stáisiúin teilifíse nua agus ar theacht in inmhe na craoltóireachta físe trí mheán na Gaeilge.

Sa chéad chaibidil – ‘Aisling theilifís na Gaeilge’ – tugann an t-údar comhthéacs don phlé agus téann sé siar chomh fada leis na 1960idí chun tobar na haislinge do theilifís Lán-Ghaeilge a aimsiú. Léiríonn sé go raibh dearcadh na neamhshuime ag RTÉ ag an am sin i leith na craoltóireachta trí Ghaeilge agus gurbh é an dearcadh sin a spreag feachtasóirí chun dul i mbun agóide agus feachtais an chéad lá. Ba é Ciarán Ó Feinneadha a chuir tús leis an agóid, sa bhliain 1976, nuair a dhreap sé dhá chéad méadar in airde ar aeróg RTÉ chun aird a tharraingt ar áit na Gaeilge sna meáin. Tugann Ó Gairbhí ‘an chéad gháir chatha i bhfeachtas fada’ (4) ar an ngníomh sin. Ina dhiaidh sin, ghlac go leor daoine eile páirt san feachtas. Cé cur dhírigh an feachtas, ag an tús, ar níos mó Gaeilge a lorg ar RTÉ, bhí caint phoiblí áirithe ann, mar sin féin, go luath sna seachtóidí, faoi stáisiún nua ar leith a bhunú don Ghaeilge agus, de réir a chéile, ba é sin an aidhm ba mhó a chuir na feachtasóirí rompu. Sa bhliain

1987, gheall an Taoiseach, Charles Haughey, stáisiún teilifíse don Ghaeltacht, ach tháinig tuarascáil amach ó Mheitheal Oibre de chuid an Rialtais nár thacaigh leis na feachtasóirí. Lean siad ar aghaidh lena bhfeachtas, áfach, agus, sa bhliain chéanna d’eagraigh Donncha Ó hÉallaithe agus Bob Quinn craolachán mídhleathach le linn Fhéile an Oireachtais ó Chnoc Mordáin sa Ghaeltacht. Sa chéad chaibidil, i gcoitinne, léiríonn Ó Gairbhí gur chasta an tslí a thóg an feachtas sna seachtóidí agus sna hochtóidí agus tagraíonn sé, go háirithe, do bhuanchogadh na gcarad (29) i measc na bhfeachtasóirí – is é sin, don teannas a bhíodh ann, go minic, idir na feachtasóirí Gaeltachta a bhíodh ag lorg stáisiún teilifíse ar leith don Ghaeltacht agus na feachtasóirí Galltachta a bhíodh ag lorg stáisiún teilifíse don Ghaeilge. Ag Scoil Gheimhridh Merriman sa bhliain 1990, ámh, tháinig an dá ghrúpa d’fheachtasóirí ar chomhréiteach – ag gcruinniú neamhfhoirmiúil idir Donncha Ó hÉallaithe (a bhíodh ar thaobh Theilifís na Gaeltachta), Ciarán Ó Feinneadha agus Tomás Mac Síomóin (beirt a bhíodh ar thaobh Theilifís na Gaeilge) socraíodh go bhféadfaí ‘TnaG’ a lorg agus feachtas náisiúnta teilifíse, le haidhm amháin, a chur ar bun.

Is leis na blianta 1990–1993 a théann an dara caibidil (‘An Feachtas Náisiúnta’) i ngleic. Déanann Ó Gairbhí cur síos ar bhunú agus ar bhuanú an Fheachtais Náisiúnta Teilifíse (FNT) agus míníonn sé gur tháinig deireadh leis an ‘agóidíocht phoiblí’ (36) dhrámata nuair a tháinig an FNT ar an saol. Cuireadh béim ‘ar an stocaireacht dhiscréideach’ (36) as sin amach mar straitéis feachtais. Ba é Feargal Mac Amhlaoibh a ceapadh mar cheannaire ar an FNT agus cé gur ‘mhair cuid den easaontas fós’ (36), d’éirigh leis an dá thaobh den fheachtas a thabhairt le chéile. Sonraíonn Ó Gairbhí gur ardaigh go leor polaiteoirí ceist na teilifíse Gaeilge in óráidí éagsúla sna nóchaidí luatha ach nár tógadh aon chinneadh fúithi go dtí gur cheap Albert Reynolds Máire Geoghegan-Quinn ina hAire Cumarsáide. Cé go ndearna sise a seacht ndícheall ar son na cúise, thit an Rialtas sular éirigh léi seirbhís teilifíse Gaeilge a bhunú. Tar éis an toghcháin, sa bhliain 1992, ba é Micheál D. Ó hUiginn a ceapadh mar chomharba ar Mháire Geoghegan-Quinn agus léirigh sé láithreach go raibh sé tacúil. In ainneoin an chostais ollmhóir a bheadh i gceist agus in ainneoin nach raibh na meáin chlóite ar a son, i gcónaí, gheall sé go mbeadh Teilifís na Gaeilge ag craoladh faoi dheireadh 1995, rud nár tharla, ar ndóigh, go deireadh 1996.

Cé go raibh gealltanús tugtha go mbunófaí Teilifís na Gaeilge, bhí ar an FNT dul i bhfeidhm fós ar pholaiteoirí éagsúla le cinntiú go mbeidís ar son Theilifís na Gaeilge nuair a thógfaí an cinneadh oifigiúil. Tugann Ó Gairbhí tuairisc, sa tríú caibidil – ‘An cinneadh agus an cogadh’ – ar an stocaireacht chliste a rinne na feachtasóirí ar na polaiteoirí. Ar deireadh, ba é an Taoiseach, Albert Reynolds, a d’fhógair go raibh cinneadh tógtha ag an Rialtas, stáisiún ar leith a bhunú, stáisiún ar a mbeadh trí huair an chloig de chlár Ghaeilge in aghaidh an lae, agus níor chuir an fógra aon ionadh ar dhaoine. Lean an FNT ar aghaidh lena gcuid stocaireachta, ag an bpointe sin, agus chinntigh siad, mar shampla, trí úsáid a bhaint as a ngréasán ar fud na tíre, gur léirigh pobalbhreith a d’eagraigh *The Gay Byrne Show*



go raibh mórámh de 65 faoin gcéad de dhaoine ar son Theilifís na Gaeilge. Ach in ainneoin thacaíocht an phobail, taispeánann Ó Gairbhí nach raibh na meáin Bhéarla fabhrach ina taobh. I measc na n-iriseoirí a bhí cáinteach agus gránna, uaireanta, i leith chinneadh an Rialtais bhí Eamon Dunphy agus Declan Lynch. Déanann Ó Gairbhí anailís spéisiúil (92–101) ar na díospóireachtaí sin sna meáin agus soláthraíonn sé míniú áititheach ar na fáthanna a bhféadfadh a bheith taobh thiar den ‘rabharta tarcaisne seo faoi bhunú Theilifís na Gaeilge’ (92). Pléann sé idir fháthanna eacnamaíochta, fháthanna stairiúla agus fháthanna cultúrtha. Ní fhágann Ó Gairbhí aon amhras ar an léitheoir ach go raibh tionchar ag an gcáineadh ar dhaoine, ach, léiríonn sé, freisin, gur sheas na feachtasóirí, agus go háirithe Micheál D. Ó hUigínn, go cróga ina choinne (100–1).

Líne (“Tá ceol ar an ngaoth...”) ón amhrán a chan Brian Kennedy ag seoladh TnaG atá mar theideal ar Chaibidil a Ceathair ina ndíríonn Ó Gairbhí ar na blianta díreach roimh bhunú an stáisiúin agus ar na dúshláin eacnamaíochta, phearsanra agus sceidil a bhí le sárú chun a chinntiú go gcuirfí an stáisiún ar bun. In ainneoin go raibh curtha in iúl go poiblí ag Cathal Goan, roimhe sin, gur chreid sé gur chóir breis clár a chur ar RTÉ seachas stáisiún nua a bhunú, ba é Cathal Goan, mar sin féin, a ceapadh mar an chéad cheannasaí ar an stáisiún nua. Ina dhiaidh sin, sa bhliain 1994, bunaíodh Comhairle Theilifís na Gaeilge. Ón tús, samhlaíodh an stáisiún nua mar ‘chraoltóir-do-chách’ ach bhí tuairimí éagsúla ann faoin áit as a gcaolfadh an stáisiún. Ar an ábhar sin, bhí tús éagsúil go leor ag an bhfoireann nuair a socraíodh go mbeadh an cheanncheathrú lonnaithe ar láithreán úrnua i mBaile na hAbhann. Mar a deir Ó Gairbhí: ‘Faoi Nollaig bhí meitheal bheag ag obair i dteannta cheannasaí an stáisiúin nach raibh ceannáras fós aige’ (114). Bhí go leor deacrachtaí le sárú, freisin, maidir le maoiniú an stáisiúin. De réir a chéile, áfach, d’éirigh leis na polaiteoirí agus leis an bhfoireann a dtasc a chur i gcrích agus faoi mhí Dheireadh Fómhair, 1996, bhí sceideal lán ag Theilifís na Gaeilge (129) agus ón gcéad lá thug na meáin ‘suntas d’éagsúlacht agus úire an rogha clár’ (142). Bhí íomhá óg fhuinniúil fhaiseanta uileghabhálach á cruthú cheana féin ag an stáisiún nua. Ag deireadh na caibidle, déanann Ó Gairbhí cur síos álainn ar sheoladh Theilifís na Gaeilge, Oíche Shamhna 1996. Aithníonn Ó Gairbhí nach raibh an oscailt ‘saor ar fad ón tsiúcúlacht Cheilteach’ (150) ach éiríonn leis a chur ina luí ar an léitheoir cé chomh domhain agus a chuaigh an ceiliúradh i bhfeidhm ar an bpobal i gcoitinne agus cé chomh haontaithe ina gceiliúradh agus a bhí na daoine a bhí bainteach leis an bhfeachtas fada aighneasach roimhe sin. Mar a chuireann Ó Gairbhí go tuisceanach é: “...Micheál D. Ó hUigínn... ag cogaint ar thodóg [...] Bhí an t-aisteoir Diarmuid de Faoite ag gol chomh maith... Sa Connemara Coast bhí Ciarán Ó Feinneadhá ag cuimhneamh ar a iníon féin a d’fhás agus gan aon chartún Gaeilge ar fáil di agus chuimhnigh Joe Steve Ó Neachtain ar an oíche ar chuir sé féin agus a chomrádaithe stop le taifeadadh *Quicksilver*.” (149).

I ndán a scríobh Michael Davitt, thug an file ‘an t-arrachtach binn’ ar TnaG agus is é an frása sin a thugann a teideal do Chaibidil a Cúig. Sa chaibidil sin, pléann Ó Gairbhí le blianta tosaigh TnaG (1997–1998). Féachann sé ar an dea-phoiblíocht go léir a fuair an stáisiún ag an bhfíorthús. Tagraíonn sé go háirithe don íomhá a chruthaigh TnaG di féin agus don tslí a raibh a méar ar chuise na hóige aici agus do na buntáistí a thug an íomhá sin léi. Luann sé, mar shampla, sleachta as na léirmheasanna fabhracha a scríobh léirmheastóirí éagsúla – Eddie Holt, John Boland agus Nuala O’Faoláin ina measc. Scrúdaíonn sé an cáineadh a fuair TnaG sna blianta tosaigh, freisin, ó léirmheastóirí mar Vincent Browne – léirmheastóir a cháin an caiteachas a bhí á dhéanamh ag an Rialtas ar TnaG – agus mar Kevin Myers – léirmheastóir a bhí naimhdeach ní hamháin i leith an stáisiúin ach i leith na Gaeilge. Ina theannta sin, tugann Ó Gairbhí léargas cuimsitheach ar na fadhbanna teicniúla a bhí le sárú ag an stáisiún ón tús. Mar a deir an t-údar: ‘An fhadhb ba mhó a bhí ag an tseirbhís nua i dtús aimsire ná nach raibh daoine ábalta teacht uirthi’ (166). Ach bhí fadhbanna eile le sárú ag an stáisiún, leis – bhí criticeoirí áirithe den tuairim go raibh an iomarca Béarla ar an stáisiún (174–5) agus cheistigh daoine eile a bhí fostaithe ag Raidió na Gaeltachta inniúlacht Ghaeilge na n-iriseoirí a bhí ag obair le TnaG (176–7), rud a chruthaigh aighneas idir TnaG agus RnaG. Míníonn Ó Gairbhí, nach ‘raibh aon réiteach draíochta ar na deacrachtaí seo ar fad’ (181) ach gur tharla rudaí tábhachtacha sa bhliain 1997 a chuir ar chumas bhainistíocht TnaG “plean fuascailte” (181) a chur le chéile. Mar chuid den phlean sin, cuireadh tús le *All Ireland Gold*, agus, bhí tionchar ollmhór ag an tsraith sin ar na figiúirí féachana, rinneadh clúdach den scoth ar olltoghchán 1997 ‘a thuill meas an phobail’ (182) agus leigheasadh cuid de na fadhbanna teicniúla a bhí ag an stáisiún roimhe sin. In ainneoin an phlean sin, áfach, sonraíonn Ó Gairbhí go raibh ‘an stáisiún fós faoi léigear’ (186) ag deireadh na bliana, 1997 agus go raibh gá aici le hinfheistíocht shuntasach ó fhoinse éigin.

I gCaibidil a Sé – ‘Teacht aniar’ – leathnaítear an plé ar na deacrachtaí móra a bhí fós ag TnaG sa tréimhse 1998–2000. Aithnítear, mar shampla, gur tugadh cluas bhodhar (189) do na hiarrachtaí poiblí a rinne Cathal Goan chun dul i ngleic leis an easpa maoinithe a bhí á tabhairt do TnaG. Buille eile do TnaG, ag an am sin, ab ea bunú TV3 de bharr gur imigh go leor de na hiriseoirí óga ó TG4 chun poist a ghlacadh leis an gcainéal nua (196). Deacracht eile fós ná an róthionchar a bhí ag RTÉ ar TnaG agus go háirithe ar *Nuacht TnaG*. I bhfocail Uí Ghairbhí ‘bhí easpa féiniúlachta agus údaráis ag baint le Nuacht TnaG sna blianta tosaigh sin.’ (204). Ansin, d’fhógair Alan Esslemont, Bainisteoir Ábhair le TnaG, go raibh sé ag éirí as a phost toisc gur mhothaigh sé nach raibh bainistíocht TnaG ag dul i ngleic lena cuid fadhbanna maidir le freastal a dhéanamh ar a lucht féachana agus maidir le figiúirí féachana a ardú. Catalaíoch a bhí i ngníomh Esslemont a spreag bainistíocht TnaG teacht le chéile in éineacht le hEsslemont chun ‘straitéis nua do TnaG a leagan amach’ (210). Cíorann Ó Gairbhí an pléan a cuireadh le chéile agus is mar seo a dhéanann sé achoimre ar an bpríomhaidhm a bhí leis: ‘Ba é an dá phríomhrud a aontaíodh... ná go gcaithfí tuilleadh maoinithe a fháil

agus chuige sin go gcaithfí caidreamh níos dlúithe le RTÉ a lorg' (210). Míníonn Ó Gairbhí, freisin, gur aontaíodh go raibh gá le 'hathbhrandaíl radacach' (212) agus gur fógraíodh i Mí Lúnasa, 1999, go dtabharfaí 'TG4' ar an stáisiún as sin amach. Tuairiscíonn Ó Gairbhí gur glacadh láithreach leis an ainm úr agus leis an gcaidreamh nua idir TG4 agus RTÉ agus gur thug an méadú maoinithe cúnamh mór do TG4. Is é an clabhsúr a chuireann Ó Gairbhí le Caibidil a Sé ná sraith de léirmheasanna éargnaí ar chuid de na cláir spóirt, cheoil, thaistil, fhaisnéise, shiamsaíochta agus chúrsaí reatha a chraol an stáisiún i mblianta tosaigh an stáisiúin. Déanann sé suntas d'éagsúlacht sceideal luath TnaG (230) ach aithníonn sé nár 'dhein an stáisiún aon ghaisce rómhór in iomaire na drámaíochta sna blianta ba thúisce dá réim' (228).

Sa seachtú caibidil – 'I'm gonna make you love me' – breathnaíonn Ó Gairbhí ar an oidhreacht a d'fhág Cathal Goan nuair a d'éirigh sé as a phost mar cheannasaí ar an stáisiún. Molann Ó Gairbhí an dea-íomhá a chruthaigh Goan agus a chomhghleacaithe don stáisiún agus luann sé go háirithe an tslí ar éirigh leo 'cuid den saol' (234) a dhéanamh den stáisiún. Ina dhiaidh sin, féachann Ó Gairbhí ar an bhfás agus ar an bhforbairt a tháinig ar TG4 ó 2000 go 2008 agus Pól Ó Gallchóir i gceannas ar an stáisiún. Tugann sé le fios go raibh teannas áirithe ann ag an tús ar dhá chúis – toisc stíl dhifriúil bhainistíochta a bheith ag Ó Gallchóir i gcomparáid le stíl Goan agus toisc gur shamhlaigh daoine áirithe go raibh baint rómhór ag Ó Gallchóir le RTÉ. Trí chuntas cuimsitheach a thabhairt ar na struchtúir a chuir Ó Gallchóir i bhfeidhm, trí léirmheas a dhéanamh ar chlár áirithe (*GAA Beo, Paisean Faisean, Kings* gan ach cúpla sampla a lua) agus trí scrúdú a dhéanamh ar na hiarrachtaí a rinne Ó Gallchóir an stáisiún a dhéanamh neamhspleách ó RTÉ, léiríonn Ó Gairbhí go raibh rath ar 'réimeas an Chonallaigh' (266). Déanann Ó Gairbhí iniúchadh géarchúiseach ar na cláir agus ar na straitéisí a bhí ag TG4 chun maoiniú a mhealladh ina treo agus ar na straitéisí margaíochta a chabhraigh le TG4 cáil a bhaint amach mar stáisiún a thug dúshlán gach iomaíochta.

Is é 'Ná lig sinn i gcathú' an teideal a chuireann Ó Gairbhí ar an ochtú caibidil. Is éard atá ann ná cuntas ar an tionchar a bhí ag an gcúlú eacnamaíochta ar TG4. Mhol 'An Bord Snip Nua' 'go bhfaigheadh an stáisiún €10 dá mhaoiniú ón gceadúnas teilifíse feasta agus gur cheart do TG4 agus RTÉ costais a ghearradh agus acmhainní a roinnt' (278). Ba é an polasaí a bhí ag Ó Gallchóir, áfach, ná an stáisiún a choinneáil neamhspleách ó RTÉ agus d'éirigh leis an bpolasaí sin. Ar an iomlán, measann Ó Gairbhí gur '...thug TG4 na cosa leis ón ngéarchéim eacnamaíochta gan an oiread sin dochair a bheith déanta dó' (280). Is cúramach an cíoradh a dhéanann Ó Gairbhí, freisin, sa chaibidil, ar staitisticí féachana an stáisiúin. Míníonn sé go bhfuil lucht féachana an stáisiúin ag dul i léig ó 2009 ach nach cúis inné é sin toisc 'athrú as cuimse' a bheith 'tagtha ar nósanna féachana an phobail de dhroim na réabhlóide digítí i gcúrsaí craolacháin' (288). Tar éis torthaí tuarascálacha éagsúla a chur os comhair an léitheora, déanann Ó Gairbhí plé tomhaiste, machnamhach ar cheist bhunaidh

amháin a eascraíonn astu – is í sin an cheist faoi chaidreamh TG4 lena croíphobal agus leis an bpobal i gcoitinne. Cuireann Ó Gairbhí tuairimí éagsúla maidir leis an gceist sin i láthair agus déanann sé anailís údarásach orthu.

Leanann Ó Gairbhí ar aghaidh leis an bplé sin ar an bhfreastal a dhéanann TG4 ar a croíphobal féachana agus ar chreimeadh leanúnach fhigiúirí féachana an stáisiúin i gCaibidil a Naoi. Ach, sa chaibidil sin, cuireann sé an plé i gcomhthéacs níos leithne agus luann sé an meath a tháinig ar an nGaeilge sa Ghaeltacht sa mhílaois nua, an gearradh siar suntasach a rinne an Rialtas ar bhuiséad caipitil Údarás na Gaeltachta ag am na géarchéime agus fuarchúis an Rialtais i gcoitinne i leith na Gaeilge. I dtuarascáil a foilsíodh sa bhliain 2015, cheistigh Conchúr Ó Giollagáin agus Martin Charlton polasaithe fadtéarmacha an Rialtais maidir le ‘cainteoirí Gaeilge atá rannpháirteach i ndlúthphobal Gaeilge’ (luaite ar leathanach 327) agus áitíonn Ó Gairbhí go bhféadfaí polasaithe TG4 maidir lena lucht féachana a cheistiú ar an mbealach céanna: ‘An gcaitheann TG4 leis an teanga amhail is gur ‘earra tarraingteach cultúrtha’ í a gcaitear ‘margaíocht’ a dhéanamh air? Ar chóir don chraoltóir níos mó dua a chaitheamh le pobal teanga “misniúil” agus “inmharthana” a chothú?’ (327). Is ceisteanna crua iad a théann go croílár bhunaidhmeanna an stáisiúin, agus léiríonn Ó Gairbhí nach bhfuil aon fhreagra simplí orthu. I gCaibidil a Naoi, freisin, déanann sé scagadh ar chuid de na dúshlán eile atá le sárú ag TG4. Luann sé, mar shampla amháin, go bhfuil ‘cuma sheanchaite’ (337) ar *Nuacht TG4* i ré nua seo na seirbhísí nuachta agus pléann sé roinnt laigí eagarthóireachta atá, ina thuairim, ar an gclár Nuachta. Maidir le cúrsaí reatha de, áitíonn Ó Gairbhí go mba ‘rídheacair cás a dhéanamh go bhfuil an tSúil Eile ar leathadh.’ (343). Dúshlán eile atá le sárú ag TG4, dar le hÓ Gairbhí, ná ‘idéalacha bunaidh’ (352) an stáisiúin a choinneáil beo agus foireann an stáisiúin ag dul in aois. Dúnann Ó Gairbhí an chaibidil le tagairt do ‘Aistriú an Lóchrainn’, is é sin an téama a roghnaíodh do cheiliúradh 20 Bliain de TG4 sa bhliain 2016 agus sonraíonn sé gur théama oiriúnach é toisc an tríú ceannasaí – Alan Esslemont – ar an stáisiún a bheith díreach ceapaithe ag am an cheiliúrtha. Pléann Ó Gairbhí an ceapachán sin agus tugann sé léargas beag ar an bhfís atá ag Esslemont don stáisiún. Áitíonn sé nach bhfuil Esslemont dall ar an dúshlán atá os a chomhair cothromaíocht éigin a fháil idir an freastal a dhéanann TG4 ar a croíphobal agus an freastal a dhéanann sí ar an bpobal náisiúnta agus tugann Ó Gairbhí fianaise go mbeidh an ceannaire nua ag baint níos mó earraíochta as an earnáil neamhspleách chun clár a sholáthar don stáisiún (359).

Is é ‘I ngreim an dá bhruach: TG4 1996–2016’ an teideal atá ar an gcaibidil dheireanach agus is éard atá ann ná achoimre ar phríomhthéamaí an leabhair agus measúnú ar an gcéad fhiche bliain de TG4. Aithníonn sé gur ‘míorúilt’ (362) í TG4 atá tar éis dul i gcion ar na criticeoirí ba bhinbe a bhí aici agus deir sé go bhfuil ‘samhlaíocht as cuimse léirithe ag TG4 ar bheagán acmhainne’ (381) go háirithe i réimsí an spóirt agus an cheoil. Go bunúsach, áfach, dar le hÓ Gairbhí, tá buncheist thábhachtach fós le freagairt ag TG4: ‘Cé dóibh atáimid ag craoladh?’ (369) Má thagann príomhthéis as an leabhar ina iomláine is í an phríomhthéis sin ná freagra

Uí Ghairbhí féin ar a cheist. Dar leis, ba chóir do TG4 díriú ar phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta gan a bheith ag iarraidh mórfhobal an Bhéarla a mhealladh. Is go cruthaitheach a chuireann sé é: ‘Tagann an t-am go gcaithfear cuireadh chun rince a thabhairt don té atá ceanúil ort agus éirí as bheith ag suirí leis an té ar cuma leis ann nó as duit.’ (374). Ciallaíonn sé sin, dar leis, go mbeidh ar TG4 tús áite a thabhairt dá ‘bunchuspóirí teanga’ (383) mar ‘ar deireadh thiar, ní bheadh ann don ‘tSúil Eile’ mura mbeadh ann don ‘teanga eile’ (392).

Is léir ón spléachadh sin thuas ar ábhar na gcaibidlí, go bhfuil éacht tathagach taighde curtha i gcrích ag Seán Tadhg Ó Gairbhí sa leabhar seo. Is é mórbhua an leabhair ná a scóip – is leabhar é a chlúdaíonn stair na teilifíse Gaeilge ó 1960 go 2016 agus a léiríonn tuiscint dhomhain fhorleathan, ní hamháin ar chúrsaí iriseoireachta ach ar chúrsaí polaitiúla agus ar chaidreamh idirphearsanta, freisin. Bua eile de chuid an leabhair is ea go bhfuil sé curtha i láthair i stíl na hiriseoireachta seachas i stíl acadúil. Tugann an stíl sin saoirse don údar scéalta ar ábhair is cás le daoine go pearsanta a insint (102, mar shampla) agus tugann sé deis don údar a chuid tuairimí pearsanta a nochtadh, rud a dhéanann sé go mionmhinic agus go cumasach cliste (326, mar shampla amháin). Ina theannta sin, bíonn de shaoirse aige tarraingt ar agallaimh a rinne sé féin gan a chuid foinsí a ainmniú i gcónaí (330, mar shampla). Is inmholta, freisin, an tslí a nglacann an t-údar seasamh cinnte ionraic i ndíospóireachtaí tríd an leabhar síos chun súil ghrinn a chaitheamh ar an tsúil eile. Is trua é, áfach, nár bhain an t-údar leas as ceannlínte i gcorp an tsaothair tríd. Cé go bhfuil rangú déanta ar an ábhar ag an údar, thuigfeadh an léitheoir ní b’fhéarr go raibh an t-údar ag bogadh ó fho-ábhar amháin go fo-ábhar eile dá mbeadh ceannlíne ag barr gach coda. Ina theannta sin, mhothaigh mé uaireanta go bhféadfaí cuid den athrá (a bhíonn coitianta go leor san iriseoireacht, ar ndóigh) a sheachaint (117 agus 379). É sin ráite, is leabhar fíorluachmhar é an leabhar seo do dhuine ar bith ar spéis leis nó léi forbairt na teilifíse Gaeilge i stair na hÉireann. Tá ardmholadh tuillte ag an údar as taighde cuimsitheach a thabhairt le chéile in aon fhoinse mhionsonraithe amháin mar aon le hanailís mhacánta léannta.





## **Insintí Liteartha Luachmhara ar an Óige in Éirinn (c 1880 – c 2010): Léirmheas ar *Aois na hÓige. Díolaim Próis***

**Cló Iar-Chonnacht: Indreabhán, 2017, lgh 350**

**Eagarthóirí: Aisling Ní Dhonnchadha  
agus Máirín Nic Eoin**

*Léirmheas le Marie Whelton*

<https://doi.org/10.13025/e6vg-y231>

### **Réamhfocal**

Sna blianta 2001 agus 2010 d'fhoilsigh Cois Life dhá eagrán éagsúla de *Gaolta Gairide: Rogha Dánta Comhaimseartha ar Théamaí Óige agus Caidrimh Teaghlaigh*. Cnuasaigh d'fhillíocht is ea iad atá curtha in eagar ag Máirín Nic Eoin. Imleabhar comhlántach do na cnuasaigh sin is ea *Aois na hÓige: Díolaim Próis* ina bhfuil saothar próis le trí scríbhneoir is fiche bailithe le chéile. Cé go n-aithníonn na heagarthóirí nach bhfuil san áireamh ach trí phársa próis le húdair óga agus, dá bhrí sin, go mbaineann teorainneacha áirithe leis na téacsanna próis mar fhoinsí do stair na hóige (33), níl amhras faoi ach gur foinsí liteartha údarásacha iad na téacsanna ficseanacha agus neamhfhicseanacha atá tiomsaithe acu agus go soláthraíonn siad léargas suaithinseach ar ghnéithe de shocheolaíocht agus de shíceolaíocht na hóige in Éirinn idir c.1880 agus c.2010. Bainfidh taighdeoirí ar chultúr na n-óg an-tairbhe as an mbailiúchán agus beidh an díolaim fíor-oiriúnach, freisin, mar ábhar staidéir ag mic léinn oideachais ag an tríú leibhéal. Cabhróidh na nótaí soléite tomhaiste atá curtha ar fáil ag na heagarthóirí roimh gach aon sliocht próis go mór le mic léinn tuiscint a fháil ar chúlra beathaisnéiseach na

scríbhneoirí agus ar chomhthéacs na sleachta éagsúla. Sa léirmheas seo, tabharfar spléachadh ar shaibhreas ábhar na díolama faoi chúig cheannteideal éagsúla. Tagraíonn gach ceannteideal do mhór-ghné ar leith de shaol an linbh atá pléite sa díolaim agus atá aitheanta sa Réamhrá ag na heagarthóirí. Cé nach liosta cuimsitheach é liosta na gceannteideal, agus cé nach bhfuil sé éasca i gcónaí na sleachta a rangú de réir ábhair (pléann cuid de na sleachta le níos mó ná ábhar amháin), is liosta é a léiríonn scóip leathan na díolama agus a thabharfaidh blaiseadh don léitheoir ar na mór-ábhair a dtéann an díolaim i ngleic leo.

### **Fás agus Forbairt Fhéiniúlacht an Pháiste**

Tagann fás agus forbairt fhéiniúlacht an pháiste chun cinn in go leor de na sleachta. Trí phearsantú a dhéanamh ar na báboga sa scéal ‘Bairbre’, mar shampla, cuireann an Píarsach peirspictíocht an linbh ar na bréagáin os comhair an léitheora agus déanann sé ráiteas faoi thábhacht an tsúgartha i bhforbairt an linbh. Creideann Brídín go bhfuil an bhábóg, Bairbre, in ann labhairt léi, go mothaíonn sí pian agus, sa deireadh, go bhfuil sí in ann a cara a shábháil ón gcontúirt. Léiríonn an scéal go dtagann Brídín ar thuiscint uirthi féin tríd an gcaidreamh atá aici le Bairbre agus go bhfoghlaímíonn sí ceacht tábhachtach faoin dílseacht agus faoin ngrá ón súgradh (161).

Dhá shliocht as *Jimín Mháire Thaidhg* (1919 / 2016), le Pádraig Ó Siochfhradha atá roghnaithe ag na heagarthóirí agus tugann an dá shliocht sin léiriú greannmhar bríomhar ar ghnéithe den óige ó pheirspictíocht an bhuachalla óig. Breathnaíonn an dara sliocht, go háirithe, ar an bhforbairt a thagann ar thuiscint an údair air féin agus ar an ról a bhí ag a chaidreamh lena dheirfiúr san fhéinforbairt sin (1124).

An fás agus an fhorbairt a thagann ar pháistí a mbíonn orthu tréimhse a chaitheamh in aimsir nó ag obair ar an Lagán is ábhar de na sleachta sa leabhar le Micí Mac Gabhann, Róise Rua Mhic Grianna agus Peig Sayers. Sa mhír seo thíos, mar shampla, cuireann Mac Gabhann béim ar an tuiscint a fuair sé ar thionchar an scartha ar a mháthair agus is léir ón gcomhbhá a dhéanann sé léi go ndeachaigh a tocht i bhfeidhm go mór air agus é óg:

Ach bhí sí ag scaradh lena mac agus is dóiche nach bhfuil crá croí ar an tsaol seo is nimhní agus is goilliúnaí ná scarúint máthair agus mic – agus go háirid nuair is dílleachta beag é an mac (68).

Sliocht eile atá spéisiúil ó thaobh fhorbairt na féiniúlachta de ná ‘Ag Súil leis an gColáiste Samhraidh’ le hÉilís Ní Dhuibhne. Sliocht as *Cailíní Beaga Ghleann na mBláth* (2003) atá ann ina dtugtar léargas ar an tslí a bhféachann daoine ó aicme amháin anuas ar dhaoine ó aicme eile agus ar an tslí a gcuirtear na dearcthaí sin ar aghaidh chuig páistí. Is é an moladh a thugann a máthair do Mháire, mar shampla, ná gan a bheith ‘ag meascadh leis na páistí ar an mbóthar’ (304) toisc iad a bheith ‘comónta’. Tá dearcadh eilíteach ag máthair Mháire



i leith na Gaeilge, fiú, mar a deir an reacaire: ‘Creideann a máthair gurb é an Ghaeilge an t-ábhar is tábhachtaí dá bhfuil ann... toisc gurb í an Ghaeilge an geata a osclaíonn ar ghairdín an rachmais...’ (308). Nuair a théann Máire chuig coláiste samhraidh Gaeilge i nGleann na mBláth, agus í naoi mbliana d’aois, tuigean sí nach deis í sin a fhaigheann páistí eile sa chomharsanacht as a dtagann sí. Tá an cur síos ar an gcoláiste samhraidh lán le híoróin, áfach, agus léirítear Máire ag fás agus ag forbairt mar dhuine agus í i gcomhlúadar atá an-difriúil le comhlúadar a teaghlaigh féin.

### **Caidreamh an Pháiste le Gaolta Gairide, leis an bPobal, le Cairde agus le hAinmhithe**

Mar a bheifí ag súil leis i ndíolaim ar an óige, is é téama an teaghlaigh an téama is suntasaí inti agus tugann cuid mhaith de na giotáí próis léargas ar chaidreamh páistí le tuismitheoirí, le deartháireacha, le deirfiúracha, leis an bpobal agus le hainmhithe. Is daoine iad an t-athair agus an mac sa ghearrscéal ‘An Buille,’ mar shampla, le Liam Ó Flaithearta atá go hiomlán difriúil lena chéile. Is duine borb é an t-athair (Éamonn) agus níl meas aige ar an laige. Ceapann sé nach bhfuil ‘braon’ dá ‘chuid fola’ ina mhac (Neidín). Is duine goilliúnach é Neidín a chreideann i gcumhacht an ghrá seachas sa lámh láidir. Nuair a thugann Éamonn buille brúidiúil san aghaidh do Neidín, is léir go bhfeiceann sé misneach ciúin a mhic den chéad uair riamh agus go dtagann aiféala air láithreach. In ainneoin go bhfuil dearcthaí difriúla acu ar an saol, faigheann an bheirt acu tuiscint nua orthu féin agus ar a chéile de bharr na heachtra agus, ag an deireadh, slánaíonn an ‘comhchion’ (212) atá eatarthu a gcaidreamh.

Ceann de na nithe is suntasaí a sheasann amach faoi na sleachta sa díolaim as *Feamainn Bhealtaine* (1961) le Máirtín Ó Direáin ná an léiriú a thugann siad ar an ról a bhíodh ag an bpobal ar Árainn i dtógáil an linbh. Tugann Ó Direáin le fios, mar shampla, go mbíodh muintir na háite ag faire ar pháistí agus gur bhain siad úsáid as an mbéadán áitiúil chun iad a chur ar bhealach a leasa. Is léir gur thuig Ó Direáin, agus é ina pháiste, go raibh amhras ar mhuintir na háite ina leith agus nach raibh an pobal compordach lena nósanna neamhghnáthacha (176). Is cosúil go ndeachaigh an caidreamh sin i bhfeidhm go mór ar a roghanna saoil ina dhiaidh sin.

Caidreamh an pháiste lena ghaolta gairide agus lena áit dúchais is téama, freisin, don sliocht atá sa díolaim as *Lár an Domhain* (2008) le Beairtle Ó Conaire. Nochtar fírinne éagsúla don údar óg i rith an tsleachta maidir le cuid de na daoine agus de na háiteanna is ansa leis agus tagann sé ar thuiscint, de réir a chéile, nach mbíonn daoine ná áiteanna mar a shíleann an páiste i gcónaí. Tá díomá ar leith air a fháil amach mar shampla, go mbaineann cur i gcéill lena dhlúthchara, Mags (284).

Is scéal fíorchumhachtach é ‘An Seamlas’ le Seán Mac Mathúna ina dtaiscéaltar gnéithe den chaidreamh atá ag buachaill óg, Colm, lena mhadra, Reics. Tá galar foirceanta ar an madra agus tá molta ag saineolaí do Cholm an madra a mharú. Tugann sé ‘a sheanpháirtí’ (256) chuig an mbúistéir sa seamlas ach níl an búistéir réidh an gadhar a mharú agus cuireann sé an

fhreagracht ar Cholm an gníomh a chur i gcrích (264). Cé go dtugann Colm faoi ghníomh an mharaithe go cróga, léiríonn Mac Mathúna, go sciliúil, go mbíonn tionchar mothálach ollmhór ag an eachtra ar an déagóir óg agus go mbíonn air fás aníos go han-tapa dá bharr. Cailleann Colm neamhbhuairt shoineanta na hóige ar an lá sin, ach is léir, freisin ag deireadh an scéil, go dtugann ‘gnáthradharc’ (267) agus comhluadar cothaitheach a mháthar sólás agus faoiseamh éigin dó ó thráma an eispéiris.

Is tráthúil, agus cás na dteifeach mar ábhar rialta sa nuacht reatha, go bhfuil sliocht as úrscéal tairngeartach Alan Titley, *Gluaiseacht* (2009), san áireamh sa díolaim. Sa sliocht sin, buaileann an léitheoir le buachaill óg agus lena chara, Fatima – beirt pháistí ón Afraic atá ag teithheadh go dtí an Eoraip – agus iad tar éis campa dídeanaithe a bhaint amach. Cé go bhfuil na páistí tar éis maireachtáil trí thuras fada, is páistí soineanta iad nach bhfaca an fharrage riamh roimhe sin, a chreideann i bpiseoga agus a scaoileann uathu eolas pearsanta maidir leo féin go héasca le strainséir (326–27). Amharcann an sliocht ar na cúinsí salacha sa champa agus ar nádúr rúnda baolach an turais a dhéanann na páistí thar farrage le cabhair ó gháinneálaithe éillitheacha. Feidhmíonn an sliocht mar chritic shóisialta ar fhuarchúis na sochaí comhaimseartha maidir leis an dúshaothrú a dhéantar ar pháistí, ach, déanann sé ceiliúradh, freisin, ar an teacht aniar iontach atá sna páistí agus ar an tacaíocht agus ar an gcairdeas a thugann siad dá chéile ar an mbealach.

### **Taithí an Pháiste ar An Scoil agus ar Chúrsaí Oideachais**

Tá fiúntas litríocht na Gaeilge mar fhoinsé d’insintí ar chúrsaí oideachais léirithe ag Caoimhe Máirtín (2003) ach díríonn a taighde ar fhoinsí a bhaineann go háirithe leis na blianta idir 1800 agus 1930. Cuireann an díolaim seo le hobair Mháirtín sa mhéid is go ndíríonn go leor de na sleachta ar thaithí an pháiste ar an scoil agus ar chúrsaí oideachais i gcoitinne. Rianaíonn ‘Mé ar an Scoil’ le Róise Rua Mhic Grianna, mar shampla, na nósanna a bhíodh ag múinteoirí ar leith agus na cleachtais choitianta a bhíodh i réim agus an t-údar ar scoil. Is fiú féachaint ar phíosa ón sliocht - cé go léiríonn an píosa seo go raibh easnaimh mhóra ar an gcóras oideachais a bhí i réim, tá buíochas Róise as an oideachas a fuair sí, agus as an dea-thionchar a bhí aige ar a saol, le léamh, mar sin féin, ar a cuntas:

D’éirigh liom féin fanacht ar an scoil go raibh mé sa Chúigiú Leabhar, rud a d’fhág go raibh conamar beag léinn agam i rith mo shaoil ina dhiaidh sin. Caithfidh tú a chuimhniú go raibh a lán créatúr fá m’aois an uair sin nach raibh léann ar bith acu. Bhí sin iontach cruaidh ar a macasamhail níos moille ina saol, nó nuair a chuaigh siad amach chun an Lagáin nó anonn go hAlbain a shaothrú ní raibh siad ábalta leitir bheag a scríobh chun an bhaile chuig a muintir. (86)

Sliocht as *Nuair a bhí mé óg* (1942 / 1979) is ea ‘An tSeanscoil’ le Séamus Ó Grianna agus tugann sé léargas ar an bpionós corpartha agus ar easpa cumhachta na dtuismitheoirí a bpáistí a chosaint ó bhrúidiúlacht mhillteanach múinteoirí áirithe. Pléann an sliocht leis an bhfionn díoltais a thagann ar an athair, mar shampla, ach tuigtear, freisin, gur beag is féidir leis na tuismitheoirí a dhéanamh faoin múinteoir (177–80).

Is í an chodarsnacht ghéar idir samhlaíocht thorthúil an pháiste agus ábhar leamh na gceachtanna is mó a chíortar sa chéad sliocht sa díolaim ó *An Lomnochtán* (1977), le hEoghan Ó Tuairisc, ach tá ráiteas láidir sa sliocht, freisin, agus go háirithe sa phíos a luaitear anseo, ar thionchar mothálach an fhoréigin ar gach páiste sa rang:

Ardaíonn sí a lámh tá cufaí bána aici agus síos leis an tslat ag scianadh ar bharr a chuid méar téann an phian ionainn go croí. Ó j Ó j. Titeann deoir amháin agus titeann deoir eile ag sailiú Dan has a van tá na deora te tá an red van trí thine. (220).

Cuireann na heagarthóirí sliocht an-suimiúil le Micheál Ó Conaire ar fáil ina bhfaightear tuairisc ar eispéireas teaghlaigh amháin a bhog ó Chonamara go Ráth Chairn sa bhliain 1935. Tuairiscítear ar na leasainmneacha maslacha (239) a bhíodh ag an bpobal áitiúil ar mhuintir Chonamara agus ar an teannas a bhíodh ann idir an dá ghrúpa. Díríonn Ó Conaire, go háirithe, ar an taithí a bhí aige lena dhara mac, mac a raibh riachtanais speisialta fhoghlama aige, agus, nach raibh, i bhfocail an údair, ‘in ann coinneáil suas leis an gcuid eile de na páistí’ (237). Is léir ón mír nár cuireadh aon tacaíocht ar fáil dó ar scoil agus nach raibh na huirlisí cumarsáide ag an teaghlach chun tacaíochtaí oiriúnacha oideachais a lorg dó. Admhaíonn an t-údar go ndeachaigh sé féin i muinín an fhoréigin chun a mhac a chosaint ó pháistí eile a bhíodh ag déanamh bulaíochta air (239).

### **Tábhacht na Teanga i Saol an Linbh**

Caitheann cuid de na sleachta sa díolaim solas ar chúrsaí teanga agus go háirithe ar thábhacht shealbhú na teanga i bhforbairt chumarsáideach agus mhothúcháin an linbh. In ‘An Saol Nua’ feictear an chumha a thagann ar Peig Sayers agus í ag dul in aimsir, gan aon Bhéarla aici, chuig teach ina labhraíodh Béarla den chuid is mó (76). In ‘Mé ar an Scoil’ tagraíonn Róise Rua Mhic Grianna don nós a bhíodh ann agus í ar scoil an teagasc go léir a dhéanamh trí mheán an Bhéarla. Luann sí, ceart go leor, go mbíodh páistí ina rang nach raibh aon Ghaeilge acu ach sonraíonn sí go mbíodh deacrachtaí ag mórchuid de na páistí cumarsáid a dhéanamh leis an máistir as Béarla (85). Is cuntas níos dorcha é an cuntas a thugann Séamus Ó Grianna ar an drochthionchar a d’imir an córas oideachais coilíneach ar pháistí a bhíodh á dtógáil le Gaeilge agus tagraíonn sé, freisin, don easpa tuisceana a bhíodh ar pháistí go minic ar scoil, mar a deir sé: ‘Ní raibh a fhios againn leath an ama goidé a bhíomar a rá’ (105).

Soláthraíonn an dá chaibidil atá sa díolaim as *Fiche Blian ag Fás* (1933 / 2008), le Muiris Ó Súilleabháin, léargas spéisiúil ar eispéireas an pháiste a fhilleann abhaile go dtí an Blascaod Mór tar éis dó a bheith sa dílleachtlan sa Daingean. Cloiseann Muiris óg a athair ag spreagadh amhránaí agus baineann sé triail as labhairt na Gaeilge den chéad uair agus é ag déanamh aithrise ar chaint spreagúil a athar (165).

Sa sliocht le Lorcán S. Ó Treasaigh – sliocht atá tógtha as *Céard é Énglish?* (2002) – tugtar éachtaint ar thaithí buachalla óig atá á thógáil le Gaeilge i suíomh uirbeach na príomhchathrach. Is léir go mbíonn ar an bpáiste sin dul i ngleic le ceisteanna teanga agus é an-óg agus go dtuigeann sé nach n-aontaíonn gach duine ina theaghlach sínte le cinneadh a thuismitheoirí maidir le teanga chumarsáide na clainne. Bíonn air dul i ngleic, freisin, le bulaíocht óna chomhaoiseanna ar an tsráid – comhaoiseanna a dhéanann ionsaí air féin agus ar a dheartháir de bharr a n-éagsúlachta. Mar is léir ón sliocht seo thíos, áfach, níl amhras faoi ach go ndearbhaíonn an scoil Lán-Ghaeilge a bhféiniúlacht mar ‘Ghaeil’ agus go bhfaigheann na buachaillí faoiseamh agus tearmann inti:

Thosaigh muid ag gáire agus shiúil muid doras na scoile isteach mar nuair a bhíonn tú leis na Gaeil bíonn tú sásta, agus nuair a bhíonn tú sásta, bíonn tú ar do shuaimhneas... (296)

### **Cultúr, Súgradh agus Caitheamh Aimsire na nÓg**

Cé go dtéann go leor de na giotáí próis i ngleic le gnéithe de chultúr na n-óg, faightear léargas ar leith ar shúgradh, ar chaitheamh aimsire agus ar fhéilte tábhachtacha i saol an linbh i roinnt de na sleachta. In ‘Bata Marascail’ – sliocht as *Na Laetha a Bhí* (1953 / 1966) le hEoghan Ó Domhnaill – mar shampla, tá tuairisc ghreannmhar ar an aithris a dhéanann buachaillí óga ar shaighdiúirí fásta i rith Chogadh na Saoirse nuair a shocraíonn siad ar chomplacht ‘de óglaigh mhiona a chur ar bun’ (129). Tagraíonn an t-údar dá ‘chuid fear’ (130) agus caitheann sé leo go dáiríre. Fiafraíonn sé de chara amháin leis, mar shampla: ‘Cé acu saighdiúir nó buachaill bó atá ionat?’ Is sliocht é a léiríonn tábhacht na rólimeartha agus na haithrise i súgradh agus i bhfoghlaím na bpáistí.

Luann Máirtín Ó Direáin cluichí traidisiúnta éagsúla agus maíonn sé go mbíodh sé ‘ag déanamh “plúiríní” ag déanamh “falach” nó ag cur báid ag snámh.’ (168). Ina theannta sin, cé nach mbíodh na páistí ag imirt cártaí, luann sé gur fhoghlaim sé foclóir na gcluichí óna bheith ag éisteacht leis na daoine fásta agus iad i mbun imeartha (174) agus tagraíonn sé don fhaitíos a bhíodh orthu agus na daoine fásta ag insint ‘scéalta faoi thaibhsí’ (174). Is díol spéise é, freisin, go bhfuil tuairisc ag Ó Direáin ar an ‘druileáil’ a bhíodh ar siúl i measc na bhfear aimsir an Dara Cogadh Domhanda agus ar an nós a bhíodh aige, mar bhuachaill, aithris a dhéanamh orthu lena chairde féin (187).

Sa sliocht dírbheathaisnéiseach le Máire Ní Ghaoithín, tá cuntas mionsonraithe ar thábhacht na mbábóg i saol bheirt chailíní. Déanann an t-údar cur síos ar an ngliondar a bhí uirthi nuair a tháinig an bhábóg ghalánta di ó Mheiriceá agus cuimhníonn sí ar an tslí a ndeachaigh an bhábóg i bhfeidhm, ní hamháin uirthi féin, ach ar a cara, Siobhán, freisin. Sula bhfad fuair Siobhán bábóg óna hathair siúd agus deir an t-údar go mbíodh ‘an-sheó’ (192) ag an mbeirt chailíní leis na báboga. Ar nós Bhrídín sa scéal ‘Bairbre’, chaith na cailíní lena mbáboga mar dhaoine (193). Ina theannta sin, sonraíonn Ní Ghaoithín gur fhoghlaim sí scileanna maintíneachta óna bheith ag déanamh éadaí do na báboga, scileanna a chuaigh chun sochair di ina saol mar dhuine fásta.

Tugann an dara sliocht sa díolaim ó *An Lomnochtán* (1977), le hEoghan Ó Tuairisc, léargas álainn don léitheoir ar pháiste ag fáil taithí ar dhomhan na scannánaíochta agus is féidir a bhís a léamh, go háirithe, ar an gcur síos géarchúiseach seo:

Scrín mhór gheal a bhí ann, na scáileanna liatha ag sclimpirneach uirthi, sin iad na Pictiúir, bhí an Scrín is a cuid scáileanna ina lasair liathbhán léimeach ag éirí go hard san aer roimhe, thioctadh leis a lámh a leagan uirthi a mhéara a mheascadh i scáileanna reatha an scéil... (220)

Tá dhá shliocht sa díolaim a dhíríonn ar áit na Nollag i saol an linbh. Sa mhír as *An Nollaig Thiar* (1989), le Breandán Ó hEithir, mar shampla, féachtar ar ghnéithe den Nollaig in Árainn nuair a bhí an t-údar ina pháiste agus scrúdaíonn sé, go háirithe, an t-iompar mínósach a bhíonn ann go minic aimsir na Nollag idir deartháireacha agus deirfiúracha agus iad ag fás aníos (234). Faightear cur síos álainn ar ghliondar na Nollag sa ghearrscéal ‘Úrnollaig Ógh’ le Pádraig Breathnach. Cé go raibh drogall ar an údar Oíche Nollag a chaitheamh i dteach a Dhaideo, ghéill sé agus d’fhan sé leis chun cabhrú le cráin a bhí ag súil le breith. Nochtann an scéal gur bhain an t-údar an-sult as an Nollaig dhifriúil sin as baile (251).

## Tátal

Is léir ón tsúilfhéachaint sin ar na sleachta i gcúig chatagóir éagsúla, go gcuimsíonn an díolaim réimse fairsing de shaol an linbh. Tá ardmholadh tuillte ag Máirín Nic Eoin agus ag Aisling Ní Dhonnchadha as tarraingt ar a dtaithí fhorleithheadach ar phrós na Gaeilge chun rogha cháiréiseach fhiúntach de théacsanna ionadaíocha ar théama na hóige a chur ar fáil den chéad uair sa Ghaeilge in aon fhoinsé amháin. Níl amhras faoi ach go mbeidh léann na hóige agus léann na leanbáíochta faoi chomaoin ag eagarthóirí na díolama seo agus go n-éascóidh an díolaim féin agus na liostaí tagartha luachmhara atá curtha ar fáil ag deireadh an leabhair tuilleadh taighde sa ghort.

## Tagairtí:

Máirtín, C., (2003) *An Máistir: An Scoil agus An Scolaíocht i Litríocht na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life.

Nic Eoin, M., (eag.) (2001) *Gaolta Gairide: Rogha dánta comhaimseartha ar théamaí óige agus caidrimh teaghlaigh*. Baile Átha Cliath: Cois Life.

Nic Eoin, M. (eag.) (2010) *Gaolta Gairide: Rogha dánta comhaimseartha ar théamaí óige agus caidrimh teaghlaigh*. Eagrán úr méadaithe. Baile Átha Cliath: Cois Life.



## Nótaí Beathaisnéise

### Nótaí Beathaisnéise na nÚdar

#### **Vicky Brady**

Is as cathair Chorcaí do Vicky Ní Bhrádaigh. Bronnadh céim BA sa Ghaeilge agus sa Bhéarla uirthi in 2010 ó Choláiste Mhuire gan Smál, Luimneach. Chríochnaigh sí máistreacht sa Ghaeilge sa choláiste céanna in 2011 le tráchtas ar úrscéalta stairiúla na Gaeilge. Chaith sí bliain ag múineadh Gaeilge in Ollscoil Villanova, cathair Fhilideilfia, le linn 2016-2017 ar scoláireacht Fulbright. Chríochnaigh sí dochtúireacht sa Ghaeilge i gColáiste Mhuire gan Smál in 2019 le tráchtas dar teideal: *An Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge, 2010-2030: Cathair Chorcaí mar Shuíomh Taighde*. Is iad sochttheangeolaíocht na Gaeilge, pleanáil agus beartas teanga, pleanáil teanga do theangacha mionlaigh agus idé-eolaíochtaí teanga a cuid spéiseanna taighde.

#### **Ellen Corbett**

Is as an Chorr Chríochach i gContae Thír Eoghain do Ellen Corbett. Tá sí i mbliain na céime in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus tá sí ag déanamh staidéir ar Léann an Aistriúcháin agus ar an Ghearmáinis, ábhar a thosaigh sí san Ollscoil. Chaith sí an bhliain seo caite in Leipzig in oirthear na Gearmáine ar a bliain Erasmus agus d'fhreastail sí ar an ollscoil ansin, áit ina raibh an deis aici Gearmáinis, Gaeilge agus aistriúchán a dhéanamh. Sula ndeachaigh sí ar Erasmus, fuair sí scoláireacht leis an Deutscher Akademischer Austauschdienst (DAAD) agus d'fhreastail sí ar chúrsa samhraidh in Freie Universität Berlin.

### **Pádraig de Bléine**

Tá Pádraig de Bléine ina Léachtóir Sinsearach i Roinn na Gaeilge ar Choláiste Ollscoile Naomh Muire i mBéal Feirste. Tá taithe aige ar theagasc na Gaeilge agus na litríochta ag ag dara agus ag an tríú leibhéal. Tá spéis mhór aige i litríocht an bheirt Ghriannach, Seosamh agus Séamas. Tá suim mhór aige fosta i gcúrsaí aistriúcháin agus chuige sin tá úrscealta do pháiste aistrithe go Gaeilge aige. Ina measc siúd tá: *Capall Cogaidh*, *An Cheist Faoi Mozart*, *Kaspar Prionsa na gCat*, *Tá na hEitleoga in Airde sa Spéir*, *Toro! Toro!*, *An Fáth ar tháinig na Míolta Móra agus Cúláilte* – le Michael Morpuogo aistrithe aige. Chomh maith leis sin tá *An Gasúr a Chaith Pitseamaí Stríocacha*, *Anne Frank*; *Dialann Cailín Óig* agus *Is Mise David* aistrithe go Gaeilge aige.

### **Shane Grant**

Is as Cathair Phort Láirge do Shane Grant ó dhúchas. Is bunmhúinteoir é. Tá sé ina iarrthóir PhD le Roinn na Gaeilge, Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach. Bhronn Scoil Taighde Choláiste Mhuire Gan Smál spárantacht taighde air sa bhliain 2017. Díríonn a chuid taighde ar chothú agus ar chleachtais fhilí chomhaimseartha Gaeilge i gceantair Ghaeltachta Chorca Dhuibhne agus Uíbh Ráthaigh fé stiúir an Dr Róisín Ní Ghairbhí. Tá spéis ar leith ag Shane i litríocht chomhaimseartha na Gaeilge, i bhféiniúlacht nuachainteoirí na Gaeilge agus i bpleanáil teanga.

### **Caoilfhionn Lane**

Tá Caoilfhionn Lane ag obair mar thaighdeoir agus mar innealtóir bogearraí i réimse na heolaíochta sonraí. Tá sí lonnaithe in Ionad na hAnailísíochta Sonraí ‘Insight’ in Institiúid na hEolaíochta Sonraí (DSI), Ollscoil na hÉireann Gaillimh. Roimhe sin, chaith sí seal mar innealtóir bogearraí i gcomhlachtaí ilnáisiúnta. Sa tréimhse sin, bhí sí ag plé le teicneolaíocht na cumarsáide. Tá an-suim aici i sonraí agus tá suim ar leith aici in anailísiú téacs agus sa teicneolaíocht teanga. Rinne sí an Diplóma sa Ghaeilge agus an Diplóma i Scileanna Aistriúcháin in Ollscoil na hÉireann Gaillimh agus tá sí ina comhúdar ar alt acadúil faoi chóras meaisínáistriúcháin.

### **Seán Mac Corraidh**

Is léachtóir sinsearach é an Dr Seán Mac Corraidh a bhíonn ag teagasc theanga agus litríocht na Gaeilge ar chúrsaí BEd agus BA i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste. Comheagraíonn sé cúrsa Gaeilge sa choláiste sin do mhic léinn PGCE in Ollscoil na Ríona agus Ollscoil Uladh. Tá saothar foilsithe aige sna réimsí seo: an t-aistriúchán liteartha, scéalaíocht agus amhránaíocht na Gaeilge, agus fóineolaíocht agus gramadach na Gaeilge i gcomhthéacs an dara teanga.



### **Niall Mac Uidhilin**

Is feidhmeannach ríomhaireachta le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge é Niall Mac Uidhilin. Tá suim aige in idirghabhálacha oideachasúla praiticiúla a thacaíonn le gasúir i gceantair láidre Gaeltachta forbairt teanga a dhéanamh. Tá BSc agus MSc aige sa Ríomhaireacht agus i gCórais Idirlín agus Dioplóma sa Ghaeilge. Tá PhD san Oideachas aige ó Scoil an Oideachais in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

### **Caroline Ní Fhlatharta**

Is as an gCeathrú Rua i gConamara do Charoline. Is Oifigeach Socrúcháin le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh í. Tá BA sa Ghaeilge Fheidhmeach agus MA san Fhoghlaim agus Forbairt d'Aosaigh aici ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, mar aon le Dioplóma sa Ghaeilge agus Dioplóma i dTeicneolaíochtaí Gnó (OÉ, Gaillimh) agus Dioplóma i dTeagasc na Teicneolaíochta Faisnéise. Tá spéis ar leith ag Caroline i gcur chun cinn na Gaeilge agus san fhoghlaim fad saoil.

### **Dorothy Ní Uigín**

Is í Príomhfheidhmeannach Gníomhach Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge í an Dr Dorothy Ní Uigín. Tá an-suim aici i dteagasc agus i sealbhú teangacha agus sa litearthacht acadúil. Tá suim ar leith aici i stair na hiriseoireachta agus na meán Gaeilge.

### **Marie Whelton**

Léachtóir le Gaeilge in Institiúid Oideachais Marino. Údar *Teagmháil agus Tnúthán: Staidéar ar an Apastróf i bhFilíocht na Nua-Ghaeilge* (An Sagart, 2008), *Nuair a Stadann an Ceol: Úrscéal don Fhoghlaiméir Fásta* (LeabhairCOMHAR, 2013, 2015) agus *Leathbhádóirí: Úrscéal don Fhoghlaiméir Fásta* (LeabhairCOMHAR, 2017). I gcomhar le hAodán Mac Suibhne scríobh sí trí leabhar do mhúinteoirí bunscoile: *Cóir Ghaoithe: Cúrsa Ullmhúcháin don Scrúdú Le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* (IOM, 2006); *Í a Labhairt: Cúrsa Gaeilge Idirmheánach do Mhúinteoirí Bunscoile* (IOM, 2008) agus *Sruth na Maoile: Ábhar Tacaíochta d'Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* (IOM, 2009). In Eanáir 2018, ba bhall í d'fhoireann a scríobh tairiscint ar éirigh léi maoiniú a ghnóthú ón Roinn Oideachais agus Scileanna chun BOid trí Mheán na Gaeilge a sholáthar in Institiúid Oideachais Marino.

## Nótaí Beathaisnéise na nEagarthóirí

### **Baba Nic Dhonnacha**

Is as Leitir Móir i gContae na Gaillimhe ó dhúchas do Bhaba Nic Dhonnacha. Bhain sí amach Dioplóma sa Ghaeilge ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Teastas i nGaeilge Fheidhmeach agus Aistriúchán ó Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo. Tá sí i mbun staidéir ar an MA/Dioplóma Iarchéime sa Léann Teanga faoi láthair.

### **Christian Flynn**

Is as Tuaim, Co. na Gaillimhe é Christian. Thosaigh sé amach i mbunscoil lán-Ghaeilge i dTuaim agus ar mheánscoil lán-Ghaeilge i mBaile Átha an Rí. Bhain sé céim chéad onóracha amach sna Dána: Léann an Aistriúcháin agus Gaeilge in 2018. Tá sé i mbun staidéir ar an MA/ Dioplóma Iarchéime sa Léann Teanga faoi láthair. Tá sé ar intinn aige obair aistriúcháin a dhéanamh amach anseo agus a bheith ina mhúinteoir Gaelscoile i ndeireadh na dála. Tá an-spéis ag Christian i gcluichí ríomhairí agus i gcúrsaí sacair.



